Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Banc Ceannais na hÉireann
# Tuarascáil Bhliantúil 2018



# Clár


## CUID 1 - TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Coimisiúin an Bhainc Ceannais ....4

Cairt Eagrúcháin....5

Brollach le Philip R. Lane, Gobharnóir ....6

2018: Spléachadh ar an mBanc Ceannais ....9

2018: Spléachadh ar Gheilleagar na hÉireann.... 10

Caibidil 1: Plean Straitéiseach - Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm .... 13

Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí sa bhliain 2018.... 17

Cobhsaíocht Praghsanna.... 17

Cobhsaíocht Airgeadais.... 26

Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach .. 32

Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí.... 39

Maoirseacht agus Forfheidhmiú.... 45

Forbairt Beartais Rialála.... 63

Córais Íocaíochta agus Airgeadra .... 66

Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh .... 77

Réiteach agus Bainistíocht Ghéarchéime.... 85

Daoine agus Eolas .... 90

Bainistíocht Punainne Infheistíochta .... 94

Faisnéis agus Acmhainní.... 99

Cumarsáid agus Trédhearcacht....110

Caibidil 3: Rialachas ....122

Iniúchadh Inmheánach....148

Aguisín: Óráidí a thug baill den Lucht Ardcheannaireachta 151

Gluais....161

## CUID 2

Oibríochtaí Airgeadais ....171

Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018....178

# Cuid 1:
# **Tuarascáil Bhliantúil**

# Coimisiúin an Bhainc Ceannais



Philip R.Lane
Gobharnóir an Bhainc Ceannais (Cathaoirleach)



Alan Ahearne
*Athcheaptha Márta 2015 go ceann 5 bliana*



Patricia Byron
*Athcheaptha Eanáir 2019 go ceann 5 bliana*



Sharon Donnery
An Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais



John Fitzgerald
*Athcheaptha Deireadh Fómhair 2015 go ceann 5 bliana*



Des Geraghty
*Athcheaptha Deireadh Fómhair 2014 go ceann 5 bliana*



Niamh Moloney
*Ceaptha Meán Fómhair 2018 go ceann 5 bliana*



Derek Moran
Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais



Ed Sibley
Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta




John Trethowan
*Ceaptha Meán Fómhair 2018 go ceann téarma 5 bliana*



Neil Whoriskey
Rúnaí an Bhainc Ceannais

# Cairt Eagrúcháin




* Ex-officio
^ Tuairiscíonn an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sé don Stiúrthóir ar Ghnóthaí Corparáideacha ach amháin i ndáil le nithe riaracháin nó buiséadacha.
Tacaíonn an Stiúrthóireacht um Beartas agus Riosca le hobair an dá Philéar ach is cuid de philéar an Iompair Airgeadais é chun críocha riaracháin



## Brollach le Philip R. Lane, Gobharnóir

Sa bhliain 2018 chomóir Banc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) a chothrom 75 bliana. Ón tráth ar bunaíodh é is é atá mar ábhar tosaíochta ag an mBanc Ceannais ná fónamh ar mhaithe le leas an phobail. Déanaimid amhlaidh trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trína chinntiú go n-oibríonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas tomhaltóirí agus ar mhaithe le leas an gheilleagair i gcoitinne. Sa tuarascáil bhliantúil seo leagtar amach an tslí inar chuireamar an misean sin i gcrích i ndáil lenár raon leathan freagrachtaí.

Déantar cuid mhór dár n-obair i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe san Eurochóras agus sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais. I dtaca le cobhsaíocht phraghsanna de, lean Comhairle Rialaithe BCE de chur chuige comhoibríocha choimeád ar bun maidir le beartas airgeadaíochta. Lean an Banc Ceannais dá chlár comhardaithe féin a bhainistiú ar mhodh stuama, lena n-áirítear sin a dhéanamh i gcomhthéacs na sócmhainní dár gcuid a bhfuil baint acu le beartas airgeadaíochta.

Príomhghné dár ról is ea a chinntiú go bhfuil an córas airgeadais frithsheasmhach le gur fearr is féidir leis seasamh in aghaidh turraingí dochracha. Chun cabhrú le frithsheasmhacht a bhunú, leanamar d’fhorbairt a dhéanamh ar ár gcuid uirlisí macrastuamachta. I rith na bliana seo caite, rinneamar athbhreithniú ar ár mbearta morgáiste, agus choimeádamar na bearta sin ar bun, chun feabhas a chur ar fhrithsheasmhacht iasachtóirí agus iasachtaithe agus chun maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le bíseanna praghsanna comhlachtaí creidmheasa. Ina theannta sin, rinneamar an cúlchiste fritimthriallach (CCyB) a ghníomhachtú, agus é mar chuspóir aige sin go

Príomhghné dár ról is ea a chinntiú go bhfuil an córas airgeadais frithsheasmhach le gur fearr is féidir leis seasamh in aghaidh turraingí dochracha.

gcumasóidh caipiteal breise do bhainc a bheith ullmhaithe go feadh méid níos fearr i gcás ina dtarlaíonn cor chun donais.

Is ábhar tosaíochta ar fud an Bhainc Ceannais é tomhaltóirí a chosaint. Mar bhuntaca leis sin, déantar deimhin de go bhfuil gnólachtaí fónta, ó thaobh cúrsaí stuamachta de, agus go gcomhlíonann siad ceanglais dochta maidir lena n-iompar i leith a gcuid custaiméirí agus maidir le hidirghníomhaíocht lena gcuid custaiméirí. Mura gcomhlíontar na caighdeáin sin cuirtear gníomhartha forfheidhmiúcháin i bhfeidhm.

I rith na bliana 2018, rinne an Banc Ceannais dul chun cinn suntasach maidir leis an scrúdú a dhéantar ar mhorgáistí rianúcháin. Faoi dheireadh na bliana, bhí próiseas na n-íocaíochtaí sásaimh agus cúitimh leis na custaiméirí a bhí i gceist beagnach críochnaithe agus bhí cásanna forfheidhmiúcháin i gcoinne na sé phríomhiasachtóirí ar siúl i gcónaí. Ina theannta sin, d’fhoilsíomar measúnacht mhionsonraithe ar iompar agus ar chultúr bhainc mhiondíola na hÉireann agus leagamar amach tograí gaolmhara maidir le hathchóiriú chun feabhas a chur ar chuntasacht ar leithligh fheidhmeannaigh shinsearacha na mbanc.

Déanfaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach damáiste d’Éirinn. Agus aitheantas á thabhairt do na rioscaí sin, bhí béim mhór á leagan ag an mBanc Ceannais ar an ábhar sin fiú amháin roimh an reifreann sa bhliain 2016. Ar fud na bliana 2018, ba iad na tosaíochtaí a bhí againn maolú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara i leith an chórais airgeadais agus déileáil leis na hiarratais iomchuí ó ghnólachtaí trí bhíthin creat údarúcháin éifeachtúil docht.

Agus sin ag breathnú amach romhainn, chuireamar bailchríoch ar ár bPlean Straitéiseach nua don tréimhse 2019-2021. Chomh maith le déileáil lenár gcuid freagrachtaí reachtúla sa phlean sin, déantar cúig théama tosaíochta ann a bheidh mar threoir dúinn maidir lenár gcuid oibre: Athléimneacht a Neartú; Brexit; Cosaint Tomhaltóirí a Neartú; Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt; agus Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú. Tá an Banc Ceannais ag teacht amach as an gcéim iar-ghéarchéime agus tá tús á chur le tréimhse chomhdhlúthúcháin aige; beimid solúbtha i dtaca leis an straitéis sin a chur i gcrích trí thosaíochtaí éifeachtacha a leagan amach d’fhonn cur i bhfeidhm ár gcroídhualgas a choimirciú agus d’fhonn gníomhú mar is gá i leith athruithe sa timpeallacht sheachtrach.

Tá brabús airgeadais €2.98bn á thuairisciú ag an mBanc Ceannais don bhliain 2018. Tar éis tuillimh choimeádta a asbhaint, déanfar ioncam barrachais tuairim is €2.38bn a íoc leis an Státchiste. Ós rud é go mbeidh tionchar sealadach na punainne speisialta i leith nótaí rata

chomhlúthaigh á chéimniú amach, tiocfaidh normalú ar na brabúis phríomha thar an meántéarma.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Choimisiúin an Bhainc Ceannais as a gcuid oibre agus tacaíochta i rith na bliana agus, go háirithe, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair Blanaid Clarke agus Michael Soden a d'éirigh as comhaltas sa Choimisiún sa bhliain 2018.

Tá mé an-bhuíoch de bhaill foirne uile an Bhainc Ceannais as a ndíograis leantach i leith seirbhís phoiblí agus iad ag saothrú chun ár sainordú a chur i bhfeidhm.

**Philip R. Lane**
Gobharnóir
8 Aibreán 2019

# 2018: Spléachadh ar an mBanc Ceannais

## Eisiúint Nótaí Bainc agus Monaí






242
MILLIÚN
NÓTA &
76
MILLIÚN
BONN EISITHE
in 2018

## Líon Oibríochtaí Margaidh Oscailte[1]






127
OIBRÍOCHT MARGAIDH OSCAILTE
in 2018




€2,384.8
MILLIÚN
AN TIONCAM BARRACHAIS ÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE in 2018




€97.8
BILLIÚN
NA SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA IN 2018

## Ioncam barrachais arna íoc leis an Státchiste




Tháinig méadú ar an ioncam barrachais arna íoc leis an Státchiste go dtí €2,384.8m (€2,101.3m in 2017)


## Sócmhainní Iomlána





Tháinig méadú ar Shócmhainní Iomlána go dtí €97.8bn (€90.3bn in 2017)

1 Tá cúig chineál uirlise, nó ionstraime, ar fáil don Eurochóras agus oibríochtaí margaidh oscailte á ndéanamh: idirbhearta droim-ar-ais; idirbhearta glana; eisiúint deimhnithe fiachais; babhtálacha airgeadraí eachtracha agus bailiú taiscí téarma socraithe.


# 2018: Spléachadh ar Gheilleagar na hÉireann




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann, seasann e do mheastachán.




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann.





Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Innéacs: Eanáir 2005 = 100


2 Iasachtaí tugtha don earnáil phríobháideach Éireannach arna ndeonú ag oifigí na n-institiúidí creidmheasa laistigh den Stát

Iarmhéid agus Fiachas Rialtais Ghinearálta (mar % de OIN*)




Foinse:An Roinn Airgeadais, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Banc Ceannais na hÉireann

Ráta Dífhostaíochta




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nóta: ní áirítear R4 sna sonraí.

Caibidil 1:

# Plean Straitéiseach - Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm

# Caibidil 1: Plean Straitéiseach - Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm

## Réamhrá

Forbraíodh Plean Straitéiseach 2016-2018 an Bhainc Ceannais i gcomhthéacs iarmhairtí na géarchéime agus i gcomhthéacs timpeallacht fhuinniúil beartais. D'ainneoin gur tháinig roinnt dúshlán suntasach nua chun cinn thar an tréimhse sin, bhí scóip Phlean Straitéiseach 2016-2018 fós iomchuí den chuid is mó agus chuidigh sé leis an mBanc Ceannais freastal ar a shainordú leathan.

## Freagrachtaí Straitéiseacha

Le linn na tréimhse sin, bhí an beartas airgeadaíochta dírithe ar dheimhin a dhéanamh de go leanfadh an boilsciú de bheith ag gluaiseacht i dtreo aidhm shonraithe Chomhairle Rialaithe an BCE, is é sin, rátaí boilscithe faoi bhun 2% thar an meántéarma ach iad a choimeád gar do 2% freisin. Mar thoradh ar ghlancheannacháin sócmhainní chun críocha beartas airgeadaíochta, tharla athruithe ar mhéid agus ar chomhdhéanamh clár comhardaithe banc ceannais náisiúnta (BCN-anna) agus tá bearta stuama déanta ag an mBanc Ceannais chun bainistíocht a dhéanamh ar a chuid rioscaí féin maidir leis an gclár comhardaithe. I mí na Nollag 2018, tháinig deireadh le glancheannacháin faoi Chlár Ceannaigh Sócmhainní (CCS) BCE.

Chuir an Banc Ceannais feabhas ar a chreat beartais macrastuamachta arb é is aidhm dó athléimneacht a bhunú agus, ar an dóigh sin, cobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus tomhaltóirí a chosaint. D'áirigh sé sin caipiteal maolánach breise a bhunú do bhainc agus mionchoigeartú breise a dhéanamh ar na bearta morgáiste atá ceaptha chun athléimneacht iasachtaithe agus banc a fheabhsú. Forbairt eile ina leith sin ab ea bunú rathúil an Phríomh-Chláir Creidmheasa (PCC). Ina theannta sin, leanadh de bhéim a leagan ar aghaidh a thabhairt ar stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha (INTanna) a bhí ann fós. Rud tábhachtach eile a rinneadh ar fud na tréimhse 2016-2018 ab ea an obair a rinneadh i gcomhar le Bord Réitigh Aonair (BRA) na hEorpa chun a áirithiú go n-íoslaghdófar an gá le tacaíocht ón gcáiníocóir chun aon institiúidí airgeadais anásta a réiteach amach anseo. Ina theannta sin, rinneadh obair chun ceanglais nua Eorpacha a bhain leis an Treoir um Théarnamh agus Réiteach Banc TTRB) a thabhairt isteach.

Forbraíodh pleananna réitigh do na bainc Éireannacha go léir I mí Iúil 2016, chuir Clár an CAI maidir le Measúnú na hEarnála Airgeadais athbhreithniú dearfach ar fáil i ndáil le hathléimneacht earnáil airgeadais na hÉireann, i ndáil le creat rialála agus maoirseachta na hÉireann agus i ndáil le cumas na hÉireann géarchéimeanna airgeadais a bhainistiú agus a réiteach.

I dtéarmaí na gníomhaíochta maoirseachta, ba thréimhse fhíorghnóthach ó thaobh foirmiú agus trasuíomh beartais í de réir mar a bhí cur chuige maoirseachta na hÉireann á ailíniú níos dlúithe le cur chuige maoirseachta AE. Rinneadh bearta suntasacha nua rialála, amhail Sócmhainneacht II, an Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II), agus an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2), a thabhairt isteach go rathúil. Cuireadh go leor feabhsuithe ar rannpháirtíocht réamhghníomhach maoirseachta ar fud na n-earnálacha go léir, lena n-áirítear Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) BCE.

D'fhonn freastal níos fearr a dhéanamh ar na héilimh rialála atá ag dul i méid, rinneadh athstruchtúrú suntasach laistigh den Bhanc Ceannais le linn na tréimhse atá i dtrácht, sa mhéid gur atheagraíodh na stiúrthóireachtaí maoirseachta agus gur bunaíodh na Piléir nua um Rialáil Stuama agus Iompar Airgeadais. D'fhorbair an Banc Ceannais straitéis nua maidir le hiompar airgeadais d'fhonn na cosaintí do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a fheabhsú tuilleadh. I measc na bpríomhréimsí oibre, áiríodh an Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin (SMR). Mhair sé sin tréimhse iomlán na pleanála straitéisí agus ba chúram casta é a raibh gá le leithroinnt mhór acmhainní ina leith. Mar thoradh ar an obair sin, cuireadh scéim an-suntasach sásaimh agus cúitimh i bhfeidhm ar mhaithe le custaiméirí na n-iasachtóirí a bhí i gceist.  Ina theannta sin, tharraing sé aird ar iompraíochtaí diúltacha cultúir san earnáil bhaincéireachta. Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú cuimsitheach ar chultúr sna cúig phríomhbhanc miondíola Éireannacha a ullmhú agus a fhoilsiú. Eisíodh tátail shonracha chuig gach iasachtóir agus iarradh orthu saincheisteanna áirithe a réiteach. Lean an Banc Ceannais de chur chuige inchreidte, éifeachtach forfheidhmiúcháin a shaothrú le linn na tréimhse seo freisin.

## Dúshláin agus Rioscaí

B'éigean don Bhanc Ceannais dul i ngleic le dúshláin nua le linn na tréimhse seo. Ba phríomhthosaíocht é bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí eacnamaíochta agus airgeadais a bhí ann mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE. Chlúdaigh sé sin cuid

mhór feidhmeanna sa Bhanc Ceannais agus tá an obair sá réimse seo á comhordú ag Tascfhórsa Brexit (TFB) a bunaíodh sa bhliain 2015, ar obair é inar áiríodh anailís fhairsing shaineolach agus rannpháirtíocht mhaoirseachta, rud a chinntigh go ndéanfadh gnólachtaí maoirsithe ullmhúcháin oiriúnacha agus pleananna teagmhasacha. Ina theannta sin, chuir an Banc Ceannais a anailís leanúnach féin agus a chuid tuairimí féin ar fáil don lucht déanta beartais intíre. Gné an-suntasach den obair sin ab ea déileáil le hiarratais ar údarú ar fud na n-earnálacha go léir, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais forleathana casta, agus seirbhísí airgeadais nua i gcásanna áirithe, a sholáthar d'Éirinn, amhail déileálaithe bróicéireachta agus gnólachtaí bonneagair margaidh.

## Cumasóirí Straitéiseacha

Ba thréimhse fáis shuntasaigh don Bhanc Ceannais í an tréimhse 2016-2018, rud ab amhlaidh mar thoradh ar shainordú níos leithne, ar chur chuige níos déine maidir le maoirseacht agus ar dhéileáil leis na dúshláin a d'éirigh as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE. Tháinig méadú tuairim is 27% ar an bhfórsa saothair le linn na tréimhse sin. Rinne an Banc Ceannais a chóiríocht i lár na cathrach a chomhdhlúthú trí Champas nua na nDugthailte a fhorbairt. De bhreis air sin, rinneadh infheistíocht shuntasach i dteicneolaíocht agus leagadh béim níos mó ar fhorbairt foirne, agus ar éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hiniúlachtaí cearta ar fáil. Cuireadh feabhas ar bhainistíocht sonraí trí Straitéis Sonraí a fhorbairt. Ina teannta sin, chuir an Banc Ceannais feabhas ar a chur chuige maidir le trédhearcacht agus cuntasacht le linn na tréimhse atá i dtrácht. I dtaca leis sin de, rinneadh athbhreithniú ar rialachas, lena n-áirítear an Cód Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit a ghlacadh. Leagadh béim níos mó ar chumarsáid, lena n-áirítear láithreán gréasáin nua don Bhanc Ceannais a dhearadh agus a sheoladh agus feachtais chianrochtana phoiblí.

## Conclúid

Baineadh amach príomhchuspóirí faoi Phlean Straitéiseach 2016-2018 agus, ag an am céanna, déileáladh le forbairtí, dúshláin agus rioscaí nua, amhail tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE agus cur chuige atá á fhorbairt maidir le maoirseacht ar iompar airgeadais Beidh go leor de na príomhréimsí béime a bhí ann i bPlean Straitéiseach 2016-2018 ann fós sa tréimhse atá romhainn de réir mar a leanfaidh an Banc Ceannais dá mhisean i leith fónamh do leas an phobal a chur i gcrích trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trí oibriú chun a chinntiú go n-oibríonn an córas airgeadais ar mhaithe le tomhaltóirí agus ar mhaithe leis an ngeilleagar i gcoitinne.

Caibidil 2:
# Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí sa bhliain 2018

# Caibidil 2: Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí sa bhliain 2018

## Cobhsaíocht Praghsanna

*Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC), is é is príomhchuspóir don Bhanc Ceannais cobhsaíocht phraghsanna a chothabháil. Tugann Conradh Maastricht an cuspóir sin do gach BCN de chuid an Eurochórais. Tá freagracht ar Chomhairle Rialaithe an BCE, ar comhalta de an Gobharnóir, i ndáil le beartas airgeadaíochta a shocrú (rátaí úis a shocrú agus leachtacht a sholáthar) i limistéar an euro[3] agus é mar aidhm aige sin a chuspóir maidir le boilsciú a bhaint amach. Soláthraíonn an Banc Ceannais tacaíocht agus anailísiú don Ghobharnóir ina cháil mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe agus déanann sé cinntí na Comhairle Rialaithe maidir le beartas airgeadaíochta a chur i bhfeidhm.*

### Cinntí maidir leis an mBeartas Airgeadaíochta

Is é is príomhchuspóir do bheartas airgeadaíochta sa limistéar euro ná cobhsaíocht phraghsanna a choimeád ar bun. Agus é ag féachaint le cobhsaíocht phraghsanna a bhaint amach, bíonn sé mar aidhm ag BCE an t-athrú bliantúil ar Innéacs Comhchuibhithe na bPraghsanna Tomhaltóra a choimeád faoi bhun 2% thar an meántéarma, ach é a choimeád gar do 2%.

Sa bhliain 2018, tharla leathnú leantach eacnamaíochta i limistéar an euro, cé go raibh an ráta leathnaithe níos ísle ná mar a bhí i gceist leis an bhfás láidir eacnamaíochta a bhí ann sa bhliain 2017. Sa bhliain 2018, tháinig méadú ar an ráta boilscithe i limistéar an euro ó leibhéil an-íseal sna blianta 2016 (0.2%0) agus 2017 (1.5%), is é sin, méadú go dtí meánráta boilscithe 1.7%. Meastar go leanfaidh an boilsciú de bheith ag bogadh i dtreo aidhm na Comhairle Rialaithe i leith boilsciú.

I bhfianaise na timpeallachta agus an ionchais eacnamaíochta, ba é a bhí sa bheartas airgeadaíochta ná rátaí ísle leantacha úis (gnáthbheartas airgeadaíochta) agus bearta beartais airgeadaíochta de chineál neamhghnácha. Cuimsíonn bearta beartais airgeadaíochta de chineál neamhghnách nó neamhchaighdeánach an CCS leathnaithe, agus is é

---

[3]Cuimsíonn limistéar an euro na Ballstáit sin de chuid an AE a bhfuil an euro glactha acu mar airgeadra. Baineann an téarma Eurochóras le BCE agus le BCN-anna na mBallstát arb é an euro a n-airgeadra. Baineann an téarma CEBC (an Córas Eorpach Banc Ceannais) leis an BCE agus le BCN-anna na mBallstát.

atá ann ná Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (CCEP), Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CCEC), tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3) agus Clár Ceannaigh d'Urrúis Shócmhainn-bhunaithe (CCUSB)[4].

Sa bhliain 2018, cheannaigh an tEurochóras luach €30bn de shócmhainní in aghaidh na míosa go dtí mí Mheán Fómhair. De réir mar a bhíothas ag súil, agus de réir sonraí a tháinig isteach agus a dhaingnigh na hionchais mheántéarma maidir le boilsciú, laghdaíodh glanmhéid míosúil na gceannachán go dtí €15bn idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag. Ar an 13 Nollaig 2018, dhaingnigh an Chomhairle Rialaithe go dtiocfadh deireadh le glancheannach míosúil sócmhainní an mhí sin. An tráth céanna, chuir an Chomhairle Rialaithe feabhas ar a réamhthreoir maidir leis an mbeartas athinfheistíochta i dtaca le ceannach sócmhainní. D'fhógair an Chomhairle go ndéanfaidh sí na íocaíochtaí príomhshuime ó urrúis aibíochta a ceannaíodh faoi CCS a athinfheistiú go ceann tréimhse ama leathnaithe, tar éis spriocam na méaduithe ráta úis agus, in aon chás, ar feadh cibé fad is gá chun imthosca fabhracha leachtachta agus socruithe dóthanacha airgeadaíochta a choimeád ar bun. Rinneadh an cinneadh sin d'fhonn rannchuidiú le dálaí fabhracha leachtachta agus d'fhonn seasamh cuí a choimeád ar bun maidir le beartas airgeadaíochta.

Is é atá in Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha Spriocdhírithe (OAFTS-anna) ná oibríochtaí Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d'institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas go ceithre bliana. Sainmhínítear OAFTS-anna mar oibríochtaí a thairgeann maoiniúchán fadtéarmach ar choinníollacha tarraingteacha d'institiúidí creidmheasa chun coinníollacha creidmheasa earnála príobháidí a éascú tuilleadh agus chun spreagadh a thabhairt i leith iasachtóireachta don fhíorgheilleagar.

Fuair contrapháirtithe a ghlac páirt in oibríocht deiridh an dara sraith de Chlár OAFTS an BCE (OAFTS-II-4) sa bhliain 2018 an cionroinnt iomlán, faoi réir teorainn iasachtaíochta, agus bhí an ráta le haghaidh ré na n-iasachtaí laistigh de raon ó 0.00% go -0.40%, ach sin ag brath ar fhás na hiasachtóireachta don fhíorgheilleagar.

Ar fud na bliana 2018, chinn an Chomhairle Rialaithe a bonnrátaí úis a fhágáil gan athrú. I measc bhearta beartais airgeadaíochta chaighdeánacha an Eurochórais áirítear oibríochtaí margaidh oscailte

Ar fud na bliana, rannchuidigh an Banc Ceannais go gníomhach le díospóireachtaí tábhachtacha a bhain le beartas airgeadaíochta agus le cur i bhfeidhm an bheartais sin, agus chuaigh sé i gcion ar na díospóireachtaí sin, trína chomhaltas i gCoistí de chuid an Eurochórais.

[4]Cuireadh tús le ceannach sócmhainní i mí an Mhárta 2015 agus rinneadh an clár a choigeartú roinnt uaireanta ó shin i leith de réir mar a bhí an staid eacnamaíochta ag athrú. Sa bhliain 2018, lean an tEurochóras de bheith ag ceannach urrúis earnála príobháidí agus urrúis earnála poiblí faoi CCS.

ina gcuimsítear oibríochtaí aon seachtain amháin chun leachtacht a sholáthar in euro (PríomhoibríochtaíAthmhaoinithe POA-anna). De bhreis air sin, tairgeann an tEurochóras dhá shaoráid sheasta do bhainc mar a leanas: (i) an tSaoráid Iasachta Imeallaí (SII) chun leachtacht thar oíche a fháil ón mBanc Ceannais, ar bhonn comhthaobhacht cháilithe leordhóthanacha a bheith curtha ar fáil; agus (ii) an tSaoráid Taisce chun taiscí thar oíche a dhéanamh leis an mBanc Ceannais. Faoi nós imeachta BCE maidir le cionroinnt iomlán ar ráta seasta, i gcomaoin ar chomhthaobhacht leordhóthanach a chur ar fáil faigheann contrapháirtithe leithroinnt iomlán mhéid a dtairisceana i ngnáthoibríochtaí beartais airgeadaíochta. Ar fud na bliana 2018, d'fhan an ráta úis ar an POA ag 0.00%, d'fhan an ráta SII ag 0.25% agus d'fhan an ráta ST (Saoráid Taisce) ag -0.40%[5]. Tá cionroinnt iomlán ar ráta seasta i bhfeidhm le haghaidh POA-anna an Eurochórais agus le haghaidh Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFT) trí mhí.

Uirlis thábhachtach bheartais don Chomhairle Rialaithe sa bhliain 2018 ab ea an réamhthreoir a soláthraíodh, is é sin, réamhthreoir a soláthraíodh faoina raibh beartaithe maidir le beartas airgeadaíochta, agus í bunaithe ar na hionchais i leith cobhsaíocht phraghsanna. Le linn mhíonna tosaigh na bliana 2018, chuir an Chomhairle Rialaithe in iúl go raibh sí ag súil i gcónaí "go leanfadh príomhrátaíúis BCE ar aghaidh ag na leibhéil láithreacha nó ag leibhéil níos ísle go ceann tréimhse fhada agus go ceann tréimhse i bhfad níos faide nár mar atá ceaptha i gcás na nglancheannachán sócmhainní". Ar an 14 Meitheamh 2018, rinneadh an abairt "go ceann tréimhse fhada agus go ceann tréimhse i bhfad níos faide nár mar atá ceaptha i gcás na nglancheannachán sócmhainní" i réamhthreoir na Comhairle Rialaithe a scriosadh agus oiriúnaíodh í le go mbeadh "go deireadh shamhradh na bliana 2019 ar a laghad agus, in aon chás, go ceann cibé fad is gá lena chinntiú go leanfaidh éabhlóid an bhoilscithe de bheith ailínithe leis na hionchais reatha maidir le conair sheasta coigeartaithe" ann ina hionad.  Tugadh le fios le hathchalabrú na foclaíochta go leanfaí den spreagadh i leith beartas airgeadaíochta trí bhíthin rátaí ísle úis agus trí bhíthin tuilleadh treorach maidir le comair na rátaí úis amach anseo d'fhonn cóineasú leantach an bhoilscithe i dtreo an chuspóra maidir le boilsciú a chinntiú.

---

[5]Chruthaigh sé sin conair neamhshiméadrach ráta úis a raibh an tSaoráid Taisce mar a bheadh bunráta ann. D'fhan rátaí iasachtaithe idirbhainc gar do ráta na Saoráide Taisce, ach é os a chionn, i gcomhthéacs na leibhéal ard róleachtachta a bhí ard agus ag méadú cheana féin, rud a bhí ann go háirithe mar thoradh ar CCS an Eurochórais agus ar OASFT-anna.

Ar fud na bliana, rannchuidigh an Banc Ceannais go gníomhach le díospóireachtaí tábhachtacha a bhain le beartas airgeadaíochta agus le cur i bhfeidhm an bheartais sin, agus chuaigh sé i gcion ar na díospóireachtaí sin, trína chomhaltas i gCoistí de chuid an Eurochórais. Mar shampla, d'fhonn aiseolas agus comhairle bheartais a thabhairt don Chomhairle Rialaithe, déanann an Coiste um Beartas Airgeadaíochta (CBA), a bhfuil ionadaíocht ag an mBanc Ceannais air, measúnacht ar shaincheisteanna straitéiseacha agus ar shaincheisteanna fadtéarmacha eile a bhaineann le seoladh bheartas airgeadaíochta limistéar an euro. Tá ionadaíocht ag an mBanc Ceannais freisin ar Choiste BCE um Oibríochtaí Margaidh (COM), ar coiste é a dhíríonn aird ar chur i bhfeidhm bheartas airgeadaíochta limistéar an euro, lena n-áirítear cur i bhfeidhm CCS, agus rannchuidíonn sé le tuairisciú, anailísiú, measúnú agus léirmhíniú forbairtí sa mhargadh laistigh den AE agus lasmuigh de. Bíonn an COM bainteach le bainistiú chúlchistí eachtracha BCE freisin.

## Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta an Eurochórais

Sa bhliain 2018, chuir an tEurochóras an CCS i bhfeidhm go rianúil. Tháinig laghdú ar ghlancheannacháin CCS an Eurochórais go dtí €314.1bn, is é sin, laghdú ó shuim €781.6bn sa bhliain 2017, rud a léiríonn an laghdú ar luas na gceannachán ó €60bn - €80bn ar an meán sa mhí sa bhliain 2017 go dtí €15bn - €30bn ar an meán sa bhliain 2018. Maidir le ceannacháin CCS €314.16bn[6], bhain €240.1bn díobh le CCEP, bhain €47.8bn díobh le CCEC, bhain €23.6bn díobh le CCBC3 agus bhain €2.5bn díobh le CCUSB.

Ar an 26 Meán Fómhair 2018, tháinig €8.9bh gan íoc ar fud an Eurochórais i dtaca le OAFTS-I de in aibíocht. Is fiú a lua go raibh formhór mór na gcontrapháirtithe tar éis a gcuid iasachtaí OAFTS-I gan íoc a aistriú chuig OAFTS-II mar gheall ar na téarmaí agus ar na dreasachtaí is fabhraí a bhain leis an dara clár. Dá bhrí sin, bhí tionchar an-teoranta ag aibíocht OAFTS-I ar leibhéal foriomlán na róleachtachta i limistéar an euro agus d'fhan an róleachtacht sin ag leibhéal ard i gcónaí.

I rith na bliana 2018, bhí deis ag contrapháirtithe freisin a gcuid iasachtaí a aisíoc go luath ar bhonn deonach faoi na hoibríochtaí éagsúla OAFST-II - i Meitheamh (OAFTS-II.1), i Meán Fómhair (OAFTS-II.1 agus II.2)) agus i mí na Nollag (OAFTS-II.1, II.2 agus II.3)[7]. Ach bhí na

[6] Ní shuimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad.
[7] Is i Márta 2019 a bhí an chéad deis ann chun iasachtaí OAFST-II.4 a aisíoc.

haisíocaíochtaí teoranta, gan ach €17.8bn as méid iomlán €736.6bn a bheith aisíoctha thar na trí dháta.

Tar éis luathíocaíochtaí €17.8bn ó OAFTS-II agus an €8.9bn a tháinig in aibíocht ó chlár OAFTS-I a chur san áireamh, ba é a bhí i méid iomlán shraithe OAFTS-II gan íoc ag deireadh na bliana 2018 ná €718.8bn (is ionann an figiúr sin agus circa 98% de na hiasachtaí iomlána Eurochórais gan íoc, is é sin, €733.4bn)[8]. Tosóidh an leachtacht atá fágtha i ndáil le OAFTS-II ag teacht in aibíocht ar an 24 Meitheamh 2020 (OAFTS-II.1) agus tiocfaidh an oibríocht deiridh (OAFTS-II.4) in aibíocht ar an 24 Márta 2021.

Rinneadh oibríochtaí rialta euro a sholáthraíonn leachtacht, i bhfoirm POA-anna seachtainiúla agus OAFT-anna trímhíosúla, a sheoladh ar fud na bliana, chomh maith leis na hoibríochtaí seachtainiúla i nDollair na Stát Aontaithe (USD) a sholáthraíonn leachtacht a sheoladh. Ach bhí na méideanna íseal, is é sin, leithroinneadh $3.5bn ar an meán sa tseachtain i dtaca le POA-anna agus leithroinneadh €2.0bn ar an meán sa mhí i dtaca le OAFT-anna trímhíosúla, ar figiúirí iad sin a léiríonn laghdú ó €13.3bn agus €2.5bn faoi seach sa bhliain 2017, Tháinig laghdú ar na hoibríochtaí seachtainiúla USD freisin, is é sin, leithroinneadhUSD$0.3bn ar an meán sa tseachtain ar figiúr é sin a léiríonn laghdú ó USD$0.6bn sa bhliain 2017.

Tháinig laghdú beag ar róleachtacht[9] san Eurochóras ó €1,758bn ar an 29 Nollaig 2017 go €1,725bn ar an 31 Nollaig 2018 agus tháinig méadú ar an meánleibhéal laethúil róleachtachta ó €1,622bn sa bhliain 2017 go €1,868bn sa bhliain 2018. Mar thoradh ar CCS an Eurochórais méadaíodh méid chlár comhardaithe an Eurochórais agus, ar an gcaoi sin, méadaíodh an róleachtacht, rud a léiríonn ardleibhéil leantacha i ndáil le héascú an bheartas airgeadaíochta. I mbosca 1, déantar scrúdú níos mionsonraithe ar an tionchar a d'imir tabhairt isteach CCS ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais.

Maidir leis an meánleas laethúil a bhain an tEurochóras ina iomláine as an tSaoráid Taisce, tháinig méadú air ó €587bn sa bhliain 2017 go dtí €659bn sa bhliain 2018. Ba é a bhí i meánmhéid na sealúchas cuntas reatha de bhreis ar na riachtanais íosta chúlchiste ná €1,209bn ar an meán sa bhliain 2018 agus léiríonn an figiúr sin méadú ó €1,036bn sa

---

[8] Ní áiríonn an figiúr sin USD$4.2bn (coibhéis €3.68bn) a bhí gan íoc tar éis dheireadh na bliana tar éis do chontrapháirtithe Eurochórais a bheith páirteach san oibríocht USD deireanach de chuid na bliana.

[9] Déantar figiúirí a bhaineann leis an leibhéal leachtachta san Eurochóras a ríomh mar a leanas: iarmhéideanna cuntas reatha, móide iarmhéideanna saoráide taisce, lúide riachtanais iomlána chúlchiste, lúide iarmhéideanna saoráide iasachta imeallaí.

bhliain 2017. Sa bhliain 2018, tháinig laghdú beag ar an meánleas laethúil a baineadh as SII, is é sin, laghdú go dtí €0.1bn ón bhfigiúr €0.25bn a bhí ann sa bhliain 2017.

Tháinig laghdú ar iasachtaí atá bainteach le beartas airgeadaíochta agus a fuair bainc Éireannacha ó €20.7bn ag deireadh na bliana 2014 go €3.0bn ag deireadh na bliana 2018 de réir mar a tháinig laghdú ar an ngá a bhí ag bainc leas a bhaint as oibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais tráth a raibh díghiaráil á déanamh ar a gcláir chomhardaithe agus tráth a raibh rochtain athnuaite á fáil acu ar na margaí idirbhainc agus caipitil fiachais ar leibhéil mhaoiniúcháinchostéifeachtacha. Rannchuidigh CCS leis an laghdú sin freisin ós rud é go gcuireann ceannacháin sócmhainní cúlchistí farasbairr leis an gcóras.

## Bosca 1: An Clár Ceannaigh do Shócmhainní agus Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais

Tá méadú mór tagtha ar mhéid chlár comhardaithe an Eurochórais le roinnt blianta anuas agus is é is mó is cúis leis sin ná tabhairt isteach beart éagsúil neamhchaighdeánach i leith beartas airgeadaíochta arb é an CCS an ceann is suntasaí díobh. Nuair a chuirtear i gcomparáid le clár comhardaithe an Eurochórais é[10], níl méadú chomh mór céanna tagtha ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais ó bhí an bhliain 2014 ann cé go bhfuil athrú mór tagtha ar a chomhdhéanamh.

D'fhógair BCE leathnú CCS i mí Eanáir 2015 mar fhreagairt ar thréimhse fhada inar lean an boilsciú de bheith íseal i limistéar an euro. Ba é ab aidhm do CCS ná sainordú BCE maidir le cobhsaíocht phraghsanna a chomhlíonadh agus d'áirigh sé CCEP nua de bhreis ar a chláir cheannaigh sócmhainní earnála príobháidí ina gcuimsítear CCUSB agus CCBC3 ar cláir iad sin a lainseáladh ag deireadh na bliana 2014. Tugadh isteach an CCEC sa bhliain 2016. Ba é a bhí i sealúchais urrús an Eurochórais faoin CCS ag deireadh mhí na Nollag 2018 ná €2.6tn a raibh €2.1tn de á shealbhú faoin CCEP, €262.2bn de á shealbhú faoi CCBC3, €178.1bn de á shealbhú faoi CCEC agus €27.5bn de á shealbhú faoi CCUSB.

De réir mar is amhlaidh maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta eile, déantar CCS a chur i bhfeidhm ar bhonn díláraithe. Dá réir sin, is ar gach BCN ar leith atá an fhreagracht phríomha i ndáil le ceannach

[10] Is é atá i gclár comhardaithe an Eurochórais ná cláir chomhardaithe chumaiscthe na BCN-anna go léir agus an BCE.

sócmhainní a chur i gcrích ina dhlínse féin[11]. Maidir leis na ceithre chlár atá i gceist le CCS, ní cheannaíonn an Banc Ceannais ach urrúis faoin CCEP agus faoin CCBC3[12]. Tháinig méadú ar na sealúchais faoin CCEP go dtí €30.9bn ag deireadh na bliana 2018, is é sin, méadú ó €26.9bn ag deireadh na bliana 2017. Cuimsíonn sealúchais CCEP bannaí rialtais Éireannacha agus bannaí fornáisiúnta. Sa tréimhse sin, tháinig méadú ar shealúchais bannaí rialtais Éireannacha go dtí €25.5bn ó €21.5bn. Tríd is tríd, bhí bannaí fornáisiúnta gan athrú, is é sin, bhí luach €5.4bn ann. Ag an am céanna, tháinig méadú ar na sealúchais bannaí faoi chumhdach faoin CCBC3 go dtí €4.1bn ag deireadh na bliana 2018, is é sin, méadú ó €3.6bn ag deireadh na bliana 2017.

D'ainneoin na gceannachán forleathan CCS sin, níor tháinig ach méadú €16.6bn ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais i rith na tréimhse lena mbaineann (€97.9bn ag deireadh na bliana 2018 i gcomparáid le €81.3bn ag deireadh na bliana 2014). Rinneadh ceannacháin a bhain le CCEP a fhritháireamh go páirteach trí iontaoibh laghdaithe ar thaobh bainc Éireannacha ar oibríochtaí iasachtóireachta bheartas airgeadaíochta an Eurochórais agus, freisin, trí dhiúscairt bannaí rialtais Éireannacha a bhí faighte ag an mBanc Ceannais mar mhalairt ar comhthaobhacht a bhí á sealbhú le haghaidh cúnamh éigeandála leachtachta tar éis réiteach Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (CÉRB).


Tríd is tríd, tháinig méadú ar an sciar den chlár comhardaithe is inchurtha i leith urrúis a shealbhaítear chun críocha beartas airgeadaíochta ó 5% de na sócmhainní cláir chomhardaithe uile ag deireadh na bliana 2014 go 37% de na sócmhainní iomlána ag deireadh na bliana 2018, rud a léirítear i gCairt 1 thíos.

---

[11] Ina theannta sin, ceannaíonn BCE urrúis ó gach dlínse faoin CCEP.

[12] Ní dhéanann an Banc Ceannais aon cheannacháin faoin CCUSB ná faoin CCEC. Ar mhaithe le héifeachtúlacht, agus ós rud é cur cláir chomhroinnte riosca atá i gceist leis na cláir seo, tá líon níos lú BCN-anna de chuid an Eurochórais bainteach leo.

*Cairt 1: Sócmhainní Cláir Chomhardaithe an Bhainc Ceannais*




## Oibríochtaí Bheartas Airgeadaíochta na hÉireann

Rinne an Banc Ceannais 113 oibríocht a sholáthraíonn leachtacht a sheoladh thar ceann an Eurochórais sa bhliain 2018 agus, maidir leis na hoibríochtaí sin, bhí 63 cinn díobh ina n-oibríochtaí ar soláthraíodh leachtacht euro dá mbarr agus bhí 50 ceann díobh ina n-oibríochtaí ar soláthraíodh leachtacht dhollair na Stát Aontaithe dá mbarr. Ach, sa chuid is mó cásanna, ní raibh aon tairiscintí ann ó chontrapháirtithe Éireannacha. De bhreis air sin, rinneadh 14 oibríocht aisíocaíochta a bhí nasctha le OAFTS a chur i bhfeidhm. Ag deireadh na bliana 2018, ba é a bhí i líon na gcontrapháirtithe Éireannacha a bhí cáilithe chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí a sholáthraíonn leachtacht ná 19, is é sin le rá, gan aon athrú i gcomparáid leis an mbliain 2017.Suim tuairim is €3.0bn a bhí i gceist le hiasachtaíocht iomlán beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe Éireannacha ag deireadh na bliana 2018, i gcomparáid le €7.5bn ag deireadh na bliana 2017.

Is annamh a glacadh páirt sna POA-anna seachtainiúla agus bhí an rannpháirtíocht teoranta do líon beag contrapháirtithe de chuid an Bhainc Ceannais. I rith na bliana, leanadh den laghdú leantach ar an rannpháirtíocht de bharr dóthain maoiniúcháin fhadtéarmaigh a bheith ar fáil sa mhargadh, de bharr instealladh leanúnach leachtachta ó cheannacháin sócmhainní Eurochórais agus de bharr rochtain níos fearr a bheith ar fáil ar mhargaí idirbhainc.

I rith na bliana, rinne an Banc Ceannais na hoibríochtaí beartas airgeadaíochta go léir a sheoladh agus a thabhairt chun críche ar mhodh tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach i gcomhréir le creat oibríochtúil an Eurochórais. Ina theannta sin, rinne an Banc faireachán ar chomhlíonadh na riachtanas íosta chúlchiste d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta BCE.

## Comhthaobhacht d'Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta na hÉireann

Ag deireadh na bliana 2018, bhí an comhaontú an Bhainc Ceannais maidir le comhthiomsú[13] sínithe ag 19 gcontrapháirtí cháilithe sa chaoi go raibh comhthaobhacht €7.65bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais. Tríd is tríd, b'ionann agus €9.98bn meánluach na comhthaobhachta arna tabhairt don Bhanc ag deireadh gach míosa sa bhliain 2018. Maidir leis an treocht anuas a chonacthas sna blianta 2016 agus 2017 i sealúchais chomhthaobhachta, lean sé ar aghaidh sa bhliain 2018, sa mhéid gur tháinig laghdú €2.2bn ar an meán sa mhí ar na meánsealúchais mhíosúla i gcomparáid leis an mbliain 2017. Tá sé sin i gcomhréir leis an laghdú leanúnach ar iasachtaíocht beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe.

Tá tús curtha le hobair ar thionscadal Chóras Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais (CBCE). Tá sé mar aidhm ag CBCE comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta a dhéanamh i réimse bainistíochta comhthaobhachta CEBC ar réimse ilroinnte é faoi láthair. Glacfaidh an córas sin ionad chóras inmheánach an Bhainc Ceannais le haghaidh bainistíocht chomhthaobhachta agus tá sé beartaithe é a chur i ngníomh ag deireadh na bliana 2022.

[13] Is ionann comhthiomsú agus teicníc chomhthaobhachta trína gcoimeádann contrapháirtí cuntas comhthiomsaithe le BCB d'fhonn sócmhainní atá ann mar chomhthaobhacht i leith oibríochtaí creidmheasa gaolmhara Eurochórais a thaisceadh. Déantar na sócmhainní sin a thaifeadadh ar shlí a fhágann nach nasctar sócmhainn cháilithe ar leithligh le hoibríocht chreidmheasa shonrach Eurochórais agus go bhféadfaidh an contrapháirtí ionadú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar shócmhainní comhthiomsaithe cáilithe.

# Cobhsaíocht Airgeadais

*Tá sainordú ag an mBanc Ceannais sa reachtaíocht intíre agus Eorpach chun cur le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud limistéar an euro. Le linn an sainordú sin a chur i gcrích, déanann an Banc Ceannais anailís chobhsaíochta airgeadais a rannchuidíonn le cosc agus maolú rioscaí san earnáil airgeadais. Déantar an anailís sin ar leibhéal an chórais ina iomláine (leibhéal macrastuamachta); ar leibhéal institiúidí ar leithligh (leibhéal micreastuamachta); agus, ina theannta sin, scrúdaítear na naisc idir na comhchodanna éagsúla den chóras airgeadais agus den fhíorgheilleagar. Rannchuidíonn an Banc Ceannais le formhaoirseachtmhacrastuamachta san AE trí rannpháirtíocht sa Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS).*

## Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais

Ina cháil mar an t-údarás ainmnithe macrastuamachta d'Éirinn, tá leas bainte ag an mBanc Ceannais as sraith beart macrastuamachta, ar bearta iad atá dírithe ar rioscaí uilechórais a chosc agus a mhaolú. Déantar na bearta sin a athbhreithniú ar bhonn rialta i gcomhréir le creat bheartas macrastuamachta an Bhainc Ceannais. Cuireadh roinnt beart den sórt sin i bhfeidhm sa bhliain 2018, nó tabharfar isteach iad de réir a chéile i rith na bliana 2019, agus cuimsíonn siad bearta caipiteal-bhunaithe agus bearta iasachtaí-bhunaithe (féach Bosca 2 thíos).

Tá tacaíocht le fáil ó dhá choiste i leith cinnteoireacht cobhsaíochta airgeadais sa Bhanc Ceannais. Feidhmíonn Coiste an Bhainc Ceannais um Bearta Macrastuamachta (CBM) mar choiste comhairleach i ndáil le hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta intíre agus déanann sé moltaí maidir le haon bhearta atá curtha i bhfeidhm a chothabháil nó a athbhreithniú. Déantar achoimre ar thorthaí chruinnithe an CBM a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais. Déanann Coiste Cobhsaíochta Airgeadais (CCA) an Bhainc Ceannais comhordú agus measúnacht ar shaincheisteanna faoi chobhsaíocht airgeadais agus tugann sé comhairle don Ghobharnóir maidir leis na nithe sin a mhéid a bhaineann siad le hÉirinn agus le limistéar an euro. Tháinig an CCA le chéile aon uair déag sa bhliain 2018 agus tháinig an CBM le chéile 8 n-uaire.

Ar an leibhéal náisiúnta, déantar saincheisteanna faoi chobhsaíocht airgeadais a phlé sa Ghrúpa Cobhsaíochta Airgeadais (GCA). Is é atá sa GCA ná fóram d'oifigigh shinsearacha as an Roinn Airgeadais, as Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) agus as an mBanc Ceannais[14]. Rinneadh obair ar ullmhacht ghéarchéime freisin

[14] https://www.gov.ie/en/publication/633c6c-financial-stability-group-fsg/

faoi choimirce an GCA agus rinneadh cleachtadh ionsamhlúcháin idirghníomhaireachta i mí na Samhna 2018 maidir le bainistíocht ghéarchéime.

Mar an gcéanna le blianta eile, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a chuid Athbhreithnithe Macra-Airgeadais leathbhliantúla i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag. Cuireann na hathbhreithnithe sin forléargas ar fáil maidir le staid reatha na timpeallachta macra-airgeadais in Éirinn agus foilsítear iad chun cabhrú le rannpháirtithe sna margaí airgeadais, agus le húdaráis eile agus leis an bpobal, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an gcóras airgeadais. Ina theannta sin, foilsíodh an tuarascáil faoi Mhargadh an Chreidmheasa Teaghlaigh agus an tuarascáil faoi mhargadh FBM-anna i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair faoi seach. Is é is aidhm do na tuarascálacha sin ná na forbairtí margaidh creidmheasa is déanaí san earnáil teaghlaigh agus in earnáil na FBM-anna, faoi seach, a chur in iúl. Agus, chomh maith leis sin, rinneadh Paca Rioscaí Sistéamacha, is é sin, uirlis léirshamhlúcháin le haghaidh táscairí a ndéantar faireachán rialta orthu chun críocha cobhsaíochta airgeadais, a fhoilsiú i mí Feabhra agus i mí Lúnasa.

Chun feabhas a chur ar chumarsáid an Bhainc Ceannais maidir le nithe a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais, agus chun feabhas a chur ar thrédhearcacht i ndáil leis na nithe sin, cuireadh tús le foilsiú na sraithe 'Nótaí Cobhsaíochta Airgeadais' i mí Aibreáin 2018. Foilsíodh 11 Nóta sa bhliain 2018 agus iad dírithe ar iasachtóireacht mhorgáiste, ar réiteach INTanna (iasachtaí neamhthuillmheacha), ar bhrabúsacht na mbanc, ar dháileadh praghsanna tithe, ar bhaincéireacht idirnáisiúnta, ar riaráistí fadtéarma morgáiste, agus ar thomhas rioscaí timthriallacha. Foilsíodh tuilleadh taighde faoin gcúlchiste fritimthriallach (CCyB), faoi mhúnlú caillteanas bainc faoi athchóirithe cuntasaíochta IFRS9, agus faoi thomhas dóchúlachta géarchéime. Chuir eacnamaithe de chuid na foirne cur síos ar a saothar i láthair go rialta ag comhdhálacha intíre agus idirnáisiúnta, agus i mbainc cheannais eile, le linn na bliana 2018. Ina measc sin, áirítear, mar shampla, Ollscoil Zurich, Banc Náisiúnta na hEilvéise, Banc Shasana, an Príomh-Chumann Taighde Baincéireachta, Banc na Fionlainne, de Nederlandsche Bank agus BCE.

I rith na bliana 2018, ghlac an Banc Ceannais páirt ghníomhach i gcoistí Eorpacha iomchuí a phléann cúrsaí cobhsaíochta airgeadais. Ina measc siúd, áiríodh Coiste CEBC um Chobhsaíocht Airgeadais (CEBC-CCA), an BERS agus na foghrúpaí a bhaineann leis agus a phléann ábhair a bhaineann le hanailís mhacrastuamachta, beartas agus tástáil struis. Sa bhliain 2018, lean CEBC-CCA dá athbhreithniú rialta ar phríomhrioscaí

agus ar bhearta beartais macrastuamachta tríd an Athbhreithniú Cobhsaíochta Airgeadais agus tríd an bhFaireachán Macrastuamachta.

### Bosca 2: An Creat Macrastuamachta

Áiríonn Creat Macrastuamachta an Bhainc Ceannais roinnt ionstraimí atá á n-úsáid faoi láthair chun sainordú an Bhainc Ceannais a shaothrú i réimse na cobhsaíochta airgeadais. Baineann cuspóir éagsúil le gach ionstraim ar leith agus úsáidtear gach ionstraim ar leith ina aonar nó in éineacht le cinn eile chun cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn.

Tá an cúlchiste fritimthriallach ann i measc na n-ionstraimí sin. Is é atá i gcuspóir an Bhainc Ceannais i leith an chúlchiste fhritimthriallaigh ná athléimneacht a neartú sa chóras baincéireachta d'fhonn tacú le soláthar inbhuanaithe creidmheasa don fhíorgheilleagar ar fud an timthrialla airgeadais agus déantar athbhreithniú air ar bhonn míosúil. Tá an Banc Ceannais ag súil le ráta dearfach cúlchiste fhritimthriallaigh a choimeád ar bun tráth a mbíonn treocht leanúnach ann i leith táscairí a bhaineann le rioscaí sistéamacha timthriallacha agus meastar go mbeidh an ráta os cionn 1% i gcás ina dtagann an treocht chun bheith níos seasmhaí nó i gcás ina bhfuil éagothromaíochtaí ag teacht chun cinn. Déanfar an cúlchiste fritimthriallach a laghdú nó a scaoileadh go hiomlán nuair a tharlaíonn cúlú nó nuair a bhíonn riosca sistéamach timthriallach ann. Bhí an cinneadh chun an cúlchiste fritimthriallach a mhéadú go 1% GCL1[15] i mí Iúil 2018 (le héifeacht ó mhí Iúil 2019) bunaithe ar an timpeallacht chreidmheasa a bhí ag éirí níos láidre, ar fhorbairtí maidir le praghsanna tithe, agus ar an ngníomhaíocht eacnamaíochta i gcoitinne a bhí ag éirí níos cóngaraí dá leibhéal aschuir féideartha.

Ionstraim eile macrastuamachta is ea na bearta morgáiste arb é is aidhm dóibh athléimneacht na mbanc agus na n-iasachtaithe araon a neartú agus laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh bíseanna praghsanna creidmheasa-tithe ann agus ar thionchar bíseanna den sórt sin. Chun an méid sin a bhaint amach, cuireann na bearta teorainn le méid na hiasachtóireachta lena ngabhann cóimheas ard iasachta/luacha agus cóimheas ard iasachta/ioncaim. Cuireann na bearta morgáiste feabhas ar athléimneacht teaghlach trí leibhéal áirithe cosanta a chur ar fáil in aghaidh turrainge d'ioncam teaghlaigh nó in aghaidh laghdú ar luach maoine. Ina theannta sin, cuireann siad le hathléimneacht na mbanc trí iasachtóireacht nua de chineál níos rioscúla a theorannú. De réir

[15] Gnáthchothromas Leibhéal 1

athbhreithniú na bliana 2018 a foilsíodh i mí na Samhna, is beag an méid fianaise a bhí ann i leith bís phraghsanna creidmheasa-tithe a bheith ag teacht chun cinn ná i leith meath ginearálta ar chaighdeáin iasachtóireachta chun dochair d'athléimneacht na mbanc agus na n-iasachtaithe. Dá bharr sin, ní dhearnadh aon athrú ar chalabrú na mbeart don bhliain 2019.

Is é atá i gcúlchiste fritimthriallach na nInstitiúidí Eile lena ngabhann Tábhacht Shistéamach (IETS) ná ionstraim chaipiteal-bhunaithe agus tá sé mar aidhm aici laghdú a dhéanamh ar an seans go nglacfaidh na bainc lena ngabhann tábhacht shistéamach straitéisí díchobhsaíochta agus, i bhfianaise na tábhachta sistéamaí atá acu, caighdeáin níos airde ó thaobh cúrsaí caipitil de a chur i bhfeidhm maidir leo. Is é atá i mbainc lena ngabhann tábhacht shistéamach ná bainc mhóra nó bainc a mbíonn leibhéal ard idirghníomhaíochta acu leis an bhfíorgheilleagar. Tá sé cinn de IETS-anna sainaitheanta ag an mBanc Ceannais in Éirinn agus tá rátaí cúlchiste idir 0 agus 1.5% GCL1 leagtha síos aige, agus sin ag brath ar thábhacht shistéamach an bhainc lena mbaineann. Tá na cúlchistí sin á gcéimniú isteach idir mí Iúil 2019 agus mí Iúil 2021 agus daingníodh iad san athbhreithniú bliantúil IETS a foilsíodh i mí na Samhna 2018.

## Maoiniúchán Margadh-Bhunaithe

Is ionann maoiniúchán margadh-bhunaithe agus foinse éagsúlaithe creidmheasa ach d'fhéadfadh sé a bheith ina foinse riosca shistéamaigh i gcúinsí áirithe.

Cé nach mbaineann cuid mhór den riosca go díreach leis an ngeilleagar intíre, aithníonn an Banc Ceannais an gá le gníomhaíochtaí san earnáil seo a anailísiú agus a thuiscint agus an gá le faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin. Dá bhrí sin, ghlac sé páirt i raon tionscnamh a bhí bainteach le téamaí idirnáisiúnta. D'áirigh sé sin rannpháirtíocht san obair iomchuí leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiún Urrús (EICU), le BERS agus leis an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA), agus bhí poist cheannaireachta ag an mBanc Ceannais i roinnt fóram díobh sin. I measc na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu i rith na bliana 2018 mar chuid den rannpháirtíocht sin, áiríodh tástáil struis i leith cistí infheistíochta, idirnascacht i dtaca le bainc, eintitis neamhbhainc agus margaí airgeadais de, agus an riosca maidir le tógálacht agus, chomh maith leis sin, giaráil agus bainistíocht leachtachta i gcistí infheistíochta.

Tá an Banc Ceannais ina chomhalta de Ghrúpa Saineolach Scáthbhaincéireachta an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais. Rinneadh Tuarascáil BCA maidir le Faireachán ar Scáthbhaincéireacht Dhomhanda don bhliain 2017 a fhoilsiú ar an 5 Márta 2018. Ar bhonn shainmhíniú an BCA, tá earnáil airgeadais neamhbhainc na hÉireann ar an séú ceann is mó ar domhan agus meastar gur fiú USD$2.3tn í.

D'fhógair an BCA le déanaí go mbeidh deireadh á chur aige le húsáid an téarma "Scáthbhaincéireacht" agus, ina ionad sin, go n-úsáidfidh sé an téarma "idirghabháil airgeadais neamhbhainc". Is é atá i sainmhíniú an BCA ar idirghabháil airgeadais neamhbhainc ná idirghabháil chreidmheasa a bhfuil eintitis agus gníomhaíochtaí lasmuigh den ghnáthchóras baincéireachta bainteach léi (go hiomlán nó go páirteach).

## An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is é atá sa Phríomh-Chlár Creidmheasa (PCC) ná bunachar sonraí éigeantach náisiúnta maidir le faisnéis chreidmheasa ar bunachar sonraí é a chothabhálann agus a oibríonn an Banc Ceannais faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013. Rannchuidíonn an PCC le cobhsaíocht airgeadais, cothaíonn sé athléimneacht agus cosnaíonn sé tomhaltóirí trí chinntí eolasacha ag iasachtóirí a éascú. Bainfidh an Banc Ceannais úsáid as an PCC chun feabhas a chur ar léargais ar leibhéal

Rannchuidíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa le cobhsaíocht airgeadais, cothaíonn sé athléimneacht agus cosnaíonn sé tomhaltóirí trí chinntí eolasacha ag iasachtóirí a éascú.

foriomlán agus ar phátrún foriomlán na hiasachtóireachta sa gheilleagar.

Ó bhí an 30 Nollaig 2017 ann, tá iasachtóirí a thugann iasachtaí tomhaltóra ar fiú €500 nó níos mó iad ag soláthar faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa maidir leis na hiasachtaí sin don PCC ar bhonn míosúil. Ó bhí an 20 Márta 2018 ann, tá iasachtaithe ar leithligh in ann a dtuarascáil chreidmheasa féin a iarraidh saor in aisce aon tráth, ach sin faoi réir úsáid chóir. Tá sainláithreán gréasáin ar a dtugtar faisnéis do thomhaltóirí faoi PCC ar fáil ag www.depositguarantee.ie.

Ó bhí an 30 Meán Fómhair 2018 ann, ní mór d'iasachtóirí tuarascáil chreidmheasa a iarraidh nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh acu maidir le hiarratais ó thomhaltóirí ar iasacht ar fiú €2,000 nó níos mó í. Ó mhí Iúil 2019 ar aghaidh, gearrfar táille ar iasachtóirí i leith fiosruithe. Tá sé beartaithe go ndéanfar an costas a bhaineann le bunú agus oibriú an PCC a chúiteamh thar am tríd an sásra gearrtha táillí sin.

Chomh maith leis sin, tá oibleagáid ar iasachtóirí airgid ceadúnaithe. ar údaráis áitiúla agus ar iasachtóirí a sholáthraíonn iasachtaí gnó ar fiú €500 nó níos mó iad faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa a thíolacadh don PCC maidir leis na hiasachtaí sin.

Bhí leasú reachtach ann san Acht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais 2018 á cheangal ar iasachtóirí faisnéis faoi mhaoiniúchán fruilcheannaigh agus faoi mhaoiniúchán eile den tsamhail chéanna a thíolacadh don PCC. Tosóidh iasachtóirí ag tíolacadh faisnéise faoi na hiasachtaí sin don PCC ó Mhí an Mheithimh 2019 ar aghaidh.

## An Scéim Ráthaíochta Taiscí

Riarann an Banc Ceannais an Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) agus maoiníonn na hinstitiúidí creidmheasa a chumhdaítear faoin scéim í. Faoi DGS, tugtar cosaint do thaisceoirí cáilithe suas go €100,000 i gcás ina gclisfidh institiúid chreidmheasa.

Tar éis Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 a thabhairt isteach, bunaíodh socruithe nua maoiniúcháin, lena gceanglaítear ar SRT spriocleibhéal maoiniúcháin arb ionann é agus 0.8% de thaiscí faoi chumhdach a bhaint amach faoin mbliain 2024 agus, mar thoradh air sin, bunaíodh Ciste Ranníocach SRT sa bhliain 2016. I gcomhréir le treoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpach (ÚBE), baintear úsáid as modheolaíocht riosca-bhunaithe chun ranníocaíochtaí na n-institiúidí uile ar leith a ríomh, agus iad bunaithe ar an leibhéal riosca agus ar leibhéal na dtaiscí cumhdaithe. Rinneadh an

tríú bliain de ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste nua, a raibh suim iomlán €104.8m i gceist leo, a thobhach ag deireadh na bliana 2018.

I rith na bliana 2018, rinne SRT tástálacha struis ar a chórais agus ar a phróisis i gcomhréir le treoirlínte ÚBE. Is é a bhí i gceist leis na tástálacha ionsamhlúcháin sin ó cheann go ceann ná raon leathan cúinsí iomchuí chun a chinntiú go raibh SRT in ann cúiteamh a thabhairt do thaisceoirí i gcás inar ghá an scéim a úsáid.

Tá sainláithreán gréasáin ar a dtugtar faisnéis do thomhaltóirí faoi SRT ar fáil ag www.depositguarantee.ie.

### An Ciste Cúitimh Árachais

Tar éis an tAcht Árachais (Leasú) 2018 a achtú i mí Iúil 2018, ghlac an Banc Ceannais le freagracht i ndáil le riaradh an Chiste Cúitimh Árachais (an Ciste) a bhí á riaradh roimhe sin ag Uachtarán na hArd-Chúirte agus é/í ag feidhmiú trí Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Déantar an Ciste a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí ó chuideachtaí árachais i leith ollphréimheanna árachais neamhshaoil.

I gcás ina dtarlaíonn leachtú cuideachta árachais, agus i gcás ina dtugann an Ard-Chúirt ceadú ina leith, déanfaidh an Banc Ceannais, ina cháil mar riarthóir an Chiste, an méid iomchuí a íoc leis an leachtaitheoir (i gcás cuideachta árachais in Éirinn), nó leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) i leith cuideachta árachais i mBallstát eile lena dháileadh ar na héilitheoirí.

Maidir le héilimh fhíoraithe, ní thugtar níos mó ná 65% nó €825,000 ina leith (cibé acu is lú) ach amháin i gcás éilimh árachais gluaisteáin tríú páirtí ar ina leith a íocann an Ciste méid iomlán an éilimh agus a fhaigheann an Ciste cúiteamh i ndáil leis an iarmhéid os cionn 65%/€825,000 ó Bhiúró Árachóirí Gluaisteán na hÉireann.

Rinneadh an chéad íocaíocht, arbh fhiú €20.6m í, maidir le Setanta Insurance Company Limited (faoi leachtú), a íoc as an gCiste le GÉS ar an 27 Samhain 2018 de bhun Ordú ón Ard-Chúirt a eisíodh chuig an GÉS.

## Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

Cé nach raibh sé soiléir ag tráth ullmhaithe na Tuarascála Bliantúla seo cén cineál socruithe nua a bheadh ann idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach, tá impleachtaí suntasacha gearrthéarma agus fadtéarma ag gabháil le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, ar impleachtaí iad a bhaineann le struchtúr gheilleagar

na hÉireann agus le córas airgeadais na hÉireann. Ardtosaíocht straitéiseach de chuid an Bhainc Ceannais is ea é i gcónaí déileáil go rathúil le tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Ó bhí an bhliain 2015 ann, tá measúnacht á déanamh ag an mBanc Ceannais ar na himpleachtaí ionchasacha a bheidh ann don gheilleagar agus don chóras airgeadais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Tar éis an reifrinn sa Ríocht Aontaithe, bunaíodh Tascfhórsa Brexit ar bhonn buan i ndiaidh do Choiste Cobhsaíochta Airgeadais (CCA) an Bhainc Ceannais sin a iarraidh. Tagann an tascfhórsa le chéile, agus tuairiscíonn sé don CCA agus do Choimisiúin an Bhainc Ceannais, ar bhonn ráithiúil maidir le nithe a bhaineann le cursaí polaitíochta agus eacnamaíochta agus le forbairtí margaidh i réimse Brexit, maidir le rioscaí atá ann mar thoradh ar Brexit do ghnólachtaí atá á maoirsiú ag an mBanc Ceannais, agus maidir le saincheisteanna atá ann don Bhanc Ceannais é féin, go háirithe a mhéid a bhaineann le húdaruithe. I Meán Fómhair 2018, bhunaigh an Banc Ceannais Coiste Stiúrtha Brexit chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chéimeanna deiridh ullmhúcháin an Bhainc Ceannais le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus béim á leagan ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn go tobann agus ar ghníomhartha maolúcháin a ghlacadh más féidir agus más cuí.

Ar fud na bliana 2018, bhí obair an Bhainc Ceannais dírithe go príomha ar an méid seo a leanas a chinntiú:

1. Go mbeadh tuiscint ann ar rioscaí do gheilleagar na hÉireann agus do thomhaltóirí agus go mbeadh maolú ar fáil ina leith.

2. Go n-ullmhófaí coigeartuithe riachtanacha de chineál beartais agus dlí chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann.

3. Rinne gnólachtaí rialáilte[16] bearta cuí chun athléimneacht a neartú agus chun a gcustaiméirí a chosaint.

4. I gcomhréir le noirm rialála na hEorpa, rinne an Banc Ceannais próiseas comhréireach, docht, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil do na gnólachtaí a mbeadh údarú á lorg acu mar thoradh ar tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas. Eorpach

[16] I measc na ngnólachtaí rialáilte áirítear na heintitis agus na daoine aonair go léir a ndéanann Bac Ceannais na hÉireann rialáil orthu.

1. **Go mbeadh tuiscint ann ar rioscaí do gheilleagar na hÉireann agus do thomhaltóirí go feadh an méid is mó is féidir agus go mbeadh maolú ar fáil ina leith.**

   Ciallaíonn idirnascacht chórais airgeadais na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe go mbeidh tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ina cúis le dúshláin shuntasacha agus rioscaí suntasacha do thomhaltóirí, do ghnóthaí agus d'institiúidí airgeadais.

   Bhí aidhm an Bhainc Ceannais dírithe ar fhéachaint lena chinntiú go ndéanfaí rioscaí maidir le cobhsaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí a mhaolú go feadh an méid is mó agus is féidir, go háirithe i ndáil leis na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn go tobann i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann.

   D'oibrigh an Banc Ceannais le húdaráis Eorpacha agus le húdaráis na Ríochta Aontaithe chun féachaint lena chinntiú go mbeidh na gnólachtaí sin a sholáthraíonn seirbhísí do thomhaltóirí Éireannacha in ann leanúint de na seirbhísí sin a thabhairt i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann.

   D'oibrigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais chun tacú le dréachtú reachtaíochta chun córas sealadach teagmhasach a chruthú lena chinntiú go mbeidh leanúnachas seirbhíse ann do chustaiméirí árachais i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann.

2. **Go n-ullmhófaí coigeartuithe riachtanacha de chineál beartais agus dlí chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann**

   **(a) Comhoibriú idirghníomhaireachta**

   Ar fud na bliana 2018, chuir an Banc Ceannais tuairimí agus anailísí ar fáil don lucht déanta cinntí i gcoitinne in Éirinn, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh sna cruinnithe míosúla de Ghrúpa Teagmhála Brexit (GTB), in éineacht leis an Roinn Airgeadais agus le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Phléigh GTB pleanáil theagmhasach i leith codanna den earnáil airgeadais agus chomh maith leis sin, pléadh na forbairtí eacnamaíochta agus polaitíochta is déanaí i ndáil le tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

   Ina theannta sin, d'oibrigh an Banc Ceannais i gcomhpháirt leis na húdaráis iomchuí, lena n-áirítear an Roinn Airgeadais, Banc Shasana agus BCE, i ndáil le réitigh ionchasacha i gcomhair leanúnachas rochtana ar bhonneagair mhargaidh airgeadais i gcás urrúis

chorparáideacha Éireannacha tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

**(b) Rannpháirtíocht ghníomhach san Eoraip chun rannchuidiú leis an mbeartas maidir le Brexit**

Bhí an Banc Ceannais gníomhach ar an leibhéal Eorpach maidir le cur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn sna Ballstáit go léir ó thaobh cinnteoireacht i ndáil le Brexit, pleanáil theagmhasach agus cumarsáide de.  Chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní i leith éagsúlachtaí rialála agus ar riosca an arbatráiste rialála, dhírigh an Banc Ceannais ar cur chuige uile-Eorpach a chomhaontú maidir le saincheisteanna tábhachtacha beartais agus formhaoirseachta a d'éirigh as tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

**3. Rinne gnólachtaí rialáilte bearta cuí chun athléimneacht a neartú agus chun a gcustaiméirí a chosaint**

Lean meithleacha maoirseachta ar fud an Bhainc Ceannais de bheith i dteagmháil le gnólachtaí chun a chinntiú go raibh pleanáil chuí á déanamh acu i leith cúinsí inchreidte den chineál is measa a d'fhéadfadh a bheith ann. Bhain sé sin le deimhin a dhéanamh de go raibh tuiscint ag gnólachtaí Éireannacha láithreacha ar an tionchar a bheidh ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar a ngnóthaí agus ar a gcustaiméirí, agus go raibh pleanáil á déanamh acu le haghaidh an tionchair sin, chomh maith le leanúint de bheith i dteagmháil le gnólachtaí a raibh pleananna á gcur i bhfeidhm acu maidir le teacht go hÉirinn nó a raibh a múnlaí gnó in Éirinn á n-athrú acu.

**4. I gcomhréir le noirm rialála na hEorpa, próiseas údarúcháin comhréireach, docht, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil do na gnólachtaí a mbeadh údarú á lorg in Éirinn**

Bhí gníomhaíocht shuntasach údarúcháin ann mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus bhí líon mór iarratas agus cásanna casta ann ina leith sin. Lean an Banc Ceannais de bheith ag gníomhú mar gheatóir trí dhianmheasúnacht a dhéanamh ar iarratais ó na gnólachtaí go léir a bhí ag iarraidh seirbhísí airgeadais a sholáthar in Éirinn. Ceanglaíodh ar ghnólachtaí a thaispeáint go soiléir go raibh na caighdeáin maidir le húdarú á gcomhlíonadh acu. Lean na meithleacha údarúcháin d'iarratais a mheas i gcomhréir leis na hamscálaí caighdeánacha reachtúla agus seirbhíse agus oibríodh próiseas soiléir, simplí, éascaitheach d'iarratasóirí a raibh údarúchán á lorg acu.

## Cobhsaíocht Airgeadais agus Cosaint Tomhaltóirí

Lean an Banc Ceannais de chúinsí inchreidte den chineál is measa a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear Brexit gan chomhaontú, a ullmhú. Shainaithin an Banc Ceannais roinnt rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn go tobann, is é sin le rá, rioscaí a mbeadh sé de chumas acu difear diúltach a dhéanamh do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí agus a bheith ina gcúis le suaitheadh suntasach i gcóras airgeadais na hÉireann.

### Bosca 3: Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí a mhéid a bhaineann le Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

Sainaithníodh gurbh é a bhí sa bhagairt ba thromchúisí do thomhaltóirí ná easpa leanúnachais seirbhíse. Mar thoradh air sin, rinneadh na gníomhartha tábhachtacha seo a leanas chun aghaidh a thabhairt air sin agus, chomh maith leis sin, ar rioscaí eile i leith cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí i gcomhthéacs Brexit.

- Ullmhacht ar leibhéal gnólachta a neartú – Trí theagmháil ghníomhach mhaoirseachta le gnólachtaí (lena n-áirítear bainc, árachóirí, gnólachtaí infheistíochta, gnólachtaí idirghabhála, institiúidí íocaíochta agus ríomhairgid), d'éiligh an Banc Ceannais fianaise ar phleanáil éifeachtach theagmhasach. Ina theannta sin, leag an Banc Ceannais béim ar an ngá le cloí leis an treoir a eisíonn na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚME-anna) d'fhonn custaiméirí agus infheisteoirí a chur ar an eolas faoi thionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar a gcuid táirgí agus seirbhísí airgeadais.

- **Teagmháil leis an Roinn Airgeadais –** Chuir an Banc Ceannais comhairle theicniúil ar fáil faoin athrú reachtach a raibh gá leis chun sealbhóirí polasaithe árachais a chosaint. Bhí gá le reachtaíocht chun córas sealadach teagmhasach a chruthú d'fhonn maolú a dhéanamh ar an riosca go mbeadh easpa leanúnachais seirbhíse ann le haghaidh conarthaí árachais.

- **Cumarsáidí a eisiúint maidir le tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach –** I measc na gcumarsáidí a d'eisigh an Banc Ceannais chuig an tionscal áiríodh teagmháil dhíreach le gnólachtaí agus foilsiú thuairimí agus óráidí de chuid an ÚME agus, ina theannta sin, rinneadh cumarsáidí do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a raibh freagraí mionsonraithe ar

Cheisteanna a Chuireann Tomhaltóirí go Minic san áireamh iontu a chur ar fáil ar an mol tomhaltóirí ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

- **Tuarascálacha a fhoilsiú** - Sa bhliain 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais ceithre thuarascáil maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus tugadh measúnachtaí saineolacha faoi na rioscaí gaolmhara sna tuarascálacha sin.

Tá an Banc Ceannais ag iarraidh a chinntiú go mbeidh cosaintí comhsheasmhacha intuartha ann do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí agus leanfaidh sé de bheith ag obair le hinstitiúidí airgeadais, agus ar an leibhéal AE, chun treoir a thabhairt maidir le hullmhacht ionas go mbeidh tomhaltóirí agus infheisteoirí cosanta beag beann ar thoradh na gcaibidlíochtaí idir an Ríocht Aontaithe maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

## Maoirseacht

Bhí dlúthbhaint ag an mBanc Ceannais le cur chuige comhchoiteann Eorpach a fhorbairt i leith saincheisteanna rialála agus maoirseachta a bhí ann mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

I measc na n-ábhar ar dhírigh an Banc Ceannais orthu áiríodh féachaint le harbatráiste rialála agus maoirseachta a mhaolú; comhoibriú leantach maoirseachta agus comhroinnt faisnéise le húdaráis na Ríochta Aontaithe a chinntiú; agus breithniú a dhéanamh ar réitigh fhéideartha rialála chun maolú a dhéanamh in aghaidh rioscaí teagmhasacha ionchasacha.

Tháinig méadú suntasach ar an ngníomhaíocht údarúcháin, lena n-áirítear údarúcháin mhóra chasta agus athruithe ar phleananna gnó gnólachtaí láithreacha a bhí ag iarraidh leathnú ábhartha a dhéanamh ar scála a n-oibríochtaí láithreacha.

Cuireadh meithleacha ar bun chun déileáil go réamhghníomhach leis na héilimh a bhain le húdarúcháin nua agus bhí próisis dhiana údarúcháin ann mar bhuntaca leis sin. De bhreis air sin, i dtaca le cúrsaí maoirseachta de, bhí an bhéim ar dheimhin a dhéanamh de go ndéanfadh gnólachtaí na feabhsuithe riachtanacha chun bheith níos athléimní in aghaidh rioscaí reatha agus rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Lean an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar phleanáil theagmhasach na mbanc lena chinntiú go raibh pleananna éifeachtacha

Bhí dlúthbhaint ag an mBanc Ceannais le cur chuige comhchoiteann Eorpach a fhorbairt i leith saincheisteanna rialála agus maoirseachta a bhí ann mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

curtha ar bun chun fónamh do riachtanais an gheilleagair agus na dtomhaltóirí san fhadtéarma.

## Bosca 4: Ullmhúchán agus bainistíocht a dhéanamh i ndáil le Tionchair Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach - Léargais Dhoimhne

**Árachas**

Tháinig méadú suntasach ar an ngníomhaíoch maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus d'áirigh an ghníomhaíocht sin próiseáil roinnt údarúchán mór casta agus líon suntasach athruithe ar phleananna gnó gnólachtaí láithreacha. I rith na bliana 2018, athbhreithníodh 23 iarratas, tugadh údarúchán do shé ghnólacht agus cuireadh an próiseas údarúcháin maidir leis na hiarratais eile i gcrích go luath sa bhliain 2019. De bhreis air sin, tharla méadú suntasach ar idirbhearta rialála a d'éirigh as athruithe ar phleananna gnó, ar idirbhearta fála agus ar aistrithe punann.

Cuireadh próiseas nua údarúcháin i bhfeidhm agus céim réamhiarratais san áireamh ann, rud a chumasaigh tuilleadh réamh-idirphlé le gnólachtaí. Cheistigh na maoirseoirí gnólachtaí maidir le macrairioscaí, maidir le múnlaí gnó agus maidir le tionchair ar shealbhóirí polasaithe amhail leanúnachas conartha. I measc na rioscaí a maolaíodh tríd an bpróiseas sin áirítear easpa láithreachta substaintí, coimeád riosca, riosca do chontrapháirtithe, rioscaí a bhaineann le seachfhoinsiú, agus rioscaí a bhaineann le cosaint sealbhóirí polasaí amhail téarnamh agus réiteach.

**Bainistíocht Sócmhainní agus Baincéireacht Infheistíochta**

Mar thoradh ar an tionchar a lean as roinnt eintiteas nua casta a bheith ag iarraidh údarúchán chun iad féin a bhunú in Éirinn, bunaíodh rannán nua i mí na Samhna 2018, is é sin, Rannán na mBanc Infheistíochta agus na nDéileálaithe Bróicéireachta BIDB) chun oibriú i gcomhar leis lucht maoirseachta gnólachtaí bainistíochta sócmhainní i Stiúrthóireacht na Bainistíochta Sócmhainní agus na Baincéireachta Infheistíochta (BSBI).

De bharr thionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ar an earnáil bhainistíochta sócmhainne tá méadú suntasach ar an ngníomhaíocht a bhaineann le húdarúcháin a thabhairt. Sa bhliain 2018, cuireadh 56 údarúchán i gcrích lena n-áirítear cúig leathnú ar ghnólachtaí údaraithe a bhí ann cheana féin (bhí 18 n-údarúchán ar an meán ann sa dá bhliain roimhe sin) agus bhí gníomhaíocht shuntasach maidir le húdarúcháin ar siúl sa chéad ráithe den bhliain 2019.

Beidh maoirseacht á déanamh ag BIDB ar thuairim is deich n-eintiteas, idir bhainc agus ghnólachtaí infheistíochta, faoi dheireadh na bliana 2019 agus déanfar a chuid acmhainní a fhorlíonadh trí mhaoirseoirí a chur ar fáil a bhfuil obair déanta acu ar údarú nó leathnú gníomhaíochta gnólachtaí láithreacha, agus é mar aidhm aige sin eolas faoi mhúnlaí gnó agus faoi choinníollacha maidir le húdarúchán a bheith ar fáil i gcónaí. Déanfaidh meithleacha comhpháirteacha maoirseachta, agus foireann an Bhainc Ceannais agus BCE ag obair orthu, maoirseacht ar thrí institiúid chreidmheasa shuntasacha.

**Taisclann Lárnach Urrús**
Faoi láthair, déantar gach idirbheart cothromais Éireannaigh agus cuid mhór idirbheart Cistí a Thrádáiltear ar Mhalartán (CTM) a shocrú trí Thaisclann Lárnach Urrús (TLU) atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Má thagann Éire chun bheith ina "tríú tír" d'fhéadfadh srian dlíthiúil a bheith ann maidir le seirbhísí TLU a sholáthar i margadh na hÉireann gan cheadú, mar aon le riosca nach mbeifí in ann idirbhearta Éireannacha a shocrú.

Chun an riosca sin a mhaolú tá an Banc Ceannais, i gcomhar le húdaráis Éireannacha iomchuí, tar éis teagmháil a dhéanamh maidir leis an tsaincheist seo le príomh-gheallsealbhóirí sa mhargadh intíre agus le húdaráis na hEorpa agus tá an teagmháil sin ar siúl i gcónaí. Díríodh aird ar soláthróir TLU oiriúnach fadtéarma a shainaithint tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus ar shocrú coibhéise Ríochta Aontaithe a bhunú sa ghearrthéarma.

I mí na Nollag 2018, d'eisigh an Coimisiún Eorpach ráiteas á rá go ndéanfaí foráil maidir le tréimhse shealadach choibhéise 24 mhí do TLU-anna de chuid na Ríochta Aontaithe i gcás ina mbeadh Brexit gan chomhaontú ann. Is ionann sin agus a rá nach mór go mbeidh an socrú fadtéarma atá beartaithe i bhfeidhm nuair a théann an tréimhse 24 mhí sin in éag ar an 29 Márta 2021. Tá an Banc Ceannais agus na húdaráis Éireannacha iomchuí ag obair go dlúth leis an Oibreoir Margaidh agus le geallsealbhóirí eile sa mhargadh d'fhonn an múnla fadtéarma TLU a chur i bhfeidhm.

## Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí

*Déanann an Banc Ceannais rialáil ar iompar airgeadais lena chinntiú go dtugtar cosaint do leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí agus go n-oibríonn na margaí ar mhodh cóir rianúil trédhearcach. Sa roinn seo, dírítear aird ar*

*an rialáil a rinneadh ar ghnólachtaí sa bhliain 2018 chun tomhaltóirí a chosaint.*

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais a chinntiú go ndéantar leasanna tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint. I measc na dtorthaí ar mian leis an mBanc Ceannais iad a bhaint amach áirítear cultúr atá dírithe ar thomhaltóirí a bheith á fhorbairt ag gnólachtaí rialáilte, ar cultúr é a sholáthraíonn torthaí córa do thomhaltóirí, tuiscint a bheith ag tomhaltóirí ar na táirgí agus ar na seirbhísí atá á dtairiscint dóibh, agus tomhaltóirí leochaileacha a bheith á gcosaint.

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais na torthaí sin a bhaint amach trí rialáil ardchaighdeáin, trí theagmháil fhónta, trí gheatóireacht éifeachtach, trí mhaoirseacht cheannasach agus trí fhorfheidhmiú docht.

Cuirtear Cosaint Tomhaltóirí san áireamh i ngach réimse d'obair an Bhainc Ceannais i ndáil lenár sainorduithe go léir i leith iompar airgeadais, rialáil stuama agus baincéireacht cheannais, agus aitheantas á thabhairt do thábhacht na gcód iompair reachtúil agus don tábhacht a ghabhann le gnólachtaí a bheith fónta i dtaca le cúrsaí airgeadais de agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais a choimeád ar bun.

Lean neartú cosanta tomhaltóirí de bheith lárnach in obair an Bhainc Ceannais sa bhliain 2018 agus bhí béim shonrach straitéiseach ar iompar gnólachtaí. Tiomantas straitéiseach de chuid an Bhainc Ceannais is ea cur le rialáil iompair gnólachtaí. Tá sé sin riachtanach mar gheall ar an raon leathan scannal maidir le mí-iompar airgeadais a bhí ann, ar bhonn idirnáisiúnta agus intíre, lena n-áirítear scannal na Morgáistí Rianúcháin, agus is iad na scannail sin is cúis le cur chuige maoirseachta a bheith forbartha ag an mBanc Ceannais le blianta beaga anuas chun an bhéim a leagann sé ar shaincheisteanna iompair agus cultúir a neartú. Sa bhliain 2018, ba chéim thábhachtach eile sa phróiseas sin í tuarascáil Bhainc Mhiondíola na hÉireann ar Iompar agus ar Chultúr.

Taobh amuigh den earnáil bhaincéireachta miondíola, tá an Banc Ceannais ag súil le cultúr atá dírithe ar thomhaltóirí a bheith ann i ngach gnólacht rialáilte. Baineann cultúr éifeachtach eagraíochtúil leas as cuspóirí comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna amhail gairmiúlacht, macántacht agus cuntasacht chun torthaí córa a bhfuil leasanna tomhaltóirí ina gcroílár a chur ar fáil. Baineann an Banc Ceannais leas as an eolas atá faighte ón mbéim mhéadaithe ar chultúr le linn gnólachtaí a rialáil agus cinntíonn sé sin go ngníomhaíonn na gnólachtaí sin ar mhaithe le leasanna na dtomhaltóirí.

Déanann an Banc Ceannais idirghabháil i gcás ina measann sé go bhfuil dochar a dhéanamh go forleathan do thomhaltóirí. I rith na bliana 2018, lean an Banc Ceannais den Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin (SMR) a chur ar aghaidh. Faoi dheireadh mhí na Nollag, bhí iasachtóirí tar éis €647m a íoc mar shásamh agus mar chúiteamh le custaiméirí a diúltaíodh morgáiste rianúcháin dóibh nó ar sannadh ráta mícheart dóibh. Tá imscrúduithe forfheidhmiúcháin á ndéanamh i gcomhthráth le hobair mhaoirseachta.

Chun coimircí reachtúla a thabhairt d'iasachtóirí leochaileacha a raibh deacrachtaí airgeadais agus riaráistí acu nó a bhí i mbaol go mbeadh riaráistí acu, thug an Banc Ceannais an Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) isteach sa bhliain 2009 tráth a raibh géarchéim eacnamaíochta agus fostaíochta ann. Neartaíodh an Cód sin tuilleadh sna blianta ina dhiaidh sin agus tá an CIRM, mar aon leis an bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) a chuimsítear ann, ina chuid de chreat beartais náisiúnta na dtacaíochtaí agus na gcosaintí atá ann chun daoine ag a bhfuil deacrachtaí ó thaobh riaráistí  Sa bhliain 2018, rinne an Banc Ceannais athbhreithniú eile ar éifeachtacht an CIRM - ba chéim thábhachtach eile an méid sin maidir lena chinntiú go mbíonn iasachtóirí cóir agus trédhearcach maidir leis an tslí ina ndéileálann siad le hiasachtaithe nó le daoine a bhfuil riaráistí morgáiste acu. Is é atá sa phríomhthoradh a d'éirigh as an athbhreithniú sin ná go bhfuil an Cód ag obair go héifeachtach d'iasachtaithe a ghlacann páirt sa phróiseas.

I gcoitinne, lean an Banc Ceannais de bhrú a chur ar bhainc laghdú a dhéanamh ar INTanna (Iasachtaí Neamhthuillmheacha) ar mhodh inbhuanaithe ina soláthraítear cosaintí láidre d'iasachtaithe. Tá dul chun cinn mór déanta i dtaca leis sin de. Mar thoradh ar an gcur chuige atá glactha ag an mBanc Ceannais agus ag codanna eile den chreat náisiúnta cosanta tomhaltóirí, táthar tar éis a chinntiú go ndearnadh an laghdú ar leibhéal na morgáistí neamhthuillmheacha a bhaint amach go príomha trí athstruchtúrú iasachtaí seachas trí athshealbhú a dhéanamh.

Chuaigh an Banc Ceannais i mbun roinnt tionscnamh chun aird a tharraingt, agus aghaidh a thabhairt, ar an riosca ionchasach seo do thomhaltóirí. Tá obair mhór déanta i ndáil lena ordú do ghnólachtaí pleananna teagmhasacha a dhéanamh i leith tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Mar thoradh ar chlár leanúnach na gcigearachtaí téamacha, táthar ag leanúint de rioscaí do thomhaltóirí a shainaithint i measc na n-earnálacha agus na dtáirgí airgeadais. Tríd an teagmháil a dhéantar leis an tionscal, cinntítear go gcoimeádtar gnólachtaí rialáilte cothrom le dáta maidir le saincheisteanna agus

forbairtí rialála. Tá taighde maidir le cosaint tomhaltóirí ann mar bhuntaca don obair sin ar fad, rud a chinntíonn go mbíonn guth an tomhaltóra i gcroílár na ngníomhaíochtaí maoirseachta.

### Bosca 5: An tAthbhreithniú ar Iompar agus ar Chultúr

Bhí an tAthbhreithniú ar Iompar agus ar Chultúr ina chéim thábhachtach eile sa phróiseas i leith deimhin a dhéanamh de go mbeadh cultúr atá dírithe ar thomhaltóirí ag bainc.

I mí Iúil 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais torthaí an athbhreithnithe ina ndearnadh measúnacht ar an gcultúr reatha sna cúig bhanc miondíola atá ann faoi láthair. Bhí an t-athbhreithniú dírithe ar an iompar i measc lucht ceannaireachta choiste feidhmiúcháin na mbanc sin, go sonrach ar an dinimic ghrúpa agus ar an meon grúpa a bhain leo; agus ar an idirghníomhaíocht idir an coiste feidhmiúcháin agus na geallsealbhóirí inmheánacha iomchuí i gcomhthéacs cinnteoireacht straitéiseach.

Ba é toradh an athbhreithnithe ná gurb amhlaidh, d'ainneoin na cúig bhanc ar fad a bheith ag obair chun cultúr eagraíochtúil atá dírithe ar an tomhaltóir a chur i bhfeidhm, go bhfuil dul chun cinn níos mó déanta ag cuid acu agus go bhfuil obair le déanamh fós ag cuid acu freisin. Ní raibh cultúr atá dírithe ar an tomhaltóir i bhfeidhm i gcónaí i struchtúir, i bpróisis agus i gcórais na mbanc. Go sonrach, ní raibh comhthuiscint ann ar cad is brí le cultúir atá dírithe ar an tomhaltóir nó ar an gcineál iompair atá ag teastáil ina leith.

Lean roinnt banc d'iarsmaí de mheon ré na géarchéime a léiriú rud a d'fhág go rabhthas ag dul siar uaireanta chuig stíleanna ceannaireachta treoraí seachas béim a leagan ar chur chuige comhoibríoch. Mar thoradh ar an athbhreithniú freisin, cinneadh go rabhthas ródhóchasach faoi aistriú rathúil chuig cultúr atá dírithe ar an tomhaltóir rud a léirigh nár tuigeadh i gceart cén méid oibre a bheadh i gceist chun na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm.

De bhun an athbhreithnithe, chuir an Banc Ceannais de cheangal ar bhord na mbanc go léir plean gníomhaíochta a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a sainaithníodh agus chun na rioscaí gaolmhara a mhaolú. Tá na pleananna gníomhaíochta sin faighte ag an mBanc Ceannais agus beidh siad ina gcuid thábhachtach dár maoirseacht leanúnach ar na bainc mhiondíola lena mbaineann.

Bhí an tAthbhreithniú ar Iompar agus ar Chultúr ina chéim thábhachtach eile sa phróiseas i leith deimhin a dhéanamh de go mbeadh cultúr atá dírithe ar thomhaltóirí ag bainc.

## An Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin

Is é an Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin (SMR) an t-athbhreithniú maoirseachta is mó, is casta agus is suntasaí dá bhfuil déanta ag an mBanc Ceannais riamh i leith a shainordaithe maidir le cosaint tomhaltóirí. Clúdaíonn an SMR na hiasachtóirí morgáiste go léir a dhíol morgáistí rianúcháin in Éirinn aon tráth san am atá caite.

Is é is cuspóir foriomlán don SMR ná a chinntiú go ndéileáiltear go cothrom le custaiméirí morgáiste rianúcháin trína chinntiú go seolann iasachtóirí athbhreithniú iomlán ar a leabhair iasachtaí morgáiste chun measúnacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas conartha agus ceanglas rialála araon a mhéid a bhaineann le morgáistí rianúcháin. I gcásanna ina sainaithnítear go bhfuil dochar déanta do chustaiméirí, ceanglaíonn an Banc Ceannais ar iasachtóirí an sásamh agus an cúiteamh cuí a sholáthar i gcomhréir leis na Prionsabail i leith Sásaimh atá forbartha aige.

Sa bhliain 2018, áiríodh an méid seo a leanas i measc phríomhthorthaí SMR:


- Dianobair mhaoirseachta chun a chinntiú go sainaithneodh iasachtóirí na grúpaí custaiméirí ar fad dá ndearnadh difear. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí 39,800 custaiméir dá ndearnadh difear sainaitheanta ag iasachtóirí.

- Spreagadh a thabhairt d'iasachtóirí cláir shásaimh agus chúitimh a chur i gcrích a luaithe ab fhéidir. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí leigheas faighte ag 97% de na custaiméirí a sainaithníodh agus a fíoraíodh mar chustaiméirí dá ndearnadh difear.

- Go dtí deireadh mhí na Nollag 2018 bhí €647m íoctha ag iasachtóirí mar shásamh agus mar chúiteamh.

Tá tús curtha leis an gcéim dheiridh den obair mhaoirseachta anois agus tá imscrúduithe forfheidhmiúcháin á ndéanamh i gcomhthráth leis an obair sin. Tá an Banc Ceannais ag súil go bhfoilseofar tuarascáil chríochnaitheach faoin SMR sa bhliain 2019.

### *Cairt 2: Luach na nÍocaíochtaí Sásaimh agus Cúitimh*




## An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí

Déantar foráil leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 go mbunóidh an Banc Ceannais grúpa comhairleach chun comhairle a thabhairt don Bhanc Ceannais maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Bunaíodh an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí (GCT) sa bhliain 2011 agus, de réir an Achta, is é is feidhm dó ná comhairle a thabhairt don Bhanc Ceannais i ndáil leis an méid seo a leanas: éifeachtaí phleananna straitéiseacha an

Bhainc Ceannais ar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais; tionscnaimh a mbeidh de chuspóir leo cosaint tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a fheabhsú tuilleadh; agus doiciméid, páipéir chomhairliúcháin nó ábhair eile a bheidh ullmhaithe ag an mBanc Ceannais, má iarrann an GCT amhlaidh.

Ag deireadh mhí na Nollag 2018, bhí na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den GCT: Theodor Kockelkoren, John Mark McCafferty agus Anne-Marie O'Connor. D'fhóin Niamh Moloney mar Chathaoirleach an GCT sular ceapadh chuig Coimisiún an Bhainc Ceannais í i Meán Fómhair 2018.

Tháinig an GCT le chéile ceithre huaire sa bhliain 2018. Mar chuid d'fhormáid na gcruinnithe go léir bhí plé ann faoi shaincheisteanna reatha, mar aon le plé faoi nithe iomchuí maidir le cúrsaí beartais agus cúrsaí straitéiseacha. Le linn ionchur a iarraidh ar an GCT maidir le cúrsaí beartais agus cúrsaí straitéiseacha, is é a bhí i gcur chuige an Bhainc Ceannais ná an t-ionchur sin a iarraidh ag an gcéim chuí dá chuid oibre ionas go bhféadfaí léargais an GCT a bhreithniú agus a chur san

áireamh roimh cúrsaí beartais agus cúrsaí straitéiseacha a chur faoi réir an phróisis fhoirmiúil rialachais sa Bhanc Ceannais. Sa bhliain 2018, iarradh ionchur an GCT maidir le trí ábhar shuntasacha: an Tuarascáil maidir le "Iompar agus Cultúr Bhainc Mhiondíola na hÉireann"; Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2019-2021; agus an Straitéis bheartaithe maidir le Cosaint Tomhaltóirí 2019-2021 a bheadh ann mar bhuntaca leis na gnéithe cosanta tomhaltóra den Phlean Straitéiseach. De bhreis ar na saincheisteanna straitéiseacha sin, pléadh raon leathan ábhar iomchuí ag cruinnithe an GCT Déantar tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí an GCT a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Tá faisnéis faoi chomhaltas an ghrúpa agus miontuairiscí a chuid cruinnithe le fáil ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Maoirseacht agus Forfheidhmiú

*Tá cur chuige treallúsach riosca-bhunaithe ag an mBanc Ceannais maidir le maoirseacht, agus tá cumhachtaí dochta forfheidhmiúcháin ann mar bhuntaca don chur chuige sin i gcomhréir le dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta. Áiríonn sé sin maoirseacht ó lá go lá agus anailís ardchaighdeáin a dhírítear go háirithe ar na príomhrioscaí mar chabhair maidir lena chinntiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte agus margaí fónta ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus go bhfuil siad á mbainistiú go sábháilte.*

Lean an Banc Ceannais dá chlár maoirseachta riosca-bhunaithe, ionsáite, agus é dírithe ar thorthaí, ar clár é a bhfuil modheolaíochtaí maoirseachta PRISM (agus SAM, i gcás na mbanc) mar bhonn leis agus bearta forfheidhmiúcháin a bheith ar fáil ina leith más gá agus más cuí sin. D'áirigh sé sin teagmháil ó lá go lá le gnólachtaí rialáilte agus cigireachtaí agus anailís chun tacú leis an obair mhaoirseachta, agus dúshlán a thabhairt i leith na hoibre sin, agus leagadh béim ar leith ar rioscaí amhail tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, athléimneacht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí.

Mar chuid den mhaoirseacht leanúnach rinneadh measúnacht ar ghnólachtaí, agus ceistíodh iad, maidir le dóthanacht chaipitil, múnlaí gnó agus rialachas. Ba phríomhthosaíocht i gcónaí é réiteach INF-anna i réimse na baincéireachta. Sa bhliain 2018, méadaíodh an ghníomhaíocht maidir le cigireacht ar an láthair agus thug an Banc Ceannais dá aire go raibh easnaimh ann i ndáil le hoibleagáidí Shócmhainneacht II agus ghníomhaigh sé i leith na n-oibleagáidí sin a raibh baint acu le Creataí Bainistíochta Riosca. Bhí maoirseacht bainistíochta socmhainní dírithe ar chur i bhfeidhm MiFID II, ar

chomhlíonadh na Rialachán a bhaineann le hAirgead Infheisteoirí, ar chibear-rioscaí, ar rialachas agus ar rialuithe inmheánacha.

Tá ról fíorthábhachtach ag creataí láidre rialála agus maoirseachta le linn córas airgeadais athléimneach a chothaíonn iontaoibh a chur ar fáil, ar córas é ina gcosnaítear infheisteoirí agus tomhaltóirí, ina mbíonn taiscí sábháilte agus ina mbíonn cúlchistí árachais dóthanach chun freastal ar dhliteanais. Mar thoradh ar obair an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2018, is léir gur gá díriú ar an réimse seo go leanúnach d'fhonn córas airgeadais atá athléimneach agus iontaofa a bhaint amach, is é sin le rá, córas a fhónann go hinbhuanaithe do riachtanais an gheilleagair agus do riachtanais a chustaiméirí agus ina gcloíonn gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothroime agus ardchaighdeán.

Tá léargais earnála níos doimhne ar an gclár oibre sa bhliain 2018 leagtha amach sna ranna sin ina dhiaidh seo den tuarascáil.

## Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa

Rinne an Banc Ceannais dul chun cinn substainteach i ndáil lena chuid cuspóirí maoirseachta - soláthraíodh croímhaoirseacht, rinneadh bearta maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, cuireadh feabhas ar a dhearcadh maidir le hathléimneacht na mbanc, tugadh spreagadh maidir le feabhsú chultúr na mbanc, cuireadh pleanáil téarnaimh na mbanc ar aghaidh, agus cinntíodh go sainaithneodh na bainc na custaiméirí iomchuí a ndearnadh difear dóibh mar gheall ar mhorgáistí rianúcháin. Rinneadh an dul chun cinn sin trí dhianmhaoirseacht rialta treallúsach a dhéanamh ar na bainc agus trí theagmháil leis na bainc, trí chigireachtaí ar an láthair agus trí mheasúnachtaí cuimsitheacha maoirseachta i ndáil le rioscaí de gach cineál.

I measc na réimsí ar díríodh orthu áiríodh an méid seo a leanas:

- Athléimneacht a Bhunú (féach anseo thíos)
- INTanna a Réiteach (féach Bosca 6 thíos)
- Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (féach roinn roimhe seo)
- Comhoibriú maidir le Cosaint Tomhaltóirí (féach an roinn a bhaineann leis an Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin faoi Iompar agus Cosaint Tomhaltóirí).

**Athléimneacht a Bhunú**

I rith na bliana 2018, díríodh aird shuntasach, ó thaobh na maoirseachta de, ar dheimhin a dhéanamh de go ndéanann gnólachtaí rialáilte na

feabhsuithe atá riachtanach le go mbeidh siad níos athléimní i leith rioscaí atá ann cheana féin agus i leith rioscaí atá ag teacht chun cinn. Tá téarnamh ann i gcónaí i dtaca le brabúsacht sa chuid is mó de na bainc Éireannacha cé gur bac ar thuillimh é fós boinn chostais arda agus rátaí úis ísle. Tá cláir athraithe á gcur i bhfeidhm ag cuid mhór banc chun bainistíocht a dhéanamh ar a mboinn chostais, chun tacú le giniúint ioncaim, chun cumais teicneolaíochta faisnéise (TF) agus Fintech a fheabhsú (lena n-áirítear cur i bhfeidhm PSD2), agus chun a múnlaí foriomlána gnó a neartú.

Is é a bhí i gceist leis an obair ná measúnacht a dhéanamh ar dhóthanacht na gcóimheas caipitil agus leachtachta, tacú le tionscadal BCE i leith Athbhreithniú Spriocdhírithe ar Mhúnlaí Inmheánacha, páirt a ghlacadh i dtástáil struis uile-Eorpach 2018 agus tionchar pleananna téarnaimh agus réitigh a mheas.

## Bosca 6: Béim Mhaoirseachta ar Iasachtaí Neamhthuillmheacha

I dtaca le cúrsaí cobhsaíochta airgeadais agus cosanta tomhaltóirí de, ní mór don Bhanc Ceannais déileáil le deacrachtaí airgeadais ar mhodh cuimsitheach. Imríonn leibhéil arda INTanna tionchar ar chumas iasachtóirí agus féichiúnaithe teacht slán as cora chun donais. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach INTanna a laghdú ar mhodh inbhuanaithe a sholáthraíonn cosaintí láidre d'iasachtaithe.

I rith na bliana 2018, lean réiteach stoc mór na INTanna de bheith ina thosaíocht mhaoirseachta don Bhanc Ceannais agus, ar bhonn forleathan, do BCE. Méadaíonn stoc mór na INTanna ar chláir chomhardaithe institiúidí airgeadais na hÉireann leochaileacht na n-institiúidí sin i leith turraingí i ngeilleagar na hÉireann amach anseo. Dá bhrí sin, má leantar den mhóiminteam i leith na n-iasachtaí sin a réiteach cuirfear leis an athléimneacht atá ann sa chóras airgeadais in Éirinn. Rud níos práinní ó thaobh na dtomhaltóirí de is ea gurb ionann na INTanna sin agus iasachtaithe a bhfuil, nó a raibh, deacrachtaí airgeadais acu agus is cás leis an mBanc Ceannais go gcaithfear go cóir leis na hiasachtaithe sin.

*Cairt 3: Cóimheas Banc Miondíola - INT agus Clocha Míle Tábhachtacha*



*Foinse: Tuairisceáin Rialála an Bhainc Ceannais ar bhonn sonraí arna gcur ar fáil ag AIB, BoI, PTSB, Ulster agus KBCI.*

Tá cur chuige tomhaiste céimnithe glactha ag an mBanc Ceannais maidir le dul i ngleic le saincheist na INTanna agus tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo. Tá an cóimheas INT leagtha amach sa chairt agus tarraingítear aird inti ar chuid de na clocha míle tábhachtacha le linn thuras réitigh na hÉireann. Ag gach céim den phróiseas, chuir Banc Ceannais na hÉireann in iúl cad leis a raibh sé ag súil ó thaobh cúrsaí maoirseachta de (trí threoirlínte iomchuí a fhoilsiú amhail Treoirlínte maidir le Soláthar, Treoirlínte maidir le Luacháil Comhthaobhachta etc.), thug sé dúshláin maidir le dul chun cinn institiúidí agus chuir sé cigireachtaí mionsonraithe ar an láthair i gcrích. Fuarthas tacaíocht don ghníomhaíocht stuamachta sin trí chreat daingean cosanta tomhaltóirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Chinntigh foilsiú an Chóid Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) sa bhliain 2009 go bhfuair iasachtaithe cosaintí i ndáil lena n-áit chónaithe phríomha chun a chinntiú go ndéileálfaí go cothrom leo agus go raibh deis acu fanacht ina n-áras teaghlaigh i bhformhór mór na gcásanna.

Sa bhliain 2018, níorbh ionann luas réiteach na INTanna sna haicmí sócmhainne go léir agus is in aicme na INTanna morgáiste a tharla a laghdú ba mhoille, rud a bhí i gcomhréir leis na treochtaí le roinnt blianta anuas. Is léiriú é sin ar an gclaonadh mór i leith INTanna morgáiste a athstruchtúrú agus ar luas níos moille an phróisis dhlíthiúil i gcás INTanna morgáiste. Dá bharr sin, is ionann INTanna morgáiste agus 71% de na INTanna go léir a shealbhaíonn bainc mhiondíola in Éirinn.

Sa chomhthéacs sin, mar straitéis réitigh sa bhliain 2018, dhíol roinnt banc miondíola punanna INTanna morgáiste. Mar thoradh air sin, d'iarr an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar CIRM lena chinntiú go raibh sé éifeachtach i gcomhthéacs dhíol na n-iasachtaí sin ag iasachtóirí rialáilte. D'fhoilsigh ab Banc Ceannais "An Tuarascáil ar Éifeachtacht CIRM i gcomhthéacs Díol Iasachtaí ag Iasachtóirí Rialáilte" i mí na Samhna 2018.

Chun a chinntiú go leanann institiúidí den dul chun cinn i dtreo leibhéal íosta INTanna, choimeád an Banc Ceannais gníomhaíocht dhian maoirseachta ar bun ar fud na bliana 2018 á chinntiú go raibh straitéisí réitigh INT de chineál uaillmhianach agus réadúil i bhfeidhm don bhliain 2018 agus dá éis. Leanann an Banc Ceannais d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht institiúidí ar leithligh agus ceistíodh iad i gcás ina raibh gá leis sin. Chuir an Banc Ceannais dhá chigireacht threallúsacha creidmheasa ar an láthair i gcrích sa bhliain 2018 ar cigireachtaí iad a

bhain le INTanna agus sainaithníodh cásanna nach raibh ionchais mhaoirseachta á mbaint amach ina leith agus, dá bharr sin, forchuireadh pleananna maolaithe riosca.

Is é atá sa stoc INTanna in institiúidí creidmheasa miondíola ná €22.5bn, is é sin, laghdú €11.9bn i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus is ionann é sin agus a rá gur 10.4% atá ann mar INT comhiomlán 10.4% ar figiúr é atá ró-ard i gcónaí. Beidh laghdú INTanna agus, ag an am céanna, leanúint de dheimhin a dhéanamh de go ndéileáiltear go cothrom le iasachtaithe agus feabhas a chur ar athléimneacht chláir chomhardaithe na n-institiúidí airgeadais i leith turraingí amach anseo, ina ábhar tosaíochta i gcónaí don Bhanc Ceannais sa bhliain 2019.

## Maoirseacht ar Chomhair Chreidmheasa

Rialálann agus maoirsíonn an Banc Ceannais comhair chreidmheasa chun a chinntiú go bhfuil siad fónta i dtaca le cúrsaí airgeadais de; go bhfuil múnlaí oiriúnacha gnó acu a fhónann do riachtanais a gcomhaltaí (agus don chóras airgeadais i gcoitinne) san fhadtéarma; go ndéantar iad a rialú go maith agus go mbainistítear go sábháilte iad; agus gur féidir leo téarnamh má bhíonn deacrachtaí acu agus, mura bhfuil sé sin indéanta, go bhfuil siad inréitithe ar mhodh ordúil.

Sa bhliain 2018, díríodh maoirseacht riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais ar leanúint de chroídhúshraith na gcomhar creidmheasa a neartú i réimsí an rialachais, na bainistíochta rioscaí agus na hacmhainneachta oibríochtúla. Díríodh an ghníomhaíocht maidir le cigireachtaí ar an láthair ar dheimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann comhair chreidmheasa caighdeáin íosta agus go bhfuil pleananna maolúcháin ann chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí i leith rioscaí. Sa bhliain 2018, lean an Banc Ceannais d’athstruchtúrú earnála a éascú i gcomhréir lena chuspóir maidir le bonn fónta airgeadais agus oibriúcháin a chur faoi chomhair chreidmheasa laga agus neamh-inmharthana agus cuireadh 16 aistriú rannpháirtíochta i gcrích i rith na bliana a raibh tacaíocht airgeadais ón earnáil phríobháideach ag teastáil i ndáil le ceithre cinn díobh chun a gcuid cúlchistí a athbhunú sula gcuirfí an t-aistriú i gcrích.

I bhfianaise athstruchtúrú earnála, rioscaí atá ag teacht chun cinn san earnáil agus dúshláin inmharthanachta, lean an Banc Ceannais dá straitéis chigireachta agus mhaoirseachta a oiriúnú agus a fhorbairt. Mar chuid den teagmháil leantach le geallsealbhóirí, reáchtáladh an chéad sraith de cheardlanna comhair creidmheasa, agus í dírithe ar chomhaltaí boird. Is é is aidhm do na ceardlanna sin, a bhfuil leagan

amach ionchas maoirseachta ann mar bhuntaca leo, tacaíocht a thabhairt do bhoird tuiscint níos fearr a fháil ar rioscaí agus, ar an dóigh sin, dúshraith agus caighdeáin chomhlíontachta a neartú ar fud na hearnála.

Díríonn an Banc Ceannais go formhór ar dheimhin a dhéanamh de go leanann creat rialála na gcomhar creidmheasa de bheith oiriúnach agus cothrom le dáta agus go ndéantar forbairt air nuair atá gá stuama leis sin. Mar chuid den idirghníomhaíocht ilghnéitheach leis an earnáil áirítear teagmháil maidir le creat rialála saincheaptha agus comhréireach atá ann cheana féin a fhorbairt tuilleadh, nuair atá gá stuama leis sin, trí fhreagrúlacht rialála. Lean an Banc Ceannais de chreat rialála na gcomhar creidmheasa a fheabhsú agus rioscaí agus acmhainneachtaí na gcomhar creidmheasa á gcur san áireamh - agus eisíodh rialacháin uasdátaithe (infheistíochtaí), treoir (soláthar) agus páipéar comhairliúcháin (creat iasachtóireachta).

I rith na bliana 2018, thug an Banc Ceannais dá aire go raibh comhair chreidmheasa ag díriú ar chórais comhoibrithe idir comhair chreidmheasa a fhorbairt, lena n-áirítear múnlaí gnó de chuid na gcomhar creidmheasa le haghaidh seirbhísí comhroinnte. Meastar gur rud tábhachtach é bonneagar comhoibríocht a bheith á fhorbairt ag na comhair chreidmheasa. Tá Fóram Rialála na gComhar Creidmheasa, ar fóram é atá faoi stiúir Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus a bhfuil an tOllamh Donal McKillop ina chathaoirleach neamhspleách air, ceaptha chun cabhrú le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin aghaidh a thabhairt ar an ngá le hathrú ar mhúnlaí gnó trí comhoibriú méadaithe a éascú i ndáil le tionscnaimh nua chun tacú le hinbhuanaitheacht earnála. Is tionscnamh tábhachtach é sin chun tacú le comhair chreidmheasa agus iad ag díriú ar aghaidh a thabhairt ar a n-inbhuanaitheacht.

## Maoirseacht Árachais

Le linn gníomhaíochtaí maoirseachta a chur i gcrích i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach tháinig dúshláin nua chun cinn i rith na bliana 2018 maidir le maoirseacht árachais. Mar thoradh ar thús áite a thabhairt do mhaoirseacht riosca-bhunaithe tarraingíodh aird ar na príomhrioscaí a bhí ann sa mhargadh trasteorann agus ar chroírioscaí intíre.

Díríodh dianmhaoirseacht ar ghnólachtaí sonracha amhail CBL Insurance Europe DAC (CBLIE) agus RSA Insurance Ireland DAC. Chun teip mhí-ordúil a sheachaint, d'eisigh an Banc Ceannais treoir chuig CBLIE á threorú dó scor de ghnó frithghealltа le héifeacht láithreach agus rinneadh iarratas chuig an Ard-Chúirt chun riarthóir sealadach a

Ar fud na bliana 2018, sannadh maoirseoirí chun obair réamhghníomhach a dhéanamh maidir le húdarúcháin nua agus maidir le hathruithe ar

cheapadh chuig CBLIE. Rinne an Banc Ceannais an beart sin chun sealbhóirí polasaí CBLIE a chosaint. Sa bhliain 2018 freisin, gearradh fíneáil €3.5m ar RSA Insurance Ireland DAC i leith sáruithe tromchúiseacha a bhain le mainneachtain cúlchistí, sásraí rialaithe inmheánaigh agus socruithe rialachais de chineál fónta dóthanach a bheith acu.

Chomh maith le croíghníomhaíochtaí maoirseachta a chur i gcrích, ghníomhaigh maoirseoirí go réamhghníomhach i leith méadaithe ar údarúcháin nua agus i leith athruithe ar straitéisí agus struchtúir gnólachtaí, rud a tharla mar gheall ar ghnólachtaí a bheith ag déileáil leis na dúshláin a d'éirigh as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Bhí baint ag an mBanc Ceannais le téamaí idirnáisiúnta de chineál níos leithne trí ÚEÁPC agus trí choláistí idirnáisiúnta maoirseachta agus thacaigh sé go mór le comhordú freagairtí maoirseachta trasteorann i leith rioscaí a bhí ag teacht chun cinn. Bhí an Banc Ceannais i gceannas ar roinnt cruinnithe beartais trasteorann idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus chomhoibrigh sé le ÚEÁPC d'fhonn feabhas a chur ar thorthaí maoirseachta. Ina theannta sin, bhí an Banc Ceannais i gceannas ar athbhreithniú piaraí amháin, agus bhí sé rannpháirteach i dtrí cinn eile, ar athbhreithnithe iad a bhain le cleachtas maoirseachta, lena n-áirítear múnlaí inmheánacha, údarúcháin, príomhshealbhóirí feidhme, agus cuibheas chomhaltaí CRBM[17]. Maidir leis na hathbhreithnithe ar fad, rinneadh tagairt do chur chuige cuimsitheach an Bhainc Ceannais agus tarraingíodh aird ar dhea-chleachtais in Éirinn agus i measc roinnt údarás náisiúnta maoirseachta eile.

Tá margadh árachais na hÉireann i measc na margaí trasteorann is tábhachtaí atá sann san AE. Sa bhliain 2018, rinne an Banc Ceannais a mhúnla teagmhála le haghaidh gnólachtaí a mbaineann riosca meánach-íseal leo a athbhreithniú d'fhonn éifeachtacht na maoirseachta trasteorann a mhéadú.

Baineadh úsáid as cigireachtaí ar an láthair i mbrainsí chun measúnacht a dhéanamh ar neart córas agus rialuithe gnólachtaí agus béim ar leith á leagan ar rioscaí:

- Maidir le creataí bainistíochta rioscaí, ar croíchólún faoi Shócmhainneacht II é, tharraing obair an Bhainc Ceannais aird

---

[17] Is téarma é comhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta (CRBM) a bhaineann le rialacháin Shócmhainneacht II. Is daoine iad a reáchtálann an gnóthas, le fírinne agus, a mhéid a bhaineann linne, b'ionann iad agus Boird gnóthas de ghnáth.

ar easnaimh trí bliana tar éis Sócmhainneacht II a chur i bhfeidhm. Ina measc sin áiríodh cásanna ina raibh easpa ceangail ann idir túslíne an ghnó agus an fheidhm riosca agus, chomh maith leis sin, cleachtais neamhréireacha thar aonaid ghnó.

- Maidir le tuairisciú rialála, tharraing cigireachtaí aird ar shaincheisteanna bunúsacha a bhaineann le ceanglais reachtúla tuairiscithe faoi Shócmhainneacht II, lena n-áirítear saincheisteanna amhail gan bunbheartais tuairiscithe a bheith i bhfeidhm agus easnaimh a bhaineann leis na freagrachtaí i ndail leis an bhfeidhm i leith rioscaí agus i ndáil leis an bhfeidhm i leith iniúchadh inmheánach. Mar gheall ar ábhair imní sa réimse seo, d'fhoilsigh an Banc Ceannais ráiteas ar a láithreán gréasáin agus d'eisigh sé litir chuig an tionscal.

Mhéadaigh ceanglais tuairiscithe Shócmhainneacht II cumas maoirseoirí chun faireachán a dhéanamh ar athléimneacht airgeadais agus neart caipitil gnólachtaí. Rinneadh sraith nua sonraí comhdhlúite faoi nochtadh poiblí Shócmhainneacht II a fhoilsiú sa bhliain 2018. Baineann an Banc Ceannais leas as sonraí den sórt sin, agus as cumas anailíseach chomh maith, chun tacú le measúnacht éifeachtach ar rioscaí, chun tagarmharcáil a dhéanamh i measc piaraí intíre agus piaraí idirnáisiúnta agus chun tacú le foilsiú léargas comhiomlán ar fud an mhargaidh. Ina theannta sin, soláthraíonn na sonraí léargais maidir le rioscaí nua a thagann chun cinn i margadh na hÉireann trí ghnólachtaí nua-údaraithe, is é sin le rá, rioscaí a éiríonn as cineál agus as castacht gnólachtaí ag a bhfuil cineálacha speisialtóireachta gnó nua ar saintréith dá gcuid teagmhais ísealmhinicíochta agus ard-déine.

## Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní agus ar Bhaincéireacht Infheistíochta

Bhain obair na bliana 2018 go formhór le hullmhúcháin le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Mar thoradh ar an tionchar a bhí ag roinnt eintiteas casta nua a raibh údarú á lorg acu chun iad féin a bhunú, de bhreis ar eintitis a bhí i mbun gnó cheana féin agus a bhí ag iarraidh leathnú ábhartha a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí, rinneadh an Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní a athstruchtúrú agus a leathnú agus tugadh an Stiúrthóireacht um Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní agus ar Bhaincéireacht Infheistíochta (BSBI) uirthi.

Is é a bhí i gceist leis an athstruchtúrú ná cruthú rannáin nua ar a mbeadh freagracht i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar bhainc mhóra

chasta infheistíochta a ndéantar maoirseacht ar chuid díobh i gcomhpháirt leis an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), de bhreis ar ghnólachtaí infheistíochta a ghabhann do ghníomhaíochtaí déileálaithe bróicéireachta.

Mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, tá líon mór iarratas ann nach mór athruithe a dhéanamh ina leith i roinnt réimsí lena n-áirítear an méid seo a leanas agus tá cuid de na hathruithe déanta agus tá cuid díobh á ndéanamh fós:

- Feabhsuithe ar phróisis iarratais agus údarúcháin
- Córas nua sócmhainní cliaint a fhorbairt do bhainc mhóra chasta infheistíochta
- Obair ar chreat nua údarúcháin agus maoirseachta do TLU-anna.

I rith na bliana 2018, leanadh de bheith ag díriú ar mhaoirseacht leanúnach ar chur i bhfeidhm MiFID II. Is é a bhí i gceist leis sin ná teagmháil réamhghníomhach le gnólachtaí rialáilte maidir lena stádas ó thaobh chur i bhfeidhm na gceanglas nua agus teagmháil réamhghníomhach le príomh-gheallsealbhóirí eile. Bhí na croíghnéithe de MiFID II, is é sin le rá, feabhas a chur ar thorthaí do thomhaltóirí agus méadú a dhéanamh ar thrédhearcacht i leith trádáil mhargaidh, ina réimsí ar leagadh béim orthu agus rinneadh teagmháil le gnólachtaí spriocdhírithe agus cuireadh tús le dhá athbhreithniú théamacha sa réimse seo.

Mar chuid den obair mhaoirseachta sa bhliain 2018, rinneadh roinnt measúnachtaí iomlána ar rioscaí, mar aon le cigireachtaí ar an láthair agus cigireachtaí téamacha. Bhí an clár oibre dírithe go sonrach ar chomhlíonadh na Rialachán maidir le hAirgead Infheisteoirí agus ar chibear-rioscaí, de bhreis ar rialachas agus rialuithe inmheánacha laistigh d'eintitis mhaoirsithe a neartú. Bhí leibhéal ardaithe comhdhlúthúcháin ann in earnáil na ngnólachtaí infheistíochta. Tharla sé sin go páirteach mar gheall ar an mbéim níos mó a bhí á leagan ag maoirseoirí ar éifeachtúlacht na múnlaí gnó a bhí ag gnólachtaí. Mar chuid de na measúnachtaí sin, rinneadh tuilleadh anailíse ar na pleananna téarnaimh a bhí ag gnólachtaí méan-tionchair/ardtionchair.

Mar thoradh ar leathnú na hearnála bainistíochta sócmhainní, bunaíodh aonad nua Cigireachtaí Rioscaí Oibríochtúla/Téamacha sa bhliain 2018 agus forbraíodh creat agus modheolaíocht cigireachta. Tá baill foirne an aonaid sin ina gcuid d'aonad lárnaithe cigireachta ó bhí

Ráithe 1 den bhliain 2019 ann faoi chúram Rannán na nAnailísí agus na gCigireachtaí Stuamachta.

Maidir le sprioc an Bhainc Ceannais i leith feabhas a chur ar éifeachtacht cuideachtaí bainistíochta ciste, thug an Banc Ceannais rialacha agus treoir nua isteach (féach Páipéar Comhairliúcháin 86) maidir lena chuid ionchas i leith Stiúrthóirí Cuideachtaí Bainistíochta Ciste.

## Bosca 7: Treoir maidir le Cuideachtaí Bainistíochta Ciste

I bPáipéar Comhairliúcháin 86, leagtar amach riachtanais agus treoir an Bhainc Ceannais maidir le heagrú cuideachtaí bainistíochta ciste. Tháinig Páipéar Comhairliúcháin 86 i bhfeidhm go hiomlán ar an 1 Iúil 2018 faoin teideal Treoir maidir le Cuideachtaí Bainistíochta Ciste agus é mar chuspóir aici feabhas a chur ar éifeachtacht cuideachtaí bainistíochta ciste. Thug an treoir athruithe tábhachtacha isteach i dtaobh conas is ceart do chuideachtaí bainistíochta ciste iad féin a struchtúrú, agus leagadh béim mhór ar róil thábhachtacha an lucht bainistíochta (daoine ainmnithe).

I rith H1 den bhliain 2018, bunaíodh grúpa tionscadail laistigh den Bhanc Ceannais chun bainistíocht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na treorach. D'áirigh sé sin lámhleabhar cuimsitheach maoirseachta a fhorbairt chun tacú le maoirseoirí agus chun cur chuige comhsheasmhach a éascú i dtaca le comhlíontacht a mheas. Tharla lainseáil an lámhleabhair sin i gcomhthráth le clár oiliúna faoin treoir a chur ar fáil d'fhoireann mhaoirseachta an Bhainc Ceannais agus do gheallsealbhóirí inmheánacha eile. Ina theannta sin, bhí teagmháil fhorleathan ag maoirseoirí leis an tionscail sular cuireadh tús leis an maoirseacht lena mbaineann ar an 1 Iúil. Mar chéim thosaigh den teagmháil sin bhí ceistneoir ann faoi ullmhacht an tionscail agus eisíodh chuig na cuideachtaí bainistíochta ciste go léir é. Lig torthaí an cheistneora sin do mhaoirseoirí measúnacht a dhéanamh ar leibhéal na teagmhála sa tionscal agus, ag an am céanna, bhíothas in ann na hábhair is mó imní a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin trí theagmháil a bhain le gnólachtaí sonracha.

Mar thoradh ar an líon méadaithe iarratas ar údarúcháin a d'éirigh as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach fuair an Banc Ceannais tuiscint níos doimhne i dtaobh conas atá an treoir á cur i bhfeidhm ag gnólachtaí agus tá béim níos mó á leagan ar an méid ama atá ag teastáil chun ról an duine ainmnithe a chomhlíonadh go héifeachtach.

I dtaca leis an mbliain 2019 de, tá sé beartaithe ag an mBanc Ceannais an treoir a chur san áireamh ina chlár athbhreithnithe téamacha agus é mar aidhm aige sin na caighdeáin maidir le comhlíonadh ag cuideachtaí a shainaithint agus a fhoilsiú. Beidh teagmháil mhaoirseachta i ndáil leis an treoir thar an 12 mhí atá romhainn dírithe ar chur chun cinn na gcaighdeán is airde agus is féidir agus ar conas a oibríonn cuideachtaí bainistíochta ciste in Éirinn.

## Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí

I gcomhréir leis an gcuspóir maidir lena chinntiú go ndéantar maoirseacht éifeachtach ar mhargadh na n-urrús agus maidir le córas airgeadais iontaofa a thacaíonn leis an ngeilleagar i gcoitinne a chothú, áiríodh an méid seo a leanas i bpríomhthosaíochtaí maoirseachta an Bhainc Ceannais sa bhliain 2018 i ndáil le hurrúis agus margaí:

- Leanúint de líon substaintiúil iarratas ar údarú cistí agus ar cheadú réamheolairí a phróiseáil.
- Leanúint d'fheabhas a chur ar an bhfaireachas a dhéanaimid ar ghníomhaíocht an mhargaidh agus leas a bhaint as maoirseacht riosca-bhunaithe, lena n-áirítear maoirseacht in earnáil na gcistí.
- Straitéis agus creat a fhorbairt chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar gnólachtaí a oibríonn i margaí mórdhíola.
- Feabhas a chur ar ár gcumas maoirseachta trí úsáid níos mó a bhaint as sonraí.
- Reachtaíocht nua i réimse na n-urrús agus na margaí a chur i bhfeidhm agus a oibríochtú.

## Forbairt a dhéanamh ar Mhúnla Maoirseachta maidir le hIompar an Mhargaidh Mórdhíola

De réir mar a leanann cineál, scála agus castacht na margaí urrús de bheith ag fás, tá sé riachtanach go ndéanfaidh an Banc Ceannais forbairt ar a chur chuige agus ar a chumas maoirseachta chun déileáil leis na rioscaí agus na dúshláin atá ann mar gheall ar ghníomhaíocht athraitheach na margaí urrús in Éirinn agus as Éirinn, go háirithe i gcomhthéacs iar-Brexit. Sa bhliain 2018, chuaigh an Banc Ceannais i mbun creat comhréireach maoirseachta riosca-bhunaithe a bheadh comhsheasmhach le PRISM agus a bheadh dírithe ar mhaoirseacht a dhéanamh ar riosca iompair i ngnólachtaí an mhargaidh mórdhíola. Díríonn an múnla maoirseachta ar mheasúnacht struchtúrach ar an gcreat bainistíochta riosca iompair i ngnólachtaí a ghabhann le raon ilchineálach gníomhaíochtaí MiFID agus faightear tacaíocht ina leith ó mheasúnacht chuimsitheach ar rialuithe príomha. Sa bhliain 2018, baineadh leas as an múnla sin go príomha le linn measúnacht a dhéanamh ar iarratais ar údarú ó roinnt gnólachtaí móra casta infheistíochta agus ó institiúidí creidmheasa, agus mar thoradh ar an obair sin rinneadh rioscaí féideartha a bhain le hiompar margaidh a shainaithint agus a mhaolú ag céim luath.

## Bosca 8: Athbhreithniú Téamach ar Tháillí Feidhmíochta UCITS

Tá aird níos mó á thabhairt ag comhlachtaí Eorpacha agus ar rialtóirí domhanda ar réimse na dtáillí a bhfuil baint acu le feidhmíocht. Is é atá i dtáille feidhmíochta ná íocaíocht a thugtar i leith fáltais dhearfacha a ghiniúint do chistí agus dá n-infheisteoirí agus is íocaíocht í a thugtar do bhainisteoir infheistíochta de ghnáth.

Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú téamach ar tháillí feidhmíochta UCITS sa bhliain 2018 chun a fháil amach an gcinntíonn na nósanna imeachta a úsáidtear chun táillí feidhmíochta UCITS a ríomh agus a íoc go gcosnaítear leasanna infheisteoirí gach tráth. Scrúdaigh an t-athbhreithniú na modheolaíochtaí a úsáidtear chun táillí feidhmíochta a ríomh d'fhonn a fháil amach an bhfuil siad i gcomhréir le Treoir an Bhainc Ceannais maidir le Táillí Feidhmíochta UCITS. Chuir 350 cinn den 3,420 fochiste UCITS a bhí ag tuairisciú don Bhanc Ceannais sa bhliain 2017 in iúl go raibh táille feidhmíochta fabhraithe dóibh i rith na bliana 2017. As measc na bhfochistí sin, roghnaíodh 100 acu go randamach (circa 30%) mar shampla le haghaidh an athbhreithnithe shamplaigh.

Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhthráth le Páipéar Comhairliúcháin 119 an Bhainc Ceannais inar moladh go ndéanfaí an treoir láithreach san áireamh i Rialacháin an Bhainc Ceannais maidir le UCITS.

**Torthaí an Athbhreithnithe**

Cé gur shainaithin an chigireacht roinnt dea-chleachtas i dtromlach na UCITS a athbhreithníodh, sainaithníodh cásanna freisin ina raibh neamhchomhlíonadh na treorach i gceist, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Cásanna inar ríomhadh táillí feidhmíochta ar bhonn Oll-luach Sócmhainní contrártha don treoir ar dá réir is ceart táillí feidhmíochta UCITS a íoc ar bhonn Glanluach Sócmhainní.
- Cásanna ina ndearna UCITS táillí feidhmíochta a ríomh ar bhonn sárfheidhmiú i gcomparáid le tagarmharcáil nó innéacs, nach raibh ábhartha, de réir dealraimh, i gcomhthéacs an beartais maidir le UCITS, mar atá leagtha amach sa treoir.
- Cásanna ina raibh táillí feidhmíochta á ríomh ag UCITS ar bhonn chur chuige na Líne Bairr Láin gan an praghas tosaigh tairisceana a úsáid mar phraghas tosaigh le haghaidh na ríomhaireachtaí, de réir mar atá leagtha amach sa treoir.

- Táillí feidhmíochta i gcás nach raibh tearcfheidhmíocht innéacs á fháil ar ais ach amháin i ndáil le tréimhse theoranta i.e. i gcás ina raibh tearcfheidhmíocht i gceist le UCITS i gcomparáid leis an innéacs, socraíodh tréimhse theoranta ar laistigh di a bheadh air an tearcfheidhmíocht sin a fháil ar ais seachas í a chur i bhfeidhm ar feadh shaolré an UCITS.

Maidir le droch-chleachtais i measc soláthraithe seirbhíse ciste, sainaithníodh an méid seo a leanas mar thoradh ar an athbhreithniú:

- Táillí UCITS á bhfíorú ag taisclanna tar éis iad a íoc
- Sampla d'íocaíochtaí i leith tháillí feidhmíochta UCITS, seachas na híocaíochtaí go léir, á fhíorú ag taisclanna.

**Litir Thionscail**
D'fhoilsigh an Banc Ceannais Litir Thionscail inar tarraingíodh aird ar na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh maidir le maoirseacht. Cuireadh de cheangal ar chuideachtaí bainistíochta ciste UCITS athbhreithniú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí i leith táillí feidhmíochta chun a chinntiú go gcomhlíonann na táillí feidhmíochta an treoir agus bhí orthu torthaí na n-athbhreithnithe a thuairisciú don Bhanc Ceannais. Cuireadh de cheangal ar chuideachtaí bainistíochta ciste UCITS tuairisciú a dhéanamh maidir le haon athruithe ar modheolaíochtaí láithreacha i leith táillí feidhmíochta a sainaithníodh, maidir le haon athruithe ar nochtadh réamheolaire a sainaithníodh, maidir le haon chásanna a sainaithníodh inar tharla íoc míchuí táillí feidhmíochta agus maidir le gníomhartha a bhí á ndéanamh chun na nithe sin a leigheas. Fuarthas os cionn 200 freagra ó chuideachtaí bainistíochta ciste UCITS. Tá an Banc Ceannais tar éis tús a chur le teagmháil mhaoirseachta leis na cuideachtaí bainistíochta ciste UCITS inar sainaithníodh cásanna ab ábhar imní i dtaca le cúrsaí maoirseachta de. Tráth scríofa na tuarascála seo, táthar tar éis 11 chlár maolaithe riosca a eisiúint chuig UCITS, chuig cuideachtaí bainistíochta ciste UCITS agus chuig soláthraithe seirbhíse ciste agus tá os cionn €1.24m á aisíoc le hinfheisteoirí dá ndearnadh difear.

## Maoirseacht Riosca-Bhunaithe i ndáil leis an gComhrac in aghaidh Sciúradh Airgid (AML) agus i ndáil leis an gComhrac in aghaidh Maoiniú na Sceimhlitheoireachta (CFT)

Chun an príomhchuspóir maidir le cosaint an chórais airgeadais agus cosc a chur ar úsáid aindleathach an chórais sin ag coirpigh agus ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a bhaint amach, tá freagracht ar Rannán an Chomhraic in aghaidh Sciúradh Airgid i ndáil le maoirseacht

éifeachtach riosca-bhunaithe a dhéanamh ar smachtbhannaí AML/CFT agus i ndáil le comhlíonadh i dtaca le smachtbhannaí airgeadais agus i ndáil le rannchuidiú a dhéanamh agus ionchur a thabhairt maidir le forbairt na reachtaíochta agus an bheartais AML/CFT ar bhonn intíre agus ar bhonn idirnáisiúnta.

I mí na Samhna 2018, rinne an tOireachtas Ceathrú Treoir an AE maidir leis an gComhrac in aghaidh Sciúradh Airgid (4AMLD) a thrasuíomh isteach i ndlí na hÉireann agus, ar an dóigh sin, neartaíodh creat dlíthiúil AML/CFT na hÉireann. I mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais dréacht-Treoirlínte don tionscal, ar treoirlínte iad ina dtugtar léiriú ar na ceanglais dhlíthiúla uasdátaithe agus lenar cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin chun tuairimí an tionscail a lorg maidir le hábhar na dtreoirlínte.

Ar fud na bliana 2018, lean an Banc Ceannais de chur chuige céimnithe riosca-bhunaithe i leith mhaoirseacht AML/CFT 2018. Cinntíonn an cur chuige riosca-bhunaithe sin go mbeidh gnólachtaí ag a bhfuil leibhéal ard riosca i leith teacht faoi lé gníomhaíocht sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta faoi réir maoirseachta de chineál níos minice agus níos cuimsithí agus, ag an am céanna, tá foráil ann maidir le cigireachtaí freagrúla atá bunaithe ar fhaisnéis shonrach. Sa bhliain 2018, rinne an Banc Ceannais 72 chigireacht ar an láthair, sheol sé 59 gcruinniú athbhreithnithe agus d'eisigh sé 259 gCeistneoir Measúnaithe Riosca chuig gnólachtaí lena gcomhlánú.

## Torthaí an Fhorfheidhmiúcháin

Baineann an Banc Ceannais úsáid as a shraith uirlisí forfheidhmiúcháin chun a chinntiú go mbíonn gnólachtaí agus daoine aonair cuntasach, chun na caighdeáin rialála is airde ó thaobh comhlíontachta de a bhaint amach, chun iompar a bhfuil an Banc Ceannais ag súil leis ó ghnólachtaí agus ó dhaoine aonair a chur chun cinn, agus chun athrú cultúir ón mbonn anuas a dhéanamh i ngnólachtaí. Tar éis imscrúduithe treallúsacha a dhéanamh ina raibh líon mór agallamh agus anailís sonraí casta i gceist, bhain an Banc Ceannais roinnt torthaí iomráiteacha amach i dtaca le cúrsaí forfheidhmiúcháin sa bhliain 2018: cheadaigh sé agus chríochnaigh sé deich ngníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh gnólachtaí rialáilte faoin Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin (NISR) agus ghearr sé suim €7.441m san iomlán mar fhíneálacha. Faoin gcóras Oiriúnachta agus Ionracais (O&I), chuir an Banc Ceannais toirmeasc gan teorainn ar bheirt dhuine aonair maidir le haon ról a bheith acu san earnáil seirbhísí airgeadais. Ina theannta sin, chúlghairm an Banc Ceannais údarúchán aon ghnólachta amháin a

mhainnigh ceanglais a údarúcháin a chomhlíonadh, in imthosca inar chuir an gnólacht in aghaidh tarraingt siar.

I measc na dtorthaí iomráiteacha i dtaca le cúrsaí forfheidhmiúcháin de áiríodh an méid seo a leanas: fíneáil €3.5m a gearradh ar RSA Insurance Ireland tar éis imscrúdú a tháinig ar easnaimh i socruithe rialachais, i nósanna imeachta cuntasaíochta agus i sásraí rialaithe inmheánaigh an ghnólachta; agus fíneáil €443,000 a gearradh ar Appian Asset Management i leith easnaimh thromchúiseacha i ndáil le bainistíocht rioscaí, i ndáil le formhaoirseacht comhlíontachta agus i ndáil le córais rialaithe inmheánaigh a d'fhág go bhféadfadh an gnólacht teacht faoi lé cibear-chalaoise.

Eisíonn an Banc Ceannais ráitis phoiblí tar éis bearta forfheidhmiúcháin a chur i gcrích, lena n-áirítear na cinn atá luaite thuas. Tá na ráitis sin ina gcuid dhílis den mhisean forfheidhmiúcháin agus tá ról fíorthábhachtach acu i ndáil le comhlíontacht a chur chun cinn agus i ndáil le hiontaoibh an phobail sa chóras rialála a mhéadú.

Sa bhliain 2018, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil le comhpháirtithe intíre agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta mar chuid dá iarrachtaí chun an creat forfheidhmiúcháin a neartú. Go háirithe, mhol an Banc Ceannais go mbeadh Creat Cuntasachta do Dhaoine Aonair ann ina leagfar amach cad iad na caighdeáin réasúnacha iompair a bhfuiltear ag súil leo ó dhaoine aonair atá ag obair i réimse na seirbhísí airgeadais agus ina leagfar oibleagáid ar ghnólachtaí na freagrachtaí a shainiú go soiléir. Má chuirtear na moltaí i bhfeidhm, fónfaidh siad mar mhodh chun cumas an Bhainc Ceannais a chinntiú go mbíonn daoine aonair cuntasach agus chun mí-iompar a dhíspreagadh.

## Nochtadh Cosanta

Uirlis thábhachtach mhaoirseachta is ea tuairiscí rúnda i bhfoirm nochtadh cosanta a fháil. Cabhraíonn na tuairiscí sin leis an mBanc Ceannais a shainordú i leith maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh agus, go háirithe, tá ról uathúil ag nochtadh cosanta i dtaca le hardchaighdeáin a chur chun cinn laistigh d'eintitis rialáilte trí rochtain mhaoirseachta an Bhainc Ceannais a leathnú agus trí thionchar dearfach a imirt ar iompar daoine. Fuair an Banc Ceannais 128 nochtadh cosanta sa tréimhse 12 mhí go dtí mí na Nollag 2018 i gcomparáid le 93 cinn sa bhliain roimhe sin.

Déantar gach tuairisc a fhaigheann an Banc Ceannais i bhfoirm nochtadh cosanta a mheas go hiomlán. I rith na bliana 2018, rinneadh bearta éagsúla tar éis na tuairiscí i bhfoirm nochtadh cosanta a fháil,

lena n-áirítear cabhrú le beart forfheidhmiúcháin, cigireachtaí ar an láthair. agus cláir mhaolaithe riosca.

### Cásanna atá á bhFiosrú

Sa bhliain 2018, leanadh ar aghaidh leis na héisteachtaí ó bhéal i leith an chéad cheann de cheithre mhodúl an Fhiosrúcháin faoi Chumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (CFFÉ) agus faoi chúigear pearsana a bhí bainteach le bainistíocht an chumainn sin roimhe seo. I mí Eanáir agus i mí na Nollag sa bhliain 2018, chuir an Banc Ceannais bearta forfheidhmiúcháin i gcrích in aghaidh beirt den chúigear pearsana, is é sin le rá, Michael P. Walsh agus Tom McMenamin. Tar éis admhálacha i mí Eanáir 2018, dhícháiligh an Banc Ceannais an Dr. Walsh, iar-Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin CFFÉ, ó bhaint a bheith aige le bainistíocht soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais go ceann trí bliana, thug siad iomardú dó agus ghearr siad fíneáil €20,000 air. I mí na Nollag 2018, tar éis admhálacha a thug an tUas McMenamin, dhícháiligh an Banc Ceannais é go ceann 18 mbliana, thug siad iomardú dó agus ghearr siad fíneáil €23,000 air. Tá pionós airgeadaíochta €250,000 leagtha síos i leith na sáruithe ar thug an tUas McMenamin ina leith. Ach laghdaíodh an pionós airgeadaíochta go €23,000 ar bhonn measúnachta ar imthosca airgeadais an Uas McMenamin de bhun alt 33AS(2) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 ar dá réir nach gceadaítear don Bhanc Ceannais pionós airgeadaíochta a ghearradh ar dóigh dó a bheith ina chúis le duine a bhreithniú ina fhéimheach nó ina féimheach Tá Fiosrúchán an Bhainc Ceannais faoi thriúr pearsana eile a bhí bainteach le bainistíocht CFFÉ roimhe seo (Michael Fingleton, Stan Purcell, agus Gary McCollum) ag leanúint ar aghaidh.

Maidir leis an bhFiosrúchán i ndáil le sáruithe rialála líomhnaithe éagsúla ag Quinn Insurances Limited (QIL) agus ag beirt phearsana a bhí bainteach le bainistíocht an ghnólachta sin roimhe seo, leanadh ar aghaidh leis ar fud na bliana 2018 agus seoladh dhá chruinniú phríobháideacha maidir le Bainistíocht an Fhiosrúcháin sa bhliain 2018.

#### Bosca 9: Nochtadh Cosanta

I gcás amháin, rinne duine aonar sinsearach atá ag obair i ngnólacht rialáilte teagmháil leis an mBanc Ceannais mar gheall ar ábhar imní faoi oibriú bhord an ghnólachta. Mar chuid dá measúnacht ar an ábhar imní sin, bhuail maoirseoirí leis an duine aonair sinsearach agus sheol siad cigireacht shonrach san eintiteas. D'athbhreithnigh an Banc Ceannais cuid mhór doiciméad agus chuir siad roinnt fostaithe faoi agallamh. Tar

éis a measúnachta, d'eisigh na maoirseoirí clár maolaithe riosca agus chuir an gnólacht an clár sin i bhfeidhm go hiomlán.

### Bosca 10: Torthaí an Phróisis Geatóireachta agus an Chórais Oiriúnachta agus Ionracais

Is é is príomhchuspóir do chóras trasearnála Oiriúnachta agus Ionracais an Bhainc Ceannais ná a chinntiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte agus na daoine a oibríonn sna gnólachtaí sin tiomanta i leith ardchaighdeáin inniúlachta, ionracais agus macántachta agus go mbíonn siad cuntasach nuair nach sroicheann siad na caighdeáin sin. Cabhraíonn sé sin le hiontaoibh agus le muinín sa tionscal a bhunú. Mar chuid d'fheidhm gheatóireachta an Bhainc Ceannais, déanann sé measúnacht ar Oiriúnacht agus ar Ionracas daoine atá ag iarraidh a bheith ag obair i bpoist shinsearacha i ngnólachtaí. De bhreis air sin, tá freagracht ar Stiúrthóireacht Forfheidhmiúcháin an Bhainc Ceannais i ndáil lena chinntiú go mbíonn comhsheasmhacht ann le linn measúnacht a dhéanamh, faoi Shásra Aonair Maoirseachta an AE, ar bhainisteoirí sinsearacha in institiúidí creidmheasa údaraithe na hÉireann. Ghlac an Stiúrthóireacht Forfheidhmiúcháin páirt i 74 mheasúnacht Oiriúnachta agus Ionracais sa bhliain 2018: bhí freastal ar 71 agallamh le hiarratasóirí i gceist leis an obair sin. Maidir le 18 gcás, tharraing na hiarratasóirí siar a n-iarratas i rith an phróisis, rud a rinneadh, de ghnáth, roimh an agallamh, lena linn nó dá éis.

# Forbairt Beartais Rialála

*Tá sé ríthábhachtach go mbeidh creat rialála éifeachtach, ardchaighdeáin ann chun a chinntiú go n-oibríonn gnólachtaí rialáilte réir caighdeáin arda. Soláthraíonn sé an bonn chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar phríomhphrionsabail a bhaineann le fóntacht eagraíochtúil agus airgeadais, le cosaint tomhaltóirí agus le margaí a fheidhmíonn go héifeachtach.*

Oibríonn na trí ÚME - an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) - laistigh de líonra ina gcuimsítear údaráis náisiúnta inniúla (ÚNI-anna), Comhchoiste na ÚME-anna agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), agus is ionann iad sin ar fad agus an Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA).

Trínár Stiúrthóireacht um Beartas agus Riosca, tá ról gníomhach ag an mBanc Ceannais sna réimsí seo a leanas:

1. **Rannchuidiú le forbairt dlíthe, rialachán agus caighdeán teicniúil cuí san Eoraip.**

   Bíonn an Banc Ceannais rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas beartais rialála Eorpach agus rannchuidíonn sé le creataí rialála a fhorbairt agus tacaíonn sé leis an obair a ghabhann le trasuí na rialacha sin i ndlí na hÉireann.

2. **Forbairt agus cothabháil a dhéanamh maidir le rialacháin, caighdeáin agus treoir an Bhainc Ceannais do ghnólachtaí agus do mhargaí rialáilte.**

   Cinntíonn an Banc Ceannais go ndéantar rialáil stuamachta agus iompair a chothabháil agus a chur chun feidhme ar bhonn leanúnach, ag féachaint don timpeallacht athraitheach agus do ghníomhaíochtaí agus do tháirgí nua arna bhforbairt ag gnólachtaí agus ag margaí. Soláthraíonn sé agus cothabhálann sé an creat beartais chun tacú le maoirseacht éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí rialáilte, lena n-áirítear treoir agus seasaimh maidir le beartas a eisiúint.

3. **An creat beartais a sholáthar agus a chothabháil chun tacú le maoirseacht éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí rialáilte.**

   Cuireann creat riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais maidir le maoirseacht ar ghnólachtaí rialáilte modh córasach struchtúrtha ar fáil chun measúnacht a dhéanamh ar chineálacha éagsúla rioscaí.

Déantar rioscaí féideartha a anailísiú i leith na ngnólachtaí is airde tionchar trí úsáid a bhaint as creat comhchoiteann. Tacaíonn an creat sin leis an dúshlán a thugaimid do ghnólachtaí, déanann sé breithmheas ar na rioscaí a chothaíonn siad don gheilleagar agus don tomhaltóir, agus maolaíonn siad na rioscaí sin i gcás ina meastar nach bhfuil siad inghlactha.

## PRISM - Creat Maoirseachta Riosca-Bhunaithe an Bhainc Ceannais

Sa bhliain 2018, lean an Banc Ceannais dá chreat maoirseachta riosca-bhunaithe agus dá uirlisí gaolmhara TF (PRISM), le haghaidh maoirseachta ar ghnólachtaí rialáilte, a fhorbairt agus a fheabhsú trí sraith feabhsuithe a chur i bhfeidhm d'fhonn PRISM a chothabháil agus a fheabhsú i rith na bliana 2018. Cinntíonn an obair sin go gcoimeádtar creat maoirseachta an Bhainc Ceannais agus PRISM cothrom le dáta agus iomchuí i gcomhthéacs mhúnlaí gnó agus phróifíl riosca na ngnólachtaí rialáilte ar nithe iad sin a leanann de bheith ag forbairt i dtimpeallacht airgeadais shíorathraitheach. De réir mar a cheanglaítear le creat PRISM, rinne an Banc Ceannais athbhreithnithe rialta ar dheimhniú cáilíochta chun a theagmháil mhaoirseachta le gnólachtaí rialáilte a mheas. Tríd an obair dheimhnithe cáilíochta féachtar lena chinntiú go ndéantar rioscaí i ngnólachtaí a shainaithint, a thuiscint agus a mhaolú i gceart ar mhodh tráthúil agus go ndéantar comhréireacht agus cáilíocht na gcinntí agus na mbreithiúnas maoirseachta a choimeád ar bun.

Dhéileáil sainmheitheal tacaíochta TF PRISM le níos mó ná 387 bhfiosrú ó mhaoirseoirí sa bhliain 2018. Ina theannta sin, d'fhreagair Stiúrthóireacht na Rialála Airgeadais - Beartas agus Rioscaí ar 1,240 fiosrú faoi shaincheisteanna beartais ó gheallsealbhóirí inmheánacha agus ó gheallsealbhóirí seachtracha araon.

Rinneadh an Treoir maidir le Slándáil Gréasán agus Córas Faisnéise a thrasuíomh go rathúil ar an 18 Meán Fómhair 2018 agus, dá réir sin, ainmníodh an Banc Ceannais mar an tÚdarás Inniúil ar a bhfuil freagracht i ndáil le gnéithe den Treoir atá infheidhme maidir le córas airgeadais na hÉireann. Rinne an Banc Ceannais oibreoirí seirbhísí riachtanacha sa chóras airgeadais a shainaithint roimh an spriocam ar an 9 Samhain 2018.

## Bosca 11: FinTech - Mol Nuálaíochta

Ar an 20 Aibreán 2018, lainseáil an Banc Ceannais a Mhol Nualaíochta, ar mar phointe díreach teagmhála é do ghnólachtaí nuálacha. Soláthraíonn sé deis do ghnólachtaí nuálacha dul i dteagmháil leis an mBanc Ceannais ar bhonn aonair lasmuigh de na gnáthbhealaí agus, ag an am céanna, ligtear don Bhanc Ceannais foghlaim faoi nuálaíochtaí/teicneolaíochtaí nua i réimse na seirbhísí airgeadais.

Mar thoradh ar an Mol Nuálaíochta, éascaíodh 79 dteagmháil, lena n-áirítear 58 bhfiosrú.

Tháinig formhór na bhfiosruithe ó ghnólachtaí íocaíochta agus teicneolaíochta rialála (RegTech). Maidir leis na gnólachtaí a rinne teagmháil leis an Mol Nuálaíochta, gnólachtaí nuabhunaithe nó gnólachtaí neamhúdaraithe FinTech/TegTech de chineál níos forbartha is mó a bhí ann. Ceisteanna faoi údarúcháin is minice a bhí i gceist, lena n-áirítear roinnt fiosrúchán maidir le húdarúchán ó ghnólachtaí a bhí údaraithe i ndlínsí eile.

I Ráithe 3, lainseáil an Banc Ceannais a thionscnamh teagmhála leis an tionscal FinTech agus, chuige sin, rinneadh aithris ar thionscadal an Mhoil Nuálaíochta trí theagmháil le geallsealbhóirí i gcoitinne a éascú.

D'óstáil an Banc Ceannais a chéad seimineár teagmhála don tionscal FinTech ar an 22 Deireadh Fómhair tráth ar tugadh cur i láthair faoi shaincheisteanna a bhí bainteach le gnólachtaí beaga FinTech. Bhí an seimineár sin dírithe ar ghnólachtaí FinTech a bhfuil breithniú á dhéanamh acu i dtaobh údarúchán a lorg ón mBanc Ceannais agus uathu sin a thacaíonn leo. D'fhreastail os cionn 43 dhuine aonair ar an seimineár, lena n-áirítear ionadaithe de chuid 17 ngnólacht FinTech.

D'óstáil an Mol Nuálaíochta ócáid leathlae do ghnólachtaí FinTech ar an 8 Samhain agus, lena linn sin, chuir gach ceann ar leith de thrí ghnólacht FinTech Éireannacha a múnla gnó i láthair d'fhoireann an Bhainc Ceannais. Ó tharla go mbíonn gnólachtaí FinTech lasmuigh den réimse rialála de ghnáth, thug an ócáid tuiscint níos leithne don Bhanc Ceannais faoin timpeallacht FinTech in Éirinn.

# Córais Íocaíochta agus Airgeadra

*I gcomhar leis an BCE agus leis na húdaráis náisiúnta inniúla eile (ÚNI-anna), tá freagracht ar an mBanc Ceannais i ndáil lena áirithiú go bhfuil córais íocaíochta, socraíochta agus imréitigh sábháilte, athléimneach agus éifeachtúil agus nach bhfuil rochtain ar na córais sin srianta. Cinntíonn an Banc Ceannais freisin go soláthraítear nótaí bainc agus monaí agus seirbhísí gaolmhara airgeadra eile don phobal, rud atá mar phríomhghné de na córais íocaíochta.*

## Beartas agus Formhaoirseacht maidir leis na Córais Íocaíochta agus Socraíochta Urrús

I measc chuspóirí reachtúla an Bhainc Ceannais áirítear deimhin a dhéanamh de go bhfuil bonneagar náisiúnta sábháilte, éifeachtúil íocaíochta agus socraíochta ag Éirinn. Tá gnéithe intíre agus gnéithe Eurochórais i gceist leis an ról sin.

Is iad na córais íocaíochta atá in úsáid in Éirinn faoi láthair TARGET2, córas socraíochta fíorama ollsocraíochta (RTGS) le haghaidh íocaíochtaí ardluacha, córas uile-Eorpach STEP2 le haghaidh ríomhíocaíochtaí miondíola agus Cuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann Teoranta (IPCC) le haghaidh ionstraimí íocaíochta páipéar-bhunaithe. Chun a bheartas agus a ról formhaoirseachta maidir le córais íocaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, is mór ag an mBanc Ceannais i gcónaí caidreamh maith oibre a bheith aige leis na príomh-gheallsealbhóirí amhail BCE, BCN-anna eile de chuid an Eurochórais, an Roinn Airgeadais agus Cónaidhm Bhaincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann (BPFI, arb é an comhlacht ionadaitheach é don tionscal íocaíochtaí in Éirinn). Ar fud na bliana 2018, lean an Banc Ceannais de bheith ag obair ar an gcaidreamh sin a choimeád ar bun agus a fhorbairt tuilleadh.

Trína rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla, amhail Coiste CEBC um Bonneagar Margaidh agus Íocaíochtaí (CBMÍ), ÚBE, Coimisiún AE agus ÚEUM, bhí baint ghníomhach ag an mBanc Ceannais le forbairt agus le cur i bhfeidhm beartas agus caighdeán formhaoirseachta i ndáil le córais íocaíochta agus socraíochta urrús ar leibhéal AE ar fud na bliana 2018.

Ba é a bhí san fhorbairt ab iomráití maidir le córais íocaíochta sa bhliain 2018 ná bunú Fhóram Íocaíochtaí Miondíola na hÉireann (FÍMÉ) ag an mBanc Ceannais. Cuireann an Fóram sin modh ar fáil do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta (SSÍ-anna) agus d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (ÚSÍ-anna) chun bheith páirteach in idirphlé oscailte dearfach i ndáil le forbairt sheirbhísí íocaíochtaí miondíola na hÉireann i gcoitinne. Is iad

príomhaidhmeanna FÍMÉ sábháilteacht agus éifeachtúlacht leantach na n-íocaíochtaí miondíola in Éirinn a chur chun cinn agus comhoibriú a chothú idir na geallsealbhóirí go léir i ndáil le forbairt agus soláthar seirbhísí íocaíochta agus ionstraimí íocaíochta de chineál nua agus feabhsaithe. Féachfaidh FÍMÉ lena chinntiú go gcuirtear tuairimí gheallsealbhóirí uile na gcóras íocaíochta miondíola san áireamh agus, go háirithe, go ndéantar breithniú i dtaobh riachtanais ÚSÍ-anna chomh maith le tuairimí SSÍ-anna agus na n-údarás a bhreithniú. Tá an Banc Ceannais ina chathaoirleach ar FÍMÉ agus soláthraíonn an Banc Ceannais feidhm rúnaíochta don Fhóram freisin. Bhí an cruinniú tionscnaimh ann ar an 11 Deireadh Fómhair. Tá mionsonraí faoin FÍMÉ, lena n-áirítear a chuid rannpháirtithe, ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

Maidir le córais socraíochta urrús, soláthraíonn *Euroclear UK and Ireland* (EUI) an bonneagar a úsáidtear chun trádálacha i gcothromais Éireannacha agus socraíonn *Euroclear Bank* trádálacha i mbannaí rialtas Éireannacha. Bhí teagmháil rialta ag an mBanc Ceannais le Banc Shasana agus le Banque Nationale de Belgique (formhaoirseoirí príomha) ar fud na bliana 2018 i ndáil le formhaoirseacht ar EUI agus ar Euroclear Bank faoi seach.

Sa bhliain 2018, díríodh aird ar dhá phríomhréimse i dtaca le córais socraíochta urrús do Bhainc Ceannais. Ba é a bhí sa chéad cheann díobh sin ná Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (RTLU) arb é is aidhm dó ná gnéithe áirithe de thimthriall socraíochta urrús/den disciplín socraíochta a chomhchuibhiú agus sraith ceanglas comónta a chur ar fáil do thaisclanna lárnacha urrús (TLU-anna) atá ag feidhmiú in AE Leanann an Banc Ceannais de theagmháil rialta a bheith aige leis an Banque Nationale de Belgique agus le Banc Shasana maidir leis na hiarratais RTLU atá á gcur ar aghaidh faoi láthair do Euroclear Bank agus do EUI faoi seach. Ba é a bhí sa dara ceann díobh ná tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, rud a bhfuil impleachtaí aige maidir le margadh na hÉireann a bheith ag leanúint d'úsáid a bhaint as an gcóras atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe chun socraíocht a dhéanamh i ndáil le trádáil i gcothromais Éireannacha agus maidir le roinnt CTM-anna (féach Bosca 4).

### Córais Íocaíochtaí TARGET2

Is é atá in TARGET2 ná córas íocaíochta lena ndéantar próiseáil fíor-ama ar aistriú íocaíochtaí ar fud an AE. Sa bhliain 2018, phróiseáil córas TARGET2 beagnach 195m idirbheart inar cuimsíodh beagnach 88.7m idirbheart RTGS agus 106.1m idirbheart ar Shainchuntais Airgid Thirim (DCA-anna) - agus baineann an ceann is deireanaí atá luaite le hUrrúis

TARGET2[18] (T2S). Ba é a bhí i meántoirt laethúil na n-idirbheart RTGS ná 344,859 agus, i gcás DCA-anna, ba é a bhí ann ná 412,651. I gcomparáid leis an mbliain 2017, tá laghdú corradh beag le 1% tagtha ar fhigiúr na n-idirbheart RTGS agus tá méadú níos mó ná 15.5% ann i gcás na n-idirbheart T2S - tharla an méadú sin ar na figiúirí T2S de bharr eolas níos mó a bheith ann ar an gcóras, agus de bharr tuilleadh úsáide a bheith á baint as, ón tráth ar tugadh isteach é de réir a chéile idir na blianta 2015 agus 2017.

Tháinig laghdú beag ar luach iomlán na n-idirbheart RTGS i gcomparáid leis an mbliain 2017, is é sin, laghdú 0.2% go €434tn agus bhí meánluach laethúil €1.69tn ann. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú ar luach na n-íocaíochtaí a bhain le T2S, is é sin, méadú os cionn 23.5% ó €140tn sa bhliain 2017 go dtí méid níos mó ná €173tn sa bhliain 2018.

Rinne comhchuid na hÉireann de TARGET2, is é sin, TARGET2-Ireland, próiseáil ar níos mó ná 866,000 idirbheart; b'ionann sin agus méadú beagnach 3.2% i gcomparáid leis an mbliain 2017. Maidir le luach na n-idirbheart a próiseáladh trí chomhchuid na hÉireann, tháinig laghdú 8.5% ar a luach iomlán €3.01tn. Sa bhliain 2018, d'fhan an líon rannpháirtithe díreacha i modúl íocaíochtaí TARGET2-Ireland gan athrú, is é sin, bhí 15 ann.

Ar an 29 Deireadh Fómhair 2018, chuaigh an Banc Ceannais, in éineacht le Danmarks Nationalbank agus ID2S, is é sin, TLU de chuid na Fraince, i gceangal go rathúil le hardán T2S. Tá an obair ag leanúint ar aghaidh chun ligean don Bhanc Ceannais seirbhís iomlán T2S a sholáthar do chontrapháirtithe féideartha sa mhargadh áitiúil ach sin a iarraidh.

Maidir le Socraíocht Íocaíochta Láithrí TARGET (TIPS) - is é sin le rá, seirbhís a chumasaíonn do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta aistrithe ciste a thairiscint i bhfíoram ar feadh 24 huaire an chloig sa lá agus ar feadh 365 lá sa bhliain, cuireadh i ngníomh ar bhonn beo í i mí na Samhna 2018. Ní aon bhainc rannpháirteacha Éireannacha ag úsáid na seirbhíse sin.

Tá tús curtha le hobair ar thionscadal maidir le forbairt sheirbhísí TARGET amach anseo i bhfoirm ardán Comhdhlúthúcháin TARGER2/T2S, rud a bharrfheabhsóidh soláthar sheirbhísí TARGET2 agus T2S.

---

[18]Is é atá in T2S (TARGET2-Securities) ná inneall socraithe urrús Eorpach a thairgeann socraíocht lárnaithe seachadadh-versus-íocaíocht (DvP) in airgead bainc ceannais thar na margaí urrús Eorpacha go léir.

## Bosca 12: Fís 2020

Is é atá i dtionscadail Fhís 2020 de chuid Bhord Bonneagair Margaidh an Eurochórais ná tionscnamh straitéiseach i réimse na n-íocaíochtaí, na socraíochta urrús agus na húsáide sócmhainne lena n-úsáid mar chomhthaobhacht in oibríochtaí beartais airgeadaíochta. Cheadaigh an Chomhairle Rialaithe iad sa bhliain 2017 agus tá sé mar aidhm acu méadú a dhéanamh ar chomhtháthú agus ar chomhchuibhiú.

Cuimsíonn tionscadail Fhís 2020 an méid seo a leanas:

- Is ionann *TIPS* agus réiteach íocaíochta láithrí uile-Eorpach chun a chumasú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí airgead a aistriú eatarthu féin i bhfíor-am 24/7/365. Cuireadh tús leis an tionscnamh seo ar bhonn beo i mí na Samhna 2018.

- Is é atá in *T2-T2S Consolidation* ná tionscadal chun na hardáin ar leithligh le haghaidh chóras TARGET2/RTGS an Eurochórais a fheabhsú agus a chomhdhlúthú le córas socraíochta T2S d'fhonn feidhmiúlacht a mhéadú agus athléimneacht agus cibearshlándáil a neartú agus, ag an am céanna, costais a laghdú do rannpháirtithe. Tá sé le cur i ngníomh ar bhonn beo i Ráithe 4, 2021.

- Tá sé mar aidhm ag *European Capital Markets* na córais áitiúla bainistíochta comhthaobhachta atá ag 19 BCN de chuid an Eurochórais a ionadú/lárnú, rud a chuirfidh sábhálacha costais agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe oibriúcháin ar fáil agus a rannchuideoidh le hAontas na Margaí Eorpacha Caipitil trí shimpliú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le comhthaobhacht a chur ar fáil don Eurochóras ar bhonn intíre agus ar bhonn trasteorann araon. Tá sé le cur i ngníomh ar bhonn beo i Ráithe 4, 2022.

Mar thoradh ar na tionscadail sin tá sraith tionscadal éigeantach ann do BCN-anna uile an Eurochórais agus do rannpháirtithe i margaí áitiúla. Tá ullmhúchán ar siúl le tamall le haghaidh clár oibreacha atá le cur i ngníomh ag an mBanc Ceannais agus cuirfear dlús leis an ullmhúchán sin sa bhliain 2019 go dtí go gcríochnófar é sa bhliain 2022. Ní mór do rannpháirtithe i margadh na hÉireann teagmháil a dhéanamh leis an mBanc Ceannais chun rochtain ar sheirbhísí agus íocaíochtaí TARGET a choimeád. Tabharfaidh an Banc Ceannais tacaíocht agus treoir do na rannpháirtithe margaidh sin trí roinnt grúpaí geallsealbhóirí a bhunú i leith an tionscadail chun a chinntiú go mbeidh siad sa riocht gur féidir leo

tascanna tionscadail éigeantacha a chur i gcrích agus an tionscadal a chur i ngníomh ar bhonn beo de réir mar atá beartaithe.

### Seirbhísí Baincéireachta

Cuireann an Banc Ceannais raon seirbhísí baincéireachta ar fáil don Rialtas agus do chustaiméirí eile. Ina measc siúd, áirítear cothabháil a dhéanamh ar Chuntas an Státchiste agus ar chuntais eile a thagann faoi shainchúram an Aire Airgeadais (amhail na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Pámháistir Ginearálta agus GBCN). Tá freagracht air i ndáil le cothabháil cuntas comhfhreagrach thar ceann bainc cheannais eile agus thar ceann institiúidí amhail Coimisiún AE agus Banc Forbartha na hÁise. Ina theannta sin, is é an Banc Ceannais a riarann na hidirbhearta go léir idir Éire agus an Ciste Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (CECA) agus an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SECA).

### Clár na mBannaí

Ina ról mar Chláraitheoir Bannaí, déanann an Banc Ceannais íocaíochtaí díbhinne agus fuascailte le sealbhóirí cuntais ar bhannaí arna n-eisiúint ag GBCN. Ghlac an Banc Ceannais róil mar Chláraitheoir Bannaí agus mar Ghníomhaire Íocaíochta Billí Chisteán na hÉireann chuige i Meán Fómhair 2018.

Ag deireadh na bliana 2018, ba é a bhí i luach ainmniúil na mbannaí sa Chlár ná €133bn, sin méadú €6bn i gcomparáid leis an luach a bhí amuigh ag deireadh na bliana 2017 (€127bn). Tháinig dhá bhanna (8.75% 2018 agus 4.50% 2018) in aibíocht i rith na bliana 2018 agus, mar thoradh air sin, rinneadh íocaíochtaí fuascailte €8.93bn. Maidir le deich mbanna amúchta Éireannacha a fuasclaíodh go páirteach sa bhliain 2918, rinneadh íocaíochtaí fuascailte páirteacha €17.5m ina leith. I rith na bliana 2018, d'eisigh NTMA trí bhanna nua arbh ionann a luach ainmniúil agus €15bn (0.9% 2028, 1.3% 2033 agus 1.35% 2031).

Is é *Euroclear Bank* atá lonnaithe sa Bheilg a shocraíonn idirbhearta i leith Bhannaí Rialtas na hÉireann.

### Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

#### Nótaí Bainc

Sa bhliain 2018, chuir an Banc Ceannais 242 mhilliún nóta bainc (luach €7,439m) ar fáil don mhargadh agus b’ionann sin agus laghdú 10% i gcomparáid leis an 269m nóta bainc (luach €8,162m) a eisíodh sa bhliain 2017.. Tá an Banc Ceannais ag leanúint de laghdú ar an líon nótaí bainc a thaisctear a thabhairt dá aire. Léiríonn na laghduithe sin

leibhéal níos airde athchúrsaíochta sa mhargadh mar thoradh ar ardchaighdeán na nótaí bainc rud a laghdaíonn na héilimh ar an mBanc Ceannais.

*Tábla 1: Eisiúintí nótaí bainc*

| Líon na Nótaí Bainc (m) a Eisíodh | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
| €5 | 45 | 49 | 225 | 245 |
| €10 | 37 | 44 | 372 | 437 |
| €20 | 40 | 47 | 807 | 934 |
| €50 | 119 | 129 | 5971 | 6466 |
| €100 | 0 | 1 | 45 | 55 |
| €200* | 0 | 0 | 2 | 3 |
| €500* | 0 | 0 | 17 | 21 |
| Iomlán | 242 | 269 | 7439 | 8162 |

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

**Líon iarbhír na nótaí bainc a eisíodh:*

| 2018 | 2017 |
|---|---|
| €100: 450,000 | €100: 552,000 |
| €200: 10,000 | €200: 17,000 |
| €500: 33,000 | €500: 42,000 |

## Sraith Nótaí Bainc Europa

Sa bhliain 2018, chuir an Banc Ceannais tús le hullmhúcháin le haghaidh lainseáil an dá nóta bhainc deiridh de Shraith Europa 2 (ES2). Is é an 28 Bealtaine 2019 dáta lainseála na nótaí bainc ES2€100 agus €200 agus rachaidh na nótaí bainc i gcúrsaíocht ón dáta sin ar aghaidh. Tá méid suntasach oibre ullmhúcháin déanta mar thacaíocht i leith na nótaí nua a thabhairt i gcúrsaíocht go héifeachtach. I gcomhréir leis an tsraith Europa beidh gnéithe feabhsaithe slándála ann sna nótaí bainc nua. Is é eisiúint na nótaí bainc €100 agus €200 an chéim dheiridh de Shraith Europa ós rud é gur fhógair Comhairle Rialaithe an BCE, ar an 4 Bealtaine 2016, go raibh cinneadh déanta aici an nóta bainc €500 a eisiamh ón tsraith seo. Ach leanfaidh an nóta bainc €500 de bheith ina nóta dlíthairgthe agus is féidir leanúint d'úsáid a bhaint as le haghaidh íocaíochtaí agus mar stór luacha. Mar nótaí dlíthairgthe, coimeádfaidh

na nótaí sin a luach agus féadfar iad a mhalartú go ceann tréimhse gan teorainn i BCN-anna de chuid limistéar an euro.

## Nótaí Bainc Euro a Phriontáil in Éirinn

I Márta 2018, ghlac Coimisiún an Bhainc Ceannais le moladh ón lucht bainistíochta go scoirfí de nótaí bainc euro a phriontáil agus, ina ionad sin, go gcomhlánófaí a oibleagáid Eurochórais i leith nótaí bainc a sholáthar trí iad a fháil ó thríú páirtí i limistéar an euro. Lean an cinneadh sin as athbhreithniú straitéiseach inar sainaithníodh agus inar breithníodh roinnt roghanna. Ar bhonn na dtairbhí airgeadais a bhain le scor de nótaí bainc a phriontáil, lena bhfáil ó thríú páirtí, scoirfear ar mhodh ordúil de na hoibríochtaí sa Chlólann. Tá fáil nótaí bainc ó thríú páirtí i gcomhréir leis an gcur chuige atá glactha ag cuid mhór BCN-anna i limistéar an Euro.

I mí Eanáir 2019, thángthas ar Chomhaontú Caidrimh Tionscail leis an gceardchumann agus leis an bhfoireann maidir leis na téarmaí do bhaill foirne i leith scor de nótaí bainc a phriontáil. Baineann an Comhaontú le laghdú ordúil na n-oibríochtaí priontála agus cuirfear deireadh leo tar éis leithroinnt na bliana 2018 maidir le nótaí bainc a tháirgeadh. Ceaptar go scoirfidh an Chlólann de na hoibríochtaí uile táirgthe nótaí bainc agus roghnóidh na baill foirne lena mbaineann go bhfágfaidh siad an Banc Ceannais i gcomhréir le socrú téarfa, nó go n-athlonnófar iad, faoi dheireadh mhí Aibreáin 2019. Tá tacaíochtaí agus socruithe éagsúla ann chun cabhrú le baill foirne a bhfuil difear díreach á dhéanamh dóibh déileáil leis na cinntí atá le déanamh acu mar thoradh ar an gComhaontú.

Tá an próiseas maidir le cinneadh a dhéanamh faoi sholáthraí féideartha i leith leithroinnt bhliantúil nótaí bainc an Bhainc Ceannais ar siúl faoi láthair (féach Bosca 13). Tá sé tábhachtach a lua nach n-imreoidh an cinneadh seo aon tionchar ar sholáthar airgid thirim don timthriall náisiúnta airgid thirim.

### Bosca 13: Leithroinnt Bhliantúil Nótaí Bainc an Bhainc Ceannais

Déantar priontáil nótaí bainc euro do limistéar an euro a oibriú faoi chomhchóras ar tríd a dhéanann BCE, ag a bhfuil an ceart eisiach chun nótaí bainc a eisiúint laistigh den Eurochórais, freagracht i ndáil le soláthar nótaí bainc a leithroinnt chuig BCN-anna limistéar an euro de réir a ranníocaíochta le caipiteal suibscríofa BCE sa bhliain airgeadais lena mbaineann i.e. an scála caipitil. Ón tráth ar tugadh isteach an euro, tá

freagracht ar an mBanc Ceannais i ndáil le ainmníocht amháin a tháirgeadh gach bliain agus déantar na hainmníochtaí go léir eile atá le heisiúint in Éirinn a fháil as áiteanna eile i limistéar an euro. Dá bhrí sin tá nótaí bainc á bhfáil ó áiteanna eile i limistéar an euro cheana féin mar chuid de na gnáthshocruithe maidir leis an ábhar seo agus, maidir le húsáid soláthraithe tríú páirtí i leith tháirgeadh na leithroinntí bliantúla, tá sé i gcomhréir leis an gcur chuige atá glactha ag cuid mhór BCN-anna eile.

Tá an próiseas atá ar siúl chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh soláthraí féideartha do leithroinnt bhliantúil nótaí bainc na mBanc Ceannais i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá bunaithe ag BCE maidir le priontáil agus fáil nótaí bainc euro. Leis an gcreat sin, ceanglaítear ar an Eurochóras gníomhú i gcomhréir le prionsabal geilleagair mhargaidh oscailte le saoriomaíocht, ar mhaithe le cionroinnt éifeachtach acmhainní agus, os a choinne sin, ní mór dó cineál áirithe na nótaí bainc a thairgtear ar mhaithe lena n-eisiúint ag an Eurochóras mar mhodh sábháilte íocaíochta a chur san áireamh. Cuirtear san áireamh sa chreat freisin go n-úsáideann roinnt BCN-anna a gcuid clólann inmheánach féin chun nótaí bainc euro a tháirgeadh. I bhfianaise na bprionsabal sin, ghlac BCE córas ar a dtugtar Córas Táirgthe agus Fála an Eurochórais (CTFE). Trí dhá cholún, grúpa clólann inmheánach agus grúpa BCN-anna a tháirgeann a gcuid nótaí bainc euro féin a oibriú, cinntíonn CTFE go mbíonn leanúnachas soláthair ann, go bhfuil fios gnó ann i gcónaí laistigh den Eurochóras, go gcothaítear iomaíocht agus leibhéil réasúnacha costais agus, chomh maith leis sin, go mbíonn cumas ann chun leas a bhaint as nuálaíocht san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí. Tá roghanna maidir le clárú le clólanna inmheánacha agus le grúpaí tairisceana á mbreithniú ag an mBanc Ceannais.

## Boinn

Agus é ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, d'eisigh an Banc Ceannais 76m bonn (luach €27m) i gcúrsaíocht sa bhliain 2018. Is ionann é sin agus méadú 31% ar líon na mbonn a eisíodh i gcomparáid leis an 58m bonn (luach €31m) a eisíodh sa bhliain 2017. Ní hionann an méadú suntasach ar an líon bonn a eisíodh i rith na bliana 2018 agus léiriú ar aon mhéadú foriomlán ar an éileamh ach, seachas sin, léiríonn sé an t-éileamh ar ainmníochtaí ar leith laistigh de thréimhse ar leith.

Ar fud na bliana 2018, lean an Banc Ceannais de bheith ag obair leis an tionscal (mar shampla, bainc mhiondíola agus cuideachtaí 'Airgead Tirim faoi Bhealach') d'fhonn éifeachtúlacht a chur chun cinn ó thaobh bhainistíocht na stoc bonn atá ann sa mhargadh. Maidir leis an obair sin,

dírítear go príomha ar tháirgeadh agus eisiúint bonn gan ghá a laghdú tuilleadh trí athchúrsaíocht na mbonn atá ann sa mhargadh a chur chun cinn.

Tar éis cothromú saorálach a thabhairt isteach sa bhliain 2015 tháinig laghdú mór ar an éileamh ar an mbonn 1 cent (c) agus ar an mbonn 2c. Dá bharr sin, tá sé tugtha faoi deara ag an mBanc Ceannais go bhfuil stoic farasbairr de na boinn 1c agus 2c ag teacht ar ais ón margadh. Sa bhliain 2018, chomhoibrigh an Banc Ceannais le Ballstát eile agus mhalartaigh sé méid suntasach de na stoic farasbairr sin chun an t-éileamh orthu a shásamh. Mar mhalairt orthu, ghlac an Banc Ceannais le boinn a raibh ainmníocht níos airde acu. Chun freastal ar an éileamh ar bhoinn5c, cuireadh malairt eile i gcrích sa bhliain 2018 agus, dá réir sin, bhí an Banc Ceannais in ann glacadh le boinn 5c mar mhalairt ar stoic farasbairr eile de bhoinn1c agus 2c a bhí tagtha ar ais ón margadh. Cé go gcothaíonn na socruithe sin agus cur i gcrích na malartuithe sin obair shuntasach lóistíochta don Bhanc Ceannais, cinntíonn na nithe sin freisin go ndéantar na boinn lena mbaineann agus nach bhfuil éileamh orthu a thuilleadh in Éirinn a úsáid go héifeachtach in áiteanna eile i limistéar an euro. Tá an Banc Ceannais ag leanúint de stoc farasbairr de na boinn 1c agus 2c atá tagtha ón margadh a ghlacadh ar ais agus leanfaidh sé de bheith ag gabháil do mhalartú bonn d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht an timthrialla airgid thirim go háitiúil agus ar fud limistéar an euro.

### *Tábla 2: Eisiúintí Bonn*

| Líon na mBonn (m) | | | Luach €m | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
| 1c | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 2c | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 5c | 35 | 29 | 2 | 1 |
| 10c | 11 | 2 | 1 | 0 |
| 20c | 12 | 6 | 2 | 1 |
| 50c | 6 | 6 | 3 | 3 |
| €1 | 4 | 5 | 4 | 5 |
| €2 | 8 | 10 | 15 | 21 |
| Iomlán | 76 | 58 | 27 | 31 |

## Boinn Inbhailithe

Déanann an Banc Ceannais imeachtaí suntasacha a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chomóradh trí bhoinn chuimhneacháin Éireannacha a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Sa bhliain 2018, d'eisigh an Banc Ceannais cúig bhonn uathúla cuimhneacháin agus foirne bonn a raibh éileamh mór orthu i measc an phobail agus i measc bailitheoirí bonn, rud a ghin beagnach 6,000 ordú. Bhí téamaí ilchineálacha ann sa bhliain 2018 agus, ina measc, áiríodh ceol, cultúr, litríocht agus stair na hÉireann.

Sa bhliain 2018, chláraigh beagnach 2,000 custaiméir nua trí chuntas a chruthú ar chóras díolacháin ar líne an Bhainc Ceannais.

D'eisigh an Banc Ceannais cúig bhonn uathúla cuimhneacháin agus foirne bonn a raibh éileamh mór orthu i measc an phobail agus i measc bailitheoirí bonn, rud a ghin beagnach 6,000 ordú.



***Donal Gallagher in éineacht leis an Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn le linn lainseáil bhonn cuimhneacháin Rory Gallagher in Áras an Uachtaráin.***

### Bosca 14: An tSraith Bhliantúil Mionta - Deonú na bhFáltas ón Díolachán

Trí Shraith Bhliantúil Mionta 2017, arbh é an chuid deiridh den tsraith 'Náisiún Oileánda' é, tugadh ómós don obair fhíorthábhachtach a dhéanann Garda Cósta na hÉireann agus Tithe Solais na hÉireann. Tar éis na tragóide sin i Márta 2017, tráth ar cailleadh criú Rescue 116, d'aontaigh an tAire Airgeadais go bhféadfaí na fáltais ó dhíol Shraith Bhliantúil Mionta 2017 a dheonú d'Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI). Socraíodh gurb é a bheadh sa deonachán ná 90% de na fáltais ó dhíol bonn suas go dtí deireadh mhí Eanáir 2018. Tá an 10% eile de na fáltais á choimeád ag an mBanc Ceannais le go bhféadfadh

tionscnamh cuimhneacháin pobail, dá mbeadh a leithéid ann, tairbhe a fháil ó mhaoiniúchán ó dhíol na mbonn. Ghin na díolacháin deonachán €74,221 don RNLI. Chuir an deonachán maoiniúchán ar fáil do bhád tarrthála Aicme D le haghaidh stáisiún báid tarrthála an Bhaile Ghlais i gContae Mhaigh Eo. I mí Dheireadh Fómhair 2018, Bhí Príomhoifigeach Oibríochtaí an Bhainc Ceannais agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais i láthair ina gcáil oifigiúil ag searmanas ainmnithe sa Bhaile Glas, Co. Mhaigh Eo, nuair a tugadh 'Clann Lir' mar ainm oifigiúil ar an mbád tarrthála. Ómós cuí a bhí san ainm sin ó tharla go dtugann Sraith Bhliantúil Mionta 2017 ómós do mhiotais agus d'fhinscéalta na hÉireann agus go bhfuil tagairt ann do sheanscéal Chlann Lir. Ina theannta sin, rinneadh socrú leis an deonachán maidir le trealamh báid tarrthála agus oiliúint chriú a bhaineann le Bád Tarrthála Aicme D agus ba ghné riachtanach tacaíochta an méid sin le haghaidh an tsoithigh.

## Timthriall Airgid Thirim na hÉireann

Sa bhliain 2018, lean an Banc Ceannais dá chlár teagmhála le geallsealbhóirí timthrialla airgid thirim, ar clár é atá dírithe ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus athléimneacht an timthrialla airgid thirim a mhéadú. Déanann an Banc Ceannais faireachán ar chomhlíontacht i measc Láimhseálaithe Gairmiúla Airgid Thirim maidir le hathchúrsaíocht airgid thirim ar mhaithe le nótaí bainc ardchaighdeáin a choimeád i gcúrsaíocht. De bhreis air sin, d'oibrigh an Banc Ceannais leis na príomh-gheallsealbhóirí sa timthriall airgid thirim chun íoslaghdú a dhéanamh ar dhúblú gan ghá san oibríocht agus tugadh spreagadh maidir le héifeachtúlacht sa timthriall airgid thirim tráth a bhfuil forbairt an-ghasta ag teacht ar an timpeallacht íocaíochta digití. De réir mar a thagann forbairt ar an timpeallacht íocaíochta, tá ról tábhachtach ag airgead tirim mar mhodh teagmhasach íocaíochta. Chuige sin, tá athléimneacht an timthrialla airgid thirim fíorthábhachtach agus leanann an Banc Ceannais den Ghrúpa Náisiúnta Teagmhais i leith an Timthrialla Airgid Thirim a éascú ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an timthriall airgid thirim agus ar mhaithe le réimsí den sórt sin a shainaithint.

# Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh

*Tugann an Banc Ceannais faoi anailís eacnamaíoch, faoi thaighde, faoi bhailiú sonraí agus faoi anailís staidrimh ar gníomhaíochtaí iad sin atá ceaptha chun eolas a chur ar fáil le linn beartas eacnamaíoch a fhoirmiú ar leibhéal intíre agus ar leibhéal limistéar an euro. Déantar torthaí na ngníomhaíochtaí sin a scaipeadh trí fhoilseacháin éagsúla, trí sheimineáir agus trí chaidreamh leanúnach le ranna rialtais, leis an saol acadúil agus le tráchtairí.*

## Anailís agus Tráchtaireacht Eacnamaíoch

### Bosca 15: Macrafhorbairtí sa bhliain 2018

Tháinig fás tréan ar gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2018, agus fuarthas tacaíocht ina leith sin ó neart na ngníomhaíochta intíre agus ó thimpeallacht fáis idirnáisiúnta a bhí measartha fabhrach. B'ionann feidhmíocht láidir sa mhargadh saothair agus léiriú ar neart comhfhreagrach sa gheilleagar intíre. Chuir fás tréan fostaíochta borradh faoi ioncaim agus thacaigh sé le fás i réimse an chaiteachais ag tomhaltóirí. Tháinig fás mór ar an mbun-infheistíocht, rud a léirigh filleadh ar chaiteachas ar innealra agus ar threalamh agus téarnamh leanúnach i ngníomhaíocht foirgníochta agus tógála. Bhí an brú bunúsach boilscitheach maolaithe i gcónaí d'ainneoin neart an gheilleagair intíre. Léirigh meánbhoilsciú 0.7%  Innéacs Comhchuibhithe na bPraghsanna Tomhaltóra (ICPT) don bhliain laghdú 0.2% ar phraghsanna earraí agus fritháiríodh é sin trí mhéadú 1.6% ar phraghsanna seirbhísí a bhí ann go formhór mar thoradh ar fhás i réimse na gcíosanna tithíochta. Lean an fheidhmíocht láidir onnmhairiúcháin a bhí ann anuraidh as fás tréan maidir le honnmhairí cógaisíochta. Maidir le fás i réimse na n-onnmhairí seirbhíse a bhí faoi bhun an mheáin sa chéad leath den bhliain, tháinig borradh mór faoi sa dara leath mar thoradh ar fhás tréan maidir le honnmhairiú seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gnó. Léirigh dáileadh geografach an éilimh ar onnmhairí an fheidhmíocht choibhneasta i measc na bpríomh-chomhpháirtithe trádála agus bhí éileamh mór ann san AE (gan an Ríocht Aontaithe a áireamh) agus sa chuid eile den domhan, rud a bhí i gcodarsnacht le moilliú suntasach i margadh na Ríochta Aontaithe.

Tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais i bhfoirmiú beartais eacnamaíoch náisiúnta trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a chur ar fáil trí bhíthin tráchtaireachtaí rialta, réamhaisnéisí, taighde agus staidreamh airgeadais ardchaighdeáin. Cuireadh an t-ábhar lena mbaineann in iúl trí fhoilseacháin de chuid an Bhainc Ceannais agus trí

pháipéir thaighde, trí irisleabhair intíre agus idirnáisiúnta eile, trí ráitis agus trí óráidí a thugann an Gobharnóir agus daoine eile de chuid na hardbhainistíochta agus trí rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus i seimineáir. Laistigh den Bhanc Ceannais, chuir an anailís agus taighde eacnamaíoch ionchur tábhachtach ar fáil i ndáil le measúnachtaí leanúnacha ar chobhsaíocht airgeadais agus i ndáil le hathbhreithnithe macrastuamachta. Laistigh den Eurochóras, rannchuidigh an Banc Ceannais le cleachtaí um réamhaisnéisiú maicreacnamaíoch agus le soláthar comhairle beartais agus anailíse eacnamaíche comhtheagmhasaí.

Tugadh sé cinn de chleachtaí réamhaisnéise maicreacnamaíche chun críche le linn na bliana: seoladh dhá cheann díobh sin i gcomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFeasachán Ráithiúil an Bhainc Ceannais. De bhreis air sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraim eile réamhaisnéise agus beartais e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus AE; agus chuaigh sé i gcomhairle le misin leathbhliantúla chuartaíochta Páirtithe Seachtracha[19], le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2018 maidir le feabhas a chur ar shraith an Bhainc Ceannais i leith mhúnlaí gheilleagar na h Éireann atá oiriúnach le haghaidh anailís bheartais. Rinneadh croímhúnla DSGE[20] a fheabhsú agus baineadh úsáid as ar mhaithe le hanailís chúinsí i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar CCyB d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar thionchar athruithe ar na riachtanais íosta i leith caipitil. Tá úsáid bainte as múnla DSGE freisin chun measúnacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le róbhorradh agus chun scrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag infheistíochtaí rialtais ar an Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus ar fhiachas poiblí i gcúinsí éagsúla maoinithe. Tá feabhas suntasach curtha ar mhúnla eacnaiméadrach struchtúrach gheilleagar na hÉireann freisin, is é sin, COSMO[21], agus tá nasc déanta idir é agus an múnla eacnaiméadrach domhanda, is é sin, NiGEM[22], atá forbartha ag an *National Institute for Economic and Social Research* (NIESR) sa Ríocht Aontaithe. Trí leas a bhaint as an gcur chuige sin, déantar na torthaí ó chásanna idirnáisiúnta a ghintear in NiGEM a úsáid mar ionchur i COSMO chun a chinntiú go ndéantar

---

[19] An Coimisiún Eorpach, IMF agus BCE.
[20] Múnla dinimiciúil stocastach na cothromaíochta ginearálta.
[21] Croímhúnla struchtúrach.
[22] Múnla eacnaiméadrach Domhanda na hInstitiúide Náisiúnta

éifeachtaí domhanda agus idirnáisiúnta a ionchorprú ar mhodh comhsheasmhach. Baineadh úsáid as COSMO i roinnt staidéar inar measadh tionchar ionchasach tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, ar mhaithe le hanailís bheartais macrastuamachta, agus, i gcoitinne, chun feabhas a chur ar chumas anailísithe agus réamhaisnéisithe eacnamaíochta an Bhainc Ceannais.

A mhéid a bhaineann le hanailís mhaicreacnamaíoch, díríodh an obair ar anailís nua mar fhoinse eolais le haghaidh beartais agus ar fheabhsú na cumarsáide maidir le príomh-mhaicririoscaí, amhail róbhorradh agus rioscaí seachtracha a bhaineann leis an timpeallacht chanach agus trádála. Maidir leis na rioscaí a bhaineann le róbhorradh, tá obair déanta ar anailísiú na scóipe atá ann sa mhargadh saothair, ar fhorbairtí ó thaobh cúrsaí pá de, ar staidéar ar infhaighteacht oibrithe agus ar an tionchar atá ag caiteachas infheistíochta rialtais faoi chúinsí éagsúla maoinithe. A mhéid a bhaineann le rioscaí seachtracha, baineadh úsáid as obair múnlaithe, agus leas á bhaint as COSMO, chun breathnú ar chúinsí éagsúla a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach mar fhoinse eolais le haghaidh anailís bheartais agus bhí an obair sin lárnach freisin i ndáil le cumarsáidí an Bhainc Ceannais i ndáil le tionchar ionchasach tharraingt siar na Ríochta Aontaithe. Tá scrúdú curtha i gcrích maidir leis na rioscaí a bhaineann le sreabhadh cánach corparáide. De bhreis air sin, tá forbairt déanta ar tháscaire nua gnó trína dtugtar réamhaisnéis faoi bhunéileamh intíre agus foilsíodh é mar phríomhtháscaire nua ar aschur tithíochta nua.

San iomlán, foilsíodh 16 cinn de pháipéir thaighde theicniúil sa bhliain 2018 agus tá na páipéir sin ar fáil lena n-íoslódáil ina n-iomláine ó láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais. I measc na dtéamaí is déanaí ar pléadh leo sna páipéir sin áirítear an méid seo a leanas: bacainní neamhtharaife ar thrádáil earraí; meastacháin ar shaibhreas teaghlaigh; imirce agus timthriallta gnó; tionchar an riosca athshealbhaithe ar mhainneachtain mhorgáiste; agus cumarsáidí beartais airgeadaíochta agus an mhaicreacnamaíocht.

Sa bhliain 2018, eisíodh 16 Litir Eacnamaíochta agus tá siad sin ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais freisin. Áirítear an méid seo a leanas i measc na n-ábhar a clúdaíodh sa tsraith sin: táscaire míosúil: CCyB a úsáid; forléargas ar mhargadh Phleananna Conartha Pearsanta na hÉireann; éifeacht fhógairtí beartais an BCE faoi thorthaí bannaí flaithiúnais; agus dhá staidéar faoi Eintitis Sainchuspóra a bhfuil Cónaí orthu in Éirinn.

Ina theannta sin, rinne an Banc Ceannais roinnt alt sínithe ina bhfuil ábhar eacnamaíochta agus staidrimh a fhoilsiú san Fheasachán

Ráithiúil. I measc na n-ábhar a scrúdaíodh sna hailt sin áiríodh an méid seo a leanas: INTanna a réiteach; infheistíocht, maoiniúchán agus stoc caipitil phoiblí Rialtas na hÉireann; measúnacht ar rioscaí airgeadais agus ar mhaoláin an Bhainc Ceannais; agus measúnacht ar fhostaíocht san earnáil tógála.

Leanadh de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcreataí taighde éagsúla lena ndéantar scrúdú ar airgeadas teaghlaigh, ar bhaincéireacht idirnáisiúnta, ar shocrú pá agus ar mhúnlú eacnaiméadrach. Lean baill foirne de chuid an Bhainc Ceannais d'ábhar a fhoilsiú in irisí a ndéantar piara-athbhreithniú orthu agus tá cur i láthair déanta acu os comhair cuid mhór comhdhálacha agus institiúidí intíre agus idirnáisiúnta.

## Sonraí agus Staidreamh Airgeadais

Bailíonn, tiomsaíonn agus scaipeann an Banc Ceannais raon leathan staitisticí chun tacú le CEBC agus le húsáideoirí seachtracha, amhail rannpháirtithe margaidh, institiúidí poiblí, na meáin agus an pobal i gcoitinne. Tá sonraí staidrimh ina ngné thábhachtach den mheasúnacht a dhéanann an Banc Ceannais ar chobhsaíocht airgeadais, rud a éascaíonn an faireachán ar fhorbairtí maoiniúcháin agus creidmheasa san earnáil airgeadais agus ar fud an gheilleagair intíre i gcoitinne.. Déantar sonraí a bhailiú ó na bainc maidir lena ngníomhaíochtaí iasachtóireachta agus maoiniúcháin, agus iad miondealaithe de réir ionstraime, aibíochta agus cuspóra. Baintear úsáid as na sonraí sin chun staidreamh agus anailís a fhoilsiú i raon réimsí staidrimh, lena n-áirítear riaráistí agus athstruchtúrú morgáiste, maoiniú Fiontar Beaga agus Meánmhéide, agus iasachtaí agus taiscí ag teaghlaigh.

Tugann na Staitisticí leathnaithe maidir le Riaráistí Morgáiste Chónaithigh agus Athshealbhuithe faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le leibhéal agus cineál na réiteach athstruchtúraithe a cuireadh i bhfeidhm, mar aon le faisnéis i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na téarmaí a comhaontaíodh ina leith sin. Bailítear sonraí ó bhainc agus ó eintitis neamhbhainc a shealbhaíonn sócmhainní morgáiste. Rinneadh obair shuntasach ar fud na bliana 2018 chun leanúint de staitisticí a bhailiú maidir le morgáistí de réir mar a bhí iasachtaí á n-aistriú chuig eintitis neamhbhainc nó á ndíol leo. Déantar staidreamh faoi rátaí úis i ndáil le hiasachtaí agus taiscí miondíola, idir nua agus gan íoc, a fhoilsiú agus iad miondealaithe de réir rátaí seasta agus rátaí athraitheacha agus de réir tréimhse na rátaí seasta. Sa tsraith rialta d'eisiúintí staidrimh, cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le coigiltis agus iasachtaí ag teaghlaigh, rud a chabhraíonn leis an bhfaireachán ar chláir chomhardaithe teaghlach agus, go háirithe, leis an bhfaireachán

ar fhorbairtí a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar ardleibhéil an fhiachais agus na riaráistí faoi láthair.

Bailíonn agus foilsíonn an Banc Ceannais sonraí maidir le cuid mhór den earnáil airgeadais neamhbhainc, lena n-áirítear corparáidí árachais, cistí infheistíochta agus meáin airgeadais, agus iad foroinnte de réir eintitis urrúsaithe agus neamhurrúsaithe. Ina theannta sin, foilsíonn an Banc Ceannais cuid mhór staitisticí agus forléargas maidir le hearnáil na nEintiteas Sainchuspóra in Éirinn agus leanann sé de ról ceannasach a bheith aige ar bhonn idirnáisiúnta d'fhonn trédhearcacht a fheabhsú tuilleadh agus d'fhonn faisnéis faoi ghníomhaíochtaí na hearnála a scaipeadh.

I measc na dtionscnamh a bhí ann sa bhliain 2018 maidir le sonraí áiríodh sonraí nua a fhoilsiú faoin earnáil árachais agus sonraí faoi riaráistí morgáiste a fheabhsú. Ar bhonn idirnáisiúnta, soláthraíonn an Banc Ceannais sonraí d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus do rannpháirtithe i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le staitisticí airgeadais. Is suíomh suntasach í Éire d'eintitis neamhbhainc a dtagann cuid mhór díobh faoi réir an tsainmhínithe ar idirghabháil airgeadais neamhbhainc. Soláthraíonn an Banc Ceannais teimpléid mhionsonraithe sonraí agus méadrachtaí riosca anois mar chuid den fhaireachán a dhéanann an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (BCA) ar scáthbhaincéireacht.

I measc na dtionscnamh a bhí ann sa bhliain 2018 maidir le sonraí áiríodh sonraí nua a fhoilsiú faoin earnáil árachais agus sonraí faoi riaráistí morgáiste a fheabhsú.

Tiomsaítear comhiomláin staidrimh do limistéar an euro ó na sonraí a chuireann an Banc Ceannais ar fáil agus is ionchur tábhachtach iad na sonraí sin i leith eolas a chur ar fáil ar mhaithe le beartas airgeadaíochta fhoirmiú agus ar mhaithe cúraimí reachtúla eile de chuid CEBC, lena n-áirítear a shainchúram maoirseachta. I rith na bliana 2018, lean an Banc Ceannais dá chuid oibleagáidí go léir maidir le tuairiscí staidrimh do BCE a chomhlíonadh. I measc na sonraí a chuirtear ar fáil, áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí cistiúcháin agus iasachtaithe na mbanc agus na gcistí margaidh airgid. Tugann an Banc Ceannais sonraí míosúla agus ráithiúla do BCE freisin maidir leis an earnáil airgeadais neamhbhainc, go príomha i leith cuideachtaí árachais, cistí infheistíochta agus Corparáidí um Meáin Airgeadais (CMA-anna) a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí urrúsaithe. Baineann tábhacht ar leith leis na sonraí Éireannacha maidir le cistí agus CMA-anna ó tharla gur príomhshuíomh í Éire laistigh de limistéar an euro agus gur mó go díréireach cion na hÉireann i gcomhiomláin staidrimh limistéar an euro i gcoibhneas le méid an gheilleagair. Déantar cuntais ráithiúla airgeadais, lena dtugtar forléargas ar idirbhearta agus staideanna airgeadais na n-earnálacha eacnamaíocha intíre i gcoibhneas lena

chéile agus leis an gcuid eile den domhan, a thiomsú agus a chur ar fáil do BCE. Déantar sonraí faoi eisiúint urrús agus faoi shealúchas urrús a bhailiú freisin ar bhonn na n-urrús lena mbaineann.

## Leathnú an Chreata Staidrimh

Leanadh de leathnú an chreata staidrimh i rith na bliana 2018 i gcomhréir le forbairtí laistigh den Eurochóras agus de CEBC. Tá leathnú tagtha ar an gcúram le blianta beaga anuas chun corparáidí árachais a chur san áireamh agus tacaíonn sé leis an BERS agus le feidhmeanna maoirseachta BCE.

Rud lárnach a bhaineann leis an leathnú seo is ea forbairt foinsí nua sonraí mionsonraithe a éascaíonn fás aschur staidrimh ar bhealach atá éifeachtúil agus cost-éifeachtach. Ina theannta sin, ceadaíonn foinsí sonraí mionsonraithe anailís ghasta sholúbtha nach mbeadh indéanta faoi na bailiúcháin thraidisiúnta chomhiomlánaithe. Gné thábhachtach den straitéis seo is ea forbairt AnaCredit, ar bunachar sonraí mionsonraithe é ina bhfuil faisnéis faoi chreidmheas agus faoi riosca creidmheasa maidir le hiasachtaí bainc ar leithligh le corparáidí agus le heintitis dhlíthiúla. D'oibrigh an Banc Ceannais go forleathan le bainc tuairiscithe chun sainiú a dhéanamh ar riachtanais agus ar shainiú sonraí a bheadh le tuairisciú den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2018. Bhí an Banc Ceannais i measc na gcéad BCN-anna a tharchuir sonraí chuig BCE agus tá an próiseas rialta bailithe mhíosúil ar siúl.

Baineann leathnú na bhfoinsí sonraí mionsonraithe le sealúchais urrús freisin. Rinneadh leathnú ar thuairisciú ar bhonn 'urrús-go-hurrús' sa bhliain 2018 agus áiríonn sé gach grúpa baincéireachta a bhfuil maoirseacht á déanamh ag BCE orthu. Tá an obair sin á déanamh i gcomhthráth le bearta chun feabhas a chur ar chlúdach agus ar chruinneas an Bhunachair Lárnaithe Urrús (CSDB).

Tá ullmhúcháin ar siúl chun sonraí nua a bhailiú maidir leis an earnáil cistí pinsin faoi Rialachán nua BCE BCE/2018/231. Mar thoradh ar struchtúr uathúil earnáil chiste pinsean na hÉireann beidh an tionscadal seo ina thionscadal dúshlánach don Bhanc Ceannais agus don tionscal. Den chéad uair, tabharfaidh na sonraí a bheidh ann léargais mhionsonraithe ar an earnáil phinsean atá i measc na sócmhainní airgeadais is mó dá bhfuil ag baint leis an earnáil teaghlaigh. Baileofar na chéad sonraí i Ráithe 4, 2019.

Glacann baill foirne de chuid an Bhainc Ceannais páirt in obair na gcoistí agus na ngrúpaí staidrimh a bhfuil freagracht acu i ndáil leis na creataí staidrimh a fhorbairt agus a fheabhsú, ar leibhéal CEBC agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile. I measc na bhforbairtí móra a bhí ann sa

bhliain 2018 áirítear leasú a dhéanamh ar Threoirlíne BCE ar staitisticí seachtracha agus ar Threoirlíne BCE ar staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais. Mar thoradh ar na Treoirlínte leasaithe déanfar an comhardú íocaíochtaí agus na cuntais earnála a chomhtháthú tuilleadh agus tabharfar isteach coigeartuithe le haghaidh díol agus urrúsú iasachtaí.

Tá an Banc Ceannais tar éis ról gníomhach a bheith aige i ndáil le forbairt leanúnach Creata Tuairiscithe Chomhtháite (IReF) do bhainc. Is é is aidhm dó sin ná creat tuairiscithe aonair a fhorbairt do bhainc ar ceart é a fhreastalóidh ar riachtanais uile CEBC maidir le sonraí. Nuair a chuirfear i bhfeidhm é sruthlíneoidh agus simpleoidh IReF an tuairisciú chuig BCN-anna ar fud limistéar an euro agus, dá bhrí sin, laghdófar an t-ualach tuairiscithe ar an tionscal agus feabhsófar an chomhsheasmhacht d'úsáideoirí.

## Beartas an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus Saincheisteanna maidir le Rannpháirteachas i gComhlachtaí Eile

Sealbhaíonn an Gobharnóir post mar Ghobharnóir Malartach ar son na hÉireann ar Bhord Gobharnóirí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Mar chuid den ról sin, d'fhreastail sé ar Chruinniú Earraigh agus ar Chruinniú Bliantúil Ghrúpa CAI/an Bhainc Dhomhanda a tionóladh in Washington i mí Aibreáin agus i mBali i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Le linn na gCruinnithe Earraigh bhí an plé dírithe ar athruithe ar ghníomhaíocht mhonarúcháin dhomhanda agus, chomh maith leis sin, bhí sé dírithe ar fhorbairtí san fhórsa saothair lena n-áirítear táirgeacht agus iarmhairtí teicneolaíochta i dtíortha éagsúla agus na nithe a spreagann iad. Díríodh freisin ar dhálaí airgeadais agus ar chobhsaíocht mhacra-airgeadais i réimse cháilíocht chreidmheasa trasearnála. Bhí clár oibre mhí Dheireadh Fómhair bainteach le cothrom deich mbliana na Géarchéime Airgeadais Domhanda. Phléigh na gobharnóirí athléimneacht an chórais airgeadais dhomhanda i gcomhthéacs leathnú eacnamaíochta domhanda de chineál níos éagothroime agus tuilleadh rioscaí diúltacha a bheith ann lena n-áirítear ardleibhéil fiachais, luachálacha sócmhainní róshínte agus teannais trádála.

## Gníomhaíochtaí agus Caidreamh Idirnáisiúnta Eile

Lean an Banc Ceannais de bheith ag rannchuidiú le hobair Choiste BCE um Chaidreamh Idirnáisiúnta (IRC). Is fóram ardleibhéil é seo ina malartaítear tuairimí maidir le nithe comhleasa i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta e.g. saincheisteanna G20/CAI, an t-ionchas maidir leis an ngeilleagar domhanda, impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe

as an Aontas Eorpach, an córas airgeadais domhanda agus rioscaí a bhaineann leis an margadh airgeadais domhanda. Tá freagracht ar an gCoiste i ndáil le hullmhú sheasamh CEBC i leith comhaontuithe idirnáisiúnta faoi nithe a bhaineann leis an gcóras airgeadaíochta nó malairte eachtraí a chaibidliú agus a thabhairt chun críche.

Leanadh den teagmháil le hinstitiúidí idirnáisiúnta amhail an CAI agus an Banc Domhanda agus, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, chuidigh an Banc Ceannais le seasamh náisiúnta na hÉireann a fhoirmliú maidir le beartas CAI agus maidir le rannpháirteachas i gcomhlachtaí eile. Chomhlíon an Banc Ceannais a chuid oibleagáidí Faireacháin agus Faireachais Iar-Chláir (PPS) i leith chomhpháirtithe maoiniúcháin AE, lena n-áirítear dhá mhisean athbhreithnithe PPS.

D'óstáil an Banc Ceannais an t-ochtú léacht Whitaker i Meán Fómhair, ar léacht é a thug Gobharnóir Bhanc Shasana, Mark Carney. D'eagraigh an Banc Ceannais, an CAI agus Athbhreithniú Eacnamaíochta an CAI comhdháil chomhpháirteach dar teideal "The Euro at 20" i Meitheamh 2018 agus ar fhreastail Stiúrthóir Bainistíochta an CAI, Christine Lagarde, uirthi. Thug Klaus Regling, Stiúrthóir Bainistíochta an tSásra Eorpaigh Cobhsaíochta (SEC) óráid sa Bhanc Ceannais ar an 9 Bealtaine 2018 chun Lá na hEorpa a cheiliúradh. D'fhreastail grúpa mac léinn as meánscoil de chuid Bhaile Átha Cliath ar an óráid sin agus phléigh siad na dúshláin a bheidh ann don Eoraip amach anseo leis an Stiúrthóir Bainistíochta agus leis an nGobharnóir. Thug iar-Ghobharnóir Bhanc Ceannais na Cróite, an Dr Marko Škreb, léacht Ante Čičin-Šain i mBanc Ceannais na hÉireann i mBealtaine 2018. Ina theannta sin, chomhóstáil an Banc Ceannais Ceardlann BCE ar Aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (AEA) Ag Éirí Níos Tréine agus bhí ionadaithe de chuid BCN-anna limistéar an euro i láthar ag an gceardlann sin.

## Réiteach agus Bainistíocht Ghéarchéime

*Is é an Banc Ceannais údarás réitigh náisiúnta (ÚRN) na hÉireann agus tá freagracht air i ndáil le hinstitiúidí creidmheasa, ar ghnólachtaí infheistíochta áirithe agus ar chomhair chreidmheasa atá i mbéal cliseadh a réiteach ar mhodh ordúil. Oibríonn sé in éineacht leis an mBord Réitigh Aonair (BRA) i gcomhréir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRA) do na hinstitiúidí creidmheasa a thagann faoi chúram BRA. Á aithint go bhféadfadh sé go gclisfidh gnólachtaí rialáilte, féachann an Banc Ceannais lena chinntiú go dtarlaíonn a leithéid ar mhodh ordúil. Mar chuid dá shainordú i leith cobhsaíocht airgeadais a choimirciú, tá ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais freisin maidir le hullmhacht le haghaidh géarchéim airgeadais agus maidir le bainistíocht géarchéime airgeadais, agus é ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus le GBCN.*

Tá feidhmeanna an Bhainc Ceannais, ina cháil mar ÚRN, scartha go struchtúrach ó réimsí maoirseachta agus ó réimsí feidhmiúla eile an Bhainc Ceannais. Cinntíonn an scaradh struchtúrach sin neamhspleáchas oibríochta agus cinntíonn sé go seachnaítear coimhlintí leasa.

Le linn a fhreagracht a chomhlíonadh i ndáil le creat réiteach an AE a chur i bhfeidhm ar bhonn intíre, d'fhoilsigh an Banc Ceannais an 'Cur Chuige maidir le Réiteach Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta', a bhí beartaithe aige, i mí na Nollag 2018. San fhoilseachán sin, leagadh amach an creat réitigh, agus córas SRA ina n-oibríonn an Banc Ceannais san áireamh; an cur chuige maidir le pleanáil réitigh agus leagan amach 'ceanglas íosta le haghaidh cistí dílse agus dliteanais cháilithe' (CÍDC); agus conas a d'fhéadfadh an Banc Ceannais a chumhachtaí réitigh agus leachtaithe i gcás ina dtarlódh cliseadh. Tríd an tionscnamh sin, tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais leathnú a dhéanamh ar thrédhearcacht i dtaobh conas a fheidhmeoidh sé a chuid príomhroghanna agus conas a chuirfidh sé feabhas ar fheasacht na ngeallsealbhóirí i gcoitinne faoin gcreat réitigh.

Ar an 5 Feabhra 2018 agus ar an 16 Samhain 2018, sheol an Banc Ceannais dhá sheisiún eolais do gheallsealbhóirí sa tionscal, is é sin le rá, seisiúin eolais faoi nithe a bhain le réiteach. Le linn na seisiún sin féachadh le feabhas a chur ar shaincheisteanna áirithe i ndáil le réiteach agus féachadh le léiriú a thabhairt ar thiomantas an Bhainc Ceannais i leith trédhearcachta. Ag an gcéad seisiún eolais don tionscal, leagadh amach creat réitigh an AE, forbairtí rialála a bhí ann le déanaí agus atá le cur i bhfeidhm go gairid, agus cáilíocht sonraí. Rinneadh leathnú ar na téamaí sin ag an dara seisiún eolais don tionscal agus

clúdaíodh tuairisciú agus bailiú sonraí, constaicí ar inréititheacht agus an dul chun cinn i leith tionscnaimh nua a bhaineann le creataí réitigh intíre agus AE.

## An Sásra Réitigh Aonair (SRA)

Tríd an SRA atá ann ó bhí an 1 Eanáir 2016 ann, bunaíodh comhlacht lárnach cinnteoireachta do limistéar an aontais baincéireachta, is é sin, an BRA, chomh maith le socrú maoiniúcháin réitigh, is é sin, an CRA, chun bainistíocht a dhéanamh ar réiteach banc nó grúpaí banc atá i mbéal cliseadh. Oibríonn an BRA in éineacht le ÚRN-anna chun an méid sin a bhaint amach.

Sa bhliain 2018, rinne an BRA tuilleadh forbartha ar a bheartais maidir le CÍDC a leagan síos. Ina theannta sin, d'fhoilsigh sé páipéar seasaimh ar an 15 Samhain 2018 inar leag sé amach a chuid ionchas i ndáil le hinréititheacht banc i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Tharraing an BRA aird, interalia, ar an riosca go bhféadfadh ionstraimí fiachais CÍDC atá á rialú le dlí Shasana scor de bheith cáilithe i gcomhair CÍDC tar éis Brexit agus ar na bearta cuí ar ceart do ghnólachtaí rialáilte iad a dhéanamh i dtaca leis an ábhar sin.

Bhí ról ag an mBanc Ceannais i ndáil le creat réitigh an AE a bhí ag teacht chun cinn a chruthú ar fud na bliana 2018, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcoistí agus i ngrúpaí de chuid BRA agus ÚBE. Chuir an Banc Ceannais tacaíocht theicniúil ar fáil don Roinn Airgeadais freisin le linn caibidlíochtaí ar leibhéal AE, amhail caibidlíochtaí faoin bpacáiste reachtaíochta lenar leasaíodh gnéithe de TTRB agus den Rialachán maidir le Sásra Réitigh Aonair (RSRA), ar a dtugtar an pacáiste 'bearta laghdaithe riosca' agus caibidlíochtaí faoi 'cúlstop comhchoiteann' don CRA.

## Pleanáil Réitigh

Athbhreithnítear pleananna réitigh ar bhonn bliantúil ar a laghad chun a chinntiú go mbíonn siad cothrom le dáta i gcónaí. Mar chuid den phróiseas pleanála réitigh, ceanglaítear ar údaráis réitigh measúnacht inréititheachta a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil aon chonstaicí ar fheidhmiú na straitéise roghnaithe réitigh. I gcás ina sainaithnítear constaicí, ceanglófar ar na gnólachtaí rialáilte aghaidh a thabhairt ar na constaicí sin nó deireadh a chur leo. Leagtar CÍDC síos freisin le linn pleanáil réitigh a dhéanamh.

Sa bhliain 2018, dhírigh an Banc Ceannais ar phleananna réitigh a uasdátú agus a chur ar aghaidh agus d'áirigh sé sin cinntí CÍDC a chur ar bhonn foirmiúil i gcás gnólachtaí a thagann faoi réim TTRB (féach Bosca

16 anseo thíos chun tuilleadh mionsonraí a fháil). D'oibrigh an Banc Ceannais le gnólachtaí freisin maidir le feabhas a chur ar leanúnachas oibríochtúil le linn réitigh. Bhí tionchar ionchasach tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ina chuid thábhachtach de phleanáil réitigh sa bhliain 2018, lena n-áirítear le linn iarratais ar údarúchán nua a mheas.

## Bosca 16: Ceanglais Íosta le haghaidh Dliteanais Cháilithe

Le TTRB, ceanglaítear ar institiúidí CÍDC a chomhlíonadh ionas gur féidir leis an institiúid, i gcás ina dtarlóidh réiteach, déileáil le caillteanais agus a staid caipitil a athbhunú, rud a ligfidh don institiúid a feidhmeanna criticiúla a chomhlíonadh le linn teagmhas réitigh agus tar éis teagmhas réitigh.

Ríomhtar CÍDC ar bhonn institiúid-sonrach atá bunaithe ar an straitéis réitigh a chinntear maidir leis an institiúid lena mbaineann. Má chinntear, maidir le hinstitiúid, 'go bhfuil sí ag cliseadh nó gur dóigh go gclisfidh sí', agus má chomhlíontar na critéir maidir le réiteach, is ceart go n-iompródh a CÍDC caillteanais (méid insúite caillteanais) agus go soláthródh sí caipiteal nua (méid athchaipitlithe) don institiúid nó d'eintiteas comharbachta, agus sin ag brath ar an straitéis réitigh.

Éascaíonn CÍDC úsáid a bhaint as an uirlis réitigh tarrthála inmheánaí; tá sé sin ceaptha chun a chinntiú nach iad infheisteoirí na hinstitiúidí a iompróidh an costas a ghabhann le cliseadh institiúide agus is ceart go laghdódh sé an gá le tacaíocht Stáit. D'fhéadfadh ionstraimí atá cáilithe i leith CÍDC a bheith i bhfoirm dliteanais chaipitil nó dliteanais cháilithe eile, lena n-áirítear ionstraimí fiachais ar féidir iad a thiontú go caipiteal i gcás ina dtarlaíonn réiteach.

Sa bhliain 2018, cinneadh riachtanais CÍDC do na bainc Éireannacha agus do na gnólachtaí infheistíochta Éireannacha lena mbaineann. Rinne an BRA, ar a bhfuil freagracht i ndáil le CÍDC a chinneadh i leith institiúidí suntasacha na hÉireann, spriocanna CÍDC a leagan síos do na bainc a thagann faoina chúram. Ó tharla gur riachtanas nua é CÍDC, agus gur gá ionstraimí nua fiachais a eisiúint ina leith i gcuid mhór cásanna, chuir BRA idirthréimhsí gnólacht-sonracha san áireamh chun am a thabhairt do bhainc déileáil le haon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann.

### Inréititheacht Institiúidí Creidmheasa agus Gnólachtaí Infheistíochta

Sa bhliain 2018, rinne an Banc Ceannais, i gcomhar leis an mBord Réitigh Aonair i leith bainc/grúpaí suntasacha, pleananna réitigh a fhorbairt tuilleadh do na bainc cheadúnaithe go léir de chuid na hÉireann. De bhreis ar spriocanna CÍDC a chur ar bhonn foirmiúil le haghaidh bainc mhiondíola intíre, bhí béim ar fheabhsú leanúnachais oibríochtúla i dtaca le réiteach agus pleanáil i ndáil le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach , ó thaobh cúrsaí réitigh de.

Sa bhliain 2018, rinne an Banc Ceannais, i gcomhar leis an mBord Réitigh Aonair i leith bainc/grúpaí suntasacha, pleananna réitigh a fhorbairt tuilleadh do na bainc cheadúnaithe go léir de chuid na hÉireann.

Chun a chinntiú gur féidir bearta réitigh a fhorghníomhú go héifeachtach, tá gá le dlúthchomhar idir an t-údarás réitigh freagrach agus na húdaráis iomchuí eile. Chun cinnteoireacht maidir le hinstitiúidí trasteorann a éascú, déanann TTRB socrú maidir le fóraim ar a dtugtar 'coláistí réitigh', ar fóraim iad ina mbeadh údaráis iomchuí in ann a dtuairimí faoi nithe a bhaineann leis réiteach na hinstitiúide iomchuí a chomhroinnt. Ghlac an Banc Ceannais páirt i ngach coláiste réitigh a bhain le bainc Éireannacha sa bhliain 2018.

I bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, tá athrú ar leith tagtha ar thimpeallacht earnáil airgeadais na hÉireann sa mhéid go bhfuil iontrálaithe nua ann sa mhargadh agus go bhfuil leathnú mór déanta ar roinnt gnólachtaí. Ina cháil mar ÚRN, tá an Banc Ceannais ag ullmhú go gníomhach le haghaidh na n-athruithe sin agus tá réamh-mheasúnachtaí réitigh déanta agus tá ullmhúcháin déanta chun pleanáil réitigh a chur chun cinn i ndáil le gnólachtaí nua nó i ndáil le gnólachtaí leathnaithe.

Ina cháil mar ÚRN, rinne an Banc Ceannais pleananna réitigh a fhorbairt agus a uasdátú tuilleadh i rith na bliana 2018 le haghaidh gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann TTRB. De réir mar is amhlaidh i gcás pleananna réitigh do na bainc atá údaraithe in Éirinn, baineann an próiseas le forbairt a dhéanamh ar an straitéis réitigh is fearr a oireann do na gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Mar chuid den phróiseas pleanála réitigh, ceanglaítear ar údaráis réitigh measúnacht bhliantúil inréititheachta a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil aon chonstaicí ar fheidhmiú na straitéise roghnaithe réitigh.

### Cistí Réitigh

Ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh, ceanglaíodh ar bhainc atá ceadúnaithe in Éirinn ranníocaíochtaí a dhéanamh le CRA atá á bhainistiú ag an BRA. Maidir le gnólachtaí infheistíochta atá ceadúnaithe in Éirinn agus brainsí Éireannacha de chuid bainc atá údaraithe i ndlínsí neamh-LEE (brainsí tríú tír) a thagann faoi réim TTRB, tá sé de cheangal orthu ranníocaíochtaí a dhéanamh le Ciste Réitigh na mBanc agus na nGnólachtaí Infheistíochta (Ciste RBGI), ar ciste réitigh intíre é a bunaíodh i gcomhréir le TTRB. Cuireadh An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (CRFC) ar bun ar dtús chun foinse maoiniúcháin a sholáthar ar mhaithe le neamhchobhsaíocht airgeadais in institiúid creidmheasa údaraithe a réiteach nó ar mhaithe le bagairt thromchúiseach atá ar tí tarlú in institiúid chreidmheasa údaraithe a réiteach. Ach, ón tráth ar aistríodh bainc chuig an GRA, ní chlúdaíonn CRFC ach réiteach comhar creidmheasa anois.

Maidir le tréimhse ranníocaíochta 2018, tá sé ríofa ag BRA go bhfuil tobhaigh €107.3m iníoctha ag bainc na hÉireann. D'eisigh an Banc Ceannais fógraí tobhaigh, bhailigh sé na ranníocaíochtaí tobhaigh thar ceann an BRA agus d'aistrigh sé na tobhaigh chuig an CRA. Rinne an Banc Ceannais ranníocaíochtaí tobhaigh €6.1m a ríomh agus a bhailiú i leith na n-institiúidí go léir a thagann faoi réim Chiste RBGI le haghaidh thréimhse ranníocaíochta 2018.

Ar an 30 Samhain 2018, tar éis iarraidh a fháil ón Aire Airgeadais, rinne an Banc Ceannais suim €240m d'iasacht €250. a airleacadh roimhe sin chuig CRFC faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Déanfar spriocleibhéal le haghaidh an CRFC a chinneadh i rith na bliana 2019.

### Ullmhacht agus Bainistíocht i leith Géarchéim Airgeadais

Agus leas á bhaint as obair a rinneadh sa bhliain 2017, bunaíodh feidhm nua i rith na bliana 2018 chun comhordú a dhéanamh ar obair an Bhainc Ceannais ar ullmhacht agus ar bhainistíocht maidir le géarchéim airgeadais. I measc thosaíochtaí na bliana 2018, áiríodh socruithe maidir le bainistiú géarchéime chun moltaí ó chleachtadh asamhlaithe cibearionsaí a rinneadh sa bhliain 2017 a chur san áireamh agus cleachtadh eile chun scrúdú a dhéanamh na socruithe uasdátaithe trí úsáid a bhaint as cúinse malartach ina raibh géarchéim airgeadais ann.

## Daoine agus Eolas

*Is eagraíocht eolas-bhunaithe é an Banc Ceannais agus é mar aidhm aige daoine oilte a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, ar daoine comhoibríocha iad a oibreoidh chun sainordú an Bhainc a bhaint amach. Táthar ag leanúint d'fhís an Bhainc Ceannais maidir lena bheith ina áit oibre shásúil, fhorásach don fhoireann a fhorbairt trí chultúr foghlama ar feadh an tsaoil, trí thiomantas i leith éagsúlacht agus uilechuimsitheacht agus trí mholadh maidir le luach fostaithe, Central Life - OneBank, ManyHorizons".*

### Acmhainní a chur ar fáil sa bhliain 2018

Ba thosaíocht í gcónaí é don Bhanc Ceannais ar fud na bliana 2018 daoine ag a raibh scileanna agus taithí iomchuí a earcú. Rinneadh plean straitéiseach fórsa saothair a cheadú sa bhliain 2018 chun tacú le Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais 2019-2021 ina raibh múnla athbhreithnithe maidir le hacmhainní a chur ar fáil agus béim níos mó ar shoghluaisteacht inmheánach do bhaill foirne.

Sa bhliain 2018, bhí 1,927 gcoibhéis lánaimseartha (CLA-anna) ar fostú ag an mBanc Ceannais agus léiríonn an figiúr sin glanmhéadú 189 mball foirne (ar bhonn CLA). I gcomparáid leis an mbliain 2017, tráth a raibh

méadú 139 CLA ann, tháinig méadú 10.8% ar an líon foirne. Líonadh 700 ról san iomlán sa bhliain 2018 i gcomparáid le 620 sa bhliain 2017 agus ba é a bhí sa chóimheas idir earcú inmheánach agus earcú seachtrach ná 48%:52%.

Tháinig méadú an-bheag ar an meánráta athraithe foirne sa Bhanc Ceannais go dtí 6.5% le linn na bliana 2018 i gcomparáid le 6.4% sa bhliain 2017, agus bhí rátaí athraithe foirne níos airde ann i réimsí áirithe, rud a bhí bainteach le scileanna agus cáilíochtaí a bhfuil éileamh mór orthu. Tá an meánráta athraithe foirne fabhrach i gcomparáid le réimse na seirbhísí airgeadais i gcoitinne.

Táthar ag leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar bhranda fostóra an Bhainc Ceannais trí chur chuige pleanáilte i leith poiblíocht agus fógraíocht a dhéanamh agus áiríonn sé sin feachtais earcaíochta spriocdhírithe, béim leantach ar láithreacht ar líne agus, chomh maith leis sin, próifíliú spriocdhírithe sna meáin.

Léiríodh níos mó spéise i gClár Céimithe an Bhainc Ceannais ná mar a rabhthas ag súil leis (iarratasóirí an fhómhair, 2019) den dara bliain i ndiaidh a chéile agus fuarthas ar cuireadh tús leis san Fhómhar 2018) ná mar a bhíothas ag súil leis agus fuarthas os cionn 1,500 iarratas. Tairgeadh níos mó ná 50 post céimí agus glacadh leis na tairiscintí sin.

Tá deiseanna sármhaithe forbartha gairmréime fós ina chuid de luach na bpost a thairgeann an Banc Ceannais dá fhostaithe agus, i rith na bliana, fuair 255 bhall foirne ardú céime agus d'athraigh 81 bhall foirne a róil san eagraíocht. Bhain 39 nduine eile den fhoireann leas as deiseanna iasachtaithe nó sosa gairme agus chuaigh an chuid is mó de na fostaithe iasachtaithe go dtí BCE.

Tagann an Banc Ceannais faoi réim na reachtaíochta a bhaineann le Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail (BÉALP) agus, chomh maith leis sin, tagann sé faoi réim na reachtaíochta a bhaineann le Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, agus leanadh de chiorruithe pá roimhe seo a fhreaschur sa bhliain 2018.

## Baill Foirne a Fhorbairt agus a Choinneáil sa bhliain 2018

### Rannpháirteachas Fostaithe - Ionad Iontach Oibre (GPTW)

Sa bhliain 2017, chuir an Banc Ceannais tús le rannpháirteachas trí bliana trí bhíthin Chlár GPTW. Is é is príomhchuspóir don Chlár ná ionad oibre sásúil a chruthú don fhoireann. Ar bhonn bliantúil, déantar measúnacht ar an mBanc Ceannais trí Iniúchadh Cultúir a dhéanamh agus trí Shuirbhé Innéacs Iontaoibhe a dhéanamh i measc na bhFostaithe. Tríd an Iniúchadh Cultúir déantar scrúdú ar na

príomhbheartais agus ar na príomhchleachtais i leith le daoine e.g. cothromaíocht oibre is saoil. De réir an chuid sin den mheasúnacht cinneadh go n-éiríonn go maith leis an mBanc Ceannais i gcomparáid le heagraíochtaí eile a bhfuil creidiúnú mar 'Ionaid Iontacha Oibre' tugtha dóibh. Ghlac níos mó ná 1,100 fostaí (64% den fhoireann) páirt sa Suirbhé Innéacs Iontaoibhe i measc na bhfostaithe; fuarthas aiseolas dearfach i réimsí amhail foghlaim agus forbairt, agus obair/saol. Chun aghaidh a thabhairt ar phríomhthorthaí an tsuirbhé, agus trí leas a bhaint as eolas a bhí faighte ó GPTW, tugadh tús áite do roinnt réimsí amhail na cinn seo a leanas: athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an Bhainc; Plean Straitéiseach 2019-2021 a fhorbairt; agus Líonra Ceannaireachta an Bhainc Ceannais a chumhachtú.

I mí na Samhna 2018, chuir an Banc Ceannais tús leis an dara bliain de rannpháirtíocht i gClár GPTW. Bainfear úsáid as torthaí na measúnachta le linn déileáil le príomhréimsí tosaíochta an Bhainc Ceannais sa bhliain 2019.

## Leas na bhFostaithe

Sa bhliain 2018, is ar mheabhairshláinte a díríodh aird an Bhainc Ceannais a mhéid a bhain le Sláinte agus Leas. I gcomhpháirtíocht le *SeeChange* ghlac an Banc Ceannais clár sé chéim san ionad oibre atá forbartha ag an eagraíocht sin. Síníodh gealltanas *SeeChange* i mí Dheireadh Fómhair agus is ionann sin is a rá go n-aithnítear an Banc Ceannais mar fhostóir ina bhfuil cultúr oscailte i leith meabhairshláinte san ionad oibre agus go n-oibríonn sé chun laghdú a dhéanamh ar an stiogma a bhaineann le fadhbanna meabhairshláinte. Gnóthaíodh *IBEC KeepWellMark* freisin sa bhliain 2018, rud a léiríonn tiomantas an Bhainc Ceannais i leith tacú le leas fostaithe.

## Forbairt na Foirne sa bhliain 2018

Lainseáladh Clár nua Forbartha Ceannaireachta - *OneBankLeadership* - i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus cuirfear i bhfeidhm ar fud na heagraíochta é sa bhliain 2019.

Cuireadh Bonn-Chlár Curaclaim Theicniúil *OneBank* ar fáil do níos mó ná 330 ball foirne sa bhliain 2018. Tacaíodh le 469 bhfostaí san iomlán maidir le cúrsaí breisoideachais a dhéanamh trí bhíthin Scéim Oiliúna Acadúla agus Gairmiúla an Bhainc Ceannais agus, ar an meán, bhain gach fostaí leas as aon lá oiliúna amháin i leith scileanna gairmiúla.

## Cód Eitice

Tá sé de cheangal ar gach ball foirne cloí leis na prionsabail agus leis caighdeáin atá leagtha amach i gCód Eitice an Bhainc Ceannais.

Uasdátaíodh an Cód Eitice reatha sa bhliain 2018 agus tá sé bunaithe ar theoirlínte a d'eisigh an BCE chuig gach BCN de chuid an Eurochórais. De réir mar ab amhlaidh le linn blianta roimhe seo, rinneadh modúl éigeantach nua a fhorbairt i rith na bliana 2018. Tríd an modúl nua sin, féachadh le feasacht a neartú i measc na foirne maidir lena gcuid oibleagáidí sonracha i dtaca le heitic agus iompar, amhail coimhlintí leasa a sheachaint agus éagóiritheoireacht a thuairisciú. Rinneadh an Beartas maidir le Aíocht Ghnó agus Bronntanas a Fháil a uasdátú i rith na bliana 2018 freisin.

### Cosaint Sonraí

Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) sa bhliain 2018, lean an Banc Ceannais de bhearta a chur i bhfeidhm d'fhonn a ullmhacht maidir le comhlíonadh a oibleagáidí a chinntiú trí bhíthin Thionscadal Ullmhachta i leith RGCS. Cuireadh an obair maidir leis an tionscadal sin i gcrích i mí na Nollag 2018 tar éis raon leathan cumasóirí tábhachtacha a sholáthar chun ligean don Bhanc Ceannais comhlíonadh RGCS a bhaint amach de réir a chéile agus an comhlíonadh sin a choimeád ar bun. Cé gur éirigh leis an tionscadal formhór na dtorthaí insoláthartha a bhí beartaithe a bhaint amach, meastar go mbeidh gá le tuilleadh oibre i rith le bliana 2019 chun múnla oibriúcháin athbhreithnithe cosanta sonraí an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm go hiomlán.

# Bainistíocht Punainne Infheistíochta

*Trí straitéis infheistíochta an Bhainc Ceannais, táthar ag iarraidh, maidir lena shócmhainní infheistíochta agus maidir lena scair de phunanna chúlchistí eachtracha dílse BCE a bhainistítear ar bhonn gníomhaireachta, an fáltas fadtéarmach riosca-choigeartaithe uathu sin a bharrfheabhsú.*

Déantar punann infheistíochta an Bhainc Ceannais a bhainistiú i gcomhréir le paraiméadair atá ceadaithe ag Coimisiún an Bhainc Ceannais, agus coimeádtar na paraiméadair sin faoi athbhreithniú rialta. Tá barrfheabhsú an fáltas ó shócmhainní infheistíochta de réir paraiméadair riosca chomhaontaithe ina ghné thábhachtach de chumas an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas airgeadais a choimeád ar bun. Cuimsíonn an phunann urrúis a shealbhaítear ar bhonn marcáil-go-margadh (MTM) agus ar bhonn sealbhú-go-aibíocht (HTM) araon. Tá tuilleamh agus fáltais bunaithe ar an ioncam iomlán a ghintear ó na sócmhainní agus tá na luachanna i dTábla 3 bunaithe ar mhargadhluach na sócmhainní go léir ag deireadh na bliana.

Ag deireadh na bliana 2018, bhí chuimsigh an phunann infheistíochta sócmhainní arbh ionann a luach agus €19.1bn, lena n-áirítear leithroinnt choibhéis €1.2bn chuig punanna in ainmníochtaí airgeadra coigríche (dollar na Stát Aontaithe, dollar na hAstráile agus renminbi na Síne) ar mhaithe le héagsúlú Léiríonn an figiúr sin méadú €0.1bn i gcomparáid le luach na punainne ag deireadh na bliana 2017 (€19bn). Ina theannta sin, tagann méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoi Chomhaontú an Eurochórais ar Ghlansócmhainní Airgeadais (CEGA). Ach ní raibh na hoibleagáidí sin bainteach le haon athruithe sa bhliain 2018. Is é atá i CEGA ná comhaontú idir BCN-anna limistéar an euro agus an BCE agus leagtar amach ann rialacha agus teorainneacha le haghaidh sealúchais sócmhainní airgeadais a bhaineann le cúraimí náisiúnta na BCNanna. Ag deireadh na bliana 2018, ba é a bhí i nglansócmhainní airgeadais (GSA-anna) an Bhainc faoi CEGA ná €5.69bn[23]. Tá comhchodanna staid GSA an Bhainc Ceannais leagtha amach i dTábla 3. De bhreis air sin, foilsíonn BCE sonraí bliantúla meán-GSA i ndáil le gach BCN ar leith ar a láithreán gréasáin i rith na chéad ráithe de gach bliain.

---

[23] Chun tuilleadh mionsonraí faoi Chomhaontú an Eurochórais ar Ghlansócmhainní Airgeadais, féach láithreán gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.en.html

B'ionann an tuilleamh iomlán ó phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais sa bhliain 2018 agus €261.8m i gcomparáid le €272.5m sa bhliain 2017.

## *Tábla 3: Clár Comhardaithe Bhanc Ceannais na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2018*

### Sócmhainní

| Ítim | Tuairisc | Méid |
|---|---|---|
| **A1** | **Ór agus infháltais óir** | **216,947** |
| **A2** | **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh de limistéar an euro** | **4,370,065** |
| **A3** | **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí laistigh de limistéar an euro** | **31** |
| **A4** | **Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh de limistéar an euro** | **4,217,836** |
| **A5** | **Iasachtóireacht in euro d'institiúidí creidmheasa i limistéar an euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta** | **3,023,000** |
| A5.1 | Príomhoibríochtaíathmhaoinithe | 0 |
| A5.2 | Oibríochtaí athmhaoinithe de chineál níos fadtéarmaí | 3,023,000 |
| A5.3 | Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais | 0 |
| A5.4 | Oibríochtaí struchtúracha droim ar ais | 0 |
| A5.5 | Saoráid Iasachta Imeallaí | 0 |
| A5.6 | Creidmheasanna a bhaineann le glaonna corrlaigh | 0 |
| **A6** | **Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa i limistéar an euro** | **1,780,144** |
| **A7** | **Urrúis cónaitheoirí laistigh de limistéar an euro in euro** | **67,739,504** |
| A7.1 | Urrúis a shealbhaítear chun críocha beartas airgeadaíochta | 36,601,922 |
| A7.1.1 | Clár Ceannaigh na mBannaí faoi Chumhdach | 0 |
| A7.1.2 | Clár na Margaí Urrús | 1,634,173 |
| A7.1.3 | Clár Ceannaigh na mBannaí faoi Chumhdach 2 | 0 |
| A7.1.4 | Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach | 0 |
| A7.1.5 | Clár Ceannaigh na mBannaí faoi Chumhdach 3 | 4,094,636 |
| A7.1.6 | Clár Ceannaigh USB | 0 |
| A7.1.7 | Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Urrúis Rialtais | 25,514,484 |
| A7.1.8 | Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Urrúis Fornáisiúnta | 5,358,629 |
| A7.1.9 | Ionstraim chúntach 9 | 0 |
| A7.2 | Urrúis eile cónaitheoirí laistigh de limistéar an euro in euro | 31,137,582 |
| **A8** | **Fiachas ginearálta rialtais in euro** | **0** |
| **A9** | **Éilimh laistigh den Eurochóras** | **15,188,485** |
| A9.1 | Leas rannpháirteachais sa BCE | 199,021 |
| A9.2 | Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 672,638 |
| A9.3 | Éilimh a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais BCE | 0 |
| A9.4 | Éilimh a bhaineann le TARGET agus cuntais chomhfhreagracha (glan) | 14,290,401 |
| A9.5 | Éilimh eile laistigh den Eurochóras | 26,425 |
| **A10** | **Ítimí atá á socrú** | **0** |
| **A11** | **Sócmhainní eile** | **1,302,238** |
| **A999** | **Sócmhainní Iomlána** | **97,838,250** |

### Dliteanais

| Ítim | Tuairisc | Méid |
|---|---|---|
| **L1** | **Nótaí bainc i gcúrsaíocht** | **18,676,303** |
| L1.1 | Nótaí bainc euro | 18,676,303 |
| L1.2 | Nótaí bainc in airgeadraí náisiúnta limistéar an euro | 0 |
| **L2** | **Dliteanais in euro d'institiúidí creidmheasa i limistéar an euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta** | **22,800,553** |
| L2.1 | Taiscí Cúlchiste Íosta | 13,135,671 |
| L2.2 | Taiscí thar oíche | 9,664,882 |
| L2.3 | Taiscí téarma sheasta | 0 |
| L2.4 | Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais | 0 |
| L2.5 | Taiscí a bhaineann le glaonna corrlaigh | 0 |
| **L3** | **Dliteanais eile in euro ar institiúidí creidmheasa i limistéar an euro** | **719,471** |
| **L4** | **Deimhnithe fiachais a eisíodh** | **0** |
| **L5** | **Dliteanais in euro ar chónaitheoirí eile lasmuigh de limistéar an euro** | **19,347,068** |
| **L6** | **Dliteanais cónaitheoirí lasmuigh de limistéar an euro in euro** | **2,085,319** |
| **L7** | **Dliteanais in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí laistigh de limistéar an euro** | **0** |
| **L8** | **Dliteanais in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh de limistéar an euro** | **0** |
| **L9** | **Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithroinnt ag an CAI** | **942,453** |
| **L10** | **Dliteanais laistigh den Eurochóras (glan)** | **18,247,585** |
| L10.1 | Dliteanais atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 0 |
| L10.2 | Dliteanais a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais BCE | 0 |
| L10.3 | Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan) | 0 |
| L10.4 | Dliteanais a bhaineann le leithroinnt nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras | 18,247,585 |
| **L11** | **Ítimí atá á socrú** | **0** |
| **L12** | **Dliteanais eile** | **3,075,294** |
| **L13** | **Soláthairtí** | **808,102** |
| **L14** | **Cuntais athluachála** | **6,385,177** |
| **L15** | **Caipiteal agus cúlchistí** | **4,750,925** |
| **L999** | **Dliteanais Iomlána** | **97,838,250** |

**Gach figiúr in EUR'000-anna**

**Nótaí:**

1) Déantar Glansócmhainní Airgeadais (GSA-anna) a ríomh mar A1+A2+A3+A4+A5.6+A6+A7.2+A8+A9.1+A9.2+A9.3+A10+A11-L1.2-L2.5-L3-L5-L6-L7-L8-L9-L10.1-L10.2-L11-L12-L13-L14-L15 arna gcoigeartú i leith oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach (a bhí comhionann le nialas amhail ar an 31 Nollaig 2018). Tá na hítimí sin aibhsithe i ndath glas sa tábla.

2) Freagraíonn na figiúirí go léir do na cinn sin a thuairiscítear sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

3) Is ionann "Dliteanais eile" agus suim "Dliteanais Eile" (€2,714,775) & "Dliteanais Aoisliúntais" (€364,251) arna dtuairisciú ar an gClár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

## Bosca 17:Méadú ar an Sholáthar i leith Rioscaí Ginearálta i gCuntais Bhliantúla 2018

Le blianta beaga anuas tá bearta spriocdhírithe curtha i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais agus é mar chuspóir acu athléimneacht a chláir comhardaithe a neartú agus a neamhspleáchas airgeadais a choimirciú. Léiríonn na bearta sin cur chuige stuama i leith leochaileacht mhéadaithe i ndáil le teacht faoi lé rioscaí sonracha airgeadais a tháinig chun solais le linn don Bhanc Ceannais a shainordú maidir le beartas airgeadaíochta a chur i bhfeidhm. Mar chuid de na bearta sin, agus i gcomhréir le Treoirlínte Cuntasaíochta CEBC, thug an Banc Ceannais isteach soláthar i leith rioscaí ginearálta sa bhliain 2106 faoin gcatagóir "rioscaí i leith an ráta malairte coigríche, an ráta úis, cúrsaí creidmheasa agus phraghas an óir".

Chuir an Banc Ceannais an soláthar sin i leith rioscaí ginearálta ar leataobh chun aon chaillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr éifeacht dhinimicií an ráta úis ar shócmhainní agus ar dhliteanais ina chlár comhardaithe a chlúdach. Maidir leis an leochaileacht i leith teacht faoi lé riosca a bhaineann leis an ráta úis, éiríonn sé as na ceannacháin mhórscála sócmhainní a rinne an tEurochóras faoina CCS ó bhí an bhliain 2015 ann. Le linn pháirt a ghlacadh i CCS, cheannaigh an Banc Ceannais raon bannaí earnála poiblí agus bannaí flaithiúnais ar rátaí seasta agus bhain torthaí ísle nó torthaí diúltacha le cuid mhór acu. Trí na sócmhainní sin a choimeád thar thréimhse ama, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh neamhréireachtaí ráta úis ann ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Is é is brí le neamhréireachtaí ráta úis ná go bhfanfaidh an t-ioncam úis ó shócmhainní CCS (a shealbhaítear ar chostas amúchta gan athrú tríd is tríd nó ag leibhéil ísle nó ag leibhéil dhiúltacha fiú agus, má thagann méadú ar ráta úis tiocfaidh méadú ar an gcostas a bhaineann le dliteanais an Bhainc Ceannais. D'fhéadfadh an neamhréireacht sin idir ioncam ó na sócmhainní agus costais dliteanas a bheith ina cúis le glanchaillteanais don Bhanc Ceannais, go háirithe i gcás ina dtiocfadh méadú ar rátaí úis go han-ghasta.

Sa bhliain 2018, cuireadh soláthar €750m ar leataobh i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais chun maolú stuama a dhéanamh i gcoinne an riosca seo i leith rátaí úis. Léiríonn an méid sin €250m breise i gcomparáid leis an soláthar a bhí ann don riosca céanna sa bhliain 2017. Spreagadh an méadú ar an soláthar go príomha mar thoradh ar an leochaileacht mhéadaithe a éiríonn as ceannacháin sócmhainní a rinneadh i rith na bliana 2018 faoin CCS. Rinneadh na ceannacháin

bhreise sin mar thoradh ar mhéadú ar dhliteanais an Bhainc Ceannais, rud a mhéadaigh an leochaileacht i leith neamhréireacht ráta úis ar an gclár comhardaithe. Agus sinn ag breathnú ar an am atá le teacht, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais atá ann don Bhanc Ceannais agus, ag an am céanna, leanfaidh scála na leochaileachta i leith an riosca ráta úis de bheith an-íogair i gcomhthéacs threo na rátaí úis amach anseo, i gcomhthéacs aon mhéadaithe ionchasaigh eile ar ghlansealúchais sócmhainní an Bhainc Ceannais agus i gcomhthéacs forbairtí eile sa mhargadh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an neamhréireacht ráta úis agus maidir le soláthar an Bhainc i leith rioscaí ginearálta, féach "Non-standard Monetary Policy Measures and the Balance Sheets of Eurosystem Central Banks" le Donnery et al[24].

## Sócmhainní a Fuarthas mar chuid de Leachtú CÉRB

I rith na bliana 2018, tháinig laghdú ar shealúchais sócmhainní an Bhainc Ceannais a fuarthas mar chuid de leachtú CÉRB, dá ngairtear an Phunann Speisialta, agus, faoi dheireadh na bliana, suim €11.5bn (ainmniúil) a bhí ann. Léirigh an laghdú sin ceannach luach €2.5bn de Nóta Ráta Chomhlúthaigh na hÉireann (NRC) 2047 agus luach €1.5bn de NRC na hÉireann 2049 (méideanna ainmniúla ar fad) ag GBCN.

## Cúlchistí BCE

Ag deireadh na bliana 2018, b'ionann cúlchistí BCE agus coibhéis €69.6bn (margadhluach). Déanann gach BCN bainistíocht ar chion de chúlchistí malairte coigríche BCE i gcomhréir lena scair scála caipitil. Tar éis iarraidh a fháil ó Bhanc Ceannais Mhálta, chomh maith lena scair féin a bhainistiú, tá bainistíocht á dhéanamh ag an mBanc Ceannais freisin, ó bhí an 1 Eanáir 2008 ann, ar scair Mhálta de chúlchistí dhollair na Stát Aontaithe. Ag deireadh na bliana 2018, b'ionann cúlchistí BCE a bhí á mbainistiú ag an mBanc Ceannais agus coibhéis €875.6m (margadhluach), méid atá i gcomhréir le sealúchais scála caipitil an dá thír sa BCE.

---

[24] Donnery, S., Doran, D., Gleeson, R. & Carroll, K. (2017). 'Non-standard Monetary Policy Measures and the Balance Sheets of Eurosystem Central Banks'. Quarterly Bulletin 03, Central Bank of Ireland.

# Faisnéis agus Acmhainní

*Le linn a shainordú a chomhlíonadh, is croí-inniúlacht don Bhanc Ceannais é anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis. Le linn dó a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh, ní mór don Bhanc Ceannais aghaidh a thabhairt ar raon rioscaí éagsúla a choinnítear laistigh de lamháltais shainithe trí chreataí agus trí mhodheolaíochtaí bainistíochta riosca. Déantar bealaí feabhsaithe oibre, comhoibrithe agus éifeachtúlachta a éascú don fhoireann freisin.*

## Straitéis maidir le Sonraí

Ceann de phríomhchuspóirí eagraíochtúla an Bhainc Ceannais is ea réiteach éifeachtach bainistíochta sonraí a bheith aige ar réiteach é a fhreastalaíonn ar riachtanais reatha an Bhainc Ceannais agus ar a chuid riachtanas sa todhchaí. Leanadh den obair faoin Chlár na Straitéise maidir le Sonraí (ar a dtugtar an Clár Aontachta) chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcuspóir sin agus áirítear an méid seo a leanas i measc na nithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018:

- An Creat i leith Rialachas Máistirshonraí lena sainaithnítear úinéirí sonraí agus lena mbunaítear próisis chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach ar shonraí tábhachtacha rialála.
- Codanna de AnaCredit, is é sin, córas Eorpach do chontrapháirtithe, trí úsáid a bhaint as acmhainneachtaí Chlár Aontachta i leith Bainistíocht Máistirshonraí agus Cásanna.
- Rinneadh an chéad chéim den *Enterprise Document Management System* a chur i bhfeidhm go rathúil le haghaidh dhá rannán.

## Forbairtí maidir le Slándáil Faisnéise

Táthar ag leanúint de shlándáil faisnéise eagraíochtúla a fheabhsú d’fhonn rialachas feabhsaithe a chur ar fáil agus d’fhonn leanúint de bhéim a leagan ar na rioscaí atá ann i leith chórais agus shonraí an Bhainc Ceannais.

Sa bhliain 2018, leanadh den Chlár Feasachta ar Shlándáil Faisnéise agus óstáladh seisiúin don fhoireann ar fud na bliana, bhí clár gníomhaíochtaí ann i mí Dheireadh Fómhair (mí feasachta slándála) agus lainseáladh modúl uasdátaithe ríomhfhoghlama.

## Bosca 18: Tionscadail Shuntasacha TF a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018

De bhreis ar Chlár na Straitéise maidir le Sonraí, rinneadh roinnt tionscadal suntasach TF eile a chur i gcrích go rathúil sa bhliain 2018. Áiríodh an méid seo a leanas ina measc:

- Córas na nÚdarúchán Stocmhalartáin (SMX) trína bpróiseáiltear iarratais faoi na treoracha maidir le hIonchais agus Trédhearcacht.
- SWIFT Assurance, trína gcumasófar don Bhanc Ceannais caighdeáin oibriúcháin nua SWIFT a chomhlíonadh. Baineadh cloch mhíle shuntasach amach ag deireadh na bliana 2018 nuair a cinneadh, mar thoradh ar athbhreithniú neamhspleách, go gcomhlíonann an Banc Ceannais go hiomlán na rialuithe GSC go léir is gá faoi SWIFT.
- Córas socraíochta T2S trína ndéanfar barrfheabhsú ar sholáthar socraíochta urrús trasteorann trína chinntiú go bhfuil sé sin comhionann le socraíocht intíre i dtéarmaí costais, próiseáil theicniúil agus éifeachtúlachta, rud a laghdóidh castacht don tionscal.
- Córas réitigh BRA trína n-áiritheofar bailiú tuairisceán dliteanais ó Institiúidí ar bhealach daingean, bainistithe, comhsheasmhach agus i bhformáid chaighdeánach.
- Córas bainistíochta Comhthaobhachta agus Contrapháirtí C2D9 arb é is aidhm dó ná comhchuibhiú a chur i bhfeidhm trí cheanglais nua BCE a chomhlíonadh i leith tuairisciú rialta maidir le comhthaobhacht agus urrúis.
- Uasghrádú ar chóras Tuairiscithe Ar Líne an Bhainc (TAL), is é sin, an t-ardán a úsáideann gnólachtaí rialáilte chun tuarascálacha éigeantacha a chur faoi bhráid an Bhainc Ceannais.
- Feidhmiúlacht Idirbheart ó Mheaisín go Meaisín faoin Rialachán maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFIR), rud a chumasaíonn do ghnólachtaí móra rialáilte tarchur tuairisceán rialála a uathoibriú.

### Bainistíocht Riosca Oibriúcháin

Cothabhálann an Banc Ceannais Creat sainithe Bainistíochta Rioscaí Oibríochtúla (CBRO) chun rioscaí a bhféadfadh tionchar dochrach a bheith acu ar dhaoine, ar phróisis, ar chórais, ar shócmhainní fisiciúla agus ar fhaisnéis a bhaineann le cur i bhfeidhm a ghníomhaíochtaí

forleathana a shainaithint, a mheas, a rialú, a thuairisciú agus a bhainistiú ó lá go lá.

Faoin CBRO, baintear úsáid as múnla cosanta trí líne chun freagracht a leithroinnt i ndáil le bainistíocht rioscaí oibríochtúla ó lá go lá. De réir an mhúnla seo, tá freagracht ar bhainisteoirí chéad líne i ndáil le rialú a dhéanamh ar rioscaí laistigh dá rannáin faoi seach. Gníomhaíonn an Rannán Rioscaí Eagraíochtúla (RRE) mar dhara líne cosanta agus tá freagracht air i ndáil le sainiú na gcreataí agus na mbeartas bainistíochta rioscaí agus i ndáil le tacú le rannáin chun a chinntiú go gcuirtear na creataí agus na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach. Déantar faireachán ar an bpróifíl riosca go tráthrialta i gcomhthéacs thairseacha an Chreata Inghlacthachta Riosca mar at á ceadaithe ag Coimisiúin an Bhainc Ceannais agus déantar feidhmíocht a thuairisciú do choistí formhaoirseachta riosca ar leibhéal feidhmiúcháin agus ar leibhéal an Choimisiúin. Feidhmíonn an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach mar an tríú líne cosanta trí dhearbhú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe a chur ar fáil maidir le héifeachtacht an rialachais, na bainistíochta riosca, agus na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear an chaoi ina mbaineann an chéad líne cosanta agus an dara líne cosanta a gcuid cuspóirí bainistíochta agus rialaithe riosca amach.

I gcomhréir leis na modheolaíochtaí bainistíochta rioscaí, déantar rioscaí fiontraíochta agus rioscaí próisis ar leibhéal rannáin araon a mheas agus sainítear gníomhartha chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí sin a rialú ar mhodh dóthanach. I rith na bliana, lean an Banc Ceannais de chur i bhfeidhm céimnithe múnla fheabhsaithe oibriúcháin le haghaidh bainistíocht rioscaí oibríochtúla. Bhí na feabhsuithe ar an múnla sin dírithe ar clúdach iomlán i leith rioscaí neamhairgeadais a chinntiú agus ar fheabhsú thuiscint an lucht bainistíochta ar an mbaint atá ag rioscaí, rialuithe, teagmhais agus gníomhartha iarmharacha lena chéile. De bhreis ar chothabháil agus ar fheabhsú leanúnach na gcreataí agus na mbeartas bainistíochta rioscaí, rinneadh athbhreithnithe cáilíochta ar mheasúnachtaí chéad líne rioscaí agus rialaithe ar leibhéal rannáin. Rinneadh measúnacht ar rioscaí oibríochtúla agus leagadh amach tosaíochtaí le haghaidh feabhsú ar bhonn a dtionchair fhéideartha agus ar bhonn na dóchúlachta go dtarlóidís. Chomh maith le rioscaí a shainaithint agus a ghrádú, cinntíodh gur tuairiscíodh gach teagmhas inar tháinig riosca oibríochtúil chun solais, gur cuireadh feabhas ar an staid agus, má bhí gá leis, gur maolaíodh an riosca.

I rith na bliana 2018, rinneadh measúnacht shonrach ar na rioscaí féideartha agus ar na himpleachtaí a bheadh ag tarraingt siar na

Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach i leith oibríochtaí an Bhainc Ceannais. Mar thoradh ar an measúnacht, cinneadh go raibh leochaileachtaí i leith rioscaí oibríochtúla bainteach go formhór le méadú ar ualach agus ar chastacht na hoibre sna rannáin lena mbaineann agus, chomh maith leis sin, gur bhain sé leis an ngá le tosaíocht a thabhairt athuair do ghníomhaíochtaí áirithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a éiríonn as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, coimeádann an Banc Ceannais sain-Chreat Bainistíochta Leanúnachais Gnó (CBLG) lena bhféachtar le tionchar féideartha teagmhas suaiteach ar ghnáthoibríochtaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú. I rith na bliana 2018, cuireadh an CBLG i bhfeidhm i gcomhthéacs bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais shuaiteacha lena n-áirítear tionchair teagmhas drochaimsire a bhí bainteach le Stoirm Emma agus Stoirm Ophelia. Tar éis CBLG a chur i bhfeidhm ullmhaíodh Athbhreithnithe Iar-Ghnímh foirmiúla agus rinneadh moltaí maidir le feabhsú chumas an Bhainc Ceannais tuilleadh maidir le bainistíocht teagmhas leanúnachais a chur faoi bhráid coistí rialachais cuí agus tionscnaíodh pleananna i leith feabhsú.

Mar chuid de chothabháil CBLG i rith na bliana 2018, d’éascaigh meitheal dara líne Leanúnachais Gnó an Bhainc Ceannais anailísí tionchair gnó i roinnt rannán d’fhonn criticiúlacht agus athléimneacht a gcuid próiseas, cuspóirí téarnaimh agus socruithe teagmhais faoi seach a bhailíochtú i gcás ina dtarlódh cúinsí sainithe suaiteacha. Rinneadh na próisis sin a chomhthiomsú chun forléargas ar phróisis chriticiúla agus ar bhearta teagmhasacha ar fud an Bhainc Ceannais a thabhairt don choiste riosca. Ar an leibhéal rannáin, soláthraíonn na measúnachtaí tionchair gnó an bonn ar dá réir a fhorbraítear pleananna leanúnachais rannáin. Déantar tástálacha leanúnachais agus téarnaimh ar bhonn rioscaí tosaíochta ansin chun measúnacht a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ar éifeachtacht na bpleananna sin, lena n-áirítear tástálacha ar limistéir mhalartacha oibre an Bhainc Ceannais chun leanúnachas oibríochtaí a áirithiú i gcúinsí suaiteacha a fhágann nach bhfuil gnátháitribh an Bhainc Ceannais ar fáil.

### Bainistíocht Tionscadal agus Clár

Sa bhliain 2018, chuir an Banc Ceannais 26 thionscadal i gcrích go rathúil faoina chóras modheolaíochta agus rialachais i leith bainistíocht agus rialachas tionscadal. Cé go raibh líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích níos ísle ná an líon a bhí ann sa bhliain 2017, bhí scála agus castacht na dtionscadal níos mó ná mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo. Is treocht leanúnach é sin agus tá léiriú le fáil air i bpróifíl na

dtionscadal atá á bhforbairt faoi láthair. Tá éileamh mór ar thionscadail sa Bhanc Ceannais i gcónaí agus is é is cúis leis sin ná an gá le tacú le gníomhaíochtaí nua gnó nó le gníomhaíochtaí feabhsaithe gnó agus an gá lena chumasú don Bhanc Ceannais a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán.

Sa bhliain 2018, tugadh aird shuntasach ar thionscadail a chuir feabhas ar rialuithe rialála agus a d'fheabhsaigh bonneagar inmheánach bainistíochta riosca. I measc na mórthionscadal a críochnaíodh sa bhliain 2018 áiríodh an méid seo a leanas: Clár Slándála Faisnéise; Cur i bhFeidhm MiFID II; Enterprise Information Archiving; Aicmiú Faisnéise; Athfhorbairt an Láithreáin Gréasáin; RGCS; agus feabhas a chur ar bhainistíocht i leith baill foirne nua, baill foirne a aistrítear agus baill foirne fágála sa Bhanc Ceannais. De bhreis air sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tionscadail nua atá á bhforbairt anois, lena n-áirítear tionscadail bhainistíochta sonraí agus doiciméad agus roinnt mórthionscadal rialála.

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith chaighdeáin an dea-chleachtais agus leanann sé d'fheabhas a chur ar rialachas agus ar bhainistíocht i ndáil lena phunann tionscadal agus clár agus ar chur i gcrích na punainne sin. Chuige sin, comhlíonann an Banc Ceannais caighdeán ISO 21500 maidir leis an dea-chleachtas i mBainistíocht Tionscadal agus rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2018 maidir le leathnú na gcaighdeán d'fhonn athrú dea-chleachtais agus creataí bainistíochta próisis a chur san áireamh. Mar thacaíocht do na hiarrachtaí leanúnacha maidir le feabhsú, rinneadh suirbhé i measc úsáideoirí deiridh a chur i gcrích sa bhliain 2018 chun tomhas a dhéanamh ar na leibhéil sástachta le caighdeáin tionscadail agus le tacaíocht, chomh maith le hiniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar phróisis oibriúcháin PMO. Bhí torthaí an dá shuirbhé sin an-dearfach agus sainaithníodh deiseanna le haghaidh tuilleadh feabhsuithe.

Sa bhliain 2018, neartaigh an Banc Ceannais a líon bainisteoirí gairmiúla tionscadal agus clár agus lean sé d'infheistíocht a dhéanamh ina chlár inmheánach oiliúna i ndáil le bainistíocht tionscadal. Ghlac 90 ball foirne san iomlán sa chlár oiliúna sa bhliain 2018 agus d'éirigh le roinnt rannpháirtithe dul ar aghaidh chun creidiúnú bainistíochta tionscadal a fháil ón Institiúid Bainistíochta Tionscadal.

Ina theannta sin, d'óstáil an Banc Ceannais roinnt seisiún comhroinnte faisnéise le heagraíochtaí de chuid earnáil phoiblí na hÉireann agus le BCN-anna agus tá sé tiomanta i gcónaí i leith a thaithí a chomhroinnt le páirtithe leasmhara.

## Na Creataí Ceadaithe maidir leis an mBeartas Caiteachais agus Soláthair

I gCreat Ceadaithe an Bhainc Ceannais maidir le Caiteachas, leagtar amach an struchtúr rialachais ar laistigh de a dhéantar na húdaruithe ceadaithe do chaiteachas oibríochtúil agus infheistíochta (caipitiúil agus neamhchaipitiúil) na heagraíochta a cheapadh. Déantar faireachán ar chaiteachas oibríochtúil agus infheistíochta (caipitiúil agus neamhchaipitiúil) an Bhainc Ceannais agus tuairiscítear iad don lucht ardbhainistíochta ar bhonn míosúil agus ar bhonn ráithiúil i gcomhréir leis an gcreat sin.

Is iad príomhphrionsabail Bheartas Soláthair an Bhainc Ceannais an luach is fearr ar airgead a bhaint amach, fad a bheidh Treoracha uile AE agus dlíthe náisiúnta uile á gcomhlíonadh agus na rioscaí gaolmhara go léir á mbainistiú. Mar thacaíocht don bheartas sin, bainistíonn an Banc Ceannais an próiseas soláthair ó cheann ceann lena n-áirítear bainistíocht catagóire, giniúint sonraíochtaí, córas tairiscintí iomaíocha, roghnú soláthróirí, conraitheoireacht, bainistíocht caidreamh soláthróirí agus bainistíocht orduithe ceannaigh. Tá faisnéis faoi bheartas soláthair an Bhainc Ceannais ar fáil ón láithreán gréasáin.

## Seirbhísí Dlí

Tacaíonn acmhainní inmheánacha dlí leis an mBanc Ceannais i ndáil le bainistíocht fhoriomlán ar rioscaí dlíthiúla, lena n-áirítear trí rannchuidiú go gníomhach le Coimisiún an Bhainc Ceannais agus le coistí cinnteoireachta.

Rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh leis an Roinn Airgeadais maidir le cúrsaí reachtaíochta agus d'imir sé tionchar, agus thug sé comhairle, ar reachtaíocht phríomha a dhéanann difear dá shainordú, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) (Leasú) 2018, an tAcht Árachais (Leasú) 2018 agus Acht an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh) 2018. Rinne an Banc Ceannais idirchaidreamh le BCE freisin maidir le comhairliúcháin éagsúla de chuid BCE i ndáil le cúrsaí reachtaíochta.

Lean an Banc Ceannais den chreat rialála a neartú trí bhíthin rialacháin Bhainc Ceannais sa bhliain 2018 agus ullmhaíodh roinnt rialachán nua. Ina measc sin, áiríodh rialacháin a bhaineann le comhair chreidmheasa, le hathnuachan polasaithe árachais neamhshaoil agus le hiompar an mhargaidh infheistíochta. Ina theannta sin, thug an Banc Ceannais cabhair don Roinn Airgeadais maidir le trasuíomh agus cur i bhfeidhm roinnt treoracha agus rialachán AE, lena n-áirítear an Treoir maidir le

Slándáil Líonra agus Faisnéise, an Treoir maidir le Dáileadh Árachais, an Rialachán Réamheolaire agus an Rialachán Urrúsúcháin.

Thacaigh acmhainní dlí inmheánacha leis an mBanc Ceannais i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí dlíthiúla a bhíonn ann mar gheall ar thosaíochtaí tábhachtacha amhail ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, gníomhaíocht i ndáil le húdarúcháin SAM, gníomhartha rialála agus RGCS. Tugadh comhairle maidir le bearta beartais a raibh gá leo le go bhféadfadh an Banc Ceannais a chuspóirí a bhaint amach, maidir le cumhachtaí rialála a úsáid chun maoirseacht éifeachtach a chur ar fáil agus maidir le cinnteoireacht dhocht.

Rinneadh roinnt imeachtaí dlíthiúla a thionscain an Banc Ceannais, agus a tionscnaíodh ina choinne, sa bhliain 2018 a bhainistiú go rathúil, lena n-áirítear riaradh *CBL Insurance Europe dac*.

D'imir Acmhainní Inmheánacha Dlí tionchar ar rannpháirteachas straitéiseach an Bhainc Ceannais le BCE, CEBC agus SMA agus rannchuidigh siad go gníomhach le Coiste Dlí CEBC a thugann comhairle don Chomhairle Rialaithe maidir le cúrsaí dlí.

## Cinntí Rialála

Lean an tAonad um Chinntí Rialála (ACR) de thacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna cinnteoireachta an Bhainc Ceannais i dtaca le húdarúcháin a dhiúltú nó a chúlghairm, i dtaca le cinntí faoin gcóras oiriúnachta agus ionracais (amhail fógraí Fionraí agus Toirmisc), agus i dtaca leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin (ASP) faoi Chuid IIIC d'Acht 1942.

### *Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS)*

Lean ACR de thacaíocht a chur ar fáil don Fhiosrúchán ar INBS ar fiosrúchán é atá roinnte ina cheithre mhodúl. Sa bhliain 2018, rinneadh an chéad mhodúl i gcrích, is é sin, an modúl a bhain le hoibriú Choiste Creidmheasa INBS agus ar lena linn a éisteadh fianaise go poiblí ó 26 fhinné thar 52 lá. Ba é sin an chéad uair ar éisteadh fianaise go poiblí le linn éisteacht maidir le Fiosrúchán ASP. Rinne iar-Chathaoirleach INBS, an tUas Michael Walsh, comhaontú socraíochta leis an mBanc Ceannais go luath sa bhliain 2018. Thug an tUas Tom McMenamin, iar-Bhainisteoir Iasachtaí Tráchtála, fianaise don Fhiosrúchán i Meitheamh 2018 agus, ina dhiaidh sin, rinne sé socrú leis an mBanc Ceannais i mí na Nollag 2018. Tá an Fiosrúchán ag leanúint ar aghaidh faoi láthair maidir le triúr daoine a bhí bainteach le bainistíocht INBS.

### *Quinn Insurance Limited*

Lean ACR de thacaíocht a thabhairt don tionscal i ndáil le daoine áirithe a bhí bainteach le bainistíocht Quinn Insurance Limited (Faoi Riaradh) sa bhliain 2018 ar lena linn a seoladh dhá Chruinniú Bainistíochta Fiosrúcháin go príobháideach.

### *Oiriúnacht & Ionracas*

Sa bhliain 2018, thug ACR comhairle agus tacaíocht don lucht déanta cinntí i roinnt cásanna a bhí ar siúl faoin gcóras Oiriúnachta & Ionracais (O&P). I gcás beirt daoine, eisíodh Fógraí Toirmisc á thoirmeasc orthu aon fheidhmeanna, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe réamhcheadaitheacha, a chomhlíonadh in aon soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais go ceann tréimhse gan teorainn.

## Bainistíocht Saoráidí

Oibríonn an Banc Ceannais go formhór in dhá shuíomh (foirgnimh Champas na nDugthailte ag Cé an Phoirt Thuaidh agus Duga Spencer, agus sa Lárionad Airgeadra in Áth an Ghainimh). Chomh maith leis sin, tá maoin léasaithe ag an mBanc Ceannais i bPlás Blackhall chun tacú le héisteachtaí a bhaineann le Nósanna Imeachtaí maidir le Smachtbhannaí Riaracháin.

## Campas na nDugthailte

Rinneadh an Clár chun athlonnú a dhéanamh chuig Campas na nDugthailte (ó Shráid an Dáma agus ó shuíomhanna eile i lár na cathrach sa bhliain 2017), lena n-áirítear an foirgneamh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh, a chur i gcrích thar thréimhse 5 bliana agus chosain sé rud beag faoi bhun €140m, ar suim é sin a bhí laistigh den bhuiséad ceadaithe a leagadh síos sa bhliain 2013. Clúdaíonn an costas sin gach gné den chlár, lena n-áirítear ceannach láithreán Ché an Phoirt Thuaidh, dearthóireacht, táillí, oibreacha tógála, feistiú na n-áitreabh, athnuachan teicneolaíochta, an troscán go léir, costais bogtha, ealaín phoiblí, cumarsáid tionscadail etc. Bhí na fabhtanna agus na lochtanna go léir a bhaineann le tionscadal tógála chomh suntasach sin curtha ina gceart go substaintiúil faoi dheireadh na bliana 2018. Tá rath an chláir aitheanta ag an bhfoireann agus ag cuairteoirí araon agus tá roinnt gradam faighte ag áitreabh Ché an Phoirt Thuaidh i leith cúrsaí dearthóireachta, feistithe, inbhuanaitheachta agus rochtana. Tar éis an t-athlonnú a chur i gcrích, tá an Campas ag feidhmiú mar a rabhthas ag súil leis. Tá roinnt seirbhísí bainistíochta saoráidí ag an mBanc Ceannais agus cuireadh na seirbhísí sin ar fáil de réir caighdeán ard. Chuir an Banc Ceannais fáilte roimh circa 25,000 cuairteoir i bhFoirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh agus d'éascaigh sé roinnt imeachtaí ardphróifíle amhail an Chomhdháil Eacnamaíochta chun aitheantas a thabhairt do

Chothrom 75 Bliana an Bhainc Ceannais, Comhdháil Bhliantúil Chumann Eacnamaíochta na hÉireann, 'Euro at 20', comhdháil CAI agus comhdháil na Roinne Airgeadais/an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Lainseáladh seirbhís nua cartlainne an Bhainc Ceannais sa bhliain 2017 agus bhronn an Cumann Cartlainne agus Taifead (an Ríocht Aontaithe agus Éire) gradam *"Record-Keeping Service of the Year 2018"* ar an tseirbhís sin. Leanadh den obair ar laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh chun déanamh de réir an Phlean Náisiúnta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2020 agus rinneadh laghdú 24% ar chostais fuinnimh i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo agus ba é ba mhó ba chúis leis an laghdú sin ná éifeachtúlacht fhoirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh.

Sa bhliain 2018, d'fhógair an Banc Ceannais go ndéanfaidh sé, tar éis comórtas dearthóireachta, cead pleanála a lorg chun mír choimisiúnaithe ealaíne poiblí a shuiteáil ag Campas na nDugthailte. Comhlíonann soláthar míre ealaíne poiblí ag an mBanc Ceannais ceanglas pleanála a bhaineann le foirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh. Roghnaigh painéal saineolaithe idirnáisiúnta aighneacht ón ealaíontóir Eva Rothschild a rugadh i mBaile Átha Cliath agus a bhfuil iomrá idirnáisiúnta uirthi i leith a togra chun mír dhealbhóireachta poiblí nua dar teideal *"A Double Rainbow"* a chruthú. Is ábhar mórtais don Bhanc Ceannais a thiomantas seanbhunaithe i leith tacú le healaín phoiblí agus i leith na freagrachta sóisialta corparáidí agus táthar ag súil, maidir leis an mír seo a shuiteálfar lasmuigh den fhoirgneamh sa spás oscailte ar an taobh thoir thuaidh d'fhoirgneamh Cé an Phoirt Thuaidh, go mbainfidh an pobal áitiúil agus cuairteoirí araon taitneamh as. Gníomhóidh sí freisin mar lármhír le haghaidh rannpháirtíocht leantach an Bhainc Ceannais in imeachtaí poiblí amhail Teach Oscailte agus Oíche Chultúir. Tá an tsuiteáil i gcomhréir le Straitéis Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2018, chinn an Banc Ceannais áitreabh breise a cheannach ag Dublin Landings atá tadhlach le foirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh agus áitreabh Dhuga Spencer a dhíol, agus, go luath sa bhliain 2019, síníodh na conarthaí chun an ceannachán a chur i gcrích. Cinnteoidh an fhorbairt sin go mbeifear in ann freastal ar riachtanais fhadtéarma cóiríochta an Bhainc Ceannais atá ag éirí níos casta ná riamh, agus cumasóidh sé don Bhanc Ceannais an acmhainneacht bhreise leathnaithe is cost-éifeachtaí a chur ar fáil le haghaidh a riachtanas amach anseo, más gá sin. Meastar go mbeidh an chóiríocht nua ar fáil lena húsáid ag deireadh na bliana 2020.

## Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

Gabhann an chuid is mó de na baill foirne (tuairim is 92%) do ghníomhaíochtaí oifig-bhunaithe ag Campas na nDugthailte agus gabhann an chuid eile do ghníomhaíochtaí monarúcháin sa Lárionad Airgeadra. Tá rátáil fuinnimh A2 ag an bhfoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh agus baineadh rátáil *Outstanding Building Research Establishment Environmental Assessment Method* (BREEAM) amach i leith dhearadh an fhoirgnimh sin. Tá beartas comhtháite sláinte agus sábháilteachta, dóiteáin, comhshaoil agus fuinnimh i bhfeidhm agus faightear tacaíocht ina leith sin ó chórais bhainistíochta cothrom le dáta. Tá na córais bhainistíochta sin deimhnithe go neamhspleách de réir chaighdeáin OHSAS 18001 (Sábháilteacht), ISO 14001 (Comhshaol) agus ISO 50001 (Fuinneamh).

Trí athbhreithnithe ráithiúla ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, táthar ag leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar fheasacht timpeallachta, sláinte agus sábháilteachta agus de chomhlíontacht a bhaint amach maidir le gach gníomhaíocht, agus, ag deireadh na bliana, bhí an mheánsprioc rannáin fhoriomlán 90% bainte amach (sroicheadh 95%).

Cuireadh i gcrích príomhchuspóir feidhmíochta don bhliain 2018 i leith leathnú an chláir atá á choimirciú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, is é sin Optimising Power @ Work agus i leith méadrú fuinnimh a thabhairt isteach ag Duga Spencer d'fhonn cabhrú le laghdú úsáide fuinnimh.. Rinneadh obair shuntasach mar ullmhúchán i leith deimhniú de réir chaighdeán ISO 50001:2018 a bhaint amach dár gcóras bainistíochta fuinnimh sa Lárionad Airgeadra agus dhaingnigh iniúchadh seachtrach a rinneadh i mí na Nollag go raibh dul chun cinn de réir na sprice á dhéanamh maidir le deimhniú an chórais agus fuarthas an deimhniúchán sin i mí Eanáir 2019.

Le cabhair ó rannpháirteachas suntasach na ngeallsealbhóirí, d'éascaigh na córais agus an bonneagar sin barrfheabhsú leanúnach acmhainní fuinnimh agus acmhainní eile i bhfoirgnimh uile an Bhainc Ceannais agus tá mionsonraí faoi éifeachtúlachtaí fuinnimh le fáil i dTábla 4 anseo thíos. Bhí ról suntasach ag an gcur chuige réamhghníomhach maidir le bainistiú a thionchair timpeallachta a mhéid a bhain le gnóthú marc an *Business in the Community Ireland (BITCI) Corporate Social Responsibility Business Working Responsibly* ag an mBanc Ceannais i mí Mheán Fómhair.

### *Tábla 4: Comparáid Úsáide Fuinnimh i leith 2017 agus 2018*

| | An Lárionad Airgeadra | | Suíomhanna i Lár na Cathrach* | | An tIomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 kWh | Athrú % i gcomparáid le figiúr iarbhír na bliana 2017 | 2018 kWh | Athrú % i gcomparáid le figiúr iarbhír na bliana 2017 | 2018 kWh | Athrú % i gcomparáid le figiúr iarbhír na bliana 2017 |
| Leictreachas | 3,062,141 | -10% | 4,152,432 | -36% | 7,214,573 | -27% |
| Gás | 2,440,893 | -9% | 3,703,078 | -51.6% | 6,143,971 | -40.5% |
| Ola | 339,428 | -22% | 40,716 | +6% | 380,144 | -20% |
| **Fuinneamh Iomlán** | **5,842,462** | **-10%** | **7,896,226*** | **-44.5%*** | **13,738,688** | **-33%** |

*Mar thoradh ar choimisiúnú an fhoirgnimh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh agus ar reáchtáil Oifigí Shráid an Dáma agus Chúirt Uíbh Eachach fad a bhí an bogadh ar siúl sa bhliain 2017, tharla méadú suntasach ar úsáid gáis agus leictreachais i rith na bliana. Bhí deis uathúil ann chun sábháil a léiriú ach ní léiriú ar ghnáthbhliain oibriúcháin é.

### Bosca 19: Feidhmíocht Fuinnimh, Sábháilteachta agus Comhshaoil - Tionscnaimh an Bhainc Ceannais

Chuaigh an Banc Ceannais i mbun raon tionscnamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Baineadh athdheimhniúchán amach sa Lárionad Airgeadra i leith chaighdeán córais bainistíochta comhshaoil ISO14001:2015 agus rinneadh aistriú chuig an gcaighdeán sin.
- Fuarthas gradam idirnáisiúnta maidir le rochtain i leith Cleachtas Nuálach sa Dearadh Uilíoch, ó *Project Zero* agus ó Cheanncheathrú na Náisiún Aontaithe sa Vín.
- Rinneadh laghdú 9% nó laghdú 570,288kWh, 200 tona $CO_2$, rud a shábháil €50K mar chuid de Chlár Oifig na nOibreacha Poiblí sa Lárionad Airgeadra. Rinneadh laghdú 28.4% nó laghdú 1.7 milliún kWh, 600 tona $CO_2$, rud a shábháil €150k i bhfoirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh.
- Tugadh cur i láthair le linn Chomhdháil Náisiúnta SEAI maidir le taithí an Bhainc Ceannais ar BREEAM agus ar dheiseanna sábhála fuinnimh.

- Rannpháirteachas le Líonra Comhshaoil Bhainc Cheannais na hEorpa maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta (comhroinnt smaointe agus dea-chleachtais maidir le hinbhuanaitheacht).
- Rinneadh clárú le Gealltanas Ísealcharbóin BITCI d'fhonn laghdú 50% a dhéanamh ar astaíochtaí scóip a haon agus a dó faoin mbliain 2030.
- Óstáladh laethanta feasachta fuinnimh agus dramhaíola sna láithreáin go léir, cuireadh tionscnaimh sa bhaile agus san ionad oibre chun cinn agus tarraingíodh aird ar na tionchair atá ag athrú aeráide.
- Ghnóthaigh dearadh forásach meicniúil agus leictreach fhoirgneamh Ché an Phoirt Thuaidh gradam mar Thionscadal Glas na Bliana le linn Ghradaim Chónaidhm an Tionscail Tógála.
- Cuireadh suirbhéanna bunlíne éiceolaíochta i gcrích sna láithreáin go léir.

Féachfaidh an Banc Ceannais le feabhas a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil i rith na bliana 2019.

## Cumarsáid agus Trédhearcacht

*Ina cháil mar chomhlacht seirbhíse poiblí, tá an Banc Ceannais tiomanta i leith feidhmiú mar eagraíocht oscailte, thrédhearcach, chuntasach.*

### Cumarsáid

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais cabhrú lena gheallsealbhóirí, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, tuiscint a bheith acu ar gach ní a dhéanann sé - agus i dtaobh cén fáth a ndéanann sé na nithe sin. Tá cumarsáid thráthúil, éifeachtach, inrochtana riachtanach chun an sprioc sin a bhaint amach.

**Bosca 20: 75 mBliana de Sheirbhís Phoiblí**

Ba é an 1 Feabhra 2018 cothrom 75 bliana bhunú an Bhainc Ceannais. Chun an chloch mhíle sin a chomóradh, chuir an Banc Ceannais clár leathnaithe cianrochtana ar fáil agus ba é a bhí mar théama don chlár sin ná "75 Bliana ag Freastal ar an bPobal". Tríd an gclár sin seoladh na tionscnaimh chianrochtana poiblí seo a leanas chun scéal stair 75 bliana na hinstitiúide a insint:

- **Taispeántas chothrom 75 bliana**

Rinneadh taispeántas saincheaptha chothrom 75 bliana a oscailt don phobal san Ionad Cuairteora ag Cé an Phoirt Thuaidh. Insíonn an taispeántas scéal an Bhainc Ceannais ón tráth ar bunaíodh é sa bhliain 1943 go dtí an lá atá inniu ann agus tugtar léiriú ar phríomhimeachtaí de chuid stair na hinstitiúide lena n-áirítear an méid seo a leanas: deachúlú, aontachas na hÉireann leis an Euro, an géarchéim airgeadais agus ról reatha a Bhainc Ceannais in Éirinn agus san Eurochóras.

- **Scannán faisnéise**
  Rinneadh scannán faisnéise ina rianaítear stair an Bhainc Ceannais a ullmhú don phobal. Baineann an scannán 12 nóiméad úsáid as píosaí tearca scannánaíochta agus as grianghraif nach bhfacthas roimhe seo agus fuarthas cuid mhór de na nithe sin as ár gcuid ábhar cartlainne féin. Comhlánaíonn an scannán faisnéise taispeántas chothrom 75 bliana agus fónann sé mar uirlis oideachais aonair a bhféadfaidh baill foirne an Bhainc Ceannais í a úsáid le linn imeachtaí cianrochtana. Tá sé ar fáil ar líne freisin mar acmhainn don phobal.

- **Comórtas ealaíne do scoileanna**
  Ba é cothrom 75 bliana téarma lárnach comórtais rathúil náisiúnta ealaíne do scoileanna. Iarradh ar scoileanna ar fud na tíre dearthaí boinn a chur ar fáil agus iad bunaithe ar imeachtaí suntasacha stairiúla le 75 bliana anuas. Fuarthas 1,261 iontráil don chomórtas agus tháinig siad ó na céadta scoileanna ar fud na hÉireann. Cuireadh na deartha buaiteacha ar taispeáint i bhformáidí móra 3D san Ionad Cuairteora.

- **Leabhrán Chothrom 75 Bliana**
  D'fhoilsigh an Banc Ceannais leabhrán chothrom 75 bliana mar phríomhdhoiciméad staire chun comóradh a dhéanamh ar an ócáid. Tríd is tríd, tá an leabhrán bunaithe ar thaispeántas chothrom 75 bliana agus tá sé ar fáil mar chóip chrua agus i bhformáid PDF. Cuireadh an leabhrán a bhfuil eagráin Bhéarla agus Ghaeilge de ann ar fáil do leabharlanna scoileanna uile na tíre.




*Comórtas Ealaíne Chothrom 75 Bliana do Scoileanna*

## Rannpháirteachas leis an bPobal

Cabhraíonn rannpháirteachas leis an bpobal le hiontaoibh agus muinín a bhunú sa ról a chuireann an Banc Ceannais i bhfeidhm. Sa bhliain 2018, bhí tugadh freagra ar 10,901 teagmháil dhíreach ó dhaoine den phobal agus bhain na teagmhálacha sin le raon leathan ábhar maidir le seirbhísí baincéireachta agus airgeadais go háirithe na nithe seo a leanas: seoladh gnó, údarúcháin agus airgeadra. Bhí sruth seasta fiosruithe ann freisin maidir le boinn inbhailithe rud a tharla mar thoradh ar eisiúint na mbonn cuimhneacháin a bhain le Rory Gallagher, le Dracula a scríobh Bram Stoker, agus le ceart na mban chun vótáil. Is cabhair iad na fiafruithe sin freisin mar fhoinse eolais le linn forbairt a dhéanamh ar roinn Mhol na dTomhaltóirí ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

Cuireadh fáilte roimh níos mó ná 4,000 cuairteoir in Ionad Cuairteora an Bhainc Ceannais agus éascaíodh 43 thuras i rith na bliana. Osclaíodh na doirse don phobal le haghaidh imeachtaí Oíche Chultúir agus Teach Oscailte.

De bhreis ar an gcomórtas ealaíne do scoileanna, bhí imeachtaí cianrochtana eile ann do scoileanna lena n-áirítear cuairteanna a thug an Gobharnóir agus daoine eile den lucht bainistíochta sinsearaí ar ranganna i roinnt scoileanna ar fud na tíre áit a reáchtáladh seisiúin Cheisteanna & Freagraí.

Bhuail baill foirne de chuid an Bhainc Ceannais le níos mó ná 4,000 duine den phobal a thug cuairt ar ár seastán taispeántais le linn

Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2018. B'ionann an t-imeacht sin agus deis chun labhairt le daoine faoi raon leathan ábhar lena n-áirítear cothrom 75 bliana, nótaí bainc agus boinn, Clár an Bhainc Ceannais, ról BCE, cobhsaíocht airgeadais agus maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí airgeadais.

Chuir Meitheal Chartlannaíochta an Bhainc Ceannais a bailiúcháin stairiúla ar fáil 29 n-uaire sa bhliain 2018. D'áirigh sé sin cuairteanna ó dhaoine den phobal (Oíche Chultúir, Teach Oscailte, Léacht Whitaker) agus, chomh maith leis sin, cuairteanna ó phiara-institiúidí (Banque Nationale De Belgique, Mionta Ríoga na Danmhairge, Banco Central de Brasil, BCE). Ina theannta sin, cealaíodh stádas rúnda níos mó ná 1,000 doiciméad i rith na bliana, rud a d'fhág go mbeidís ar fáil don phobal den chéad uair ar mhaithe le cúrsaí taighde.




*An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta*

## Caidreamh le Geallsealbhóirí agus leis na Meáin

Bhí rannpháirteachas suntasach ann i rith na bliana 2018 le geallsealbhóirí seachtracha eile lena n-áirítear an tOireachtas, ranna Rialtais, agus na meáin. Ghlac an Banc Ceannais páirt in ocht gcinn d'éisteachtaí os comhair Coistí Oireachtais, thug sé cabhair maidir le 15 bhille agus chuir sé cúnamh agus tuairimí faoi shaincheisteanna éagsúla ar fáil go rialta do ranna Rialtais Soláthraíodh freagraí ar 384 cheist pharlaiminteacha i rith na bliana agus tugadh 20 freagra ar chomhfhreagras agus rinneadh iarrataí maidir le tuairimí an Bhainc Ceannais ó chomhaltaí agus ó choistí de chuid an Oireachtais a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

Lean an Banc Ceannais dá rannpháirteachas dearfach leis na meáin intíre agus idirnáisiúnta i rith na bliana 2018 d'fhonn tuiscint a bhunú i dtaobh na hoibre a dhéanann sé agus d'fhonn tacú le tuairisciú maith eolasach faoi ábhair a bhaineann leis an mBanc Ceannais. Ar fud na bliana 2018, leanadh de bhéim a leagan ar fheabhsú an ábhair ar centralbank.ie, ar éascú agallamh leis na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar fhoilsiú 156 phreaseisiúint.

### Bosca 21: Plé Comhchéime

Mar chuid de rannpháirteachas leanúnach an Bhainc Ceannais le geallsealbhóirí seachtracha, seoltar sraith cruinnithe comhchéime le geallsealbhóirí ar fud na bliana. Soláthraíonn sé ardán éisteachta maidir le raon saincheisteanna reatha agus foilsítear achoimrí orthu ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais. I measc na gcruinnithe comhchéime a seoladh sa bhliain 2018 áirítear na cinn seo a leanas:

**Cruinniú Comhchéime Eacnamaíochta**
Chuir an Cruinniú Comhchéime Eacnamaíochta deis ar fáil do gheallsealbhóirí seachtracha bualadh le daoine sinsearacha den lucht déanta cinntí, lena n-áirítear an Gobharnóir agus na Leas-Ghobharnóirí, chun saincheisteanna agus dúshláin eacnamaíochta a mbeidh ar Éirinn déileáil leo sa ghearrthéarma/meántéarma a phlé.

**Cruinniú Comhchéime Geallsealbhóirí, Beartais agus Rialála**
Lig an Cruinniú Comhchéime Geallsealbhóirí, Beartais agus Rialála don Bhanc Ceannais bualadh le geallsealbhóirí earnáil airgeadais na hÉireann. I measc na n-ábhar a pléadh áiríodh príomhfhorbairtí AE agus intíre lena n-áirítear ullmhacht i leith tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus athrú cultúir mar bhealach chun torthaí dearfacha cultúir a bhaint amach.

**Cruinniú Comhchéime na Sochaí Sibhialta**
Chumasaigh Cruinniú Comhchéime na Sochaí Sibhialta don Bhanc Ceannais bualadh le hionadaithe ó raon grúpaí neamhbhrabúis de chuid na sochaí sibhialta agus ó raon grúpaí sochaíocha. Bhain an plé le geilleagar na hÉireann, le rialáil stuama gnólachtaí airgeadais in Éirinn, agus saincheisteanna a bhaineann le cosaint tomhaltóirí.

## Ábhar Digiteach a Fheabhsú

Sa bhliain 2018, lean an Banc Ceannais de mhínscagadh a dhéanamh ar a chur chuige maidir le hábhar digiteach ar centralbank.ie arb é an

príomhbhealach digiteach é chun faisnéis a sholáthar dár ngeallsealbhóirí go léir faoi cé sinn agus faoi cad a dhéanaimid.

Cuireann an Banc Ceannais caint shoiléir - i mBéarla agus i nGaeilge - i gcroílár a chumarsáid dhigiteach agus baineann sé úsáid as amharc-ábhar chun míniú a thabhairt ar a shainordú i bhformáidí atá éasca lena dtuiscint. Forlíonann grafaic faisnéise agus físeáin tuarascálacha mionsonraithe agus preaseisiúintí, agus cumasaíonn mínitheoirí Mhol na dTomhaltóirí don Bhanc Ceannais tuilleadh iontaoibhe agus tuisceana a bhunú i measc an phobail. I rith na bliana 2018, bhain an Banc Ceannais úsáid as mínitheoirí cainte soiléire chun faisnéis a chur ar fáil don phobal faoi ábhair amhail an Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin (SMR), athrú morgáiste, an Príomh-Chlár Creidmheasa agus CCyB. Bhain cuid mhór easraisí meán athúsáid as ábhar an Bhainc Ceannais i rith na bliana 2018, rud a chruthaigh tuilleadh feasachta ar ár dteachtaireachtaí agus rud a léirigh muinín inár straitéis i leith inneachair. Tháinig méadú 107% ar an trácht chuig mínitheoirí ar líne sa tréimhse Aibreán-Nollaig 2018 (i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain 2017) agus tháinig méadú 46% ar líon leantóirí LinkedIn an Bhainc Ceannais sa bhliain 2018, rud a léiríonn go bhfuil ár gcur chuige maidir le bealaí digiteach ag cur obair an Bhainc Ceannais os comhair lucht féachana méadaitheach.

Ina theannta sin, tá branda láidir fostóra bunaithe ag an mBanc Ceannais ar centralbank.ie agus bhí 124,000 amharc leathanaigh ar leithligh ann sa bhliain 2018 ar leathanach baile na nGairmréimeanna.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC)

### Bosca 22: Tionscnaimh FSC agus an Marc "Business Working Responsibility"

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith a mhisean agus a shainordú a chomhlíonadh ar mhodh atá freagrach agus inbhuanaithe i dtaca le cúrsaí sochaí de. Tá gníomhaíochtaí Freagrachta Sóisialta Corparáidí (FSC) an Bhainc Ceannais bunaithe ar na cúig phríomhcholún straitéiseacha atá ag 'Business in the Community Ireland (BITCI)', is iad sin, "Comhshaol, Ionad Oibre, Ionad Margaidh, Pobal, agus Rialachas agus Cumarsáid'.

I mí na Samhna 2018, d'éirigh leis an mBanc Ceannais "Business in the Community's Business Working Responsibility mark" a bhaint amach. Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas iarratais ná ceistneoir mionsonraithe ina raibh níos mó ná 250 ceist a chomhlánú, ar ceisteanna iad iar scrúdaíodh gach gné den tslí ina n-oibríonn an eagraíocht faoi gach ceann ar leith de

na cúig cholún, agus, ina dhiaidh sin, bhí iniúchadh seachtrach neamhspleách ann. Is ionann an caighdeán riachtanach a bhaint amach chun an creidiúnú seo a fháil agus moladh dearfach poiblí i ndáil leis an obair FCS atá á déanamh ar fud an Bhainc Ceannais.

**Comhshaol**

Oibríonn an Banc Ceannais ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil agus atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh, de réir mar atá leagtha amach i dtuarascáil bhliantúil an Bhainc Ceannais ar chúrsaí Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta.

**Ionad Oibre**

Leagann an Banc Ceannais béim ar leith ar Fhoghlaim agus ar Fhorbairt, ar Éagsúlacht agus ar Uilechuimsitheacht É&U), ar choinníollacha oibre solúbtha, ar bhainistíocht athruithe eagraíochtúil agus ar luaíocht. Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais ionad oibre ilchineálach uilechuimsitheach a chruthú, áit ina mothaíonn gach comhghleacaí go n-urramaítear iad, go bhfuil meas orthu agus go gcuirtear san áireamh iad; agus áit a mbaintear úsáid éifeachtach as buanna éagsúla chun feabhas a chur ar thorthaí eagraíochtúla.

**Rialachas**

Maidir le Grúpa Oibre FSC an Bhainc Ceannais a rialaítear le Beartas agus Téarmaí Tagartha FSC, tagann sé le chéile ar bhonn míosúil chun saincheisteanna FSC a chur ar aghaidh.

**Ionad Margaidh**

Tá an Banc Ceannais tiomanta i leith feidhmiú mar eagraíocht oscailte, thrédhearcach. Glacann sé comhairle leis an bpobal maidir le gach mórthionscnamh beartais, lena n-áirítear a Phlean Straitéiseach. Foilsíonn sé cuid mhór faisnéise, lena n-áirítear miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.

**Pobal**

Is é an Coiste Carthanas, tar éis vóta i measc na foirne, a roghnaíonn carthanais chomhpháirtíochta an Bhainc Ceannais, agus is iad na carthanais a bheidh ann don tréimhse 2018/2019 ALONE, Cumann Alzheimer na hÉireann, *Childhood Cancer Foundation*, an *Irish Motor Neurone Disease Association*, agus an *Peter McVerry Trust*. Faigheann gach eagraíocht ar leith síntiús agus oibríonn baill foirne leo ar bhonn deonach ar feadh thréimhse dhá bhliain. Ina theannta sin, oibríonn an Banc Ceannais le príomh-chomhpháirtithe pobail, leis an Tionscnamh Luathfhoghlama (Coláiste Náisiúnta na hÉireann) agus le Junior

Achievement Ireland (JAI). Chomh maith leis sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i gclár fostaíochta óige *Career LEAP*.

Beidh gníomhaíochtaí FSC amach anseo bunaithe ar na cúig cholún straitéiseacha atá leagtha amach thuas.

## Grúpaí Stiúrtha agus Líonraí

Sa bhliain 2018, cuireadh bailchríoch ar fhís, ar straitéis agus ar phlean gníomhaíochta dhá bhliain nua i leith Éagsúlachta & Uilechuimsitheachta (É&U) don Bhanc Ceannais. Tá sé sin ailínithe le fís an Bhainc Ceannais maidir le hionad oibre sásúil a bheith aige dá dhaoine, "áit ina mbeidh ár gcomhaltaí foirne tiomanta don sármhaitheas le linn dóibh ár sainordú a bhaint amach, áit ina mbeidh an deis acu gairmeacha beatha sásúla a bheith acu agus barr a gcumais a bhaint amach, agus ina mbeidh ardmheas orthu i dtimpeallacht a thacaíonn le héagsúlacht agus le hiomchuimsiú".

Tá Grúpa Stiúrtha É&U ag an mBanc Ceannais mar aon le ceithre líonra ghníomhacha éagsúlachta atá faoi cheannas na bhfostaithe (*Women's Network*, *Rainbow-LGBTQ+ Network*, *Bank Ability Network* agus *Parents & Carers Network*)

I rith na bliana 2018, i measc na bpríomhghníomhaíochtaí É&U áiríodh cleachtais uilechuimsitheacha earcaíochta agus ionduchtúcháin a bhunú d'fhonn daoine a bhfuil buanna éagsúla acu a mhealladh agus d'fhonn fáilte a chur rompu, feabhas a chur ar shonraí, ar bhearta agus ar thuairisciú É&U, agus feabhas a chur ar thacaíochtaí i leith saoire mháithreachais. I Meitheamh 2018, ghlac an Banc Ceannais páirt in *Dublin Pride Parade* - faoi cheannas an *Rainbow Network* - agus chuir an Banc Ceannais bratach an bhogha báistí ar foluain ar a fhoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh mar aitheantas do *Pride Week*.

Tá próifíl mhaith éagsúlachta inscne ag an mBanc Ceannais agus tá miondealú thart ar 50/50 ann i leith na foirne ar fad agus is mná iad níos mó ná 40% de na daoine ar leibhéal ceannaireachta. Sa bhliain 2018, d'fhoilsigh an Banc Ceannais tuarascáil maidir leis an mbearna phá i dtaca le fir agus mná de agus léirigh sé sin bearna 2.7% i bhfabhar na bhfear.

I rith na bliana 2018, cuireadh an Banc Ceannais ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradam Acmhainní Daonna CIPD sa chatagóir "Uilechuimsitheacht agus Éagsúlacht". Bhí an aighneacht dírithe ar éagsúlacht inscne agus cuireadh i láthair painéal moltóirí saineolacha i

mí Eanáir 2019 í. Cuireadh an Banc ar an ghearrliosta don bhabhta deiridh den chatagóir sin a raibh iomaíocht an-dian ann ina leith.

Ina theannta sin, tá ról déach ag an mBanc Ceannais freisin maidir le héagsúlacht a chur chun cinn i ngnólachtaí rialáilte, is é sin, aitheantas a thabhairt don ról atá ag an éagsúlacht i dtaca le feabhas a chur ar chultúr folláin corparáideach agus i dtaca le laghdú a dhéanamh ar ghrúpthuairimí. Lean an Banc Ceannais de mhéadú a dhéanamh ar an mbéim a leagann sé ar É&U i ngnólachtaí rialáilte. D'áirigh sé sin anailís dhéimeagrafach a fhoilsiú maidir le hiarratais ar cheadú rialála ról sinsearach airgeadais, mar aon le measúnacht É&U a chur san áireamh san Athbhreithniú Iompair agus Cultúir ar na cúig phríomhbhanc miondíola in Éirinn. Ina theannta sin, lean cuid mhór dár gceannairí sinsearacha d'fheasacht a mhéadú maidir le tábhacht É&U ar fud earnáil na seirbhísí airgeadais agus, ar mhodh níos leithne, trí óráidí a thabhairt, trí pháirt a ghlacadh ar phainéil, trí agallaimh a dhéanamh agus ar mhodhanna eile. Leanfar den bhéim sin ar É&U sa bhliain 2019.

## Feidhmíocht Eagraíochtúil a Thomhas agus a Thuairisciú

Baintear úsáid as modheolaíocht an Scórchárta Ualaithe (SCU) sa Bhanc Ceannais chun feidhmíocht na heagraíochta a thomhas agus, go háirithe, chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach á gcur chun feidhme. Úsáidtear é freisin ar leibhéal Rannáin mar mhodh pleanála oibríochtúla chun tascanna agus gníomhaíochtaí a chur in ord tosaíochta, chun dul chun cinn a rianú agus chun tuairiscí tréimhsiúla a thabhairt do na Stiúrthóirí.

Déanann Coiste Buiséid agus Luacha Saothair (CBLS) Choimisiún an Bhainc Ceannais faireachán ar SCU eagraíochtúil thar ceann an Choimisiún an Bhainc Ceannais. Ullmhaítear tuarascálacha leathbhliantúla don CBLS agus déantar tuarascáil dheireadh na bliana, lena n-áirítear an mheasúnacht ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán, a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil lena cheadú. Tá toradh foriomlán an SCU nasctha leis an bPróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PBFF). Bronntar saoire thuillteanais ar dhaoine den fhoireann a thugann feidhmíocht éifeachtach. Bronntar lá amháin de shaoire thuillteanais i gcás ina sroicheann toradh foriomlán an SCU eagraíochtúil leibhéal 85% ar a laghad.

Ba é a bhí i measúnacht dheireadh na bliana ná go raibh feidhmíocht shásúil ann maidir le comhlíonadh a chuspóirí ag an mBanc Ceannais sa bhliain 2018. Bhí comhlíonadh na gcuspóirí go maith maidir le roinnt príomh-shaincheisteanna tosaíochta - go háirithe saincheisteanna

maidir le Brexit, SMR, agus an obair maidir leis an gclár oibre i leith cultúr thomhaltóir-lárnaithe agus riosca-lárnaithe - ach ní dhearna an Banc Ceannais an oiread céanna dul chun cinn i roinnt réimsí eile. Maidir leis an mbliain 2018, d'aontaigh an Coimisiún le measúnacht fhoriomlán Choiste an Ghobharnóra go raibh feidhmíocht a bhí os cionn na rátála 85% bainte amach, tríd is tríd, ag an mBanc Ceannais.

Tá saoire thuillteanais i leith PBFF 2018 le bronnadh i mí Aibreáin 2018. Is é a bheidh sa líon iomlán laethanta de shaoire thuillteanais a bhronnfar ná 2671 lena ngabhann costas coibhéiseach foriomlán €876,445 (is é sin, méid measta 0.61% de chostas iomlán thuarastail an Bhainc Ceannais).

Sa bhliain 2017, níor bhain an Banc Ceannais an sprioc 85% amach i leith feidhmíocht éifeachtach i gcomparáid leis an SCU agus, dá bharr sin, níor bronnadh aon saoire thuillteanais i leith feidhmíocht eagraíochtúil don bhliain sin. Ina dhiaidh sin, cheadaigh an CBLS lá amháin breise de shaoire thuillteanais a bhronnadh ar na baill foirne iomchuí mar shocrú i ndáil le héileamh a rinne an ceardchumann Unite maidir le athrú roimhe sin ar dháileadh na rátálacha feidhmíochta. Sa bhliain 2018, bhronn an Banc Ceannais 1985.5 lá de shaoire thuillteanais ar bhain costas coibhéiseach €648,426.52 léi (méid measta .45% de chostas iomlán thuarastail an Bhainc Ceannais).

## Saoráil Faisnéise

Tá feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 leis an mBanc Ceannais. Mar chomhlacht Saorála Faisnéise, foilsíonn an Banc Ceannais raon faisnéise de chineál airgeadais agus corparáideach go tráthrialta ar a láithreán gréasáin. I gcomhréir le prionsabail an Achta um Shaoráil Faisnéise, foilsíonn an Banc Ceannais raon faisnéise go saorálach freisin amhail miontuairiscí an Choimisiúin, cuntais na gcruinnithe ráithiúla den Choiste um Bearta Macrastuamachta, tuarascálacha an Tascfhórsa Brexit, comhfhreagras idir an Gobharnóir agus comhaltaí den Oireachtas, etc.

I rith na bliana 2018, fuair an Banc Ceannais 86 iarratas Saorála Faisnéise ar géilleadh/páirtghéilleadh do 26 cinn díobh agus ar diúltaíodh do 23 cinn díobh faoi fhorálacha éagsúla díolúine de chuid an Achta um Shaoráil Faisnéise. Tarraingíodh siar 31 iarraidh san iomlán, sin nó dhéileáil rannán eile de chuid an Bhainc Ceannais leo lasmuigh den phróiseas Saorála Faisnéise. Ag deireadh na bliana 2018, bhíothas ag déileáil le sé iarraidh fós.

Is ó dhaoine aonair a fuarthas tuairim is an leathchuid de na hiarrataí (53%) agus aicmíodh 30% de na hiarrataí go léir mar iarrataí pearsanta. B'ionann an líon iarrataí a fuarthas ó na meáin agus 27% den líon iomlán agus is ó dhreamanna eile a fuarthas na cinn eile, mar shampla, comhaltaí den Oireachtas, gnólachtaí dlí/tráchtála agus grúpaí sainleasa. Cé go mbaineann iarrataí le hábhair éagsúla de ghnáth, bhain cuid mhór iarrataí le taifid maidir le soláthraithe seirbhísí airgeadais ar leithligh, le taifid rialála agus le comhfhreagras idir an Banc Ceannais agus eagraíochtaí eile.

Tugtar an tuarascáil seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann.

**Philip R. Lane**
Gobharnóir

8 Aibreán 2019

**Neil Whoriskey**
Rúnaí

8 Aibreán 2019

Caibidil 3:
# Rialachas

# Caibidil 3: Rialachas

*Sa Chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis is infheidhme maidir le rialachas an Bhainc Ceannais le linn na bliana 2018.*

## An Creat Rialachais

Tá creat rialachais an Bhainc Ceannais leagtha amach go soiléir sa Chreat Rialachais a foilsíodh ar an láithreán gréasáin. Sa chreat sin, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus na gconarthaí AE (lena n-áirítear an ceanglas maidir leis an mBanc Ceannais a bheith neamhspleách), an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus socruithe rialachais inmheánacha eile sa Bhanc Ceannais.

## An Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Is faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht) a bunaíodh an Banc Ceannais mar bhanc ceannais na hÉireann ar an 1 Feabhra 1943.

Ina cháil mar chomhalta de CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais tascanna CEBC de réir mar a fhoráiltear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Reacht BCE agus CEBC (Reacht CEBC). De bhreis air sin, comhlíonann sé tascanna áirithe neamh-CEBC atá forordaithe leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear a fhreagracht i ndáil le rialáil earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann.

Éiríonn cuid mhór d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais as dlí na hEorpa. Is follasaí atá ról Eorpach an Bhainc Ceannais le brath i gcomhthéacs a fheidhmeanna baincéireachta ceannais, ar feidhmeanna iad atá sainithe i gconarthaí an AE. Sainíonn na Conarthaí sin go bhfuil earnáil seirbhísí airgeadais na hEorpa ina gcuid de mhargadh inmheánach na hEorpa. Mar thoradh air sin, déantar dlí an AE a chur i bhfeidhm le cuid mhór gnéithe den reachtaíocht Éireannach a bhaineann le seirbhísí airgeadais agus is faoin mBanc Ceannais atá sé a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht iomchuí. Tar éis an SAM a bhunú, aistríodh roinnt freagrachtaí maoirseachta agus cumhachtaí cinnteoireachta chuig an BCE. Déanann Comh-Mheithleacha Maoirseachta maoirseacht dhíreach ar bhainc in Éirinn atá aicmithe mar Institiúidí Suntasacha agus tá BCE i gceannas ar gach ceann ar leith de na meithleacha sin agus cuimsíonn siad maoirseoirí de chuid BCE agus de chuid an Bhainc Ceannais araon.

## Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear san Acht go ndéanfaidh an gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna a bhfuil freagracht aonair ar an nGobharnóir ina leith, lena n-áirítear feidhmeanna CEBC an Bhainc

Ceannais agus feidhmeanna maidir le réiteach) a bhainistiú agus a rialú. Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún:

- Na gnóthaí agus gníomhaíochtaí de chuid an Bhainc Ceannais a bhfuil freagracht air ina leith a bhainistiú agus a rialú
- A chinntiú go ndéantar feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú agus
- A chinntiú go ndéantar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla atá tugtha don Bhanc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Tá a chuid Téarmaí Tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus, sna Téarmaí Tagartha sin, leagtar amach an tslí inar fearr is féidir leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.

I mí Aibreáin 2018, rinne an Coimisiún breithniú ar a athbhreithniú bliantúil foirmiúil i leith na bliana 2017 agus aontaíodh go raibh na Téarmaí Tagartha a glacadh ag a chruinniú ar an 18 Deireadh Fómhair 2017 oiriúnach i gcónaí.

## Cumhachtaí agus Feidhmeanna a Tharmligean

Le halt 18F den Acht tugtar cumhacht don Choimisiún a chuid feidhmeanna agus cumhachtaí a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Déantar tarmligean den sórt sin ar mhaithe le bainistíocht éifeachtúil, éifeachtach an Bhainc Ceannais agus lena chinntiú go ndéantar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí. Chuige sin, tá feidhmiú an chuid is mó d’fheidhmeanna agus de chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún.

In alt 32A den Acht, leagtar amach na forálacha reachtacha maidir le creat a bhunú chun freagrachtaí a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Gairtear an Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) de sin. Soláthraíonn an Plean modh oibríochtúil ar tríd a mholann an Gobharnóir don Choimisiún go ndéanfar freagracht i ndáil le cumhachtaí agus feidhmeanna sonraithe de chuid an Bhainc Ceannais a shannadh don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir agus/nó d’oifigeach nó d’fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais

Cé go bhfuil an Coimisiún tar éis feidhmiú an chuid is mó d’fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean agus go bhfuil an Plean maidir le sannadh na

bhfreagrachtaí sin ceadaithe aige, coimeádann an Coimisiún an fhreagracht fhoriomlán i ndáil le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin agus i ndáil lena chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna atá tugtha don Bhanc Ceannais (seachas na cinn a dtugtar freagracht ina leith don Ghobharnóir amháin) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach.

Ina theannta sin, coimeádann an Coimisiún an cumhacht chun aon cheann de na feidhmeanna agus de na cumhachtaí sin de chuid an Bhainc Ceannais atá tarmligthe aige ó am go ham a fheidhmiú i gcás ina measann sé gur cuí déanamh amhlaidh. I dtaca leis sin de, féadfaidh an Coimisiún coinníollacha, teorainneacha nó srianta a chur ar chomhlíonadh nó ar fheidhmiú feidhmeanna nó cumhachtaí a tharmligtear. I gcásanna cuí, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí nó ar nithe a dhéantar i gcomhlíonadh nó i bhfeidhmiú aon fheidhme nó cumhachta tarmligthe.

De bhreis air sin, déanann an Coimisiún teagmháil leis an lucht bainistíochta maidir le saincheisteanna lena ngabhann tábhacht straitéiseach don Bhanc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) agus tugann sé comhairle agus tacaíocht dóibh, chomh maith le ceisteanna dearfacha a chur orthu, de réir mar is cuí. Ina theannta sin, ceadaíonn an Coimisiún an straitéis ar dá réir a chumasaítear don Bhanc Ceannais a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus athbhreithníonn sé feidhmíocht an Bhainc Ceannais i ndáil leis an straitéis sin.

## Comhaltaí an Choimisiúin

Is é an Gobharnóir Cathaoirleach an Choimisiúin. Is iad na comhaltaí *ex officio* eile an Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais, agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Fanann comhaltaí *ex officio* an Choimisiúin in oifig mar chomhaltaí ar feadh cibé tréimhse a sealbhaíonn siad an oifig atá i gceist. Féadfaidh an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad den Choimisiún, gan dul thar líon is mó ná ochtar, a cheapadh agus sealbhaíonn na comhaltaí sin a n-oifig ar feadh téarma cúig bliana go hiondúil agus féadtar an téarma sin a fhadú ar feadh téarma amháin eile.. Sa bhliain 2018, d'fhóin seisear comhaltaí ceaptha den sórt sin ar an gCoimisiún.

Amhail ar an 31 Nollaig 2018, ba iad seo a leanas comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais.

## Comhaltaí Ex-Officio

### *An Gobharnóir*

Is é an tUachtarán a cheapann an Gobharnóir ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana agus féadtar an téarma sin a fhadú go ceann seacht mbliana eile.

Is é Philip R. Lane an 11ú Gobharnóir ar an mBanc Ceannais agus ghlac sé oifig ar an 26 Samhain 2015. Chomh maith leis sin, is comhalta é de Chomhairle Rialaithe BCE agus is é Cathaoirleach Choiste Comhairleach Teicniúil BERS é.

Ní mór don Ghobharnóir, nó ní mór dá ionadaí, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Tá róil agus freagrachtaí an Ghobharnóra ina leith seo leagtha amach i gConarthaí an AE, i Reacht CEBC agus san Acht.

Comhlíonann an Gobharnóir a fheidhmeanna CEBC go neamhspleách ar an gCoimisiún agus is air amháin atá freagracht i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air, agus i ndáil le feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc, le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC nó fúthu. Tá neamhspleáchas a róil leagtha síos i gConarthaí AE agus tá tosaíocht ag an ról sin ar dhlí na hÉireann. Sular ceapadh ina Ghobharnóir é, bhí Philip R. Lane ar fhoireann acadúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá sé fós cleamhnaithe leis an ollscoil mar Ollamh Whately le hEacnamaíocht Pholaitiúil (ar saoire).

Tar éis a chúrsa oideachais fochéime a chríochnú i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, fuair sé PhD san Eacnamaíocht ó Ollscoil Harvard sa bhliain 1995 agus bhí sé ina Ollamh Cúnta le hEacnamaíocht agus Gnóthaí Idirnáisiúnta in Ollscoil Columbia sa tréimhse 1995-1997 sular tháinig sé ar ais go Baile Átha Cliath.

I measc na réimsí taighde a bhfuil spéis aige iontu, áirítear domhandú airgeadais, maicreacnamaíocht rátaí malairte agus sreafaí caipitil, ceapadh beartas maicreacnamaíoch agus comhtháthú airgeadaíochta san Eoraip. Foilsíodh saothair dá chuid san *American Economic Review*, sa *Review of Economics and Statistics*, sa *Journal of Economic Perspectives*, sa *Journal of International Economics*, san NBER *Macroeconomics Annual* agus, chomh maith leis sin, i gcuid mhór irisí eile.

Sa bhliain 2001, ba é buaiteoir tionscnaimh Ghradam Bernacer na Gearmáine maidir le hEacnamaíocht Airgeadaíochta mar aitheantas ar a raibh bainte amach aige i réimse eacnamaíocht airgeadaíochta na hEorpa; sa bhliain 2010, bhí sé ina chomhbhuaiteoir i leith Dhuais

Bhagwati ón *Journal of International Economics*. Ina theannta sin, ghníomhaigh sé mar shainchomhairleoir acadúil don BCE, don Choimisiún Eorpach, do CAI, don Bhanc Domhanda, do OECD, do Bhanc Forbartha na hÁise agus do roinnt BCN-anna. Bhí sé ina eagarthóir bainistíochta ar *Economic Policy* freisin.

Sula ndeachaigh sé i mbun poist sa Bhanc Ceannais, bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Eolaíochta BERS agus bhí sé ina Stiúrthóir ar an gClár Maicreacnamaíochta agus Airgeadais Idirnáisiúnta de chuid an Ionaid Taighde ar Bheartais Eacnamaíocha (CEPR). I Meán Fómhair 2016, ceapadh ina Chathaoirleach ar Thascfhórsa Ardleibhéil BERS maidir le Sócmhainní Sábháilte é. I Márta 2017, ceapadh ina Chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Teicniúil (CCT) BERS é go ceann téarma trí bliana.

### An Leas-Ghobharnóir - Baincéireacht Cheannais

Ceapadh Sharon Donnery chuig post an Leas-Ghobharnóra, Baincéireacht Cheannais, le héifeacht ón 1 Márta 2016. Is í Malartach an Ghobharnóra í ar Chomhairle Rialaithe an BCE. Déanann sí ionadaíocht don Bhanc Ceannais freisin ar BERS.

Ceapadh í ina Cathaoirleach ar Choiste Buiséid BCE (BuCom) i mí na Nollag 2016. Roimhe seo, d'fhóin sí mar Chomhalta Malartach an Bhainc Ceannais ar Bhord Maoirseachta SAM. Ina theannta sin, d'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Ghrúpa Ardleibhéil SAM maidir le INTanna.

Thosaigh an Leas-Ghobharnóir Donnery mar Eacnamaí i Rannán beartais Airgeadaíochta an Bhainc Ceannais sa bhliain 1996 agus tá sí tar éis raon post sinsearach a bheith aici. Ó mhí Feabhra 2013 go dtí mí Lúnasa 2014, shealbhaigh sí an post reachtúil mar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa agus, ó mhí Aibreáin 2014 go dtí mí Bhealtaine 2016, bhí sí ina Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa. Bhí sí ina leas-Chathaoirleach freisin ar Bhuanchoiste ÚBE um Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais.

Ina theannta sin, tá BA san Eacnamaíocht agus sa Pholaitíocht aici mar aon le MA san Eacnamaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD).

### An Leas-Ghobharnóir - Rialáil Stuamachta

Ceapadh Ed Sibley ina Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, ar an 1 Meán Fómhair 2017. Is comhalta de Bhord Maoirseachta SAM é freisin. Ina cháil mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta, tá freagracht air i ndáil le ról ceannasach a fheidhmiú i ndáil le maoirseacht a dhéanamh

ar institiúidí creidmheasa, ar ghnólachtaí árachais agus ar an tionscal bainistíochta sócmhainní.

Roimh a cheapachán, ba é an Leas-Ghobharnóir Sibley an Stiúrthóir ar Mhaoirseacht Institiúidí Creidmheasa, agus sa cháil sin, bhí freagracht air i ndáil le formhaoirseacht a dhéanamh ar obair mhaoirseachta an Bhainc Ceannais i leith na mbanc agus na gcomhar creidmheasa go léir a oibríonn in Éirinn. Thosaigh sé ag obair sa Bhanc Ceannais sa bhliain 2012 i réimse na Maoirseachta ar Bhaincéireacht. Tá níos mó ná 20 bliain de thaithí oibre ag ED san earnáil seirbhísí airgeadais. Áiríonn an taithí atá aige roimhe seo seal oibre in Údarás Seirbhísí Airgeadais na Ríochta Aontaithe (FSA), áit a raibh sé i gceannas ar an maoirseacht ar bhainc Eorpacha a bhí ag feidhmiú sa Ríocht Aontaithe; agus bhí róil éagsúla bainistíochta riosca aige san earnáil phríobháideach.

Tá MBA aige ó Scoil Ghnó Smurfit agus tá céim BA aige san Eacnamaíocht.

### *Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais*

Is é Derek Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus tá freagracht air i ndáil le cúrsaí beartais i réimsí na heacnamaíochta, na gcúrsaí buiséadacha agus fioscacha, agus na seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais. Roimhe seo, bhí sé ina Ardrúnaí Cúnta agus freagracht air i ndáil le rannán an Bheartais Fhioscaigh agus leis an Rannán Buiséid agus Eacnamaíochta agus bhí ról ceannasach aige i ndáil le saincheisteanna beartais cánach idir na blianta 2006 agus 2014. Faoi láthair, tá sé ina chomhalta de Bhord Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, agus de Ghrúpa Ardleibhéil an AE maidir le hAistriú chuig Inbhuanaitheacht Maoiniúcháin agus ina chomhalta seachtrach de Bhord Státchiste na hAlban agus ina Chomhalta Comhairle den Fhondúireacht um Staidéir Fhioscacha. Roimhe seo, d’fhóin sé ar an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, ar an mBord Náisiúnta Staidrimh agus ar Choistí AE um Beartas Eacnamaíoch agus um Beartas Cánach.

## Comhaltaí Ceaptha

Cheap an tAire Airgeadais na comhaltaí seo a leanas. Bhí téarmaí oifige idir trí bliana agus cúig bliana ag comhaltaí bunaidh an Choimisiúin; téarmaí cúig bliana a bhíonn ag comhaltaí nua nó ag comhaltaí athcheaptha.

***Alan Ahearne (a ceapadh ar an 8 Márta 2011 go ceann 4 bliana agus a athcheapadh ar an 8 Márta 2015 go ceann 5 bliana)***
Tá an tOllamh Alan Ahearne ina Stiúrthóir ar Institiúid Whitaker agus ina Ollamh le hEacnamaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (NUIG). Tá sé ina Chathaoirleach ar Chlár Comhpháirteach Taighde an ESRI agus na Roinne Airgeadais maidir le Maicreacnamaíocht, Cánachas agus Baincéireacht agus tá sé ina chomhalta de Ghrúpa Comhairle Seachtrach na hOifige Buiséid Pharlaimintigh. D'fhóin sé mar chomhairleoir don CAI, mar Ánra Taighde ag Bruegel, agus mar chomhairleoir eacnamaíochta an iar-Aire Airgeadais, Brian Lenihan. Sula ndeachaigh sé i mbun poist in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, bhí sé ina Eacnamaí Sinsearach sa *Federal Reserve Board* in Washington, DC. Theagasc sé an eacnamaíocht in Ollscoil Carnegie Mellon, in Ollscoil Virginia, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnigh. Chuir sé tús lena ghairmréim le *Coopers & Lybrand* agus, chomh maith leis sin, d'oibrigh sé don *Bank of Ireland Group Treasury*. Is iad na réimsí saineolais atá aige maicreacnamaíocht agus airgeadas idirnáisiúnta agus foilsíodh taighde dá chuid i bpríomhirisí idirnáisiúnta. Tá PhD san Eacnamaíocht aige ó Ollscoil Carnegie Mellon.

***Patricia Byron (a ceapadh ar an 1 Eanáir 2014 go ceann 5 bliana agus a athcheapadh ar an 1 Eanáir 2019 go ceann 5 bliana)***
D'oibrigh Patricia Byron ar feadh roinnt mhaith blianta mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil árachais agus seirbhísí airgeadais gaolmhara. Ba í an chéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin í ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB), is é sin, an comhlacht neamhspleách Stáit a bunaíodh sa bhliain 2004 chun athchóiriú a dhéanamh ar thimpeallacht chostasach na n-éileamh i leith díobhálacha pearsanta. Mar Chathaoirleach ar Bhiúró Árachóirí Mótar na hÉireann, threoraigh sí clár um athchóiriú a bhí dírithe ar chlaochlú agus ar éifeachtacht gnó. Mar Chathaoirleach ar Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach Gnólachtaí Stáit, bhí páirt ghníomhach aici i dtionscnaimh ceannródaíochta maidir le hathchóiriú na hearnála poiblí. Ón tráth ar fhág sí an PIAB sa bhliain 2015, threoraigh sí clár Athbhreithnithe Straitéisigh i gCumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, í Patricia, is Árachóir Cairte í, agus ba í an chéad uachtarán baineann í ar an Institiúid Árachais.

Ceapadh chuig an gCoimisiún í ar an 1 Eanáir 2019 go ceann téarma cúig bliana.

***John Fitzgerald (a ceapadh ar an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 5 bliana agus a athcheapadh ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 go ceann 5 bliana)***

Is é John FitzGerald Cathaoirleach Comhairle Chomhairleach an Rialtais maidir leis an Athrú Aeráide agus is Ollamh Taca é i gColáiste na Tríonóide agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Le linn a ghairmréime, tá obair déanta aige ar bheartas maicreacnamaíoch agus fuinnimh agus tá neart foilsithe aige maidir leis na réimsí sin. Is iar-Uachtarán é ar Chumann Eacnamaíochta na hÉireann agus ar ghrúpa EUROFRAME na n-institiúidí Eorpacha um thaighde eacnamaíoch. Is iar-chomhalta é den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den *Northern Ireland Authority for Energy Regulation*. Rinne sé a chuid staidéir sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath UCD), agus tá céimeanna Máistreachta aige sa stair agus san eacnamaíocht. Chuir sé tús lena ghairmréim sa Roinn Airgeadais sa bhliain 1972 agus, ina dhiaidh sin, bhí sé ag obair san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go dtí Deireadh Fómhair 2014.

***Des Geraghty (a ceapadh ar an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana agus a athcheaptha ar an 1 Deireadh Fómhair 2014 go ceann 5 bliana)***

Is iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceardchumainn é Des Geraghty. Bhí sé ina uachtarán ar SIPTU ó 1999 go dtí 2004. Ceapadh chuig Parlaimint na hEorpa é sa bhliain 1992 do thoghlach Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus um Beartas Tionsclaíoch i bParlaimint na hEorpa. Tá sé ina chomhalta de bhord ESB Networks agus de bhord TG4. Is iarchomhalta é d'Údarás RTÉ, de Bhord FÁS, den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, den Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe agus den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta.

***Niamh Moloney (a ceapadh ar an 11 Meán Fómhair 2018 go ceann 5 bliana)***

Tá Niamh Moloney ina hOllamh le Dlí na Margaí Airgeadais, agus is í Ceann na Roinne Dlí í, sa *London School of Economics and Political Science*. Toghadh mar Ánra de chuid Acadamh na Breataine í i samhradh na bliana 2018. Déanann sí speisialtóireacht i rialáil mhargadh airgeadais an AE agus i gcosaint airgeadais do thomhaltóirí agus tá roinnt leabhar scríofa aici maidir leis na hábhair sin. Ba Ollamh ar Cuairt í i roinnt Scoileanna Dlí a bhfuil iomrá idirnáisiúnta orthu, lena n-áirítear Scoil Dlí Columbia, Nua-Eabhrac, agus is comhaltaí í de Bhoird Eagarthóireachta roinnt irisí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta faighte acu.

faoi láthair, i Comhalta de Bhord Achomhairc na ÚME-anna agus, roimhe seo, ba chomhalta í de Ghrúpa Geallsealbhóirí Urrús agus Margaí ÚEUM, bhí sí ina Cathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach an Bhainc Ceannais do Thomhaltóirí agus bhí sí ina comhalta de Phainéal Tomhaltóirí um Sheirbhísí Airgeadais an Údaráis Iompair Airgeadais sa Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, ghníomhaigh sí mar Chomhairleoir Speisialta d'Fhiosrúchán 2014-2015 a sheol Teach na dTiarnaí sa Ríocht Aontaithe maidir le freagairt rialála an AE ar an ngéarchéim airgeadais agus mar Fhinné Saineolach le linn Fhiosrúcháin Roghchoiste de chuid Parlaimint na Ríochta Aontaithe maidir le rialáil na margaí airgeadais agus maidir le nithe a bhain le Brexit agus thar ceann Coiste Gnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta Pharlaimint na hEorpa.

Tá céimeanna aici ó Scoil Dlí Harvard agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

***John Trethowen (a ceapadh ar an 11 Meán Fómhair 2018 go ceann 5 bliana)***

Tá saol oibre uile John Trethowen caite i réimse na baincéireachta agus tá taithí 40 bliain aige. Faoi láthair, is é an tAthbhreithneoir Creidmheasa atá ceaptha ag an Stát é, ar post é sin trína dtugtar cúnamh do FBM-anna (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide) agus d'fheirmeacha inmharthana rochtain a fháil ar chreidmheas ó bhainc. Tá John ina Ánra den Institiúid Bhaincéireachta agus bhí sé ina Uachtarán ar an institiúid sin sa bhliain 2006. D'fhóin sé in institiúidí éagsúla airgeadais ar gach leibhéal, lena n-áirítear róil fheidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin ar bhoird na n-institiúidí sin.

Tá MBA aige ó Scoil Ghnó Ollscoil Uladh agus tá taithí forleathan aige maidir le fheidhmiú ar bhoird. Faoi láthair, tá sé ina chomhalta de bhord EirGrid plc agus tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Iniúchta an bhoird sin. Roimhe seo, d'fhóin sé ar bhoird san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, iompar poiblí, sláinte agus cúram sóisialta, agus carthanais éagsúla a bhfuil baint acu leis an réimse gnó.

## Rúnaí an Bhainc Ceannais

Ceapadh Neil Whoriskey mar Rúnaí an Bhainc Ceannais ar an 1 Eanáir 2011. Ina theannta sin, tá sé ina Cheannasaí ar an Rannán Ardrúnaíochta agus freagracht air i ndáil le Rialachas, Straitéis, Saoráil Faisnéise, Faisnéisiú agus Tacaíocht do chomhaltaí Choiste an Ghobharnóra. Roimhe seo, bhí freagracht air i ndáil le ceannaireacht ar fheidhm chumarsáide an Bhainc Ceannais. Sular thosaigh sé ag obair sa

Bhanc Ceannais sa bhliain 1998, d'oibrigh sé san earnáil phríobháideach. Tá céimeanna aige ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh (NUIG) agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD).

## Cóimheá Inscne

Tá ceathrar comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais ceaptha i gcáil ex-officio. Is bean í duine amháin de na comhaltaí ex-officio. Maidir leis an seisear comhaltaí eile den Bhord, is mná iad beirt acu nó 33% díobh. San iomlán, is ionann ionadaíocht na mBan ar an gCoimisiún agus 33%. Maidir leis na ceapacháin is déanaí a rinne an tAire Airgeadais, rinneadh iad i gcomhréir le Treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit 2014 agus tar éis aird a thabhairt ar na spriocanna 40% i leith cóimheá inscne, rinneadh iad ar bhonn cóimheas 50:50 i dtaca le mná agus fir de. Tá sé curtha in iúl ag an Aire go ndéanfar aon cheapacháin chuig an gCoimisiún amach anseo ar an mbonn sin.

## Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa) agus is é an Gobharnóir a bhíonn i gceannas orthu ina cháil mar Chathaoirleach. Déanfar tuilleadh cruinnithe a sceidealú de réir mar is gá le haghaidh chomhlíonadh cuí fheidhmeanna an Choimisiúin. Foilsítear miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais. Sa bhliain 2018, tháinig an Coimisiún le chéile 12 uair.

## Coistí an Choimisiúin

Tá an chumhacht ag an gCoimisiún coistí a bhunú ar a mbeidh comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, cibé acu ina n-aonar nó i dteannta le hoifigeach nó le fostaí amháin nó níos mó de chuid an Bhainc, agus féadfaidh sé nós imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shainiú.

Tá na Coistí seo a leanas bunaithe ag an gCoimisiún:

- Coiste Iniúchta
- An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- Coiste Rioscaí.

## An Coiste Iniúchta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúchta agus cuimsíonn sé triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, ba iad Patricia Byron (Cathaoirleach), John FitzGerald agus John Trethowan comhaltaí an Choiste Iniúchta.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Iniúchta ceithre huaire ar a laghad gach bliain. Sa bhliain 2018, bhí sé chruinniú den Choiste ann. Bhí dhá chruinniú breise ann a tionóladh i gcomhpháirt leis an gCoiste Rioscaí.

Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe de chuid an Choiste Iniúchta mar bhreathnadóirí. Is féidir le Cathaoirleach an Choiste cruinniú a thionól freisin má iarrann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) nó na hiniúchóirí seachtracha air amhlaidh. De bhreis air sin, tagann an Coiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad in éineacht leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) agus leis na hiniúchóirí seachtracha gan na feidhmeannaigh a bheith i láthair. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta ag an gCathaoirleach le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh. Tagann an Coiste le chéile ina chomhdhéanamh neamhfheidhmiúcháin ag tús gach cruinnithe. Déantar miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchta a scaipeadh ar an gCoimisiún agus cuirtear iad ar chlár oibre na gcruinnithe den Choimisiún ina dhiaidh sin.

Cuirtear ról an Choimisiúin in iúl i dtéarmaí formhaoirseachta agus athbhreithnithe. Is iad seo a leana a phríomhfhreagrachtaí:

***Ráitis Airgeadais***

- Athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine Ráitis Airgeadais an Bhainc, lena n-áirítear na breitheanna suntasacha cuntasaíochta a dhéantar le linn na Ráitis sin a ullmhú, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith.

***Iniúchóirí Seachtracha***

- Comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus athcheapadh an iniúchóra sheachtraigh neamhspleách (an tIniúchóir Seachtrach), agus maidir lena luach saothair agus maidir le ceisteanna faoi éirí as agus faoi dhífhostú an iniúchóra sin agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais i ndáil le fostú an Iniúchóra Inmheánaigh.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna iniúchta bliantúla, ar thuarascálacha agus ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón Iniúchóir Seachtrach agus a chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir le scóip na hiniúchóireachta lena mbaineann.

- Comhairle a ghlacadh go tréimhsiúil leis an Iniúchóir Seachtrach maidir le hoibriú IAD, go háirithe i ndáil le foireann an aonaid, i ndáil leis an gclár oibre atá á chur i bhfeidhm agus i ndáil leis an tástáil a dhéantar maidir le comhlíonadh an Chóid.

***Iniúchadh Inmheánach***

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt agus ar phlean oibre bliantúil an Rannáin um Iniúchadh Inmheánach, agus an méid sin a cheadú, á chinntiú go leagtar béim leordhóthanach ar iniúchóireacht luach ar airgead.
- Faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus neamhspleáchas an Rannáin um Iniúchadh Inmheánach i gcomhthéacs foriomlán chórais bainistíochta riosca airgeadais an Bhainc, agus más cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an rannáin agus a áirithiú go nglacfar bearta leantacha i leith na dtuarascálacha sin.
- Breithniú a dhéanamh i dtaobh chinntí imscrúduithe an Rannáin um Iniúchadh Inmheánach agus i dtaobh fhreagra an lucht bainistíochta ina leith sin.

***Bainistíocht Rioscaí Inmheánacha agus Rialú Inmheánach***

- Cúnamh a thabhairt don Choimisiún i gcomhlíonadh a chuid freagrachtaí maidir le cuibheas agus iomláine na gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca a áirithiú.
- Breithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ag an mBanc Ceannais.
- Glacadh le tuarascálacha tréimhsiúla ón lucht bainistíochta maidir le calaois agus athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin i.e. a chinntiú go bhfuil forálacha Bheartas agus Nós Imeachta an Bhainc Ceannais maidir le Bainistíocht Calaoise dóthanach chun a áirithiú go ndéantar calaois, nó calaois amhrasta, laistigh den Bhanc Ceannais a thuairisciú.

***Freagrachtaí Eile***

- Dearbhú a thabhairt don Choimisiún maidir le bainistíocht rioscaí agus maidir le ceanglais i leith rialachas corparáideach don Bhanc Ceannais.
- A chinntiú go bhfuil forálacha Bheartas an Bhainc Ceannais maidir le Nochtadh Rúnda oiriúnach lena chinntiú go mbeidh cur chuige cuí ann maidir le déileáil le tuairiscí ó bhaill foirne á rá gur tharla "éagóiritheoireacht" sa Bhanc Ceannais.

Déanfaidh an Coiste cibé moltaí a mheasann sé is cuí don Choimisiún maidir le haon réimse a thagann faoina chúram ina bhfuil gá le gníomh nó le feabhsú.

De bhreis ar na freagrachtaí atá leagtha amach thuas, féadfaidh an Coiste gníomhaíochtaí eile a bhaineann lena shainordú a chur i gcrích má iarrann an Coimisiún amhlaidh.

## An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Ceapann an Coimisiún an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus cuimsíonn sé beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí. (Ní bhíonn na Leas-Ghobharnóirí i láthair nuair a bhíonn nithe a bhaineann le luach saothair chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin á bplé. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2018: Niamh Maloney (Cathaoirleach), Des Geraghty, Sharon Donnery agus Ed Sibley.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana. Sa bhliain 2018, bhí ceithre chruinniú den Choiste ann. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déantar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

Cuirtear ról an Choiste in iúl i dtéarmaí formhaoirseachta agus athbhreithnithe. Is iad seo a leana a phríomhfhreagrachtaí:

***Buiséad/caiteachas***

- Athbhreithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cúrsaí buiséid agus caiteachais agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith sin.

***Luach saothair***

- Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin, lena n-áirítear an Gobharnóir, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith sin.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith sin.

- Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar bheartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais maidir le luach saothair agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún i gcás inar gá sin.

***Scórchárta Ualaithe***

- Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith sin.

De bhreis ar na freagrachtaí atá leagtha amach thuas, féadfaidh an Coiste nithe eile a bhreithniú má iarrann an Coimisiún amhlaidh.

## Coistí Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Rioscaí agus cuimsíonn an coiste triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus an bheirt Leas-Ghobharnóirí. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2018: Alan Ahearne (Cathaoirleach), Sharon Donnery, Des Geraghty agus Ed Sibley.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Riosca ceithre huaire ar a laghad gach bliain. Sa bhliain 2018, tionóladh cúig chruinniú den Choiste. Tionóladh dhá chruinniú breise freisin i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchta.

Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déantar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

Cuirtear ról an Choiste in iúl i dtéarmaí formhaoirseachta agus athbhreithnithe. Is iad seo a leana a phríomhfhreagrachtaí:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha tréimhsiúla don Choimisiún maidir le hinfheistiú sócmhainní infheistíochta ag an mBanc Ceannais agus comhairle agus moltaí a thabhairt don Choimisiún ina leith, agus aird ar leith a tharraingt ar an méid seo a leanas:
    (i) Comhdhéanamh airgeadra agus paraiméadar riosca eile na sócmhainní infheistíochta.
    (ii) Na critéir shlándála maidir le bainistíocht shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais.
    (iii) An ráta fáltais a tuilleadh ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais lena n-áirítear measúnacht ar thagarmhairc feidhmíochta a úsáideadh. (iv) Breithniú a dhéanamh ar aon nithe a bhaineann le beartais agus cleachtais infheistíochta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste ó am go ham, agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith sin.
- Leochaileacht reatha an Bhainc Ceannais i leith rioscaí agus an straitéis fhoriomlán bainistíochta rioscaí a athbhreithniú agus a thuar.

- Staid reatha airgeadais an Bhainc Ceannais a athbhreithniú, agus staid agus réamhaisnéisí maidir le sócmhainní agus dliteanais á gcur sa áireamh.
- An timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca sa Bhanc Ceannais a chur san áireamh, agus leas á bhaint as tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta freisin.
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí um bainistíocht riosca oibríochtúil agus leanúnachais gnó, leaganacha eatramhacha uasdátaithe de na creataí éagsúla a cheadú, athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha agus breithniú a dhéanamh i dtaobh an fiú rioscaí nó teagmhais áirithe a phlé sa Choimisiún.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht féin.
- Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

## Cód Iompair agus Eitice do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá Cód Iompair agus Eitice glactha ag an gCoimisiún. Bítear ag súil go léifidh agus go síneoidh comhaltaí an Choimisiúin an Cód Iompair agus Eitice d'fhonn a chur in iúl go dtuigeann siad forálacha an chóid agus go nglacann siad leis na forálacha sin. Ina theannta sin, ní mór do chomhaltaí an Choimisiúin comhfhreagracht an Choimisiúin agus aon choiste ar comhalta de iad a urramú agus ní mór dóibh tacú leis an gcomhfhreagracht sin.

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid Iompair agus Eitice:

- Caighdeáin iompair eiticiúil a leagan amach
- Iontaoibh agus muinín sa Choimisiún a chur chun cinn
- Cosc a chur ar fhorbairt cleachtas neamh-inghlactha nó ar ghlacadh le cleachtais den sórt sin.

Tá sé de cheangal ar chomhaltaí an Choimisiúin a ndualgais agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh de réir caighdeáin arda macántachta agus is ceart dóibh treoir a ghlacadh, i ndáil lena ngníomhartha go léir, ó thimpeallacht reachtaíochta an Bhainc Ceannais. D'athbhreithnigh an Coimisiún an Cód, den uair is déanaí, ag a chruinniú ar an 18 Deireadh Fómhair 2017, agus ghlac sé Cód athbhreithnithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Tá an Cód le fáil ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Le halt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, forchuirtear ceanglais maidir le nochtadh ar dhaoine atá ina gcomhaltaí de chomhlachtaí stáit a ndearnadh a gcuid post stiúrthóra forordaithe i rialacháin atá déanta ag an Aire. Tugtar stiúrthóirí ainmnithe ar na daoine sin agus áiríonn siad comhaltaí an Choimisiúin. Ciallaíonn sé sin go dtagann aon duine a shealbhaíonn post stiúrthóra ainmnithe faoi réir na bhforálacha de na hAchtanna Eitice a bhaineann le nochtadh leasanna agus go bhféadfadh sé nach mór dóibh ráiteas bliantúil faoi leasanna agus/nó ráiteas faoi leasanna ábhartha a chur ar fáil

## Cruinnithe an Choimisiúin

Déantar nós imeachta an Choimisiúin a leagan amach i Sceideal 1 d'Acht 1942. Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa) agus is é an Gobharnóir a bhíonn i gceannas orthu ina cháil mar Chathaoirleach an Choimisiúin. Déanfar tuilleadh cruinnithe a sceidealú de réir mar is gá le haghaidh chomhlíonadh cuí fheidhmeanna an Choimisiúin. Féadfaidh gach comhalta, nó roinnt comhaltaí, den Choimisiún páirt a ghlacadh le teileafón i gcruinnithe den Choimisiún.

De réir Théarmaí Tagartha an Choimisiúin, freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, agus an Príomhoifigeach Oibríochtaí ar chruinnithe de chuid an Choimisiúin chun faisnéis uasdátaithe faoina réimsí éagsúla agus faoi nithe iomchuí eile. Iarrtar ar an Abhcóide Ginearálta freastal ar chruinnithe den Choimisiún ina cháil mar chomhairleoir dlí don Bhanc Ceannais.

## Athbhreithniú ar an gCoimisiún

Tionscnaíonn Cathaoirleach an Choimisiúin athbhreithniú ar fheidhmíocht an Choimisiúin ar bhonn bliantúil chun measúnacht a dhéanamh ar cé chomh mór atá freagrachtaí á gcomhlíonadh, ar cé chomh héifeachtach atá an Coimisiún ag oibriú, agus ar cé chomh cuí atá an scóip, an comhaltas agus na téarmaí tagartha. De bhreis air sin, is gá athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtacht an Choimisiúin faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit gach trí bliana.

## Nósanna Imeachta maidir le Cinnteoireacht

Déantar cinntí an Choimisiúin ar bhonn thromlach na vótaí a chaitheann na comhaltaí den Choimisiún atá i láthair don vótáil lena mbaineann, nó le rún a cheadaítear i scríbhinn le tromlach na gcomhaltaí.

## Comhairle Ghairmiúil

De bhun a dhualgas, féadfaidh an Coimisiún comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá sin, ar chostas an Bhainc i gcás ina measann siad gur gá déanamh amhlaidh chun a bhfreagrachtaí mar chomhaltaí den Choimisiún a chomhlíonadh.

## Struchtúr Eagraíochtúil

Déantar struchtúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais a chinneadh go formhór ar bhonn fhorálacha Achtanna an Bhainc Ceannais 1942 - 2015. Leis na hAchtanna sin, bunaítear an Banc Ceannais mar eagraíocht agus déantar feidhmeanna an bhainc a leagan amach iontu agus déanann siad socrú maidir leis na struchtúir ar laistigh díobh a chuireann an Banc Ceannais na feidhmeanna sin i gcrích. Éiríonn feidhmeanna an Bhainc Ceannais as foinsí éagsúla dlí, lena n-áirítear Conarthaí AE, Achtanna an Bhainc Ceannais agus reachtaíocht eile a bhaineann le seirbhísí airgeadais. Cé gur féidir cuid de na feidhmeanna sin a shannadh chuig oifigigh reachtúla, tá sé de chúram ar an mBanc Ceannais, sa chéad ásc, an chuid is mó d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) a chomhlíonadh. Ach tagann sé sin faoi réir tarmligean reachtúil agus sannadh freagrachta.

Taispeánann an Chairt Eagrúcháin an tslí ina bhfuil an Banc Ceannais Struchtúraithe ar mhaithe lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Oibríonn an Banc Ceannais faoi cheithre cholún a bhfuil Leas-Ghobharnóir, an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, nó an Príomhoifigeach Oibríochtaí i gceannas air agus tuairiscíonn gach duine díobh sin go díreach don Ghobharnóir. Is iad seo a leanas na ceithre cholún:

- Baincéireacht Cheannais
- Rialáil Stuamachta
- Iompar Airgeadais
- Oibríochtaí.

Tá gach colún ar leith roinnte ina stiúrthóireachtaí a bhfuil Stiúrthóir i gceannas orthu agus tá freagracht ar gach Stiúrthóir ar leith i ndáil le roinnt rannán gnó.

## Freagrachtaí na gCeannairí Sinsearacha i mBanc Ceannais na hÉireann (FCS)

Soláthraíonn FCS an Bhainc Ceannais forléargas ar fhreagrachtaí na ndaoine sin a shealbhaíonn poist shinsearacha ceannaireachta sa Bhanc Ceannais, mar aon leis na socruithe rialachais iomchuí atá ann agus a

thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais. Is iad na ceannairí sinsearacha atá sainaitheanta an Gobharnóir, na Leas-Ghobharnóirí, an tArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, an Príomhoifigeach Oibríochtaí agus na Stiúrthóirí. Ina theannta sin, mar thoradh ar a bhfreagrachtaí reachtúla, áirítear Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa agus Rúnaí an Bhainc Ceannais san FCS.  De bhreis air sin, áirítear poist an Abhcóide Ghinearálta, Cheann an Iniúchta Inmheánaigh agus Cheann na Rioscaí Eagraíochtúla ós rud é go mbíonn siad cuntasach, ar shlite áirithe, don Choimisiún agus don Ghobharnóir. Tá faisnéis faoi FCS ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhainc Ceannais freisin.

## Struchtúir Rialachais Inmheánaigh


Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún i ndáil le bainistiú agus rialú an Bhainc Ceannais, tá roinnt traseagrúcháin ann a bhfuil freagracht orthu i ndáil le forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus i ndáil le comhairle a thabhairt maidir le mór-shaincheisteanna.

Cuimsíonn struchtúr choistí traseagraíochtúla an Bhainc Ceannais coistí oibríochtúla agus coistí atá bainteach leis an sainordú, agus tá téarmaí tagartha comhaontaithe ag gach ceann acu, ar téarmaí tagartha iad a athbhreithnítear ar bhonn bliantúil. Is trí rannpháirtíocht i gcoistí traseagraíochtúla a rannchuidíonn lucht bainistíochta sinsearaí an Bhanc Ceannais, i measc nithe eile, le forbairt agus le forfheidhmiú straitéis, fonn riosca agus cultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais.

Is é Coiste an Ghobharnóra (a bhfuil an Gobharnóir ina Cathaoirleach air) an príomhchomhlacht feidhmiúcháin cinnteoireachta maidir le nithe de chineál riaracháin agus bainistíochta agus maidir le nithe lena ngabhann tábhacht straitéiseach de chineál uile-bhainc nó seachtrach. Is é ról an Choiste comhairle, cúnamh agus tacaíocht a thabhairt don Ghobharnóir i ndáil le comhlíonadh fhreagrachtaí an róil sin, lena n-áirítear na feidhmeanna sin a tharmligeann an Coimisiún chuig an nGobharnóir. Ar mhaithe le cuspóirí an Choiste sin, sainaithnítear an Gobharnóir mar phríomhdhéantóir cinntí.

Faigheann Coiste an Ghobharnóra tacaíocht i leith an róil sin ó choistí ardleibhéil eile, rud a léiríonn go páirteach na struchtúir atá ann ar leibhéal an Choimisiúin agus ar leibhéal fhochoistí an Choimisiúin. Tá liosta coistí traseagraíochtúla (idir choistí oibríochtúla agus choistí atá bainteach leis an sainordú) leagtha amach i bhFíor 1.

*Fíor 1: Rialachas Inmheánach an Bhainc Ceannais*




## Coistí Eagraíochtúla

- Tá freagracht ar an **gCoiste Ardcheannaireachta** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) ina gcuimsítear an mheitheal cheannaireachta sinsearaí, lena n-áirítear na Stiúrthóirí go léir agus comhaltaí Choiste an Ghobharnóra, i ndáil le húinéireacht a ghlacadh ar an bplean straitéiseach agus i ndáil le dul i gceannas ar chur i bhfeidhm rathúil an phlean sin; chomh maith le fís an Bhainc Ceannais a chur i gcrích trí cheannaireacht aontaithe atá bunaithe ar luachanna.

- Tugann an **Coiste Oibríochtaí** (a bhfuil an Príomhoifigeach Oibríochtaí ina chathaoirleach air) comhairle maidir le príomhphróisis oibríochtúla, lena n-áirítear beartais iomchuí, d'fhonn a chinntiú go mbainistíonn an Banc Ceannais a chuid feidhmeanna oibríochtúla ar mhodh éifeachtúil, éifeachtach agus go ndéanann sé formhaoirseacht ar an bpunann clár agus tionscadal atá ag teastáil chun Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm.

- Déanann an **Coiste Bainistíochta Rioscaí** (a bhfuil an Leas-Ghobharnóir - Baincéireacht Cheannais ina chathaoirleach air) formhaoirseacht ar dhearadh, ar chothabháil agus ar fhorbairt leanúnach creataí éifeachtacha i leith bhainistíocht leochaileacht an Bhainc Ceannais maidir leis na príomhrioscaí féideartha inmheánacha. Príomhchuspóir is ea a chinntiú go mbainistítear rioscaí i gcomhréir le fonn riosca ceadaithe an Choimisiúin agus i gcomhréir le lamháltais ghaolmhara. Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar ábhair iomchuí riosca sula gcuirtear faoi bhráid Choiste Rioscaí an Choimisiúin iad.
- Bunaíodh an **Coiste Buiséid agus Airgeadais** (a bhfuil an Príomhoifigeach Oibríochtaí i gceannas air) chun buiséad bliantúil an Bhainc Ceannais a cheapadh agus chun faireachán a dhéanamh ar an mbuiséad sin, chun formhaoirseacht a dhéanamh (laistigh de theorainneacha tarmligthe) ar cheadú ítimí de chuid an chlúdaigh infheistíochta agus comhairle a thabhairt ina leith sin, agus chun breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le maoiniúchán tobhach tionscail i dtaca le cúrsaí próisis de. Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar ábhair iomchuí airgeadais sula gcuirtear faoi bhráid Choiste Buiséid agus Luacha Saothair an Choimisiúin iad.

## Coistí atá bainteach leis an sainordú

- Tugann an **Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) comhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann le sainordú an Bhainc Ceannais i ndáil le cobhsaíocht airgeadais. Déanann an Coiste faireachán agus measúnacht ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tarraingíonn sé aird ar réimsí imní atá ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus baineann sé tátail as an anailís. Díríonn an Coiste go háirithe ar shainaithint gníomhaíochtaí ar féidir iad a dhéanamh chun rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun bearta leantacha a dhéanamh i ndáil le gníomhartha atá déanta cheana féin. Féadfaidh an Gobharnóir a iarraidh go bhfoirmeofar gníomhartha sonracha a bheidh le cur i gcrích ag an lucht bainistíochta laistigh den Choiste nó lasmuigh de. I measc na ngníomhartha sin, d'fhéadfadh breithniú agus athbhreithniú ar ionstraimí beartais macrastuamachta a bheith i gceist, chomh maith le breithniú ar mholtaí ó Choiste an Bhainc Ceannais um Bearta Macrastuamachta agus chuig an gCoiste sin.

- Tugann an **Coiste um Bearta Macrastuamachta** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) comhairle maidir le hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta iomchuí agus déanann sé moltaí i dtaobh na rialacha sin a choimeád nó a athbhreithniú de réir mar is cuí. Is é an Banc Ceannais an t-údarás náisiúnta macrastuamachta ainmnithe in Éirinn. Le blianta beaga anuas, tá roinnt beart macrastuamachta gníomhachtaithe tríd an gcóras baincéireachta. Ina measc sin, áirítear na nithe seo a leanas: bearta atá bunaithe ar iasachtaithe ar nós rialacha faoi mhorgáistí; an CCYB, na maoláin institiúide eile lena ngabhann tábhacht shistéamach; agus cómhalartú beart beartais macrastuamachta atá déanta ag Ballstáit eile.

- Cinntíonn **an Coiste Formhaoirseachta Rialála Airgeadais** (a bhfuil an Gobharnóir ina Chathaoirleach air) go ndéantar comhordú éifeachtach ar obair rialála agus ar thionscnaimh ghaolmhara beartais ar fud an Bhainc Ceannais.

- Tugann an **Coiste Maoirseachta Rioscaí** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) comhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht rioscaí maoirseachta agus maidir le forbairt agus feabhsú na maoirseachta riosca-bhunaithe agus an rannpháirteachais maoirseachta.

- Tugann an **Coiste Beartais** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) comhairle faoi shaincheisteanna a bhaineann le beartas rialála agus faoi thionscnaimh rialála, lena n-áirítear páipéir chomhairliúcháin, ráitis aiseolais, cóid, treoirlínte, agus rialacháin, sula nglactar iad de réir na dtarmligean iomchuí.

- Tugann an **Coiste Réitigh** (a bhfuil an Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais ina Chathaoirleach air) comhairle don Ghobharnóir maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh ról an Bhainc Ceannais maidir le réiteach i leith an méid seo a leanas: Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011; Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Bainc) 2015; Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Sásra Réitigh Aonair), 2015; agus na gnólachtaí

rialáilte sin a aicmítear mar ghnólachtaí 'Catagóir 1'[25] nó mar ghnólachtaí MiFID, gnólachtaí Árachais agus Athárachais a aicmítear mar ghnólachtaí 'Catagóir 2A'[26] i gCreat an Bhainc Ceannais maidir le hÚdarú agus Cúlghairm.

- Déantar an **Coiste Údarúcháin** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) a thionól de réir mar is gá chun breithniú a dhéanamh ar údarú eintiteas rialáilte áirithe de réir mar is gá.

- Trí **Choiste an Chreata Rialála Airgeadais** (atá faoi chomhchathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra, Rialáil Stuamachta, agus an Ard-Stiúrthóra, Iompar Airgeadais) déantar lárú ar an bhformhaoirseacht ar an gcóras oiriúnachta agus ionracais. Déanann an Coiste rialú ar éifeachtacht an chórais O&I agus ar thionchar an chórais sin ar thionscal na seirbhísí airgeadais. Breithníonn an Coiste straitéis agus beartas an Bhainc Ceannais (lena n-áirítear beartas rialála, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin, agus athruithe rialála nó reachtaíochta san áireamh) agus éascaíonn sé comhordú, comhoibriú agus comhsheasmhacht i ndáil le hoibriú an chórais O&I ar fud an Bhainc Ceannais.

## Cuntasacht

### Plean Straitéiseach

De réir alt 32B d'Acht 1942, tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais plean straitéiseach a ullmhú agus a fhoilsiú gach trí bliana. Tá sé de chumhacht ag an Aire foirm plean straitéisigh a shainiú ach ní chlúdaíonn an chumhacht sin inneachar an phlean. Nuair a fhaigheann sé nó sí an plean straitéiseach ní mór don Aire é a leagan faoi bhráid an Oireachtais. A luaithe is indéanta tar éis teacht ar an eolas gur leagadh plean straitéiseach faoi bhráid an Oireachtais, ní mór don Bhanc Ceannais é a fhoilsiú agus gach beart réasúnach a dhéanamh chun é a chur i bhfeidhm.

---

[25]Is é atá i ngnólachtaí Chatagóir 1 ná institiúidí creidmheasa, taisclanna lárnacha urrús, gnóthais árachais agus athárachais ar dóigh ina leith go dtabharfar rátáil PRISM mheánach nó ard nó rátáil PRISM os a chionn sin dóibh, tithe imréitigh lárnacha, brainsí de chuid institiúidí creidmheasa atá bunaithe lasmuigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, agus gnólachtaí MiFID a measann an Stiúrthóir Maoirseachta Bainistíochta Sócmhainní ina leith gur gnólachtaí chatagóir 1 iad.

[26]I gcomhthéacs an Choiste Réitigh, is é atá i ngnólachtaí Chatagóir 2A ná gnóthais árachais agus athárachais ar dóigh ina leith go dtabharfar rátáil rátáil PRISM mheánach/íseal nó íseal dóibh agus gnólachtaí MiFID a measann an Stiúrthóir Maoirseachta Bainistíochta Sócmhainní ina leith gur gnólachtaí chatagóir 2A iad.

I rith na bliana 2018, bhí an Coimisiún bainteach le ceapadh Phlean Straitéiseach trí bliana 2019-2021 an Bhainc Ceannais a foilsíodh i mí na Samhna 2018.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

De réir Alt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana agus cuireann sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh agus a dheimhniú agus tuairiscíonn sé nó sí air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil agus an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Leagtar cóipeanna den dá dhoiciméad sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC/BCE.

Ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. De réir an Achta, beidh an Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta ina thrí chuid:

- Plean Feidhmíochta Rialála ina leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin, ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála i leith na bliana sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuir feidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa i gcrích, agus d'aon nithe iomchuí eile.
- Tuarascáil ó aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc faoin reachtaíocht i rith na bliana.

Laistigh d'aon mhí amháin tar éis don Aire Ráiteas Feidhmíochta Rialála a fháil, ní mór dó nó di an Ráiteas sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna ag an mBanc. Ach ní fhéadfaidh an tAire dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

## Láithriú os comhair Coistí Oireachtais

Féadfar oibleagáid a chur ar an nGobharnóir, ar Leas-Ghobharnóir nó ar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa freastal os comhair Comhchoiste den Oireachtas ar a bhfuil freagracht i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais agus cibé faisnéis a éileoidh an Coiste sin a thabhairt dó, ach sin faoi réir CFAE agus Reacht CEBC agus faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais i leith sicréideacht agus rúndacht ghairmiúil.

Ina theannta sin, féadfar a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar Leas-Ghobharnóir freastal os comhair Coiste den Oireachtas chun faisnéis a thabhairt don Choiste sin maidir le ráiteas feidhmíochta an Bhainc Ceannais. I gcásanna den sórt sin, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir os comhair an choiste agus soláthróidh sé nó sí cibé faisnéis faoi ráiteas feidhmíochta an Bhainc Ceannais ar féidir leis nó léi í a sholáthar a chur ar fáil don choiste, ach sin faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais i leith sicréideacht agus rúndacht ghairmiúil.

*Tábla 5 0 Láithriú os comhair Coistí den Oireachtas sa bhliain 2018*

| Dáta | Coiste Oireachtais | Lucht Freastail |
|---|---|---|
| 18/01/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Teagmháil ráithiúil leis an mBanc Ceannais agus leis an Scrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin | Philip Lane, Gobharnóir; Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta; Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais; Helena Mitchell, Ceann an Rannán Maoirseachta Cosanta Tomhaltóirí |
| 08/03/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Scéim Ghinearálta an Bhille Árachais (Leasú) 2017 | Gerry Cross, Stiúrthóir Beartais & Riosca; Sylvia Cronin, Stiúrthóir Maoirseachta Árachais |
| 10/05/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Teagmháil ráithiúil leis an mBanc Ceannais | Philip Lane, Gobharnóir; Ed Sibley, Ard-Stiúrthóir, Rialáil Stuamachta; Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais; Helena Mitchell, Ceann an Rannán Maoirseachta Cosanta Tomhaltóirí |
| 29/05/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Réiteach Iasachtaí Neamhthuillmheacha, tograí maidir le reachtaíocht AE | Grainne McEvoy, Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí; Adrian Varley, Ceann Maoirseachta Baincéireachta - Rannán na nAnailísí |
| 04/10/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Teagmháil ráithiúil leis an mBanc Ceannais | Philip Lane, Gobharnóir; Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta; Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais |
| 26/10/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Tuarascáil ar bhaincéireacht phoiblí áitiúil | Ed Sibley, Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta; Patrick Casey, Clárlann na gComhar Creidmheasa; Anne Marie Finnegan, Rannán Chlárlann na gComhar Creidmheasa |
| 08/11/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Beartas Airgeadaíochta na hEorpa: Malartú tuairimí leis an Uas MarioDraghi | Mario Draghi, Uachtarán BCE; Philip Lane, Gobharnóir |
| 29/11/2018 | Coiste Airgeadais an Oireachtais<br><br>Bille an Bhainc Ceannais (Bunachar Sonraí Náisiúnta d'Fhaisnéis faoi Éilimh) 2018: Céim an Choiste | Michael O'Sullivan, An Rannán Staitisticí |

## Fiosrúcháin Reachtúla

Ó am go ham, iarrtar ar an mBanc Ceannais agus ar a chuid oifigeach agus fostaithe fianaise a thabhairt d'fhiosrúcháin a bhunaítear faoi reacht. Le linn déileáil le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais na hoibleagáidí rúndachta a fhorchuirtear faoi Alt 33AK d'Acht 1942 a chomhlíonadh.

## Athbhrethnithe Piaraí

Ní mór don Bhanc Ceannais socrú a dhéanamh, uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse ceithre bliana, maidir le hathbhreithniú ar a chuid feidhmeanna reachtúla a chur á dhéanamh ag banc ceannais náisiúnta eile nó ag duine nó comhlacht eile a ndeimhníonn an Gobharnóir ina leith go bhfuil sé/sí oiriúnach, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire.

Go praiticiúil, déantar athbhreithnithe piaraí ar bhonn rialta de réir na reachtaíochta. Déantar mionsonraí faoi na hathbhreithnithe sin a thuairisciú gach bliain sa Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil.

# Iniúchadh Inmheánach

Is é is cuspóir don Rannán Iniúchta Inmheánaigh (RII) na gníomhú mar an 'tríú líne cosanta' neamhspleách laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Tá sé de fhreagracht ar bhainistíocht oibríochtúil an Bhainc Ceannais córas cuí rialaithe inmheánaigh a bhunú. Ar an gcaoi sin, gníomhaíonn an bhainistíocht oibríochtúil i gcáil na chéad líne cosanta. Is é an dara líne cosanta na feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca, rialú, comhlíonadh agus formhaoirseacht atá bunaithe agus atá á bhfeidhmiú ag an lucht bainistíochta. Ina theannta sin, cuireann Iniúchadh Inmheánach dearbhú oibiachtúil, neamhspleách ar fáil, mar aon le gníomhaíochtaí comhairleoireachta atá ceaptha chun breisluach a chur ar fáil i leith fheidhmiú chúraimí agus ghníomhaíochtaí an Bhainc agus chun na cúraimí sin a fheabhsú. Le linn déanamh amhlaidh, cuidíonn sé leis an mBanc Ceannais a chuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach, dea-rialaithe a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheasúnú agus a fheabhsú.

I rith na bliana 2018, sheol Iniúchadh Inmheánach raon iniúchtaí ar fud an Bhainc Ceannais. I measc na n-ábhar a clúdaíodh áiríodh iniúchtaí ar Shlándáil Aistrithe Sonraí, Saolré Forbartha Bogearraí, Slándáil an Líonra Inmheánaigh agus na bhFreastalaithe Inmheánacha, Bainistíocht Chórais Chúlchistí CBI agus Córas Gaolmhar, Beartas Bainistíochta an Riosca Calaoise, Feidhmeanna Rialaithe Airgeadra, Oibríochtaí Bonn, Boinn Inbhailithe, an Scéim Ráthaíochta Taiscí, an Príomh-Chlár Creidmheasa, Cistí Infheistíochta, Gnólachtaí agus Margaí Infheistíochta, an Creat maidir leis an gComhrac in aghaidh Sciúradh Airgid agus Múnla Cigireachta. De bhreis air sin, ghlac Iniúchadh Inmheánach páirt i roinnt iniúchtaí uile-CEBC lena n-áirítear AnaCredit agus Bainistíocht Shlándáil TF.

Déanann Iniúchadh Inmheánach bearta leantacha maidir leis na saincheisteanna go léir a shainaithnítear chun a áirithiú go gcuirtear pleananna gníomhaíochta ceadaithe chun feidhme. Sa bhliain 2018, fuair Iniúchadh Inmheánach rátáil 'lánchomhlíontach' maidir le measúnacht sheachtrach cáilíochta ar chomhlíonadh Chaighdeáin Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (IIA) ag Iniúchadh Inmheánach.

Mar chuid dá ghníomhaíochtaí bailithe faisnéise, d'fhreastail Iniúchadh Inmheánach ar roinnt cruinnithe coiste de chuid an lucht feidhmiúcháin sinsearach agus ar chruinnithe le hionadaithe na rannán ar fad sa Bhanc Ceannais d'fhonn coimeád ar an eolas faoi fhorbairtí agus faoi rioscaí

san eagraíocht. Ina theannta sin, bhuail Ceann an Iniúchta Inmheánaigh go tráthrialta leis an nGobharnóir chun saincheisteanna a bhain le cúrsaí iniúchta a phlé.

Chuir Iniúchadh Inmheánach tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta go rialta, ar tuarascálacha iad iar tugadh mionsonraí faoi thorthaí iniúchtaí agus faoin dul chun cinn a bhí déanta ag an lucht bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhí sainaitheanta roimhe sin. Chomh maith leis sin, ullmhaíodh plean trí bliana ar bhonn atrátha agus cheadaigh an Coiste Iniúchta an plean sin.

Ina theannta sin, tugann Coiste Iniúchóirí Inmheánacha (CII) BCE tuairisc faoi thoradh iniúchtaí CEBC dá ndéantar tagairt thuas agus faoi shaincheisteanna eile a bhaineann le hiniúchadh. Déantar tuarascálacha ó CII a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE agus cuirtear faoi bhráid Coistí iomchuí de chuid CEBC iad freisin. Lean Iniúchadh Inmheánach d'fhónamh mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa Iniúchta Staitisticí CII ar fud na bliana 2018.

Aguisín:

# Óráidí a thug baill den Lucht Ardcheannaireachta

# Aguisín: Óráidí a thug baill den Lucht Ardcheannaireachta

## Eanáir

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Gerry Cross | Financial regulation, technological innovation and change | Óráid os comhair Imeacht de chuid na nOifigeach Comhlíontachta in Éirinn, is é sin: Are you Fit for FinTech? |
| Philip R. Lane | Ráiteas tosaigh Philip R. Lane ag an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus an Taoiseach | An Comhchoiste um Airgeadas |
| Patrick Casey | Tuairimí ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa | Comhdháil Bhliantúil CUDA |
| Philip R. Lane | The Development of the European and Irish Financial Systems | Óráid a tugadh don Fhóram Airgeadais Eorpach i mBaile Átha Cliath |

## Feabhra

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Philip R. Lane | Financial Globalisation and Central Banking in Ireland | Tuairimí a cuireadh i láthair an tSiompóisiam ar Dhomhandú Airgeadais mar chuid den chlár chun cothrom 75 bliana Bhanc Ceannais na hÉireann a chomóradh |
| Derville Rowland | We continue to challenge the effectiveness of the underlying culture in banks | Óráid ó Derville Rowland, Stiúrthóir Iompar Ginearálta Airgeadais, os comhair UCD Behavioural Science Research Group, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| Ed Sibley | The Importance of Diversity in Financial Services | Tuairimí a ullmhaíodh le haghaidh aithis os comhair FuSIoN (an *Financial Services Inclusion Network*) |

| | | |
|---|---|---|
| Sylvia Cronin | The role of the INED: a regulatory perspective | Insurance Ireland |

## Márta

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Gerry Cross | Ráiteas oscailte ó Gerry Cross, Stiúrthóir Beartais agus Riosca, os comhair Choiste an Oireachtas um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | An Coiste Oireachtais um Airgeadas |
| Philip R. Lane | The Macro-Financial Environment in Ireland in Spring 2018 | Óráid a tugadh os comhair an *Institute for International and European Affairs* (IIEA), i mBaile Átha Cliath |
| GerryCross | Integration, Interconnection, Innovation: some current themes in European Financial Regulation | Barclays Capital Conference i Londain |
| GerryCross | Enhancing the Culture of Risk-Taking in Financial Firms | Tuairimí mar fhreagra ar an Léacht Tionscnaimh sa tSraith Léachtaí Poiblí ó Chuairteoirí Oirirce: “Corporate Governance of Risk-Taking in Systemically Important Financial Firms” leis an Ollamh Professor Steven L. Schwarcz, Scoil Dlí Ollscoil Duke |
| GerryCross | Tomorrow’s yesterday: financial regulation and technological change | Óráid le linn Comhsheisiúin de chuid Chomhdháil & Thaispeántas Idirnáisiúnta: ‘Banknotes / Identity High Meeting 2018 Security Printers, a d’óstáil Intergraf |
| Derville Rowland | “Our culture assessments will analyse the leadership behaviour of management in banks” | Aitheasc a thug Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, Banc Ceannais na hÉireann, os comhair na Comhdhála Eorpaí |

| | | |
|---|---|---|
| | | um<br>Chosaint Tomhaltóirí i bPrág. |

## Aibreán

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Colm Kincaid | RegTech in Securities and Markets Regulation | Tuairimí a cuireadh i láthair le linn Cruinniú Comhchéime RegTech Sprint Technology a d'óstáil Banc Ceannais na hÉireann |
| Ed Sibley | Brexit: Where to Next? | Óráid a thug an Leas-Ghobharnóir Ed Sibley os comhair DCU Brexit Institute |
| Derville Rowland | The Role of the Central Bank in Consumer Protection | Seimineár le Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo |
| Gerry Quinn | Aitheasc Fáiltithe | European Cash Cycle Seminar (ICCOS) |
| Patrick Casey | Developing Business Models | Comhdháil Earraigh Chumann na mBainisteoirí Comhair Creidmheasa |
| Michael Hodson | The Asset Management Sector– supervisory insights with a changing landscape | Imeacht 9?) a d'eagraigh Duff and Phelps |
| Derville Rowland | Innovation and technology in financial services: a regulatory perspective | Caint os comhair Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí \| Ionad Nuálaíochta Seirbhísí Airgeadais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (FSIC) |

| | | |
|---|---|---|
| Gerry Cross | Capital Markets Union - An updated regulatory perspective | Tuairimí a tugadh os comhair Imeacht de chuid Chomhlachas Tráchtála na Breataine-na hÉireann, Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe tar éis Brexit |
| Patrick Casey | Reflecting, Renewing and Reinvigorating | Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chumann Chomhair Chreidmheasa na hÉireann |

## Bealtaine

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Michael Hodson | The Asset Management Sector – insights on the regulatory landscape | Caint le linn FOW Trading Dublin Conference |
| Sharon Donnery | The importance of diversity in central banks and supervised entities | Óráid a thug an Leas-Ghobharnóir, Sharon Donnery, le linn Chomhdháil Chothrom 50 Bliain Bhanc Ceannais Mhálta, i Vaileite, Málta. |
| Philip R. Lane | Ráiteas an Ghobharnóra, Philip R. Lane, tráth fhoilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2017. | Cruinniú faisnéise leis na meáin sa Bhanc Ceannais |
| Philip R. Lane | Ráiteas tosaigh an Ghobharnóra, Philip R. Lane, ag an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus an Taoiseach | An Comhchoiste um Airgeadas |
| Philip R. Lane | Tuairimí ón nGobharnóir, Philip R. Lane, ag Comhdháil Airí Airgeadais, Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta na hAfraice in Addis Ababa. | Tuairimí a tugadh ag Comhdháil Airí Airgeadais, Pleanála agus Forbartha Eacnamaíochta na hAfraice i gCoimisiún Eacnamaíochta na Náisiúnta don Afraic in Addis Ababa. |
| Ed Sibley | The provision of financial services in Ireland and from Ireland after Brexit | Caint os comhair na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha |

| | | |
|---|---|---|
| Derville Rowland | Tuairimí ó Derville Rowland, Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, ag Comhdháil Bhliantúil *Irish Funds Global* | Derville Rowland - Ard-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais: Caint os comhair Chomhdháil Bhliantúil *Irish Funds Global* |
| Martin Moloney | Transforming Culture in Regulated Financial Services in Ireland | Óráid a tugadh ag Seimineár Alvarez & Marsal / Byrne Wallace Solicitors maidir le hAthrú Cultúir i Seirbhísí Airgeadais Rialáilte in Éirinn |
| Gráinne McEvoy | Ráiteas oscailte ó Gráinne McEvoy, Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí, os comhair Choiste an Oireachtas um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach | An Coiste Oireachtais um Airgeadas |
| Sharon Donnery | When is the right time? Macroprudential policy and the cycle | Tuairimí ó Sharon Donnery, Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, in Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann |
| Mark Cassidy | Ireland's Experience after an Adjustment Programme | Tuairimí a tugadh ag 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta Chomhlachas Eacnamaíochta na Gréige |

## Meitheamh

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Ed Sibley | The Irish Mortgage Market – 2018 and beyond | Tuairimí a tugadh do chruinniú bricfeasta na hInstitiúide Baincéireachta dar téama "The Irish Mortgage Market - past, present and future" |
| Sylvia Cronin | Diversity of Thought | Cruinniú bricfeasta Milliman |
| Philip R. Lane | The Macroeconomics of Price and Wage-Setting | Fóram 2018 BCE maidir le Baincéireacht Cheannais, Sintra - Tuairimí Painéil |

| | | |
|---|---|---|
| Colm Kincaid | Conduct Risk, Culture and RegTech | Tuairimí ó Colm Kincaid, Stiúrthóir Maoirseachta Urrús agus Margaí ag Cruinniú Bricfeasta Deloitte Ireland 2018 |
| Philip R. Lane | Macro Financial Stability and the Euro | Tuairimí a tugadh do Chomhdháil CAI/IMFER/Bhanc Ceannais na hÉireann, 'Euro at 20' |

## Iúil

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Philip R. Lane | 20 Years of ESCB Statistics: What's Next? | Caint a tugadh ag Comhdháil an Bhainc Ceannais Eorpaigh maidir le Staitisticí |
| Philip R. Lane | Macro-Financial Policies for the Short Term and the Long Term | Caint a tugadh ag Scoil Samhraidh MacGill |

## Lúnasa

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Seána Cunningham | Individual accountability – our approach | Caint ag imeacht de chuid Deloitte Ireland |

## Meán Fómhair

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Philip R. Lane | Macro-Financial Risk Management | Tuairimí ón nGobharnóir, Philip R. Lane<br>ag Cruinniú Comhchéime Eacnamaíochta<br>an Bhainc Ceannais |
| Colm Kincaid | 'A Properly and Effectively Supervised Private Equity Market' | Tuairimí a tugadh don Chruinniú Mullaigh Rialála<br>agus Comhlíontachta, SuperReturn CFO/COO |
| Ed Sibley | The Banking Crisis – A Decade On | Caint a tugadh mar chuid de shraith Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath,<br>dar teideal "Behind the Headlines" |

| | | |
|---|---|---|
| Seána Cunningham | Enforcement and AML – our approach and priorities | ACOI |
| Sylvia Cronin | 'Going Digital and Remaining Safe' | Tuairimí a tugadh os comhair Chomhdháil Bhliantúil AZN |
| Sharon Donnery | 10 years on – What have we learned? | Ceardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath |
| Michael Hodson | Taking Stock of the past and insights on the future of the asset management sector | Tuairimí a tugadh le linn Imeacht IDA i Nua-Eabhrac |
| Philip R. Lane | The Management of Systemic Risks: Current Priorities | Aitheasc os comhair Chomhdháil Bhliantúil 2018 an BERS |
| Philip R. Lane | Monetary Strategy in the Euro Area | Comhdháil Bhliantúil Chumann na nEacnamaithe Gairmiúil, Londain |

## Deireadh Fómhair

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Ed Sibley | The need for resilience in the face of disruption: Regulatory expectations in the digital world | Cruinniú Mullaigh an Lárionaid Airgeadais |
| Gerry Cross | Fit for the future: some current issues in the regulation of Irish investment funds | Óráid le linn Fhóram Bhaile Átha Cliath ar Riaradh Cistí - Bloomberg |
| Philip R. Lane | Ráiteas tosaigh an Ghobharnóra, Philip R. Lane, ag an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus an Taoiseach | An Comhchoiste um Airgeadas |
| Gráinne McEvoy | Building a Consumer Focused Culture – What the Central Bank Expects of Leaders | Aitheasc ó Gráinne McEvoy, Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí, os comhair Chomhdháil Bainistíochta Rioscaí agus Iniúchta Inmheánaigh Chuntasóirí Cairte na hÉireann |

| | | |
|---|---|---|
| Derville Rowland | Learning to Lead: Cultural Change, Ethical Behaviour and Consumer Protection | Aitheasc ó Derville Rowland os comhair na hInstitiúide Baincéireachta |
| Gerry Cross | Hubs and spokes: remarks on innovation and outsourcing | Tuairimí le linn Imeacht Tionscail: Údarúcháin & Cosaint Tomhaltóirí |
| Ed Sibley | Ráiteas tosaigh an Leas-Ghobharnóra, Ed Sibley, ag an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus an Taoiseach | An Comhchoiste um Airgeadas |
| Colm Kincaid | The Supervision of Conduct in the Funds Market | Tuairimí a tugadh os comhair Sheimineár an Ghrúpa Bainistíochta Sócmhainní agus Cistí Infheistíochta a d'óstáil A&L Goodbody |
| Derville Rowland | Rapid Technology Developments and Conduct Risk – What does the Future look like through the Regulator's Eyes | Caint ag an bhFóram Árachais Eorpach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath |
| Ed Sibley | Culture, diversity and the way forward | Caint le linn chomhdháil an Bhainc Ceannais/Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath dar teideal "Culture, diversity and the way forward for corporate governance in Ireland" |
| Derville Rowland | Bad Apples or Bad Barrels? How Effective Culture Mitigates Conduct Risk | Caint le linn na Comhdhála ar Chultúr, ar Éagsúlacht agus ar an mBealach Chun Cinn do Rialachas Corparáideach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath |
| Philip R. Lane | Trends and Cycles in Financial Intermediation | Tuairimí a cuireadh i láthair le linn Chomhdháil Banco de Espana - SUERF: 'Financial Disintermediation and the Future of the Banking Sector' |

## Samhain

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Patrick Casey | Governance and the credit union future | Aitheasc ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Fhóram na Maoirseoirí Náisiúnta |
| Sylvia Cronin | The Regulatory Framework and Drive for Supervisory Convergence | Tuairimí a tugadh le linn Imeacht an IDA maidir le Léargais Dhlínsiúla |
| Gráinne McEvoy | Culture and Consumer Protection | Aitheasc le linn Chomhdháil 2018 Chumann Oifigigh Chomhlíontachta na hÉireann maidir le Cultúr, Iompar agus Comhlíontacht |
| Philip R. Lane | The Business Environment in Ireland | Aitheasc os comhair Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath |
| Derville Rowland | 'Leadership, Accountability and Culture in Financial Services' | Caint le linn Chomhdháil Eversheds Sutherland dar teideal 'Leadership, Accountability and Culture in Financial Services' |
| Philip R. Lane | Globalisation and the Irish Economy: A Macro-Financial Perspective | Thug an Gobharnóir, Philip R. Lane, Léacht Bhliantúil Geary san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Baile Átha Cliath. |
| Derville Rowland | "Safeguarding the best interests of investors in a changing landscape" | Caint os comhair Shiompóisiam *Irish Funds* i Londain |
| Philip R. Lane | Irish Economic Developments: An Update | Tuairimí a ullmhaíodh le haghaidh imeacht de chuid Ard-Chonsal na hÉireann i gCathair Nua-Eabhrac |
| Sharon Donnery | 'Citizenship, participation and diversity' | Tuairimí le linn lainseáil an Bhoinn Cuimhneacháin Profa Airgid €15 chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 100 Bliain an trátha ar ghnóthaigh mná na hÉireann an ceart chun vótáil. Teach Laighean, Baile Átha Cliath. |
| Philip R. Lane | Macroeconomics and Banking in Ireland | Aitheasc os comhair Chomhdháil Bhliantúil Stiúrthóirí Deimhnithe Bainc, an Institiúid Bhaincéireachta |

## Nollaig

| Láithreoir | Aitheasc/Óráid/Cur i láthair | Os comhair |
|---|---|---|
| Michael Hodson | Brexit and the evolving landscape of the asset management sector | Óráid a tugadh le linn an tseimineáir dar teideal 'Brexit Solutions and Trends in the Funds Industry', i Londain. |
| Derville Rowland | The Central Bank has begun analysis on 2000-plus Irish domiciled UCITS funds that report to be actively managed | EY 'Funds Forum', Óstán Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath |
| Colm Kincaid | The role of RegTech in financial services | Tuairimí tosaigh ag 8ú Siompóisiam DCU FinTech |

# Gluais

**CCUSB - Clár Ceannaigh d'Urrúis Shócmhainn-bhunaithe -** Mar chomhchuid eile de chuid CCS, cuireann CCUSB tuilleadh feabhais ar tharchur an bheartais airgeadaíochta, éascaíonn sé soláthar creidmheasa do gheilleagar limistéar an euro agus gineann sé iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

**CCS - Clár Ceannaigh do Shócmhainní -** Folaíonn clár leathnaithe ceannaigh sócmhainní an Eurochórais (CCS) na cláir cheannaigh go léir faoina gceannaíonn an tEurochóras urrúis de chuid na hearnála príobháidí agus poiblí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaithe a mbíonn boilsciú íseal ann lena linn. Cuimsíonn sé an tríú clár Ceannaigh Bannaí faoi Chumhdach (CCBC3), an clár ceannaigh d'urrúis shócmhainn-bhunaithe (CCUSB), clár ceannaigh na hearnála poiblí (CCEP) agus clár ceannaigh na hearnála corparáidí (CCEC).

**ASP - Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin** - I gcás ina mbeidh imní ann go bhfuil sárú forordaithe déanta nó á dhéanamh, féadfaidh an Banc Ceannais imscrúdú a dhéanamh ina leith. Foráiltear leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin go bhféadfar an t-ábhar a réiteach, aon tráth sula dtabharfar Fiosrúchán chun críche, trí chomhaontú socraíochta a dhéanamh. Is é an Nós Imeachta um Smachtbhanna í Riaracháin an nós imeachta dá bhforáiltear faoi Chuid IIIC d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, arna leasú, agus lena dtugtar cumhacht don Bhanc smachtbhannaí a riaradh i leith sárú (sáruithe) forordaithe atá déanta ag soláthraithe rialáilte seirbhísí airgeadais agus ag daoine a bhfuil nó a raibh baint acu le bainistíocht na soláthraithe sin agus a ghlac páirt sa sárú (sna sáruithe) forordaithe a rinne an soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais.

**RGBI - Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta** - Is é is cuspóir do RGBI ná feidhmiú éifeachtach na n-uirlisí agus na gcumhachtaí réitigh atá ann sna rialacháin a áirithiú. Tá feidhm ag RGBI, agus ag an gceanglas i ndáil le ranníocaíochtaí a dhéanamh le RGBI, maidir leis na bainc go léir atá údaraithe sa Stát agus, chomh maith leis sin, maidir le gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Rialacháin 2015.

**TTRB - An Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc** - Leis an Treoir sin bunaítear cur chuige comhchoiteann laistigh den Aontas Eorpach (AE) maidir le téarnamh agus réiteach banc agus gnólachtaí infheistíochta.

**TFB - Tascfhórsa Brexit** - Bunaíodh Tascfhórsa Brexit sa bhliain 2016 chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus chun measúnacht a dhéanamh ar na himpleachtaí a éiríonn as Brexit. Tuairiscíonn siad, ar bhonn ráithiúil, don Choiste um Chobhsaíocht Airgeadais agus don Choimisiún.

**GCT - An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí** - Is é atá i ról GCT ná comhairle a thabhairt don Bhanc maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus maidir le feidhmiú a chumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

**CCBC3 - Clár Ceannaigh Bannaí faoi Chumhdach -** Ceannaíonn an tEurochóras bannaí faoi chumhdach faoi thríú clár ceannaigh bannaí faoi chumhdach. Leis an mbeart seo, tugtar cabhair maidir le feidhmiú an tsásra tarchuir don bheartas airgeadaíochta a fheabhsú, tugtar tacaíocht i leith dálaí maoiniúcháin i limistéar an euro, éascaítear soláthar creidmheasa don fhíorgheilleagar agus spreagtar iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

**CCP - Teach Imréitigh Contrapháirtí Lárnaigh** - Is é seo an institiúid airgeadais a ghlacann le riosca creidmheasa contrapháirtí idir páirtithe in idirbheart agus soláthraíonn sí seirbhísí imréitigh agus socraíochta do thrádálacha in airgeadraí coigríche, in urrúis, i roghanna agus i gconarthaí díorthacha.

**PCC - An Príomh-Chlár Creidmheasa -** Is é atá sa Chlár ná bunachar sonraí éigeantach maidir le faisnéis chreidmheasa, ar clár é a choimeádfaidh agus a oibreoidh an Banc Ceannais de réir fhorálacha an Achta um Thuairisciú Creidmheasa 2013

**CCyB - An Cúlchiste Fritimthriallach -** Is é atá sa chúlchiste fritimthriallach caipitil (CCyB) ná ceanglas caipitil um athrú ama a bhfuil feidhm aige maidir le bainc agus gnólachtaí infheistíochtaí a thagann faoina réim. Tá sé ceaptha chun a chur faoi deara go mbeidh an córas baincéireachta níos athléimní agus nach mbeidh sé chomh comhthimthriallach céanna. Go bunúsach, méadóidh CCyB ceanglas caipitil na mbanc nuair a bhíonn fás creidmheasa 'iomarcach'.

**GCL1 - Gnáthchothromas Leibhéal 1 -** Is é atá i gcóimheas caipitil comhchoiteann Leibhéal 1 ná tomhas ar croíchaipiteal cothromais bainc i gcomparáid lena shócmhainní riosca-ualaithe iomlána.

**CRFC - An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa -** Bunaíodh CRFC faoin Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 chun foinse maoiniúcháin a sholáthar ar mhaithe le réiteach

éagobhsaíochta airgeadais i gcomhair chreidmheasa nó réiteach éagobhsaíochta den sórt sin atá ar tí teacht chun cinn.

**TLU - Taisclann Lárnach Urrús -** Is é atá i dtaisclann lárnach urrús ná institiúid a shealbhaíonn ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear cothromais, bannaí, ionstraimí margaidh airgid agus cistí frithpháirteacha. Ceadaíonn sé úinéireacht na n-ionstraimí sin a aistriú i bhfoirm leictreonach trí thaifid a uasdátú go leictreonach, ar taifid iad ar a dtugtar 'taifid chuntais reatha' go minic.

**RTLU - An Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús -** Tá an rialachán seo i measc na rialachán is tábhachtaí a glacadh tar éis na géarchéime airgeadais. Le RTLU tugadh isteach bearta nua chun údarú agus maoirseacht a dhéanamh i ndáil le Taisclanna Lárnacha Urrús AE (TLU-anna) agus is é is aidhm dó ná sraith chomhchoiteann caighdeán stuamachta, eagraíochtúil agus seolta gnó a chruthú ar leibhéal na hEorpa.

**CCEC - Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí -** Comhchuid bhreise de chuid CCS. Is cabhair é CCEC maidir le tarchur cheannaigh sócmhainní an Eurochórais ar mhaithe le dálaí an fhíorgheilleagair a mhaoiniú agus, in éineacht leis na bearta airgeadaíochta neamhchaighdeánacha eile atá i bhfeidhm, soláthraíonn sé tuilleadh éascaíochta maidir le beartas airgeadaíochta.

**ÚBE - An tÚdarás Baincéireachta Eorpach** - Is Údarás AE neamhspleách é an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus oibríonn sé chun rialáil agus maoirseacht stuamachta de chineál éifeachtach comhsheasmhach a chinntiú ar fud earnáil bhaincéireachta na hEorpa. Is iad na cuspóirí foriomlána atá aige ná cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun san AE agus iomláine, éifeachtúlacht agus feidhmiú ordúil na hearnála baincéireachta a choimirciú.

**CE -** An Coimisiún Eorpach

**BCE - An Banc Ceannais Eorpach -** Is é BCE an banc ceannais don euro agus riarann sé beartas airgeadaíochta limistéar an euro.

**CBCE - Córas Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais -** Córas nua comhchoiteann Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais chun bainistíocht a dhéanamh ar shócmhainní mar chomhthaobhacht in oibríochtaí ionsúite creidmheasa/leachtachta de chuid an Eurochórais a ghlacfaidh ionad na 19 gcóras áitiúla, lena n-áirítear córas áitiúil bainistíochta comhthaobhachta (CÁBC) an Bhainc.

**SECA - Saoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais** - Is é atá in SECA ná ionstraim shainchuspóra atá á maoiniú ag comhaltaí limistéar an

euro chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fhiachais cheannasach san Eoraip.

**EFSM - Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais -** Is é atá in EFSM ná clár éigeandála maoiniúcháin a bhraitheann ar chistí a bhailítear ar na margaí airgeadais agus a ráthaíonn an Coimisiún Eorpach é trí úsáid a bhaint as buiséad an AE mar chomhthaobhacht.

**CTFE - Córas Táirgthe agus Fála an Eurochórais -** Tá baint ag CTFE le hairgeadra an euro agus le táirgeadh agus soláthar an euro.

**CEBC - An Córas Eorpach Banc Ceannais -** Cuimsíonn CEBC an BCE agus bainc cheannais náisiúnta (BCN-anna) na mBallstát go léir de chuid an AE cibé acu atá, nó nach bhfuil, an euro glactha acu.

**ÚEUM - An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí -** Is Údarás AE neamhspleách é ÚEUM agus rannchuidíonn sé le cobhsaíocht chóras airgeadais an AE a choimirciú trí fheabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí agus trí mhargaí cobhsaí, ordúla a chur chun cinn.

**BERS - An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach** - Tá freagracht ar BERS i ndáil le formhaoirseacht mhacrastuamachta ar chóras airgeadais an AE agus i ndáil le rioscaí sistéamacha a chosc agus a mhaolú. Dá bhrí sin, tá cúram leathan ag BERS, agus clúdaíonn an cúram sin bainc, árachóirí, bainisteoirí sócmhainní, scáthbhaincéirí, bonneagair mhargaidh airgeadais agus margaí. De bhun a shainordaithe macrastuamachta, déanann BERS faireachán agus measúnacht ar rioscaí sistéamacha agus, más cuí, eisíonn sé rabhaidh agus moltaí.

**ESRI - An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta -** Is é atá in Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ná foinse neamhspleách na hÉireann le haghaidh fianaise i leith forbairt beartais.

**CTM - Cistí a Thrádáiltear ar Mhalartán -** Is urrús inmhargaithe é seo lena rianaítear innéacs, tráchtearra, bannaí nó bascaed sócmhainní amhail ciste innéacs.

**NRCfanna - Nótaí Ráta Chomhlúthaigh -** Nóta Ráta Chomhlúthaigh Ionstraim airgeadais a ndéantar an cúpón lena haghaidh a athshocrú go tréimhsiúil i gcoibhneas le hinnéacs tagartha d'fhonn léiriú a thabhairt ar athruithe ar rátaí úis margaidh de chineál gearrthéarma nó meántéarma.

**FSAP - Clár Measúnaithe na hEarnála Airgeadais -** Tá dhá chuspóir ag measúnachtaí FSAP: cobhsaíocht agus fóntacht na hearnála airgeadais a thomhas agus rannchuidiú ionchasach na hearnála sin le fás agus forbairt a mheas.

**BCA - An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais** - Tá freagracht ar BCA i ndáil le beartas macrastuamachta atá dírithe ar rioscaí sistéamacha do chobhsaíocht airgeadais a chosc agus a mhaolú.

**CCA - An Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** - Feidhmíonn an Gobharnóir mar Chathaoirleach ar an gCoiste seo a thugann comhairle don Ghobharnóir maidir le saincheisteanna a bhaineann go dlúth le comhlíonadh shainordú an Bhainc Ceannais i leith cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus i limistéar an euro. Déanann comhaltaí an choiste faireachán agus measúnacht ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tarraingíonn siad aird ar réimsí imní atá ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus baineann siad tátail as an anailís. Díríonn an coiste go háirithe ar shainaithint gníomhaíochtaí ar féidir iad a dhéanamh chun rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus chun bearta leantacha a dhéanamh i ndáil le gníomhartha atá déanta cheana féin.

**FSP-anna - Soláthraithe Seirbhísí Ciste -** Is é atá i Soláthraithe Seirbhísí Ciste ná an téarma coitianta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na páirtithe a sholáthraíonn seirbhísí do chiste/scéim chomhinfheistíochta.

**CMA - Corparáid um Meáin Airgeadais -** Is eintiteas dlíthiúil é seo (cuideachta theoranta, de ghnáth, nó uaireanta comhpháirtíocht theoranta) a cruthaíodh chun cuspóirí caola, sonracha nó sealadacha a chomhlíonadh. De ghnáth, baineann cuideachtaí úsáid as CMA-anna chun an gnólacht a scaradh amach ó riosca airgeadais.

**RGCS - An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí** - Is é atá sa RGCS ná rialachán ar tríd a bheartaíonn Parlaimint na hEorpa, Comhairle an AE agus an Coimisiún Eorpach cosaint sonraí a neartú agus a aontú do gach uile dhuine san AE. (Rialachán (AE) 2016/679). Sa RGCS, leagtar béim ar thrédhearcacht, ar shlándáil agus ar chuntasacht ar thaobh rialtóirí agus próiseálaithe sonraí agus, ag an am céanna, trí chaighdeánú agus neartú a dhéanamh ar cheart shaoránaigh na hEorpa ar phríobháideachas i dtaca le sonraí de.

**ICPT - Innéacs Comhchuibhithe na bPraghsanna Tomhaltóra -** Is táscaire é ICPT maidir le boilsciú agus cobhsaíocht praghsanna don BCE. Is innéacs ar phraghsanna do thomhaltóirí é a thiomsaítear i gcomhréir le modheolaíocht atá comhchuibhithe ar fud thíortha AE. Déanann sé tomhas ar na hathruithe a tharlaíonn thar am ar phraghsanna earraí agus seirbhísí tomhaltóra a fhaigheann teaghlaigh.

**HTM - Sealbhú go dtí Aibíocht -** Sócmhainní a cheannaítear le hintinn iad a shealbhú go dtí aibíocht go dtí go bhfuasclaítear iad agus, dá bharr sin, luacháiltear iad ar bhonn costas amúchta.

**CÉRB - Corparáid na hÉireann um Réiteach Bainc -** Is é CÉRB an t-ainm a tugadh ar an eintiteas a foirmíodh sa bhliain 2011 mar thoradh ar an gcumasc a d'ordaigh an chúirt i leith na n-institiúidí baincéireachta a bhí faoi úinéireacht ag an Stát, is é sin le rá, Anglo Irish Bank agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann.

**CAI - An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta -** Is é atá sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ná eagraíocht idirnáisiúnta ina bhfuil 189 dtír a oibríonn chun comhoibriú airgeadaíochta domhanda a chothú, chun cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach, chun trádáil idirnáisiúnta a éascú, chun ardleibhéal fostaíochta agus fás eacnamaíochta inbhuanaithe a chur chun cinn, agus chun laghdú a dhéanamh ar an mbochtaineacht ar fud an domhain.

**IOSCO - Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCoimisiún Slándála -** Is é Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCoimisiún Slándála (IOSCO) an comhlacht idirnáisiúnta a thugann le chéile rialtóirí urrús an domhain agus aithnítear í mar an gcomhlacht a leagann síos caighdeáin dhomhanda d'earnáil na n-urrús.

**IPCC - Cuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann Teoranta -** Imréitíonn IPCC ionstraimí páipéir (i.e. seiceanna, aistrithe creidmheasa) agus tá sé ina chuid den chóras náisiúnta imréitigh le haghaidh íocaíochtaí páipéir.

**CCI - An Choiste um Chaidreamh Idirnáisiúnta -** Coiste BCE um Chaidreamh Idirnáisiúnta Tá freagracht ar CCI i ndáil le tuairimí faoi bheartais a fhoirmiú agus i ndáil le comhairle a thabhairt do Chomhairle Rialaithe nó do Chomhairle Ghinearálta an BCE maidir le saincheisteanna seach-Eorpacha (lena n-áirítear CAI). Tagann an coiste le chéile i bhformáid 28 BCN.

**FÍMÉ - Fóram Íocaíochtaí Miondíola na hÉireann -** Bhunaigh an Banc Ceannais Fóram Íocaíochtaí Miondíola na hÉireann (FÍMÉ) chun fóram a chur ar fáil inar féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta (SSÍ-anna) agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (ÚSÍ-anna) teacht le chéile chun gabháil d'idirphlé oscailte, dearfach lena chéile maidir le seirbhísí íocaíochta na hÉireann i gcoitinne.

**OAFT-anna - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha -** Seolann an tEurochóras oibríochtaí míosúla athmhaoinithe buntairisceana de chineál níos fadtéarmaí, lena ngabhann aibíocht trí mhí, d'fhonn an

soláthar leachtachta a chobhsú agus d'fhonn cabhrú le bainc atá gníomhach sa mhargadh airgid maidir le slándáil a gcuid oibríochtaí.

**MiFID - An Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais -** Is é is aidhm don treoir um margaí in ionstraimí airgeadais (MiFID) ná méadú a dhéanamh ar thrédhearcacht ar fud mhargaí airgeadais an AE agus caighdeánú a dhéanamh ar an nochtadh rialála atá ag teastáil le haghaidh margaí ar leith. Le MiFID, cuireadh bearta nua i bhfeidhm amhail ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála agus leagadh amach na caighdeáin iompair do ghnólachtaí airgeadais. Tá an treoir i bhfeidhm ar fud an AE ó bhí an bhliain 2008 ann. Trí MiFID, tá sainiú déanta ar nithe a bhaineann go príomha le hidirbhearta thar an gcuntar (OTC).

**SII – Saoráid Iasachta Imeallaí –** Is é atá in SII ná ionstraim bheartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais trína dtugtar deis do bhainc thráchtála chun leachtacht a fháil (iasachtaí thar oíche) ón BCE in aghaidh comhthaobhacht cháilithe agus ar ráta úis sonraithe ar feadh lá gnó amháin.

**CBM – An Coiste um Bearta Macrastuamachta** - Feidhmíonn an Gobharnóir mar Chathaoirleach air agus is é ról an choiste comhairle a thabhairt maidir le hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta a bhaineann le bainc agus moltaí a dhéanamh i dtaobh na rialacha lena mbaineann a choimeád nó a athbhreithniú de réir mar is cuí. Is é an Banc Ceannais an t-údarás náisiúnta macrastuamachta ainmnithe in Éirinn. Le blianta beaga anuas, tá roinnt beart macrastuamachta gníomhachtaithe tríd an gcóras baincéireachta. Ina measc sin, áirítear na nithe seo a leanas: bearta atá bunaithe ar iasachtaithe ar nós rialacha faoi mhorgáistí; an cúlchiste fritimthriallach; an cúlchiste institiúide eile atá tábhachtach don chóras; agus cómhalartú beart beartais macrastuamachta atá déanta ag Ballstáit eile.

**COM - An Coiste Oibríochtaí Margaidh -** Cabhraíonn an COM le cur i bhfeidhm bheartas airgeadaíochta limistéar an euro, lena n-áirítear cur i bhfeidhm chlár ceannaigh sócmhainní BCE.

**CBA - An Coiste um Beartas Airgeadaíochta** - Cabhraíonn an Coiste um Beartas Airgeadaíochta i ndáil le comhlíonadh chúram reachtúil an Eurochórais maidir leis an mbeartas aonair airgeadaíochta agus maidir le beartas ráta malairte limistéar an euro. De bhreis air sin, tugann an Coiste cabhair maidir le comhlíonadh chúraimí CEBC i ndáil le comhordú bheartais airgeadra agus malairte coigríche BCE agus bhainc ceannais na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu. Comhlíonann an

Coiste cúraimí Eurochórais i gcomhréir leis an Ráiteas Misin, le hIntinn Straitéiseach agus le Prionsabail Eagraíochtúla an Eurochórais.

**CÍDC - An Ceanglas Íosta le haghaidh Cistí Dílse agus Dliteanais Cháilithe -** Is é atá sa cheanglas íosta le haghaidh cístí dílse agus dliteanais cháilithe (CÍDC) ná ceanglas nua do bhainc agus do ghnólachtaí infheistíochta ar ceanglas é a tugadh isteach faoi Airteagal 45 den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc chun tarrtháil inmheánach a éascú agus chun méadú a dhéanamh ar chumas ionsúite caillteanais an bhainc.

**POA – Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe -** Is iad na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, lena ngabhann minicíocht sheachtainiúil agus aibíocht aon seachtain amháin, na hionstraimí beartais airgeadaíochta is tábhachtaí a úsáideann an tEurochóras ar mhaithe le bainistíocht an mhargaidh airgid. Oibríochtaí rialta margaidh oscailte an Eurochórais ina gcuimsítear oibríochtaí aon seachtain amháin a sholáthraíonn leachtacht in euro.

**MTM - Marcáil-go-Margadh -** An cleachtas ar dá réir a dhéantar athluacháil ar urrúis trí úsáid a bhaint as praghsanna margaidh reatha, ar bhonn laethúil de ghnáth.

**ÚNI - Údarás Náisiúnta Inniúil** - Is ionann ÚNI agus an t-údarás a dtarmligtear nó a ndílsítear an chumhacht dó go dlíthiúil chun feidhm ainmnithe a chomhlíonadh. Is é atá in údaráis náisiúnta inniúla ná eagraíochtaí a dtarmligtear nó a ndílsítear an chumhacht dóibh go dlíthiúil chun feidhm ainmnithe a chomhlíonadh, is é sin le rá de ghnáth, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtanna agus na rialachán náisiúnta.

**BCN -** An Banc Ceannais Náisiúnta (laistigh den Eurochóras)

**INT - Iasachtaí Neamhthuillmheacha -** Meastar iasacht a bheith ina hiasacht neamhthuillmheach nuair a théann 90 lá thart gan na tráthchodanna comhaontaithe nó an t-ús a bheith íoctha ag an iasachtaí. Tugtar 'drochfhiacha' ar iasachtaí neamhthuillmheacha freisin.

**ÚRN - Údarás Réitigh Náisiúnta -** Is é an Banc ÚRN na hÉireann agus, i gcomhar leis an mbord aonair réitigh, déanann siad faireachán ar institiúidí airgeadais Eorpacha.

**GBCN - Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta -** Cuireann GBCN raon seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas ar fáil don Rialtas.  I measc na seirbhísí sin áirítear iasachtóireacht thar ceann an Rialtais agus bainistíocht ar an bhFiachas Náisiúnta, ar an

nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, ar NewERA, ar an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn agus ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Maoiniúcháin Forbartha. Ina theannta sin, sannann sí foireann, agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais gnó agus tacaíochta do Ghníomhaireachta Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus do Chorparáid Bhaincéireachta Straitéisí na hÉireann.

**OECD - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta** - Is fóram é OECD ina mbíonn rialtais 34 stát dhaonlathacha a bhfuil geilleagar margaidh acu ag obair lena chéile, mar aon le 70 geilleagar de chuid stát nach ballstáit iad, chun fás eacnamaíoch, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

**PDH** - Iasacht le haghaidh Teach Cónaithe Príobháideach

**PSD2 - Treoir 2 maidir le Seirbhísí Íocaíochta** - Treoir 2015/2366/AE maidir le seirbhísí íocaíochta - léiríonn PSD2 forbairtí maidir le seirbhísí íocaíochta agus cinntíonn sé nach mór na seirbhísí agus na soláthraithe nua sin a bheith údaraithe agus rialáilte. Tá PSD2 ina Threoir thábhachtach i ndáil le pleananna an AE maidir le gluaiseacht i dtreo margadh íocaíochtaí iomaíoch aonair.

**SSI - Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta -** Tairgeann SSI siopaí agus seirbhísí ar líne chun glacadh le híocaíochtaí leictreonacha trí bhíthin modhanna éagsúla íocaíochta, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, íocaíochtaí banc-bhunaithe amhail dochar díreach, aistriú bainc, agus aistriú bainc fíorama atá bunaithe ar bhaincéireacht ar líne.

**CCEP - Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí -** Cuireann an tEurochóras é seo i gcrích agus, dá réir, ceannaítear urrúis earnála poiblí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le tréimhse fhadaithe a mbíonn boilsciú íseal ann lena linn.

**FBM - Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide -** Cuimsíonn FBM-anna fiontair a fhostaíonn níos lú na 250 duine agus ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50m agus/nó clár comhardaithe bliantúil nach mó ná €43m méid iomlán a gcláir comhardaithe bhliantúil

**BRA - An Bord Réitigh Aonair -** Is é atá sa BRA ná Gníomhaireacht Eorpach a chuireadh ar bun chun a chinntiú go mbeadh córas réitigh éifeachtach ann do bhainc d'fhonn tarrtháil a sheachaint amach anseo. Is comhlacht cinnteoireachta é agus cúram air maidir lena chinntiú go ndéantar cinntí réitigh ar mhodh comhordaithe, éifeachtach sna Ballstáit rannpháirteacha go léir.

**SRA - An Sásra Réitigh Aonair -** Is é atá sa sásra réitigh aonair ná sásra lárnach réitigh bainc san AE agus tá sé ar cheann de cholúin an aontais baincéireachta.

**SAM - An Sásra Aonair Maoirseachta -** Is é atá sa Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) ná an córas maoirseachta baincéireachta san Eoraip.  Cuimsíonn sé an BCE agus údaráis mhaoirseachta náisiúnta na dtíortha rannphháirteacha.

**T2S - Target2Securities -** Inneall socraithe urrús Eorpach a thairgeann socraíocht lárnaithe seachadadh-versus-íocaíocht (DvP) in airgead bainc ceannais thar na margaí urrús Eorpacha go léir. Ba é a bhí i gcuspóir bunúsach thionscadal T2S ná bonneagar socraíochta urrús na hEorpa, a bhí an-deighilte, a chomhtháthú agus a chomhchuibhiú. Tá sé mar aidhm aige laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le socraíocht urrús trasteorann agus méadú a dhéanamh ar iomaíocht agus ar roghanna i measc soláthraithe seirbhísí iarthrádála san Eoraip.

**TIPS - Socraíocht Íocaíochta Láithrí TARGET -** Is seirbhís nua bonneagair margaidh é seo agus lainseálfaidh BCE í i mí na Samhna 2018. Cumasóidh sé do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an fhéidearthacht a thairiscint dá gcustaiméirí cistí a aistriú i bhfíoram agus de ló agus d'oíche, gach lá den bhliain. Tá TIPS á fhorbairt mar leathnú ar TARGET2 agus socróidh sé íocaíochtaí in airgead bainc ceannais.

OAFTS - Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha Spriocdhírithe - Is é atá sna hoibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha spriocdhírithe (OAFTS-anna) ná oibríochtaí Eurochórais a sholáthraíonn maoiniúchán d'institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas go ceithre bliana. Tairgeann siad maoiniúchán fadtéarmach ar choinníollacha tarraingteacha do bhainc chun coinníollacha creidmheasa earnála príobháidí a éascú tuilleadh agus chun spreagadh a thabhairt i leith iasachtóireacht bhainc don fhíorgheilleagar.

Cuid 2:

# Oibríochtaí Airgeadais

# Torthaí Airgeadais don bhliain 2018

## An Comhthéacs

Is léiriú fós é méid agus comhdhéanamh chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais ar na bearta neamh-chaighdeánacha arna gcur i bhfeidhm ag an Eurochóras, go háirithe na bearta arna gcur i bhfeidhm le blianta beaga anuas, mar chuid dá shainordú cur leis an gcóras airgeadais agus le cobhsaíocht praghsanna.

I measc príomhfhorbairtí den chineál sin le linn 2018, tá an méid seo a leanas:

- Leanadh de bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta a chur chun feidhme tríd an gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (EAPP), as ar eascraíodh risíocht do bhannaí faoi chumhdach, ceannach urrús sócmhainn-bhunaithe, ceannach urrús de chuid na hearnála corparáidí agus na hearnála poiblí arna n-eisiúint ag rialtais láir, bardais, gníomhaireachtaí agus ag institiúidí fornáisiúnta. Maidir le hurrúis a thiocfaidh in aibíocht, arb urrúis iad arna gceannach faoi na clár seo, samhlaítear go ndéanfaidh an tEurochóras íocaíochtaí ó na hurrúis sin a athinfheistiú do thréimhse fhadaithe nuair a thiocfaidh deireadh le glancheannacháin faoi EAPP ag deireadh 2018.
- Tuilleadh diúscairtí ar shealúchais an Bhainc Ceannais sa Phunann Speisialta de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (FRNanna), ar sealúchais iad a d'éirigh as leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC). Chuir an t-ioncam úis agus na gnóthachain ó na diúscairtí sin[1] go mór le brabús an Bhainc Ceannais in 2018. Le linn 2018, cheadaigh dálaí margaí i réim don Bhanc Ceannais €4.0bn de shealúchais ainmniúla FRNanna a dhiúscairt agus cheannaigh GBCN iad.
- An tEurochóras do choinneáil urrús arna gceannach ag an tEurochóras faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU) agus teacht in aibíocht na n-urrús arna gceannach faoin gcéad Chlár Ceannaigh agus faoin dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP). Ba é aidhm na gclár sin doimhneacht agus leachtacht a áirithiú i ndeighleoga mífheidhmiúla de

[1] Níl aon athrú ar an mbeartas diúscartha don phunann seo agus tá sé beartaithe sealúchais a dhiúscairt a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2019-2023 (€1bn in aghaidh na bliana) agus ó 2024 ar aghaidh (€2bn in aghaidh na bliana go dtí go ndíolfar na bannaí uile).

mhargaí fiachurrús an limistéir euro agus sásra tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

Ag féachaint romhainn, is é measúnú an Bhainc Ceannais go mbeidh a risíochtaí riosca airgeadais mórán ag teacht leis an measúnú ag deireadh 2017, fad is atá tús á chur le tréimhse ath-infheistíochta EAPP. Dá ainneoin sin, tá leibhéal ard éiginnteachta ag baint leis an risíochtaí sin de bharr gnéithe geopholaitiúla agus eacnamaíocha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhálaí margaí airgeadais sa mheántéarma. Faoi Threoirlíne BCE, féadfaidh Bainc Cheannais Náisiúnta soláthairtí a dhéanamh do rioscaí áirithe lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir. I gcomhréir leis an treoir sin, chuir an Banc Ceannais soláthar €750.0m i leataobh i gcuntais 2018 i dtaca le risíochtaí do riosca rátaí malairte, arb ardú €250.0m é (2017: €500.0m).

## Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2018 agus €2,982.8m, méadú 13% (€354.2m) i gcomparáid le méid comhréireach €2,628.6m sa bhliain 2017.

Tháinig méadú €297.4m ar ghnóthachain réadaithe ar dhíolacháin urrús arna sealbhú sa Phunann Speisialta go €2,251.1m in 2018 (2017: €1,953.7m). Rinneadh é sin a fhritháireamh go páirteach le muirear soláthair €180.5m (2017: €295.4m). Cuimsíonn an muirear sin, den chuid is mó, méadú sa soláthar don ráta malairte eachtrannaí, don ráta úis, do rioscaí creidmheasa agus praghais óir de €250.0m agus scaoileadh i ndáil le soláthar d'urrúis €70.0m.

## Ioncam Úis

Tháinig laghdú €32.6m ar ioncam úis, sa chaoi gurbh ionann é in 2018 agus €1,090.9m, i gcomparáid le méid comhréireach €1,123.5m in 2017.

Bhí an laghdú seo inchurtha go príomha d'ús i bhfad ní b'ísle arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc Ceannais (2018: €331.7m, 2017: €432.3M) de bharr mheán-sealúchais níos ísle den chuid is mó. Tháinig laghdú €26.0m freisin ar phunann sealbhaithe go dtí aibíocht (CGA) de chuid an Bhainc Ceannais (2018: €279.0m, 2017: €305.0m) de bharr meánrátaí úis ní b'ísle.

Tháinig méadú €47.7m ar ioncam arna thuilleamh ar urrúis a bhí á sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta in 2018 go dtí €285.5m (2017: €237.8m), rud a fhreagraíonn don mhéadú ar mheán-sealúchais de bharr ceannachán faoi Chlár Ceannaigh Leathnaithe an Eurochórais do Shócmhainní.

Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí rialtais agus ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa arbh ionann é agus €84.7m (2017: €71.3m) agus €84.4m (2017: €67.5m) faoi seach le linn 2018.

Tháining méadú €7.1m ar ioncam úis ar chomhaontuithe athcheannaithe in 2018 go €9.4m (2017: €2.3m) ar léiriú é ar mhéadú ar ghníomhaíocht i gcomhaontuithe athcheannaithe.

Oibríochtaí margaidh oscailte €4.6m (2017: €Nil) cuimsíonn an mhír seo an glanioncam ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais le linn 2018, ba chaiteachas é sin i 2017.

### Caiteachas Úis

B'ionann úschostas agus €37.4m (2017: €68.2m), a laghdú €30.8m le linn na bliana.  Bhí príomhspreagadh an athraithe seo inchurtha d'úschostas €Nialas(2017: €28.8m) ar oibríochtaí OASF-II. Ar bhonn stuamachta, fabhraíodh ús ag ráta na saoráide taisce de -0.4 % le linn 2016 agus 2017 ar iarmhéid iomlán amuigh 'oibríochtaí OASF-II. Shocraigh BCE an ráta in 2018, ar ráta POA 0.0 % é nó ráta na saoráide taisce, ag brath ar cibé ar shásaigh na contrapháirtithe critéir ar leith. Dá bharr sin, tharla aisiompú in 2018 ar chion suntasach den ús fabhraithe a aithníodh in 2016 agus in 2017, agus fágann sé sin glanioncam úis sa chatagóir sin in 2018.

Tháining laghdú ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM go €4.5m in 2018 (2017: €16.1m) de bharr infheistíocht mhéadaithe i bpunanna airgeadra eachtrannaigh, chomh maith le torthaí níos fearr ar infheistíochtaí euro.

Tháining méadú €8.3m ar ioncam úis ar chomhaontuithe athcheannaithe in 2018 go €15.8m (2017: €7.5m) ar léiriú é ar mhéadú ar ghníomhaíocht i gcomhaontuithe athcheannaithe.

### Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí

B'ionann an glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, ar dhíluachálacha agus ar sholáthairtí agus gnóthachan €2,045.0m, i gcomparáid le gnóthachan €1,650.5m in 2017.  B'ionann gnóthachain réadaithe praghais ar phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais agus €2,255.2m (2017: €1,953.5m) agus is léiriú iad sin go príomha ar dhíolacháin pháirteacha ón bPunann Speisialta.

Bhí caillteanas neamhréadaithe €21.2m ann ar an gCiste Cothromais, ar ní nua é in 2018 (2017: €Nialas) de bharr praghsanna cothromais ní b' ísle ag deireadh na bliana 2018.

Bhí caillteanas neamhréadaithe ráta malairte ann freisin in 2018 arbh ionann é agus €8.3m, go háirithe ar phunann dhollar na hAstráile.

Freagraíonn muirear soláthair €180.5m in 2018 méadú €250.0m ar sholáthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (2017: €335.0m) arna fhritháireamh go páirteach le scaoileadh €70.0m den soláthar i leith rioscaí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochtaí (2017: €40.0m scaoileadh soláthair)

## Glantoradh Comhthiomsaithe Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair glanfháltas €6.8m in 2018 as glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais (2017: €25.0m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach.

Áirítear sa mhír seo in 2018 cruthú soláthair do scair an Bhainc Ceannais in urrúis lagaithe €2.7m de chuid an Eurochórais (2017: €1.1m). Léiríodh é sin faoi "Glantoradh ar oibríochtaí airgeadais, díluachálacha & soláthairtí" in 2017.

## Caiteachais Oibriúcháin

Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibriúcháin an Bhainc Ceannais i Nóta 9 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas.

Le blianta beaga anuas, lean an Banc Ceannais d'infheistíocht a dhéanamh chun a chuid acmhainní agus a chumas féin a neartú, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais na foirne agus infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua, rud a léirítear sna caiteachais oibríochtúla iomlána don bhliain 2018 arbh ionann iad agus €299.8m (2017: €276.4m). Cuimsítear sna caiteachais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus costais dímheasa.

Tháining méadú €11.5m (7%) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá. Freagraíonn costais níos airde tuarastail don líon méadaithe foirne agus d'athbhunú páirteach tuarastal faoi Bhearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI). Fritháiríodh iad sin go páirteach de bharr laghdú i gcostais pinsean arna n-eascairt as modheolaíocht nuashonraithe a d'úsáid achtúirí an Bhainc Ceannais chun na costais pinsean a ríomh.

Tháinig méadú €10.0m (11 %) ar chostais oibríochta eile agus ar amhábhair nótaí bainc, ar léiriú é ar chostais Chumarsáide agus ar chostais TF de bharr infheistíocht i gcórais nua agus de bharr Táillí Proifisiúnta breise. B'ionann muirir dhímheasa agus €16.8m (2017: €14.9m), rud a fhreagraíonn don dímheas breise a eascraíonn as críochnú an áitribh ag Cé an Phoirt Thuaidh.

## Barrachas Ioncaim is Iníoctha leis an Státchiste

Tar éis aistrithe a dhéanamh chuig cúlchistí agus coigeartuithe, arb aistrithe iad a bhain le glanghnóthachan achtúireach ar scéim pinsin an Bhainc Ceannais a shainaithint, mar a cheanglaítear faoi *Financial Reporting Standard 102* (FRS 102), b'ionann Barrachas Ioncaim an Bhainc Ceannais ab iníoctha don Státchiste agus €2,384.8m (2017: €2,101.3m).

## Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €97.8bn sócmhainní/dliteanais iomlána an chláir chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2018, méadú €7.5bn (8%) ar an iarmhéid comhréireach ag deireadh 2017 (€90.3bn).

## Sócmhainní

Tháining méadú ar iarmhéid TARGET” de chuid BCE go €14.3bn ag deireadh 2018, i gcomparáid le €1.9bn faoi dheireadh 2017, ar méadú €12.4bn é.

Bhí glanmhéadú €4.5bn ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta, rud a léiríonn ceannacháin leanúnacha faoin gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní.

Fritháiríodh go páirteach in aghaidh na méaduithe sin laghdú €5.9 billiún ar luach sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC (an Phunann Speisialta) de bharr díolacháin pháirteacha arbh ionann iad agus €4.0bn (ainmniúil).

Tháining laghdú freisin ar iarmhéid OASF-II go €3.0bn faoin 31 Nollaig 2018 (2017: €7.5bn) de bharr aisíocaíochtaí luatha ar roinnt oibríochtaí.

## Dliteanais

Tháining méadú €6.5bn ar thaiscí Rialtais go €19.3bn in 2018 (2017: €12.8bn).

Tháining laghdú €2.6bn ar chuntais athluachála go €6.4bn in 2018 (2017: €9.0bn). Tharla sé sin de bharr athluacháil ar an bPunann Speisialta, den chuid is mó.

## Fuascailt nótaí puint Éireannacha

Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar á chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí puint IEP atá fós amuigh agus fuasclaíodh €1.1 milliún as an soláthar sin in 2018 (2017: €1.1 milliún), rud a d’fhág go raibh €225.1 milliún nótaí bainc Éireannacha fós amuigh ag deireadh 2018 (2017: €226.0m) agus iarmhéid €5.4m sa soláthar ag deireadh na bliana (2017: €6.3m).

## Fáltais Monaí

Le linn 2018, b'ionann glanluach na monaí euro a fuasclaíodh agus €7.6m (2017: €6 milliún eisithe), rud a léiríonn méadú ar éileamh ón bpobal. Tar éis caiteachais a bhain le táirgeadh monaí a asbhaint, d'aisíoc an Banc Ceannais glanfháltais €6.7m leis an Státchiste (2017: €4.4m a d'íoc an Státchiste leis an mBanc Ceannais. Leanann an Banc Ceannais de mhonaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002 a fhuascailt. In 2018, b'ionann agus €0.2m san iomlán na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2017: €0.4m). Tá na sonraí iomlána le fáil i Nóta 26 den Ráiteas Cuntas.

## Íoc Pras Cuntas 2018

Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2018, mar aon leis na figiúirí comhréireacha don bhliain 2017.

| | 2018 | 2017 |
|---|---:|---:|
| Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha | 51 | 270 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A) | €945,312 | €1,809,988 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Uile(B) | €123,616,548 | €116,720,745 |
| A mar % de B | 0.76% | 1.55% |
| Luach Iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha | €6,473 | €19,398 |

# Ráiteas Cuntais
# Bhanc Ceannais na hÉireann
## don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (arna leasú).

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

## Réamhrá

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) le hAcht an Bhainc Ceannais, 1942 (an tAcht). Tá dhá bhunfheidhm ag an mBanc Ceannais. Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é agus is comhalta é den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC). Ina theannta sin, tá an Banc Ceannais freagrach as earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann a rialáil. Leagtar amach feidhmeanna an Bhainc Ceannais in alt 18B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). Foráiltear faoin Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú agus a rialú.

## Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Foráiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann de na feidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádfaidh an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann de na feidhmeanna sin a fheidhmiú agus aon cheann d'fheidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ó am go ham ag an gCoimisiún i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, d'fhormheas an Coimisiún Plean nuashonraithe um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) i ndáil le haon tarmligean a rinneadh. Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí ar an bplean in 2017 chun athstruchtúrú philéar rialála airgeadais an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Tá Creat Tomhais Straitéiseach athbhreithnithe á fhorbairt ag an mBanc Ceannais faoi láthair,

a chuirfear i bhfeidhm in L1 2019. Ina dhiaidh sin, déanfar uasdátú ar Phlean um Shannadh Freagrachtaí an Bhainc Ceannais.

Cé go bhfuil formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún agus go bhfuil an Plean formheasta aige i leith shannadh na bhfreagrachtaí sin, coimeádann an Coimisiún freagracht as maoirseacht éifeachtach ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin a dtugtar freagracht don Ghobharnóir amháin ina leith) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás inar sannadh cumhacht i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a shonraítear maidir lena fheidhmíocht.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (ar leith ó fheidhmeanna CEBC eile) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé an straitéis lena gcumasaítear don Bhanc Ceannais a chuid feidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo freisin an Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúchóirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras um rialú inmheánach sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mí-rialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Bhunaigh an Coimisiún struchtúir chuí chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúchóireachta agus na hIniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna rialaithe, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara eile a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlínte Cuntasaíochta CEBC, agus i gcás ina raibh siad sin tostach, na

caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.

De réir mar is eol don Choimisiún, ní ann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta a bhfuil iniúchóirí an Bhainc Ceannais aineolach uirthi.  Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúchóirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí ex-officio seo a leanas:

- Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Stuamachta)
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

Sa bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad den Choimisiún, ach líon nach mó ná ochtar.

Sa tábla a leanas, liostaítear na comhaltaí agus a ndátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfar comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh ar feadh téarma breise cúig bliana amháin):

| **Comhaltaí den Choimisiún** | **Dáta Ceaptha (nó Athcheaptha)** |
|---|---|
| Philip R Lane* | 26 Samhain 2015 |
| Alan Ahearne | 1 Márta 2015 |
| Patricia Byron | 1 Eanáir 2019 |
| Blanaid Clarke | 1 Deireadh Fómhair 2013[2] |
| Sharon Donnery* | 1 Márta 2016 |
| John FitzGerald | 1 Deireadh Fómhair 2015 |
| Des Geraghty | 1 Deireadh Fómhair 2014 |
| Niamh Moloney | 11 Meán Fómhair 2018 |
| Derek Moran* | 15 Iúil 2014 |

[2] Tháinig deireadh le téarma oifige Blanaid Clarke ar 31 Meán Fómhair 2019.

| | |
|---|---|
| Ed Sibley* | 1 Meán Fómhair 2017 |
| Michael Soden | 1 Deireadh Fómhair 2014[3] |
| John Trethowan | 11 Meán Fómhair 2018 |

*Comhaltaí ex-officio**

Socraíonn an Coimisiún athbhreithnithe rialta ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a thrí fhochoiste – An Coiste Iniúchóireachta, An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus An Coiste Riosca. Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit , is gá measúnú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Choimisiúin gach trí bliana. Tá an chéad mheasúnú eile den sórt sin beartaithe do dheireadh 2019.

## Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair
- An Coiste Riosca

### An Coiste Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus beidh triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), John FitzGerald agus John Trethowan comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta.

Ta an Coiste bunaithe ag an gCoimisiún mar fhochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceisteanna riosca airgeadais, rialuithe agus rialachais. Baineann an Coiste é sin amach trí mheán athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, ar iontaofacht, agus ar shláine don Choimisiún.

### An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus beidh beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí. Is iad comhaltaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2018 Niamh Moloney (Cathaoirleach), Des Geraghty, Sharon Donnery agus Ed Sibley. Ní bhíonn comhaltaí

---

[3] D'éirigh Michael Solden as an gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2018.

feidhmiúcháin i láthair ag cruinnithe Coiste i gcás ina mbíonn ceisteanna a bhaineann lena luach saothair nó le luach saothair an Ghobharnóra á bplé.

Tá an Coiste bunaithe ag an gCoimisiún mar fhochoiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le ceisteanna a bhaineann le bainistíocht buiséid, beartas luacha saothair, luach saothair do chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin agus Scórchárta Ualaithe an Bhainc Ceannais. Baineann an Coiste é sin amach trí mheán athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, ar iontaofacht, agus ar shláine don Choimisiún.

## An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapfaidh an Coiste Riosca agus beidh triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí. Is iad comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2018, Ian Ahearne (Cathaoirleach), Sharon Donnery, Des Geraghty agus Ed Sibley.

Tá an Coiste bunaithe ag an gCoimisiún mar fhochoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna seo agus chun comhairle a thabhairt ina leith: infheistíocht sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais, beartais agus nósanna infheistíochta, athbhreithniú ar risíochtaí rioscaí agus straitéis riosca, faireachán ar riosca oibríochta agus riosca leanúnachais gnó agus faireachán ar bhainistíocht riosca sa Bhanc Ceannais.

Is féidir na sonraí uile maidir le ról agus freagrachtaí an Bhainc Ceannais a léamh i gCaibidil 3 den Tuarascáil Bhliantúil (Cuid 1).

## Sceideal Tinrimh

Leagtar amach sceideal tinrimh na gcruinnithe Coimisiúin agus na gcruinnithe Coiste thíos.

| Comhalta den Choimisiún | Coimisiún | An Coiste Iniúchóireachta | An Coiste Riosca | An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair | Comhchruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus an Choiste Riosca |
|---|---|---|---|---|---|
| Philip R Lane | 12/12 | - | - | - | |
| Alan Ahearne | 12/12 | - | 4/5 | 4/4 | 1/1 |
| Patricia Byron | 10/12 | 6/6 | - | - | 1/1 |
| Blanaid Clarke | 8/8 | 5/6 | | 3/4 | 1/1 |
| Sharon Donnery | 12/12 | - | 4/5 | 4/4 | 1/1 |
| John FitzGerald | 12/12 | 6/6 | - | - | 1/1 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Des Geraghty | 10/12 | - | 5/5 | 1/1 | 0/1 |
| Niamh Moloney | 4/4 | - | - | 1/1 | |
| Derek Moran | 10/12 | - | - | - | |
| Ed Sibley | 12/12 | - | 4/5 | 4/4 | 1/1 |
| Michael Soden | 8/8 | - | 3/3 | - | 1/1 |
| John Trethowan | 3/4 | 1/1 | | - | |

## Athruithe Comhaltaí

D'éirigh Michael Solden as an gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2018.
Tháinig deireadh le téarma oifige Blanaid Clarke an 31 Meán Fómhair 2019.

Ceapadh Niamh Moloney agus John Trethowan ina gcomhaltaí den Choimisiún an 11 Meán Fómhair 2018

## Nochtadh Faisnéise arna cheangal faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 9 - Caiteachas:

- Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaí
- Costais Chomhairliúcháin
- Costais dhlíthiúla agus Socruithe
- Caiteachais Taistil agus Cothaithe
- Caiteachas Fáilteachais
- Luach saothair agus caiteachais arna n-íoc do chomhaltaí an Choimisiúin in 2018.

# Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód), arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcuirfí forálacha ábhartha i bhfeidhm maidir leis an gCód. Sa chomhthéacs sin, rinneadh measúnú ar gach foráil agus, faoi láthair, tá an Banc Ceannais i mbun an fhoráil a chur i bhfeidhm, nó a ghlacadh, nó a oiriúnú chun ceanglais reachtúla an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh d'fhonn córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainaithint. Foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais in Acht 1942, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit sa Bhanc Ceannais ar fáil i rannóg na bhfoilseachán ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

**19 Márta 2019**

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

I mí Aibreán 2017, chinn an Banc Ceannais forálacha áirithe den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 (an Cód) a ghlacadh. I gcásanna áirithe, rinneadh Cód 2016 a leasú chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais.

I gcomhréir le Cód 2016, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú ar oibriú chóras rialaithe inmheánaigh de chuid an Bhainc Ceannais don tréimhse tuairiscithe bhliantúil dar críoch an 31 Nollaig 2018. Thar ceann an Choimisiúin, dearbhaímid ár bhfreagracht foriomlán as córas inmheánach rialuithe an Bhainc Ceannais, as an córas a ailíniú beartaithe lenár bhfonn riosca formheasta agus as na próisis dearbhaithe bunaithe chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheas.

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Is é is aidhm dó a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun na rioscaí a eascraíonn as comhlíonadh shainordú fadréimseach reachtúil an Bhainc Ceannais agus na cuspóirí faoi Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais a bhainistiú. Níl sé mar aidhm ag na bearta rialuithe sin deireadh a chur le rioscaí (toisc go mbeadh sé sin dodhéanta). Ina choinne sin, tá se mar aidhm ag na bearta sin dearbhú réasúnta (seachas dearbhú iomlán) a chur ar fáil maidir le caillteanais ábharthach, earráid nó cliseadh.

Chun a áirithiú go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh ar comhréir leis na rioscaí a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu, tá próiseas comhréireach um shainaithint agus measúnú riosca bunaithe ag an gCoimisiún lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibriúcháin, airgeadais agus clú. Le linn 2018, fuair an Coimisiún agus a gcuid fochoistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí riosca oibríochtúil, airgeadais, agus straitéisigh agus maidir le gnéithe éagsúla den chóras rialaithe inmheánaigh, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an chórais ina iomláine trí nós imeachta tuarascála bliantúla. Rinne Rannán na hArdrúnaíochta (GSD), an Rannán um Riosca Eagraíochtúil agus an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) sa Bhanc Ceannais na tuarascálacha sin a ullmhú. Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbhreathnú thíos léiriú cruinn ar stádas an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Sa bhreis air sin, i gcomhréir leis na trí líne chosanta, tacaíonn ORD (an dara líne) le hoibriú SIC, agus déanann sé cur i bhfeidhm córasach chreataí bainistíochta riosca formheasta an Choimisiúin a áirithiú, lena n-áirítear dúshlán muiníneach do rannáin na chéad líne ar bhonn ceaptha timthriallach, chun comhréireacht aitheanta agus grádaithe riosca a áirithiú, lena n-éascaítear tuairisciú ina dtugtar tosaíocht do rioscaí.

Leagtar amach sa ráiteas seo faisnéis maidir le córas rialuithe inmheánach an Bhainc Ceannais lena n-airítear na príomhghnéithe den timpeallacht rialuithe, d'aithint agus measúnú riosca, de phríomhghníomhaíochtaí rialuithe, d'fhaireachán riosca agus rialuithe agus d'athbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialuithe inmheánach.

## Timpeallacht Rialaithe

Ar na príomhghnéithe den timpeallacht rialaithe arna bunú ag an gCoimisiún, áirítear: struchtúr cuimsitheach rialachais inmheánaigh, cód iompair eiticiúil leabaithe, róil shoiléire agus freagrachtaí don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais.

I gcásanna áirithe, rinne an Banc Ceannais Cód 2016 a leasú chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Dá bharr sin, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais maidir le cásanna ina raibh air coda áirithe d'fhorálacha ar leith den Chód a leasú. Ina ainneoin sin, creideann an Banc Ceannais go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach aige trí thimpeallacht láidir rialuithe a chothabháil trí mheán bearta reachtúla nó bearta rialachais.

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais (seachas CEBC) a bhainistiú agus a rialú.
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe.

- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

San Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, don leas-Ghobharnóir nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Déantar amhlaidh ar mhaithe le bainistíocht éifeachtach éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéantar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún formhór fheidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Tugtar an chumhacht do gach duine de na daoine sin gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais i gcomhall na bhfeidhmeanna, na gcumhachtaí agus na bhfreagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham, lena n-áirítear tuairimí a fhorbairt, cinntí a dhéanamh, gníomh a dhéanamh, cumhachtaí a fheidhmiú agus feidhmíocht fheidhmeanna an Bhainc Ceannais a dhéantar a tharmligean ó am go ham a chur i gcrích. Maidir le duine a sanntar freagracht as feidhmíocht feidhme dó nó di, tá an duine sin cuntasach as feidhmíocht na feidhme sin don Ghobharnóir. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a thrí fhochoiste (An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid fochoistí leagtha amach i dTéarmaí Tagartha ar leithligh.

Ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta, áirítear maoirseacht agus athbhreithniú na ráiteas airgeadais, na hiniúchóirí seachtracha, iniúchóireacht inmheánach agus bainistíocht riosca airgeadais, comhlíontacht agus rialú inmheánach, agus formhaoirsiú rialachais. Ar fhreagrachtaí an Choiste Riosca, áirítear an t-athbhreithniú ar neamhchosaintí riosca reatha agus straitéis bainistíochta riosca de chuid an Bhainc Ceannais, agus faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

Sa tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún cur i bhfeidhm an Chreata Rialachais a fhormheas lena mbunaítear creat lárnaithe don Bhanc Ceannais, ina bhfuil soiléiriú níos fearr ar struchtúir eagraíochtúil rialachais, ar creat é a bhaineann le húinéireacht rialachais sa Bhainc Ceannais agus le cinnteoireacht, cuntasaíochtaí agus freagrachtaí. D'fhonn soiléireacht a chur ar fáil maidir le róil agus freagrachtaí ardcheannairí an Bhainc Ceannais, sonraítear iad sin sa Chreat agus tugtar cur síos ar na socruithe rialachais ábhartha atá i bhfeidhm a thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear coistí tras-eagraíochta. Sa Chreat, tugtar

isteach clár Beartas Corparáideach, bunaithe ar struchtúir ordlathais, a bhfuil teimpléid agus treoir ábhartha mar thacú leis, agus tógadh isteach forbairt treorach agus cláir den chineál céanna do Mheabhráin Tuisceana.

Sa bhreis air sin, mar thoradh ar an gCreat Rialachais, bunaíodh Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ar an leibhéal feidhmíochta a bhfuil sé mar shainchúram air faireachán a chothabháil agus dúshláin a thabhairt i dtaca leis na catagóirí uile riosca, le comhlíontacht inmheánach agus le saincheisteanna iompair. Chomh maith leis sin, mar thoradh ar an gCreat Rialachais, bunaíodh Choiste um Buiséad agus um Airgeadas (BFC) ar an leibhéal feidhmíochta.  Is é is cuspóir le BFC buiséad bliantúil an Bhainc Ceannais a chur le chéile, a mholadh agus monatóireacht a dhéanamh air, an Príomh-Oifigeach Oibríochtaí a fhormhaoirsiú agus comhairle a thabhairt dó nó di (laistigh de theorainneacha tarmligthe) maidir le formheas nithe imchlúdaigh infheistíochta agus saincheisteanna faoin tobhach maoinithe ó thionscal ó thaobh próisis de.

Leanann an Coimisiún d'fhormhaoirsiú a dhéanamh ar nósanna imeachta sannaithe freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla sa Bhanc Ceannais.  Déantar freagrachtaí agus cuspóirí na bainistíochta agus na foirne a shainiú trí mheán creat prófíle róil agus córas bainistíochta feidhmíochta don fhoireann.  Déanann an bhainistíocht feidhmíochta, i gcomhréir leis an gCoimisiún, cuspóirí foriomlána (ar leibhéal an eintitis) a shainiú laistigh de Phlean Straitéiseach do thréimhse trí bliana.  Cuireadh tús le timthriall pleanála trí bliana an Bhainc Ceannais do Phlean Straitéiseach (2016-2018) in 2016.  Déantar athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach ó thaobh dul chun cinn de gach bliain.  Formheasann an Coimisiún an Plean Straitéiseach agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais é.  I bPlean Straitéiseach (2016-2018), sannadh 11 chuspóir ar leibhéal an eintitis a bhain le freagrachtaí straitéiseach agus le cumasóirí tábhachtacha.  Tá na cuspóirí seo mar bhonn do Scórchárta Ualaithe ar fud na heagraíochta lena n-éascaítear dí-chomhbhailiú fochuspóirí ina spriocanna Piléir, Stiúrthóireachta, Rannáin, Feidhme agus ina spriocanna aonair.  Tiocfaidh Plean Straitéiseach nua an Bhainc Ceannais (2019-2021) i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2019.  Le linn dó a Phlean Straitéiseach nua a fhorbairt agus an fócas ba cheart a bheith aige ó thaobh tosaíochtaí straitéiseacha a chinneadh in 2018, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Tar éis fhorbairt an Phlean Straitéisigh, measadh gur thráthúil tús a chur le hathbhreithniú ar phróiseas an Bhainc Ceannais chun feidhmíocht a thomhas de réir na gcuspóirí. Chun na críche sin, tá GSD ag obair leis an gCoiste Ardcheannaireachta (SLC) chun Creat Tomhais Straitéiseach athbhreithnithe a fhorbairt a chuirfear i bhfeidhm in L1 2019. Ina dhiaidh

sin, déanfaidh GSD uasdátú ar Phlean um Shannadh Freagrachtaí an Bhainc Ceannais.

Anuas air sin, leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc Ceannais a áirithiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Beartas um Nochtadh Faisnéise Rúnda (Sceithireacht) agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil d'fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta ann dóibh.

## Sainaithint agus Maolú Riosca

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal fiontair agus ar leibhéal rannáin araon.

Bíonn an Creat um Fonn Riosca (RAF), a bhfuil fo-lámhaltais do phríomhrioscaí an Bhainc Ceannais san áireamh ann, ina bhonn faisnéise i dtosach faoi athbhreithniú ar risíochtaí riosca.  Sonraítear sa RAF seo an leibhéal riosca agus na cineálacha riosca atá inghlactha don Bhanc Ceannais i saothrú a chuid cuspóirí.  Ó thaobh rialachais de, cuirtear athbhreithniú bliantúil i gcrích ar chomhlíonadh na dtairseach a leagtar amach in RAF, agus i gcás ina dtagann aon diall chun cinn, déantar gníomh chun aghaidh a thabhairt ar an diall sin.  Don bhliain 2018, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar a mhéid a d'oibrigh an Banc Ceannais laistigh de pharaiméadair RAF agus tá sé sásta go bhfuil na bearta riachtanacha glactha ag an lucht bainistíochta chun a áirithiú go bhfanfaidh rioscaí laistigh de lamháltais shainithe a mhéid is féidir.

Maidir leis an gceanglas rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta a aithint agus a mheas go beacht, ta baint aige le RAF toisc gurb é an ceanglas an bunús chun comparáid a dhéanamh idir risíochtaí próífle riosca le RAF agus dá bharr sin, is é an bunús lena chinneadh cá háit a bhfuil dialltaí agus a chinneadh an bhfuil an fhéidearthacht ag baint leo a bheith ina n-ábhar imní ó thaobh bainistíocht riosca de. Leis na nósanna imeachta um measúnú riosca, táthar ag iarraidh breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ábhartha beartaithe agus neamhbheartaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Ó bharr na heagraíochta anuas, déanann ORD Measúnú Riosca Straitéiseach (SRA) a cheapadh agus a chomhordú ar bhonn bliantúil, a bhfuil ionchur ann ó SLC, arb é is aidhm dó rioscaí ar leibhéal fiontair a shainaithint, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais mar a leagtar amach iad ina Phlean Straitéiseach.  Ina dhiaidh sin, déanann an Coiste Riosca tátail SRA a athbhreithniú agus a cheistiú.  Déantar na rioscaí a chur in ord tosaíochta agus sanntar cuntasacht do stiúrthóirí ar leith chun a áirithiú go gcuirtear gníomhartha maolaithe iomchuí chun cinn.  Bíonn uasdátú ar an dul chun cinn maidir le rioscaí a mhaolú san áireamh sa Tuairisc Chomhtháite Riosca a chuirtear i láthair RMC agus an Choiste Riosca feidhmíochta. Pléitear na rioscaí straitéiseacha mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar Phlean Straitéiseach an Bhainc Ceannais.

Ón mbonn aníos, tá sainordú ag ORD an creat um riosca oibríochtúil a cheapadh agus a chothabháil chun comhordú comhsheasmhach a dhéanamh ar aithint agus measúnú riosca agus rialuithe do na rannáin uile sa Bhanc Ceannais.  Cuimsíonn an cur chuige arna fhormheas ag an gCoimisiún próiseas measúnaithe riosca agus rialuithe sna rannáin (RSCA). Le RCSA, áirithítear go mbunaíonn agus go gcoinníonn gach rannán sa Bhanc Ceannais clár de neamhchosaintí reatha riosca oibríochtúil mar aon le rialuithe agus nithe gaolmhara.  Déanann ORD sraith iomlán de chláir riosca na rannán a chothabháil, a athbhreithniú agus a anailísiú chun críocha tuairiscithe agus déantar iad a thuairisciú do RMC agus don Choiste Riosca.

Déanann an Banc Ceannais sonraí pearsanta a phróiseáil le linn dó a fheidhmeanna reachtúla a chur i gcrích, agus phróiseálann sé sonraí pearsanta maidir le fostaíocht comhaltaí foirne agus maidir lena theagmháil le soláthraithe seirbhísí. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998, 2003 agus 2018 agus sa Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), leagtar síos rialacha maidir leis an gcaoi a mbailítear, a bpróiseálfar agus a nochtar sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaire. Forbraíodh Beartas um Chosaint Sonraí an Bhainc Ceannais d'fhonn comhlíontacht na gceanglas sin a áirithiú. Sa bheartas sin, sonraítear róil agus freagrachtaí maidir le cosaint sonraí, tugtar samplaí de shonraí pearsanta a choinnítear agus a phróiseáiltear sa Bhanc Ceannais agus tugtar forbhreathnú ar sheacht bprionsabal na cosanta sonraí.  I gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí, tá Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) ceaptha ag an mBanc Ceannais. Cuimsíonn an ról sin faireachán agus measúnú ar chomhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí agus na gceanglas , comhordú a dhéanamh ar theagmhais a bhaineann le cosaint sonraí agus tuairisciú rialta a dhéanamh do choistí formhaoirseachta.

Sa bhreis ar RCSAnna, coinníonn rannáin clár teagmhas, agus cuirtear aon teagmhas arna ghrádú mar theagmhas meánach nó níos airde faoi bhráid an Choiste Riosca.  Tá cur chuige "gan mhilleán" ag an mBanc Ceannais chun fothuairisciú a dhíspreagadh.  Déantar anailís bunchúise ar gach teagmhais, ina aithnítear deiseanna chun an timpeallacht rialuithe a fheabhsú agus chun an fhéidearthacht go dtarlóidh an teagmhas arís a laghdú.

Deimhníonn Ceannasaí gach rannáin agus an Stiúrthóir iomláine a gcuid clár mar chuid den nós imeachta seo um dhearbhú cáilíochta.  Tá athbhreithniú ar thuarascálacha maidir le stádas na rioscaí rannán déanta ag an gCoiste Riosca agus tá breithniú déanta aige ar na gníomhartha atá glactha ag an mbainistíocht chun gníomhartha feabhais a chur chun feidhme agus chun rialuithe a fheabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar chreat tiomanta um measúnú riosca airgeadais arna chothabháil ag ORD. Bíonn an creat um measúnú riosca airgeadais ag díriú go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus rinne sé breithniú ar mholtaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháltais atá leagtha amach ina RAF formheasta.

## Príomhghníomhaíochtaí Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún maoirsiú ar chur chun feidhme raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolaítear go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gcuspóirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear rialú a chuid sócmhainní airgeadais, fisiceacha agus faisnéise, a chuid próiseas gnó, agus a thimpeallacht teicneolaíochta, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a thabhairt gur baineadh cuspóir rialaithe ar leith amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Creat Rialachais:** Doiciméad um Chreat Rialachais chun na socruithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a léiriú go soiléir; struchtúr coiste agus struchtúr eagraíochta arna sainiú go foirmiúil, ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais, ina bhfuil leibhéil freagrachta agus leibhéil údaráis arna sainiú go soiléir; Creat um Beartas Corparáideach chun a shainiú a bhfuil i gceist le Beartas Corparáideach agus clár Beartas Corparáideach a tháirgeadh ina n-aithnítear an t-údarás formheasa ábhartha; agus doiciméad ina sonrófar róil agus freagrachtaí na n-ardcheannairí agus na socruithe rialachais ábhartha i bhfeidhm a thacaíonn le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais.

- **Príomhoibleagáidí reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhlíonadh Chód 2016, cuireadh liosta ar fáil don Choimisiún de na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais is ábhartha atá ag an mBanc Ceannais, chomh maith le Léarscáil Freagrachta ina n-aithnítear, go hachomair, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachta agus conas a dhéantar monatóireacht ar chomhlíontacht.

- **Bainistíocht Acmhainní Daonna:** Creat Rialachais Acmhainní Daonna ina n-áirítear plean arna fhormheas ag an gCoimisiún maidir le hacmhainní a chur ar fáil, beartas láidir earcaíochta, cláir fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oilte go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Airgeadais:** Pleanáil airgeadais agus próisis um buiséadú bliantúil arna bhformheas ag an gCoimisiún, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe cuntas iníoctha, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht agus ón gCoimisiún ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais.
- **Bainistíocht Riosca:** Creataí cuimsitheacha do bhainistíocht riosca ina n-áirítear riosca oibríochtúil agus bainistíocht teagmhais ar fud na heagraíochta, bainistíocht riosca airgeadais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta agus oibríochta beartais airgeadaíochta agus bainistíocht cláir comhordaithe fhoriomlán an Bhainc Ceannais.
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartais agus nósanna imeachta um chosc calaoise a dhéileálann le sainaithint riosca calaoise agus le himscrúduithe calaoise, agus ina leagtar amach na freagrachtaí a bhíonn ar fhostaithe agus ar an lucht bainistíochta maidir le tuairisciú agus le himscrúdú calaoise nó calaoise amhrasta sa Bhanc Ceannais.
- **Leanúnachas Gnó:** Creat chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais in ann teagmhais shuaiteacha a bhainistiú, áitribh theagmhasacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.
- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha sa Bhanc Ceannais a bhainistiú ina gcuimsítear nósanna imeachta maidir le bainistiú athruithe, formheas agus tosaíocht infheistíochta.
- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, áitribh agus sócmhainní fisiceacha agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraithe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla. Sa bhreis air sin, tá an Rannán um Bainistíocht Faisnéise agus um Theicneolaíocht Faisnéise ag forbairt plean agus straitéis fadtéarmach don Bhanc Ceannais lena áirithiú gur féidir leis an

teicneolaíocht tacaíocht a thabhairt fós do chuspóirí an Bhainc Ceannais.

- **Iniúchóireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúchóireachta Inmheánaí a bhaineann úsáid as plean inmheánach riosca-bhunaithe iniúchóireachta, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhormheas ag an gCoiste Iniúchóireachta.
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta don Choiste Iniúchóireachta.

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair (an Beartas) atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Tá an Beartas i gcomhréir le prionsabail na rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ach amháin i leith tairiscintí iomaíocha le haghaidh earraí agus seirbhísí faoi bhun Thairseach an Aontais Eorpaigh (AE) (€221,000) i gcás ina gcinnfidh an Banc Ceannais pointe tosaigh €50,000 seachas €25,000 de thairseach Tairiscintí Náisiúnta a oibriú ar mhaithe le héifeachtúlacht agus éifeachtacht oibriúcháin. Faightear trí mheastachán i scríbhinn le haghaidh tairiscintí soláthar/seirbhíse idir €5,000 agus €50,000.

In imthosca áirithe, meastar go bhfuil sé iomchuí dír-dhámhachtain a dhéanamh (gan dul ar iontaoibh próiseas iomchuí tairiscintí). Sna cásanna sin, leantar próiseas rialachais iomchuí, i gcomhréir leis an mBeartas. Déantar aon dámhachtain den sórt sin a thuairisciú go tréimhsiúil don Choiste um Buiséad agus um Airgeadas agus don Choiste Iniúchóireachta.

Le linn 2018, tabhaíodh caiteachas €0.83m thar 19 gconradh dír-dhámhachtain (2017: €1.0m thar 23 chonradh), ar cruthaíodh 6 cinn díbh in 2018. Is ionann é sin agus 0.9% de chaiteachas geallta an Bhainc Ceannais (2017: 1.2%) As na 19 gconradh sin, rinneadh naoi gcinn díobh a rialtú[4] le linn na bliana agus tá pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na seacht gconradh atá fágtha.

Tá miondealú ar na dámhachtainí díreacha sa tábla thíos. As na 23 chonradh a liostaítear, sháraigh an caiteachas carnach tairseach AE i gcás

---

[4] Déantar amhlaidh trí phróiseas tairiscintí a chur i gcrích, i gcomhréir leis an mBeartas Corparáideach Soláthair; trí bhreithniú a dhéanamh ar dhíolúine incheadaithe don dámhachtain dhíreach atá i bhfeidhm; nó i gcás inar gá ligean do théarma na dámhachtana dul in éag agus nach bhfuil aon cheanglas leanúnach gnó ann, scoirfí den dír-dhámhachtain.

ceithre cinn de na conarthaí sin. Tháinig trí cinn díobh sin chun críche in 2018. Sháraigh an caiteachas carnach an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50,000) i gcás seacht gcinn de na conarthaí. Tháinig dhá cheann díobh sin chun críche in 2018. Bronnadh ocht gconradh ar lú a luach ná an tairseach oiriúnaithe náisiúnta (€50,000). Tháinig seacht gcinn díobh chun críche in 2018.

### Tábla 1.1 Dámhachtainí díreacha arna mbronnadh i gcomhréir le Beartas Corparáideach Soláthair

| An fáth le dír-dhámhachtain | Líon na gconarthaí 2018 | Caiteachas €2018 | Líon na gconarthaí 2017 | Caiteachas € 2017 |
|---|---|---|---|---|
| Cosc ar phróiseas tairiscintí iomaíocha de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre | 1 | 0 | 1 | 102,065 |
| Práinn ag baint leis an obair | 2 | 0 | 2 | 0 |
| Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairiscintí chun críche | 11 | 689,862 | 14 | 743,127 |
| Tar-rolladh conartha reatha go dtí go rachaidh a théarma in éag | 5 | 137,643 | 6 | 178,466 |
| **Iomlán** | **19** | **827,505** | **23** | **1,023,658** |

## Athbhreithniú agus Faireachán ar Rioscaí agus Rialuithe

Chun a áirithiú go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh ag oibriú i gcomhréir lena chuid ionchas, tá nósanna imeachta dearbhaithe neamhspleácha bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais. Is é IAD a thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin den chuid is mó agus áirítear ar na nósanna imeachta sin easnaimh rialaithe inmheánaigh a mheasúnú agus a thuairisciú ar mhodh tráthúil do na daoine sin a bheidh freagrach as bearta ceartaitheacha a ghlacadh, lena n-áirítear an ardbhainistíocht agus an Coimisiún, nó a chuid fochoistí i gcás inarb iomchuí.

Tuairiscíonn IAD go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhtheoranta aige ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Ardcheannaireachta. Bíonn gníomhaíochtaí IAD faoi stiúir ag Cairt na hIniúchóireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúchóireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann IAD measúnú ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialacháin infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, na gcóras rialaithe inmheánaigh agus na bpróiseas rialaithe trí iniúchtaí rialta agus measúnú leanúnach a dhéanamh.

Déanann IAD a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Leagtar béim sna tuarascálacha sin ar easnaimh agus laigí, más ann dóibh, sna córais rialaithe inmheánaigh agus cláraítear na bearta comhaontaithe ceartaitheacha a ghlacfar i gcás ina meastar gur gá. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna gcur in iúl ag iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go nglacfar gníomhartha iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna a chuirtear in iúl.

# Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Deimhnímid go raibh córas oibríochtúil rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm don bhliain dar chríoch Nollaig 2018 agus nach raibh aon laigí sa rialú inmheánach a mbeadh de thoradh orthu caillteanais, teagmhais nó éiginnteachtaí ábhartha ar gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Deimhnímid freisin go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais don bhliain dar chríoch an31 Nollaig 2018. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Feabhra 2019. San athbhreithniú seo ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, áiríodh an méid seo a leanas:

- Obair an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana a bhreithniú.
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina chuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúchóirí seachtracha.
- Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainaithint ag na hiniúchóirí seachtracha a bhreithniú.

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

19 Márta 2019

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

# Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2018

| | Nóta eolais: | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam Úis | 2 | *1,090,866* | *1,123,491* |
| Caiteachais Úis | 3 | *(37,415)* | *(68,199)* |
| Glanioncam Úis | | 1,053,451 | 1,055,292 |
| | | | |
| Glan-ghnóthachain ag éirí as oibríochtaí airgeadais | 4 | *2,255,242* | *1,953,494* |
| Díluacháil sócmhainní airgeadais agus staideanna airgeadais | 4 | *(29,870)* | *(7,637)* |
| Aistriú chuig soláthairtí | 4 | *(180,455)* | *(295,385)* |
| Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha & soláthairtí | | 2,044,917 | 1,650,472 |
| | | | |
| Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin | 5 | 3,115 | 2,562 |
| Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteacha | 6 | 26,810 | 23,179 |
| Glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta | 7 | 5,260 | 23,856 |
| Glanioncam Eile | 8 | 149,081 | 149,629 |
| | | | |
| **GLANIONCAM IOMLÁN** | | 3,282,634 | 2,904,990 |
| | | | |
| Caiteachais foirne | 9 | (183,174) | (171,655) |
| Caiteachais oibríochta eile | 9 | (96,433) | (85,351) |
| Dímheas | 9 | (16,770) | (14,945) |
| Amhábhair nótaí bainc | 9 | (3,422) | (4,472) |
| | | | |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | | (299,799) | (276,423) |
| **BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ GNÓTHACHAN NEAMHRÉADAITHE, (CAILLTEANAS)/ GNÓTHACHAN ACHTÚIREACH AGUE LEITHGHABHÁIL BRABÚIS** | | 2,982,835 | 2,628,567 |
| | | | |
| Glanghluaiseacht na ngnóthachan neamhréadaithe | 33 | (2,648,801) | (1,853,152) |
| Aistrithe chuig cuntais athluachála | 33 | 2,648,801 | 1,853,152 |
| | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar an scéim pinsin | 31 | (33,911) | 60,577 |
| | | | |
| Aistriú brabúis coinnithe don chúlchiste ginearálta | 34 | (564,104) | (587,832) |
| | | | |
| **BARRACHAS IONCAIM IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE** | 10,30 | 2,384,820 | 2,101,312 |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nóta 1 go Nóta 42 mar chuid de na cuntais seo.
Banc Ceannais na hÉireann

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

19 Márta 2019

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2018

| SÓCMHAINNÍ | Nóta eolais: | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| Ór agus infhaighteachtaí óir | 11 | **216,947** | **209,381** |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 12 | **4,370,065** | **3,467,534** |
| Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro | 13 | **31** | **5,031** |
| Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 14 | **4,217,836** | **4,503,427** |
| Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 15 | **3,023,000** | **7,478,000** |
| Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro | 16 | **1,780,144** | **535,111** |
| Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro | 17 | **67,739,504** | **70,219,087** |
| *Urrúis arna Sealbhú Chun Críocha Beartais Airgeadaíochta* | | *36,601,922* | *32,102,027* |
| *Urrúis Eile* | | *31,137,582* | *38,117,060* |
| Éilimh laistigh den Eurochóras | | **15,188,485** | **2,801,349** |
| *Leas rannpháirteachais in BCE* | 18 | *199,021* | *199,021* |
| *Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha* | 19 | *672,638* | *672,638* |
| *Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)* | 20 | *14,316,826* | *1,929,690* |
| Sócmhainní eile | 21 | **1,302,238** | **1,098,993** |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **97,838,250** | **90,317,913** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nóta 1 go Nóta 42 mar chuid de na cuntais seo.
Banc Ceannais na hÉireann

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

19 Márta 2019

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2018

| DLITEANAIS | Nóta eolais: | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Nótaí bainc i gcúrsaíocht | 23 | **18,676,303** | **17,759,762** |
| Dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 24 | **22,800,553** | **23,192,124** |
| Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro | 25 | **719,471** | **-** |
| Dliteanais i leith cónaitheoirí eile sa limistéar euro | 26 | **19,347,068** | **12,846,289** |
| Dliteanais do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 27 | **2,085,319** | **1,430,995** |
| Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag CAI | 28 | **942,453** | **920,896** |
| Dliteanais laistigh den Eurochóras | | **18,247,585** | **17,645,540** |
| *Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras* | 29 | *18,247,585* | *17,645,540* |
| Dliteanais Eile | 30 | **2,711,043** | **2,367,792** |
| Dliteanais aoisliúntais | 31 | **364,251** | **305,881** |
| Soláthairtí | 32 | **808,102** | **627,840** |
| Cuntais athluachála | 33 | **6,385,177** | **9,033,978** |
| Caipiteal agus cúlchistí | 34 | **4,750,925** | **4,186,816** |
| **Dliteanais iomlána** | | **97,838,250** | **90,317,913** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nóta 1 go Nóta 42 mar chuid de na cuntais seo.
Banc Ceannais na hÉireann

**Philip R. Lane**
An Gobharnóir

**Sharon Donnery**
An Leas-Ghobharnóir
Baincéireacht Cheannais

19 Márta 2019

# Nótaí ag gabháil leis na Cuntais

## Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

### (a)Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma 'an Banc Ceannais', aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat CEBC[5] mar aon lena raon ilchineálacha gníomhaíochtaí.

### (b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach de CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe[6] ina Treoirlíne Chuntasaíochta (an Treoirlíne)[7]. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais don bhliain 2018 i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtabharfaidh an Treoirlíne treoir shonrach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla[8] a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus an

---

[5] An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 28 mBanc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2018 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'an tEurochóras' do na 19 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta le BCE amhail ar an dáta céanna.

[6] Is comhlacht príomhúil cinnteoireachta BCE í an Chomhairle Rialaithe. Ar an gComhairle Rialaithe, tá seisear comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin agus Gobharnóirí na mbanc ceannais de na 19 dtír sin atá sa limistéar euro.

[7] Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais in CEBC (BCE /2016/34).

[8] Is iad seo a leanas na príomhreachtanna a rialaíonn an Banc Ceannais: Achtanna an Bhainc Ceannais, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Sna Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations 1943, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus íoctar an barrachas ioncaim sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d'Acht an Bhainc Ceannais,1942. Tá an Banc Ceannais faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reacht CEBC agus BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta CEBC.

Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.

b. Ní bheidh gá le ráiteas ar shreafaí airgid.

c. Déanfar soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir a áireamh faoin mír dliteanais "Soláthairtí".

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ceanglaítear ann freisin go bhfeidhmeoidh an bhainistíocht breithiúnas sa phróiseas ina gcuirtear polasaithe cuntasaíochta an Bhainc Ceannais i bhfeidhm. I Nóta 1 (n) 'Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta', cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó meastacháin leo.

## (c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar bhall de CEBC/Eurochóras, ghlac an Banc Ceannais Treoirlíne Chuntasaíochta BCE. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne

### (i) *Cuntasaíocht Dáta Trádála*[9]

Luaitear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as an "ngnáthchur chuige" nó as an "gcur chuige malartach". Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndliteanais a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (an dáta trádála móide dhá lá oibre),

[9] Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais in CEBC (BCE /2016/34).

seachas an gnáthchur chuige[10] trína ndéantar idirbhearta a thaifeadadh ar an dáta trádála.

### (ii) *Iarmhéideanna laistigh de CEBC*

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh de CEBC den chuid is mó as íocaíochtaí trasteorann in AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Den chuid is mó, is eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta sin (i.e. Institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú in TARGET2 den chuid is mó - An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 20(i)) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha i gcuntais TARGET2 de chuid bhainc cheannais AE astu.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha a ghlanluacháil amach agus a shannadh do BCE ar bhonn laethúil, rud a fhágann staid dhéthaobhach amháin ag gach BCN vis-à-vis BCE amháin. Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras de chuid an Bhainc Ceannais i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna eile laistigh den Eurochóras arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glan sócmhainne aonair nó mar shuíomh glan dliteanais aonair agus nochtar iad faoi "Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)" (Nóta 20). Iarmhéideanna laistigh de CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro a eascraíonn as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi "Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro" i gcás inar cuí (Nóta 27).

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi "Dliteanais a bhaineann le dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 29).

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais in BCE, tuairiscítear faoi 'Leas Rannpháirteachas in BCE' (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 18) iad.

Iarmhéideanna laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as aistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi "Éilimh atá

---

[10]BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den chlár comhardaithe a aisiompú agus taifeadfar iontrálacha laistigh den chlár comhardaithe.

coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 19).

### (iii) *Scála Caipitil*

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa BCE atá á shealbhú ag gach ceann de na BCNanna faoi seach in CEBC. Is tomhas é ar mhéid náisiúnta choibhneasta Bhallstáit AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus den daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Rinneadh an t-athbhreithniú is déanaí in 2014. In 2018, d'fhan sciar an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE ag 1.1607%.

An dara scála, "scála caipitil an Eurochórais", arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCN an Eurochórais. In 2018, d'fhan sciar an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE ag 1.6489%.

### (iv) *Nótaí bainc i gCúrsaíocht*

Is iad BCE agus 16 BCN an limistéir euro a dhéanann suas an tEurochóras a eisíonn nótaí bainc euro[11]. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh do bhainc ceannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN[12].

Leithdháileadh scair arb ionann í agus 8% de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht don BCE fad a leithdháileadh an 92% eile do na BCNanna i gcomhréir lena n-ualú i scála caipitil BCE. An scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN, nochtar í faoin mír dliteanais ar an gClár Comhardaithe "Nótaí bainc i gcúrsaíocht" (Nóta 23).

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha laistigh den Eurochóras as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnaimh in eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi

---

[11] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.

[12] Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céadadáin a eascraíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

"Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)" (Nóta 1 (c)(ii), Nóta 20). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 29). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil[13]. Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi "Ioncam úis" nó faoi "Caiteachas úis" sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

### (v) *Dáiltí ó BCE*

Chinn an Chomhairle Rialaithe go mbeadh an méid seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidís: ioncam seigniorage BCE a eascraíonn as scair ocht faoin gcéad de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP). Mura gcinneann an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanann BCE an t-ioncam a leithdháileadh in Eanáir na bliana ina dhiaidh sin trí mheán dáileadh eatramhach brabúis[14]. Déantar é a dháileadh ina iomláin mura mó é ná glanbhrabús BCE don bhliain agus faoi réir aon chinntí ag an gComhairle Rialaithe chun aistrithe a dhéanamh chuig an soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh freisin costais arna dtabhú ag BCE, ar costais iad a bhaineann le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro, a ghearradh in aghaidh ioncam arna thuilleamh ó nótaí banc euro i gcúrsaíocht.

Déanfar an méid arna dháileadh ar na BCNanna a nochtadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasa rannpháirteachais" (Nóta 6(i), Nóta 20(iii)).

### (vi) *Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta*

Ioncam airgeadaíochta gach BCN san Eurochóras i.e. an glanioncam ó oibríochtaí bheartais airgeadaíochta an Eurochórais, déanfar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír a thomhas, ar ioncam é a dhíorthóidh ó na sócmhainní inchomharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanais.

Is iad na míreanna seo a leanas atá sa bhonn dliteanais: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro maidir le

---

[13] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna Ballstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, lch.26.

14 Cinneadh (AE) 2015/1195 ón BCE an 2 Iúl 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam BCE (BCE/2015/25).

hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; glandliteanais laistigh den Eurochóras a leanann as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íocfar ar dhliteanais a chuimsítear sa bhonn dliteanais, déanfar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta a chomhthiomsófar.

Cuimsítear na míreanna seo a leanas sna sócmhainní inchomharthaithe: iasachtaí d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta atá ainmnithe in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh laistigh den Eurochóras atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE; glanéilimh laistigh den Eurochóras a leanann as idirbhearta TARGET2; éilimh laistigh den Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach[15] agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach[16] agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha[17], meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí[18] arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás ina mbeidh luach shócmhainní inchomharthaithe BCN níos mó nó níos lú ná luach a bhoinn dliteanais, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le luach na difríochta. Déanfar an méid seo a shuimiú nó a dhealú, mar is cuí, ón ioncam airgeadaíochta a bheidh le comhthiomsú.

---

[15] Cinneadh (AE) 2009/522 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.

[16] Cinneadh (AE) 2011/17 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011.

[17] Cinneadh (AE) 2015/744 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

[18] Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhír arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéanfar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCN. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "An glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 7).

I gcás ina dtabhóidh BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

### (vii) *Éilimh a bheidh Comhionann le hAistriú Cúlchistí Eachtracha*

Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, 1992 agus le hAlt 5A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil cumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglófar sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m go dtí BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis BCE leis an méid sin. Aistríodh méid iomlán €672.6m ó bhí 1 Eanáir 1999 ann. An t-éileamh arna eascairt as seo ar BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 19).

### (viii) *Míreanna lasmuigh den Chlár Comhardaithe*

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den chlár comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa chuntas athluachála ar bhonn gach urrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi "Sócmhainní eile (Nóta 21)/dliteanais eile (Nóta 30)" i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus

Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den chlár comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a aithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais úis faoi “Ioncam Úis” (Nóta 2) nó faoi “Caiteachas Úis” (Nóta 3).

### (ix) *Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta*

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin laistigh de raon na gclár ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach[19] (CBPP1, CBPP2 and CBPP3), agus fuarthas urrúis fiachais phoiblí laistigh de raon feidhme CMU[20], agus PSPP[21]. Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(ii), Nóta 17(i), Nóta 32(ii)). Chinn an Chomhairle Rialaithe ar an 15 Nollaig 2014 go dtabharfar cuntas i leith urrúis a choimeádtar chun críocha beartas airgeadaíochta ag costas amúchta (faoi réir lagaithe), beann ar rún sealúchais.

---

[19] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22.

[20] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

[21] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

## (d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhruithe.

## (e) Maoin, Gléasra, Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreachta

**Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe**

### *(i) Tomhas*

Déantar Maoin, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha agus ní dhéantar athluachái orthu.

### *(ii) Dímheas*

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh go n-imeoidh measúnú ar shaol úsáideach ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

| | | |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Áitreabh | - | 20 - 50 bliain |
| Gléasra agus Innealra | - | 5 - 15 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | | 3 - 5 bliana |
| Trealamh Eile | - | 5 bliana |
| Troscán, Feistis agus Daingneáin | - | 5 bliana |
| | | |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | |
| Bogearraí Ríomhaireachta | - | 3 - 5 bliana |

### *(Iii) Lagú*

Déantar athbhreithniú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i leith lagú i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe.

### *(Iv) Dí-aithint*

Déantar MGT nó Sócmhainn Dholáimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh sé nó sí diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as a dhiúscairt nó as a diúscairt amach anseo. D’eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais

diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne ar dháta an idirbhirt.

**Sócmhainní Oidhreachta**

Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 22(i)(d)).

## (f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí buana foirne de chuid an Bhainc Ceannais na tairbhí aoisliúntais céanna le státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhíodh na tairbhí seo á n-íoc ag an mBanc Ceannais as ioncam reatha de réir mar a bhí siad dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Ar chomhairle ó achtúirí Bhanc Ceannais na hÉireann, Willis, aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim Pinsin do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí. Déantar an sreabhadh airgid seo a lascainiú ag rátaí úis is infheidhme maidir le bannaí corparáideacha ardchaighdeáin san airgeadra céanna agus den téarma céanna leis na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse suim an chostais roimhe sin (Nóta 9) agus an

difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 8). An costas seirbhíse reatha agus aon chostais seirbhíse roimhe seo don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta[22]. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 31(ii)).

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghais, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. Leagtar amach i Nóta 31 na toimhdí sin is bonn do dhliteanais agus do chostais phinsin 2018.

## (g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990, agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. Déantar an costas a bhaineann le táirgeadh monaí a ghearradh ar Chúlchiste an Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 26(ii)). In alt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, (arna chur isteach le halt 137 den Acht Airgeadais 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais .

## (h) Airgeadra Feidhmiúil agus Airgeadra Léiriúcháin

Is é airgeadra feidhmiúil agus airgeadra léiriúcháin an Bhainc Ceannais an euro. Idirbhearta cuntasaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotráta ag dáta an chláir chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 33).

---

[22]Gníomhaíonn an Banc Ceannais mar ghníomhaí den Aire Airgeadais maidir le táirgead agus eisiúint bonn euro. Aisíoctar an seigniorage uile a fhaightear do Státchiste na hÉireann. **Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra.

## (i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad i nglanioncam úis (Nóta 2, Nóta 3).

## (j) Beartas Luachála

(i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 33). Is ar bhonn na n-airgeadra indibhidiúil a dhéantar an luacháil ráta eachtraigh ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) I gcomhréir leis an Treoir, déantar luacháil urrús ar bhonn gach urrúis ar leith murar infheistíochtaí i gcistí cothromais iad an hurrúis sin, ar cistí iad a dhéantar a luacháil ar ghlanbhonn. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh, déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mhéid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. Bíonn leibhéal ard bainistíocha breithiúnais i gceist i gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla d'uireasa sonraí margaidh infheicthe nó i gcás ina meastar sonraí margaí infheicthe a bheith neamhiontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 17(i)(a)).

I gcomhréir leis an Treoir is infheidhme d'ionstraim cothromais inmhargaidh, déantar athluacháil infheistíochta i gcistí cothromais ar ghlanbhonn, agus ní ar bhonn scaireanna aonair. Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála.

Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na

bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa chuntas athluachála.

(iii) Maidir le hurrúis inmhargaidh nach gcoinnítear chun críocha beartas airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis coinnithe go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil (Nóta 14(ii), Nóta 17(ii)(b)).

(iv) Déantar ór a luacháil ar phraghas scoir meánmhargaidh (Nóta 11, Nóta 33).

(v) Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais an Bhainc Ceannais a aicmiú mar a fhorordaítear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchuir ar fáil seachas praghsanna luaite arna n-áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraite i leith na sócmhainní nó i leith an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraite). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 12(i)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 17(ii)(a)).

## (k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Is tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus tríd an gCuntas Leithghabhála a dhéantar cuntas i ngnóthachain agus i gcaillteanais réadaithe a eascraíonn as díolacháin d'airgeadra eachtrach, d'ór agus d'urrúis. Ríomhtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe (malairt eachtrannach agus euro) faoi threoir an mheánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn gach urrúis ar leith nó ar ghlanbhonn i ndáil le cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas

Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad a aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

## (l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is éard atá in idirbhearta droim ar ais oibríochtaí lena ndíolann nó lena gceannaíonn an Banc Ceannais sócmhainní ar airgead faoi chomhaontú athcheannaigh/droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe sa todhchaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthaobhaithe isteach ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe (Nóta 27(i)). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais na rioscaí agus luaíochtaí go léir nach mór a bhaineann le húinéireacht. Déileáiltear leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh mar ioncam úis nó mar chaiteachas úis a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe sa todhchaí. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nóta 14(i), Nóta 16(i)) ach ní chuimsítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais. Eascraíonn ioncam úis nó caiteachas úis astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Déileáiltear leis an difríocht idir an praghas athdhíola agus an praghas ceannaigh mar ioncam úis nó mar chaiteachas úis a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(v), Nóta 3(ii)).

## (m) Soláthairtí

### *(i) Lagú*

Déantar na soláthairtí uile a athbhreithniú go bliantúil (Nóta 32). I gcás in gcruthaítear iad, i ndáil le sócmhainní infheistíochta, déantar liúntais do rioscaí creidmheasa a thaifead i gcuntais dliteanais ar leithligh (i.e. Níl aon díluacháil dhíreach ar ghlanluach sócmhainní aonair).

I ndáil le soláthairtí a bhaineann le hurrúis, déanann an Banc Ceannais a mheas ag gach data cláir comhardaithe an bhfuil cruthúnas oibiachtúil ann go bhfuil urrús nó grúpa urrús lagaithe. Tá urrús nó grúpa urrús lagaithe

agus tabhaítear caillteanais lagaithe más rud é go bhfuil fianaise oibiachtúil ann, agus más rud é amháin, ar lagú de bharr imeacht amháin nó níos mó a tharla tar éis aithint bunaidh an urrúis (“imeacht caillteanais”) agus go bhfuil tionchar ag na himeachtaí caillteanais ar shreafaí airgeadais an urrúis nó an ghrúpa urrús is féidir a mheas go hiontaofa.

Áirítear i gcruthúnas oibiachtúil ar lagú sonraí infheicthe faoi na himeachtaí caillteanais a leanas, nach liosta iomlán é:

(i) faillí in íocaíochtaí conartha ar an bpríomhshuim nó ar ús

(ii) deacrachtaí sreafa airgid an iasachtaí

(iii) tús socraithe athstruchtúrtha fiachais

(iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh

(v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha

(vi) drochdhálaí eacnamaíocha náisiúnta nó réigiúnacha nó drochathruithe ar dhálaí tionscail

Déanann an Banc Ceannais a mheas i dtosach an bhfuil cruthúnas oibiachtúil ann de lagú ar bhonn aonair d’urrúis atá suntasach ar bhonn aonair, agus déanann sé an cruthúnas a mheas ar bhonn aonair nó ar bhonn comhiomlán d’urrúis nach bhfuil suntasach ar bhonn aonair.  Má chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil aon chruthúnas oibiachtúil ar lagú ann ar urrúis a mheastar ar bhonn aonair, bídís suntasach nó ná bídís, cuireann sé na hurrúis san áireamh i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe riosca creidmheasa cosúla acu agus déanann sé iad a mheas i gcomhair lagaithe.

Maidir le hurrúis a mheastar ar bhonn aonair le haghaidh lagaithe agus a n-aithnítear caillteanas lagaithe dóibh nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint dóibh, ní chuirtear na hurrúis sin san áireamh i measúnú comhiomlán ar lagú.

Má bhíonn cruthúnas oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar an caillteanas a thomhas mar an difear idir méid glanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid measta amach anseo arna lascainiú ag ráta úis éifeachtach bunaidh an urrúis.  Mar sheift phraiticiúil, féadfaidh an Banc Ceannais lagú a thomhas ar bhonn luach cothrom urrúis trí phraghas margaidh infheicthe a úsáid.

Déantar sreafaí airgid amach anseo do ghrúpa urrús a mheastar go comhiomlán le haghaidh lagaithe a mheas ar bhonn sreafaí airgid conartha na sócmhainní sa ghrúpa arna gcoigeartú de bhun sonraí reatha infheicthe. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 4 (iii), Nóta 32(ii)).

***Soláthar i leith Rioscaí a Bhaineann le Ráta Malairte Eachtraí, Ráta Úis, Creidmheas agus Praghsanna Óir***

I bhfianaise chineál oibríochtaí na mbanc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir.

Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar gach ceann de na rioscaí airgeadais thuas atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar na rioscaí sin, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithnítear scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 4 (iii), Nóta 32(i)).

***(iii) Soláthar um Athstruchtúrú***

Is clár é athstruchtúrú a ndéanann an bhainistíocht é a phleanáil agus a rialáil, agus a athraíonn scóip an ghnó a dhéanann eintiteas go hábharthach nó a athraíonn an bealach in ndéantar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 4 (iii), Nóta 32(v)).

***(iv) Soláthar do Riosca Contrapháirtí Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta de chuid an Eurochórais***

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir na bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) de chuid na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa in BCE sa bhliain inar tharla an mhainneachtain (Nóta 32(iv)).

## (n) Meastacháin agus Breithiúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ceanglaítear ann freisin go bhfeidhmeoidh an bhainistíocht breithiúnas sa phróiseas ina gcuirtear polasaithe cuntasaíochta an Bhainc Ceannais i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithiúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Airgeadais:

- Lagú (Nóta 1(j)(iii),(m)(i), Nóta 4 (iii), Nóta 32(ii), Nóta 32(iv))
- Soláthairtí: (Nóta 32)
- Rátaí Dímheasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 22)
- Luacháil na Scéime Pinsin le Sochar Sainithe: (Nóta 31)
- Luacháil na Punainne Speisialta: (Nóta 1 (j), Nóta 17(ii)(a)(i)).

## (o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 - Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943. Féadfaidh an Banc Ceannais uasmhéid 20% de bhrabús gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 10, Nóta 30(i)).

## (p) Réadmhaoin Infheistíochta

Aicmítear réadmhaoin a choimeádtar i gcomhair torthaí cíosa fadtéarmacha mar réadmhaoin infheistíochta.

### *Tomhas tosaigh*

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar chostas ag an tosach, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i "Sócmhainní eile" (Nóta 21(iii)).

### *Tomhas ina dhiaidh sin*

Maidir le réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cothrom a thomhas go hiontaofa, déantar iad a thomhas ar luach cothrom. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana. Laghduithe ar luach cóir, féadfar iad a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

### *Ioncam cíosa*

Tugtar cuntas i leith ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in Ioncam Úis (nóta 2(viii)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

## Nóta 2: Ioncam Úis

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Urrúis – MÓM (i) | 331,702 | 432,318 |
| Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii) | 285,474 | 237,818 |
| Urrúis – CGA (ii) | 278,995 | 305,022 |
| Taiscí Rialtais (iv) | 84,708 | 71,286 |
| Taiscí Institiúidí Creidmheasa (iv) | 84,403 | 67,487 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh( v) | 9,366 | 2,268 |
| CST (vi) | 7,180 | 3,967 |
| Oibríochtaí Margaidh Oscailte (vii) | 4,585 | - |
| Ioncam Cíosa (viii) | 1,583 | 1,958 |
| Ioncam taisce (ix) | 1,155 | 272 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (v) | 761 | 8 |
| Eile (x) | 606 | 476 |
| Cosaint Taiscí / Ioncam Ráthaíochta (xi) | 348 | 611 |
| **Iomlán** | **1,090,866** | **1,123,491** |

(i) B'ionann agus €331.7m an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann na Sócmhainní Speisialta (2017: €432.3m). Cuimsíonn an phunann urrús seo Nótaí Rátaí Comhlúthacha agus sealbhaíodh í tar éis leachtú Irish Bank Resolution Corporation (IBRC) i mí Feabhra 2013.

Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar an bPunann Speisialta do mheán-iarmhéideanna níos ísle de thoradh díolachán le linn na tréimhse (Nóta 17(ii)(a)).

(ii) Tá ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartas airgeadaíochta san áireamh sa ní sin, arna miondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 17(i)):

### Urrúis arna Sealbhú Chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| PSPP | 180,400 | 128,456 |
| CMU | 91,815 | 93,907 |
| CBPP3 | 13,259 | 13,454 |
| CBPP1 | - | 1,547 |
| CBPP2 | - | 454 |
| **Iomlán** | **285,474** | **237,818** |

An t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2018, freagraíonn sé sin do leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár agus don toradh coibhneasta ar na sócmhainní (Nóta 17(i)).

(iii) Baineann sé seo leis an ioncam úis arna thuilleamh ar bhannaí arna n-aicmiú mar CGA i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais in 2018. Tá laghdú tagtha ar an ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin mar gheall ar thorthaí ní b'ísle (Nóta 14(ii), Nóta 17(ii)(b)).

(iv) I Meitheamh 2014, thóg BCE ráta saoráide taisce diúltach isteach a bhfuil feidhm aige maidir le taiscí ar leith a choinnítear sa Bhanc Ceannais. Thuill an Banc Ceannais ioncam úis ar thaiscí rialtais agus ar thaiscí institiúidí creidmheasa arbh ionann é agus €84.7m (2017: €71.3m) agus €84.4m (2017: €67.5m) faoi seach. Sular tugadh isteach an ráta diúltach úis, d'íoc an Banc Ceannais ús ar na taiscí sin. Leanann an Banc Ceannais d'ús a ghearradh ar na taiscí sin suas le tairseach chomhaontaithe de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe[23] (Nóta 24, Nóta 26).

### Taiscí Institiúidí Creidmheasa

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Cuntais Reatha (lena gcumhdaítear córas na gcúlchistí íosta) | 56,845 | 42,035 |
| An tSaoráid Taisce | 27,558 | 25,452 |
| **Iomlán** | **84,403** | **67,487** |

(v) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann an t-ioncam arna ghineadh don difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh/praghsanna ceannaigh agus díola ina dhiaidh sin (Nóta 1(l), Nóta 14(i), Nóta 27(i)).

(vi) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann sa CAI agus ar shealúchais CST na hÉireann (Nóta 12(ii)). Is léiriú é an méadú ar ús arna thuilleamh ar an sealúchas sin ar an méadú comhiomlán ar thorthaí foluiteacha chomhpháirteanna chiseán CST i rith 2018.

(vii) Cuimsíonn an mhír seo an glanioncam ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais le linn 2018. Tógadh isteach sraith Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha (OASF-II) agus cuireadh tús leo in

---

[23] Is é 0.00% an rata úis imeallaigh atá á úsaid faoi láthair ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

2016. Tá na hoibríochtaí sin ar cheann d'uirlis neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta BCE. Bhraith an méid airgid a d'fhéadfadh bainc a fháil ar iasacht agus costas na hiasachta ar mhéid na n-iasachtaí a chuir siad ar fáil don fhíorgheilleagar. Bhí an ráta úis is infheidhme d'oibríochtaí OASF-II ag brath ar thagarmharc iasachta aonair na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socraíodh an ráta iarbhír i Meitheamh 2018. Cuireadh ráta POA (0%) i bhfeidhm maidir le hiasachtú roinnt contrapháirtithe agus curieadh ráta na saoráide taisce (-0.4%) i bhfeidhm maidir le hiasachtú roinnt contrapháirtithe eile de chuid an Eurochórais. Sular fios cérbh é an ráta ar OASF, bhí ús a ghearradh ag ráta na saoráide taisce toisc gur measadh é sin mar an ráta ba stuamaí. Déantar ioncam úis don tréimhse sin arna eascairt as an difear idir ráta na saoráide taisce agus an ráta iarbhír a thaifeadadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi ioncam úis in 2018.

(viii) Baineann ioncam cíosa le fáltais ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer a ligtear le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 21 (iv)).

(ix) Baineann ioncam taisce go príomha le hioncam arna thuilleamh ar thaiscí malarta eachtrannaí.

(x) Faoi Eile, áirítear méid €0.4m a bhaineann le hioncam ar bhabhtálacha airgeadra eachtraigh (2017: €0.3m).

(xi) Baineann sé seo le hioncam ar Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (Nóta 30(ii)).

## Nóta 3: Caiteachas Úis

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachais Bhabhtála (i) | 16,037 | 14,366 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (ii) | 15,760 | 7,472 |
| Urrúis – MÓM (ii) | 4,543 | 16,136 |
| Taiscí (iv) | 608 | 608 |
| Eile (v) | 457 | 865 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh (ii) | 10 | - |
| Oibríochtaí Margaidh Oscailte (vi) | - | 28,752 |
| **Iomlán** | **37,415** | **68,199** |

(i) Is de bharr méadú ginearálta ar rátaí úis fochoiste airgeadraí a dhéanann suas CST é an méadú sa chaiteachas sin (Nóta 37(i)).

(ii) Is léiriú iad na nithe seo ar ús arna thabhú ar idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann caiteachais arna nginiúint don difríocht idir praghsanna díola agus athcheannaigh/praghsanna ceannaigh agus praghsanna díola ina dhiaidh sin. Tá méadú ann i gcomparáid le 2017 de bharr líon níos airde idirbheart athcheannaigh droim-ar-ais (Nóta 1(l), Nóta 14(i), Nóta 16(i), Nóta 27(i)).

(iii) Baineann an mhír seo leis an gcaiteachas úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais in 2018. Is de bharr torthaí diúltacha níos ísle ar infheistíochtaí euro, den chuid is mó, é an laghdú ar chaiteachas i gcomparáid le 2017, chomh maith le héagsúlú níos mó i dtreo infheistíochtaí airgeadra eachtrannaigh agus punann Dhollar na hAstráile (AUD), taiscí Renminbi na Síne (CNY) agus méadú infheistíochta i sócmhainní i nDollar Mheiriceá (USD) san áireamh (Nóta 2(i), Nóta 12(i)(a), Nóta 13(i), Nóta 14(ii), Nóta 17(ii)(a)).

(iv) Baineann sé seo le caiteachas úis is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taiscí (Nóta 16).

(v) Baineann an laghdú sa chaiteachas úis eile go príomha le laghdú ar an ús diúltach a ghearradh ar iarmhéideanna creidmheasa arna gcoinneáil ag an mBanc Ceannais sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS) a chuirtear san áireamh laistigh d’Iarmhéideanna i mBainc in “Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro” (Nóta 12(i), Nóta 14).

(vi) Is ioncam an mhír seo in 2018 de bharr an úis ar oibríochtaí OASF II a bheith arna fhabhrú i mblianta roimhe sin ag ráta na saoráide taisce (-0.4%) go dtí gur socraíodh an ráta iarbhír i Meitheamh 2018 agus gur

iompaíodh an fabhrú a aithníodh roimhe sin droim ar ais (Nóta 2(vii), Nóta 15).

## Nóta 4: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

### Glan-ghnóthachain ag éirí as Oibríochtaí Airgeadais

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Gnóthachain Praghais Réadaithe ar Urrúis | 2,255,229 | 1,953,484 |
| *- Punann Speisialta (i)* | *2,251,100* | *1,953,700* |
| *- Punann Beartais Airgeadaíochta (ii)* | *4,091* | *-* |
| *- Punann MÓM* | *38* | *(216)* |
| Gnóthachain Réadaithe Ráta Malairte | 13 | 10 |
| **Iomlán** | **2,255,242** | **1,953,494** |

(i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Rátaí Comhlúthacha (NRCanna) (Nóta 17(ii)(a)(i)).

(ii) Seasann sé sin do na torthaí réadaithe ar dhíolachán sócmhainní ón bpunann beartais airgeadaíochta. Déantar díolacháin ón bpunann beartais airgeadaíochta i gcás inar gá, chun comhlíontacht leantach leis an gcreat teorann a áirithiú. Déantar na díolacháin sin a fhritháireamh le ceannaigh bhreise (Nóta 17(i)).

### (Ii) Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Ciste Cothromais Caillteanais Praghais Neamhréadaithe (i) | (21,165) | - |
| Caillteanais Neamhréadaithe Ráta Malairte (ii) | (8,348) | (7,065) |
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis | (357) | (572) |
| **Iomlán** | **(29,870)** | **(7,637)** |

(i) Bhí caillteanais sa chiste cothromais de bharr praghsanna cothromais níos ísle ar dháta an chláir comhardaithe. Rianaítear an ciste cothromais le hInnéacs Domhanda MSCI (Nóta 21(ii)).

(ii) Baineann caillteanais neamhréadaithe rátaí malairte go príomha le caillteanais neamhréadaithe ar phunann dhollar AUD.

### (Iii) Aistriú chuig Soláthairtí

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Scaoileadh Soláthair d'Urrúis (Nóta 32(ii)) | 70,000 | 40,000 |
| Soláthar d'Athstruchtúrú (Nóta 32(v)) | (455) | (460) |
| Soláthar i leith Rioscaí a Bhaineann le Ráta Malairte Eachtraí, Ráta Úis, Creidmheas agus Praghsanna Óir (Nóta 32(i)) | (250,000) | (335,000) |
| Scaoileadh Soláthair do Throchluithe | - | 75 |
| **Iomlán** | **(180,455)** | **(295,385)** |

## Nóta 5: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Iasachtú Urrús | 1,788 | 1,463 |
| Táillí agus Muirir Seirbhíse | 676 | 478 |
| Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2 | 651 | 621 |
| **Iomlán** | **3,115** | **2,562** |

## Nóta 6: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Sciar de Bhrabúis BCE (i) | 24,377 | 20,028 |
| Díbhinn BSI (ii) | 2,433 | 3,151 |
| **Iomlán** | **26,810** | **23,179** |

(i) Is ionann an mhír seo agus scair an Bhainc Ceannais de bhrabús BCE (Nóta 1 (c)(v)).

In 2018, chinn an Chomhairle Rialaithe nach n-aistreofaí aon chuid de bhrabúis BCE chuig soláthar riosca BCE (2017: Nialas). Coimeádtar soláthar riosca BCE ag teorainn scairchaipiteal láníoctha BCNanna an limistéir euro.

Íocadh suim €1,191.4m (2017: €987.7m) le BCNanna an Eurochórais ar an 31 Eanáir 2019 i gcomhréir lena scála caipitil Eurochórais mar dháileadh eatramhach ar bhrabúis BCE don bhliain. B'ionann sciar an Bhainc Ceannais agus €19.6m (2017: €6.3m) (Nóta 20 (iii)). Tá dáileadh deireanach an bhrabúis do 2017 arna íoc i mí Feabhra 2018, arbh ionann é agus €4.7m, curtha i láthair i bhfigiúirí 2018 freisin (b'ionann agus €3.7m an figiúr comhréireach do 2016, arna íoc in 2017).

(ii) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc Ceannais um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 21(v) agus Nóta 35(i)).

## Nóta 7: Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta | 6,780 | 24,992 |
| Cruthú Soláthair do Scair in Urrúis Lagaithe de chuid an Eurochórais (ii) (Note 32(iv)) | (2,656) | (1,136) |
| Úsáid Soláthair do Scair in Urrúis Lagaithe de chuid an Eurochórais (ii) (Note 32(iv)) | 1,136 | - |
| **Iomlán** | **5,260** | **23,856** |

(i) Is ionann é seo agus an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta €182.9m a chomhthiomsaigh an Banc Ceannais (2017: €152.9m) an méid €201.3m arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais (2017: €177.9m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, chomh maith le hús. San áireamh i bhfigiúr athdháilte ioncaim airgeadaíochta tá sciar an Bhainc Ceannais i gcaillteanais réadaithe a bhain le díolachán urrúis in 2018 i seilbh an Eurochórais ina phunann CSPP. Tá coigeartú ar ghlantrothaí do bhliana roimhe sin de €11.6m de bharr athbhreithniú ar ríomhanna ioncaim airgeadaíochta do 2016 agus do 2017 tar éis shocrú an ráta ar oibríochtaí OASF-II san áireamh freisin (2017: €0.05m) (Nóta 1(c)(vi)).

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| *Ioncam Airgeadaíochta arna Chomhthiomsú* | *(182,861)* | *(152,861)* |
| *Ioncam Airgeadaíochta arna Leithdháileadh* | *201,276* | *177,902* |
| | | |
| **Glanfhaighteoir Ioncam Airgeadaíochta (Nóta 20)** | **18,415** | **25,041** |
| Coigeartuithe Eurochórais na Bliana Seo Caite (Nóta 20) | (11,635) | (49) |
| **Iomlán** | **6,780** | **24,992** |

(ii) Áirítear sa mhír seo sciar an Bhainc Ceannais sa soláthar in aghaidh caillteanais ar a oibríochtaí beartais airgeadaíochta, a bunaíodh i ndáil le hurrúis i seilbh BCN de chuid an Eurochórais ina phunann CSPP chomh maith le díscaoileadh an tsoláthair a bunaíodh in 2017 in aghaidh caillteanais ar phunann na n-oibríochtaí beartais airgeadaíochta (Nóta 32(iv)).

## Nóta 8: Glanioncam Eile

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Glanmhaoiniú an Tionscail Rialála Airgeadais (i) | 140,007 | 104,355 |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 31 (i)) | 13,100 | 12,100 |
| Pionóis Airgeadaíochta na Rialála Airgeadais (ii) | 7,440 | 7,240 |
| Ioncam eile Rialála Airgeadais (Nóta 40) | 5,008 | 3,570 |
| Eile (iii) | 2,426 | 1,818 |
| Brabús ar dhíolachán Maoine, Gléasra agus Trealaimh (Nóta 22(i)) | - | 38,954 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 31(i)) | (18,900) | (18,408) |
| **Iomlán** | **149,081** | **149,629** |

(i) I Nóta 40, tugtar comhdhéanamh Thobhach Ghlanmhaoiniú Thionscal na Rialála Airgeadais.

(ii) Is ionann pionóis airgeadaíochta agus na méideanna is iníoctha leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais eile tar éis chur i gcrích na gcomhaontuithe socraíochta leis na heintitis sin maidir le sárú ceanglas rialála. Tá méid iomlán na bpionós sin, arb ionann iad agus €7.4m in 2018 (2017: €7.2M), san áireamh i mBarrachas Ioncaim is iníoctha leis an Státchiste ar faomhadh ón Ráiteas Cuntas (Nóta 10).

(iii) Tá glanioncam €0.4m (2017: Nialas) san áireamh in ioncam eile arna eascairt as athbhreithniú ar cháin indíreach a rinne an Banc Ceannais agus a comhaontaíodh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

## Nóta 9: Caiteachais

| | Iomlán na Ceannoifige agus Oibreacha Priontála* | | Mionta ** | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
| Tuarastail/Liúntais (i) | 131,525 | 116,004 | 477 | 372 | 132,002 | 116,376 |
| ÁSPC | 12,393 | 10,599 | 40 | 29 | 12,433 | 10,628 |
| Pinsin (Nóta 31(i)) | 39,256 | 45,052 | 44 | 48 | 39,300 | 45,100 |
| **Caiteachais foirne** | **183,174** | **171,655** | **561** | **449** | **183,735** | **172,104** |
| Cumarsáid agus TF | 36,093 | 30,695 | 10 | 8 | 36,103 | 30,703 |
| Taisteal Gnó (ii) | 3,080 | 2,780 | 7 | 4 | 3,087 | 2,784 |
| Caiteachas Riaracháin Oifige | 455 | 649 | 1 | 2 | 456 | 651 |
| Táillí Gairmiúla (iii) | 21,597 | 18,099 | 7 | 3 | 21,604 | 18,102 |
| Taighde Seachtrach agus Suibscríbhinní Corparáideacha | 2,569 | 2,506 | 3 | 3 | 2,572 | 2,509 |
| Foilseachán agus Caidreamh Poiblí | 1,073 | 1,037 | - | - | 1,073 | 1,037 |
| Muirir Íocaíochta agus Bainistíochta Sócmhainní | 7,272 | 4,968 | 14 | 6 | 7,286 | 4,974 |
| Soláthar Airgeadra agus Cothabháil Meaisíní | 333 | 662 | 17 | 10 | 350 | 672 |
| Oiliúint, Oideachas agus Comhdhálacha | 3,342 | 3,082 | - | 1 | 3,342 | 3,083 |
| Earcaíocht agus Costais Foirne Eile (iv) | 6,723 | 5,714 | - | - | 6,723 | 5,714 |
| Bainistíocht agus Cothabháil Saoráidí | 6,724 | 7,116 | 1 | 1 | 6,725 | 7,117 |
| Cíos agus Fóntais | 4,816 | 6,115 | - | - | 4,816 | 6,115 |
| Ilghnéitheach (v) | 2,356 | 1,928 | 46 | - | 2,402 | 1,928 |
| **Caiteachais Oibríochta Eile** | **96,433** | **85,351** | **106** | **38** | **96,539** | **85,389** |
| **Dímheas** | **16,770** | **14,945** | **165** | **146** | **16,935** | **15,091** |
| **Amhábhar Táirgthe Airgeadra (vi)** | **3,422** | **4,472** | **806** | **309** | **4,228** | **4,781** |
| **Caiteachais Iomlána** | **299,799** | **276,423** | **1,638** | **942** | **301,437** | **277,365** |

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 26 (ii)).

(i) I mí an Mheithimh 2015, formheasadh Beartas SAM maidir le Liúntas ar an Láthair agus rinneadh athbhreithniú air in 2016. Tá athbhreithniú eile beartaithe do R1 2019. Beidh feidhm ag an mbeartas sin le comhaltaí foirne a bhíonn ag obair ar an láthair in institiúidí creidmheasa, ar comhaltaí iad a chaitheann 65-85% dá gcuid ama oibre ar chigireachtaí (ullmhú, gníomhú agus tuairisciú) faoi SAM. B'ionann íocaíochtaí arna ndéanamh faoin mbeartas seo agus €91,631 (2017:

€94,264), agus rinneadh iad le 42 bhall foirne (2017: 44) le linn na bliana. Bhí comhaltaí foirne a fuair an liúntas seo faoi réir gnáthchánach.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta in 2018 (2017: €8,289) i leith íocaíocht foirceanta amháin).

Rinneadh íocaíocht €28,671 amháin a bhain le conradh a chuaigh in éag (2017: Nialas). Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra le beirt le linn na bliana, arbh ionann san iomlán iad agus €29,085 (2017: dhá íocaíocht arbh ionann san iomlán iad agus €1,504).

Níor cuireadh aon fhostaí ar saoire gharraíodóireachta le linn 2018 (2017: duine amháin a ndearnadh íocaíocht iomlán €122,278 ina leith). Is cleachtas caighdeánach ar fud BCE agus na BCNanna í saoire gharraíodóireachta mar théarma agus mar choinníoll fostaíochta. Tá na tréimhsí seo, ar a dtugtar "tréimhse mharana" freisin, riachtanach chun a áirithiú go seachnófar nó go n-íoslaghdófar aon choinbhleachtaí leasa iarbhír nó braite, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa iarfhostaíochta, tar éis do chomhalta foirne éirí as a phost nó a post.

Bhí suim €1.3m (2017: €6.0m) iníoctha leis an Roinn Airgeadais i ndáil leis an tobhach pinsin ó thuarastail na foirne.

*Déantar anailís bhreise thíos ar Chaiteachais Foirne*

## Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Liúntais ghearrthéarma foirne | 131,944 | 116,366 |
| Liúntais foirceanta | 58 | 10 |
| Pinsin | 39,300 | 45,100 |
| ÁSPC an Fhostóra | 12,433 | 10,628 |
| **Iomlán** | 183,735 | 172,104 |
| Líon foirne (FTE) amhail ar an 31 Nollaig | 2,011 | 1,816 |

FTE - Coibhéis Lánaimseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirnigh

*Déantar Tuarastail agus Liúntais Foirne a anailísiú mar a leanas:*

## Sochair Ghearrthéarmacha (Iena n-áirítear an Mionta)

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 128,544 | 113,470 |
| Ragobair | 1,052 | 1,055 |
| Liúntais | 2,348 | 1,841 |
| **Iomlán** | 131,944 | 116,366 |

Áirítear sa Bhunphá fabhrú €7.6m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2017: €7.4m) (Nóta 30(i))

*Luach saothair le comhaltaí den Choimisiún Feidhmiúcháin in 2018*

| Ainm | 2018 | Tuarastal | 2017 | Tuarastal |
|---|---|---|---|---|
| **Philip R Lane**<br>An Gobharnóir (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €270,501 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €259,619 |
| **Sharon Donnery**<br>An Leas-Ghobharnóir Baincéireacht Cheannais (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €235,218 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €225,755 |
| **Ed Sibley**<br>An Leas-Ghobharnóir Rialáil Stuamachta (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €235,218 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €75,790 |

*Caiteachais de chuid Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Blanaid Clarke (Éirithe as - 31 Meán Fómhair 2018) | Nialas (b) (c) | Nialas (b) (c) |
| Alan Ahearne | Nialas (b) (c) | Nialas (b) (c) |
| Derek Moran | Nialas (b) | Nialas (b) |
| John Trethowan (Ceaptha - 11 Meán Fómhair 2018) | Nialas (b) | - |
| Des Geraghty | €14,936 | €14,936 |
| Michael Solden (Éirithe as - 21 Meán Fómhair 2018) | €10,829 | €14,936 |
| John FitzGerald | €14,936 | €14,936 |
| Patricia Byron | €14,936 | €14,936 |
| Niamh Moloney (Ceaptha - 11 Meán Fómhair 2018) | €4,564 | - |

*Caiteachais de chuid chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin*

| Ainm | Taistea l | Cóiríocht agus Cothú | Iomlán do 2018 | Iomlán do 2017 |
|---|---|---|---|---|
| Blanaid Clarke | €19 | Nialas | €19 | Nialas |
| Alan Ahearne | €243 | Nialas | €243 | Nialas |
| Derek Moran | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| John Trethowan | €237 | Nialas | €237 | - |
| Des Geraghty | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Michael Soden | €18 | Nialas | €18 | Nialas |
| John FitzGerald | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Patricia Byron | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Niamh Moloney | €471 | Nialas | €471 | - |

(a) Ní théann teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra, Philip R. Lane, an Leas-Ghobharnóra, Sharon Donnery agus an Leas-Ghobharnóra, Ed Sibley, thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 31).

(b) I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', níor íocadh táillí le ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún (2017: triúr comhaltaí).

(c) Mar gheall ar an tiomantas ama a bhíonn ag teastáil chun feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh, tá ceannach amach ama i bhfeidhm chun fostóirí de chuid beirt chomhaltaí ar fostaithe lánaimseartha den earnáil phoiblí iad (2017: beirt chomhaltaí) a chúiteamh i leith costas arna dtabhú de thoradh a gcuid láithreachta ar ghnó an Choimisiúin. Le linn 2018, tabhaíodh caiteachas €11,202 (2017: €14,936) i leith Choláiste na Tríonóide agus caiteachas €17,626 (2017: €19,396) i leith Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (a bhfuil costais arna dtabhú a bhain le taisteal san áireamh ann in 2018 (2017 €4,460)).

*Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta*[24]

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Tuarastal | €9,360,536 | €9,018,026 |
| **Iomlán** | **€9,360,536** | **€9,018,026** |

[24] Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Cheannasaí Rannán agus níos airde agus áirítear ann comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 9 mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

### *Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000*[25]

| Bandaí Pá | 2018 Líon Daoine | 2017 Líon Daoine |
|---|---:|---:|
| 60,000-70,000 | 323 | 286 |
| 70,000-80,000 | 175 | 177 |
| 80,000-90,000 | 141 | 203 |
| 90,000-100,000 | 170 | 55 |
| 100,000-110,000 | 56 | 30 |
| 110,000-120,000 | 55 | 50 |
| 120,000-130,000 | 41 | 28 |
| 130,000-140,000 | 21 | 19 |
| 140,000-150,000 | 17 | 17 |
| 150,000-160,000 | 2 | 2 |
| 160,000-170,000 | 6 | 4 |
| 170,000+ | 12 | 12 |
| **Iomlán** | **1,019** | **883** |

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire don fhoireann go léir, ar scéim í atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Rinneadh airleacain arbh ionann san iomlán iad agus €38,650 (2017: €42,575) le Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus le dáréag Príomhphearsanra Bainistíochta (2017: Comhalta Feidhmiúcháin amháin den Choimisiún agus naonúr Príomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2018, rinneadh na hairleacain go léir faoin scéim seo a aisíoc ina n-iomláine (2017: aisíoctha go hiomlán).

Bhíodh morgáistí á dtairiscint ag an mBanc Ceannais don fhoireann ar rátaí fabhracha úis go dtí an bhliain 2008. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, ní raibh aon iarmhéid morgáiste fós amuigh ag aon Phríomhphearsa Bainistíochta (2017: Príomhphearsa Bainistíochta amháin, €491). Rinneadh cánachas sochar comhchineáil ar an ráta fabhrach úis a fheidhmiú maidir leis an morgáiste seo i gcomhréir le nósanna imeachta arna bhformheas ag na Coimisinéirí Ioncaim.

[25] Ar shocair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

(ii) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas:

### Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Coimisiún | 15 | 15 |
| Foireann | 515 | 473 |
| **idirnáisiúnta** | | |
| Coimisiún | 121 | 121 |
| Foireann | 2,436 | 2,175 |
| **Iomlán** | **3,087** | **2,784** |

Tá idir chomhaltaí feidhmiúcháin agus chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoimisiún.

(iii) Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúchóirí is iníoctha le Mazars agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus arbh ionann iad agus:

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Iniúchadh na gCuntas Indibhidiúil** | **294** | **279** |
| Mazars | 155 | 151 |
| Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 139 | 128 |
| **Seirbhísí Ráthaíochta Eile** | **78** | **57** |
| Mazars | 78 | 57 |
| **Seirbhísí Neamhiniúchóireachta Eile** | **224** | **231** |
| Mazars | 224 | 231 |
| **Iomlán** | **596** | **567** |

### Táillí Iniúchóireachta

Ar na Táillí Gairmiúla i Nóta 9, áirítear costais chomhairleachta arbh ionann san iomlán iad agus €15.9m (2017: €12.0m). In 2018, ní dhearnadh aon suim €0.2m) a fhritháireamh i gcoinne an bhrabúis ar dhiúscairt MGT a áirítear i nglanioncam eile (Nóta 8). Tá iarmhéid €1.2m (2017: €2.4M) san áireamh in MGT agus i Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22).

## Comhairleacht

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Feabhsú Gnó | 8,863 | 1,106 |
| Oibríochtaí Airgeadais | 3,423 | 4,787 |
| IT | 1,995 | 4,982 |
| Comhairle Dlí | 2,225 | 1,643 |
| Eile | 157 | 695 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | 161 | 223 |
| Áitreabh* | 288 | 1,165 |
| **Iomlán** | **17,112** | **14,601** |
| | | |
| Costais Sainchomhairleoireachta Caipitlithe | 1,171 | 2,404 |
| Costais chomhairleachta arna dtabhú d'Ioncam agus Caiteachas / do Bhrabús ar Dhiúscairt agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 15,941 | 12,197 |
| **Iomlán** | **17,112** | **14,601** |

Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear costais dhlíthiúla i ndáil le himeachtaí dlí arbh ionann san iomlán iad agus €4.2m (2017: €5.3m).

### Táillí Dlí

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – imeachtaí dlíthiúla | 4,217 | 5,150 |
| Idir-réiteach, idirghabháil agus eadránú | - | 114 |
| Comhaontuithe | - | - |
| **Iomlán** | **4,217** | **5,264** |

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dhlíthiúla go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc Ceannais. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 14 chás dlí ar leith (2017: 15). Ní raibh aon íocaíochtaí i leith socraíocht costas i ndáil le hidirghabhálacha in 2018 (2017: €113,868). Níor íoc cuideachta árachais an Bhainc Ceannais aon chostas dlí nó socraíochtaí breise in 2018 (2017: cás amháin).

(iv) In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.2m don bhliain 2018, arna anailísiú mar a leanas:

| Caiteachas Fáilteachais | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | 231 | 185 |
| Fáilteachas Cliant | - | - |
| **Iomlán** | **231** | **185** |

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe.

(v) Áirítear in Ilghnéitheach, caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais€0.1m (2017: €0.1m) a íocann an Banc Ceannais i gcomhréir le hAlt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Ceannais 1942, (arna leasú).

(vi) Baineann Caiteachais Amhábhar um Tháirgeadh Airgeadra le táirgeadh Nótaí Bainc €3.4m (2017: €4.5m) and Monaí €0.8m (2017: €0.3m). Baineann an laghdú i gcostas Nótaí bainc leis an méid táirgthe níos ísle in 2018 i gcomparáid le 2017. Baineann an méadú ar chostais monaí leis an méadú ar cheannach crotán monaí in 2018, den chuid is mó.

## Nóta 10: Barrachas Ioncaim is iníoctha leis an Státchiste

Tá barrachas ioncaim €2,384.8m iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018 (2017: €2,101.3m) (Nóta 1(o), Nóta 30(i)). Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste toisc go bhfuil an Banc Ceannais díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach agus ó Cháin Gnóchan Caipitiúil faoi alt 6J d'Acht an Bhainc Ceannais (arna leasú).

## Nóta 11: Ór agus Infhaighteachtaí óir

| | 2018<br>€000 | 2018<br>Unsaí Mine Óir | 2017<br>€000 | 2017<br>Unsaí Mine Óir |
|---|---|---|---|---|
| Ór agus Infhaighteachtaí óir | 216,947 | 193,537 | 209,381 | 193,535 |
| **Iomlán** | **216,947** | **193,537** | **209,381** | **193,535** |

Ór agus infhaighteachtaí óir, is ionann iad agus stoic monaí arna gcoinneáil sa Bhanc Ceannais, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2018 inchurtha, den chuid is mó, don athrú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2017 go dtí deireadh na bliana 2018 (Nóta 1 j(iv), Nóta 33).

## Nóta 12: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna le Bainc agus le hInfheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus le Sócmhainní Seachtracha eile laistigh de bhliain amháin (i) | 2,591,217 | 1,733,743 |
| Infhaighteachtaí ó CAI (ii) | 1,778,848 | 1,733,791 |
| **Iomlán** | **4,370,065** | **3,467,534** |

### (I) Iarmhéideanna le Bainc agus le hInfheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus le Sócmhainní Seachtracha eile laistigh de bhliain amháin

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 1,707,598 | 1,138,833 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 883,619 | 594,910 |
| **Iomlán** | **2,591,217** | **1,733,743** |

(a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1(j)(ii)).

Seasann an méadú i gcomparáid le 2017 do thosach infheistíochta in urrúis AUD agus do thosach taiscí CNY agus do mhéadú ar an infheistíocht in urrúis USD mar chuid de phunanna airgeadra eachtrannaigh an Bhainc Ceannais in 2018.

### Próifíl Aibíochta

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 1,513,839 | 1,234,026 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 745,392 | 499,717 |
| 1 bliana - 5 mbliana | 331,986 | - |
| **Iomlán** | **2,591,217** | **1,733,743** |

### (Ii) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Cuóta | 4,188,621 | 4,096,765 |
| Lúide sealúchais CAI arna gcoimeád ag an mBanc Ceannais | (3,207,024) | (3,138,678) |
| Suíomh Cúlchiste in CAI (a) | 981,597 | 958,087 |
| Sealúchais CST (b) | 797,251 | 775,704 |
| **Iomlán** | **1,778,848** | **1,733,791** |

*(a) Suíomh Cúlchiste in CAI:*

Léiríonn an tsócmhainn seo an difríocht idir Cuóta na hÉireann in CAI agus sealúchais euro CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig, 2010, chuir Bord Gobharnóirí CAI pacáiste d'athchóirithe cuimsitheacha i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar chuótaí[26]. Ag an tús, b'ionann sealúchais euro CAI arna gcoinneáil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 77% (2017: 77%)

*(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CST):*

Sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta atá in CST arna cruthú ag CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970í agus 1980í d’fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainmhínítear CST i dtéarmaí ciseán airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (Dollar Mheiriceá, Steirling, Yen na Seapáine, Renminbi na Síne agus Euro) (Nóta 28).

[26] Mar thoradh air sin, méadóidh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3m ó CST 1,257.6m go dtí CST 3,449.9m an 19 Feabhra 2016.

## Nóta 13: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna le Bainc | 31 | 1 |
| Infheistíochtaí Urrúis - MÓM (i) | - | 5,030 |
| **Iomlán** | **31** | **5,031** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 31 | 5,031 |
| **Iomlán** | **31** | **5,031** |

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)). Ní raibh aon bhannaí i seilbh ag deireadh na bliana 2018 ar bannaí airgeadra eachtrannaigh iad arna n-eisiúint ag cónaitheoirí AE.

## Nóta 14: Éilimh in euro ar Neamhchónaitheoirí sa Limistéar Euro

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 2,084,319 | 2,490,419 |
| Infheistíochtaí Urrúis – CGA (ii) | 1,679,175 | 1,325,919 |
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (ii) | 426,953 | 601,013 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 27,389 | 86,076 |
| **Iomlán** | **4,217,836** | **4,503,427** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 2,305,349 | 2,677,733 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 285,800 | 310,450 |
| 1 bliana - 5 mbliana | 794,311 | 958,078 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 832,376 | 557,166 |
| **Iomlán** | **4,217,836** | **4,503,427** |

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrús arna gceannach faoi chomhaontuithe chun iad a athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe. Aithnítear é mar

shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach. Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi "Ioncam Úis" (nóta 2(v)) agus "Caiteachas úis" (Nóta 3(ii)), agus tabhaítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglan ráta úis.

(ii) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)).

## Nóta 15: Iasachtú chuig Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha ar OASFanna iad | 3,023,000 | 7,478,000 |
| **Iomlán** | **3,023,000** | **7,478,000** |

### Próifíl Aibíochta OASFanna

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | - | - |
| 3 mhí - 1 bhliain | - | 75,000 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 3,023,000 | 7,403,000 |
| **Iomlán** | **3,023,000** | **7,478,000** |

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na hairleacain go léir urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras[27]. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €734.4bn (2017: €764.3bn) a raibh €3.0bn de i seilbh an Bhainc Ceannais €7.5bn). De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon riosca ó iasachtú le hinstitiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. I gcás comhthaobhacht sonrach a bhféadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag an gComhairle Rialaithe (Nóta 36).

27 http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html

Ní féidir le caillteanais a bheith ann ach amháin má chliseann an contrapháirtí agus mura bhfuil aisghabháil na gcistí arna bhfáil ó réiteach na comhthaobhachta arna cur ar fáil ag an gcontrapháirtí leordhóthanach. I gcás comhthaobhacht shonrach a bhféadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag an gComhairle Rialaithe (Nóta 37).

An 5 Meitheamh 2014, chinn an Chomhairle Rialaithe go seolfaí sraith oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (OASFanna) lena bhféachfaí le hiasachtú banc chuig earnáil phríobháideach neamhairgeadais an limistéir euro a fheabhsú, lena n-eisiatar iasachtaí chuig teaghlaigh chun tithe a cheannach thar thréimhse dhá bhliain. Bhí na hoibríochtaí sin ar cheann d'uirlis neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta BCE.  Bhí an ráta úis ar na OASFanna socraithe thar shaolré gach oibríochta mar ráta POA an Eurochórais a bheidh i bhfeidhm tráth a nglactha, móide raon difríochta socraithe.  Tháining iasachtú uile amuigh de chuid an Eurochórais ó chéad bhabhta oibríochtaí OASFanna in aibíocht i Meán Fómhair 2018.

## Nóta 16; Éilimh Eile in Euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Aibíochtaí níos lú ná bliain amháin:** | | |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i) | 1,626,471 | 360,000 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 153,673 | 175,111 |
| **Iomlán** | **1,780,144** | **535,111** |

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh droim ar ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA.  Seasann an tsócmhainn don chomaoin arna híoc i leith urrúis arna gceannach faoi chomhaontuithe chun iad a athdhíol ar dháta sonraithe amach anseo, lena n-áirítear ús fabhraithe. Aithnítear é mar shócmhainn, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais ó tharla go bhfuil oibleagáid ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais móide ús nuair a bhíonn na sócmhainní á n-athcheannach. Déantar an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus athdhíola a thaifeadadh faoi "Ioncam Úis" (nóta 2(v)) agus "caiteachas úis" (Nóta 3(ii)), agus tabhaítear í thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis.

## Nóta 17: Urrúis Chónaitheoirí an Limistéir Euro in Euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i) | 36,601,922 | 32,102,027 |
| Urrúis eile (ii) | 31,137,582 | 38,117,060 |
| **Iomlán** | **67,739,504** | **70,219,087** |

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann:

(i) "Urrúis arna gcoimeád chun Críocha Beartais Airgeadaíochta" chun punann CBPP3 arna hainmniú in euro ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, CMU ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010 agus PSPP ar cuireadh tús leis i Márta 2015 a chur in iúl.

(ii) "Urrúis Eile" lena n-áirítear urrúis inmhargaidh nach mbaineann le hoibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

### (i) Urrúis arna Sealbhú Chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Amhail ar an 31 Nollaig 2018, baineann na haicmí urrús seo le héadálacha ag an mBanc Ceannais laistigh de raon feidhme CBPP3[28] agus le hurrúis fiachais phoiblí arna bhfáil laistigh de raon feidhme CMU[29] agus le hurrúis fiachais arna bhfáil laistigh de raon feidhme PSPP[30].

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena margadhluachanna[31] (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa chuntas brabúis agus caillteanais ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

---

[28] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22.

[29] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

[30] Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

[31] Is luacha táscacha iad luacha margaidh arna ndíorthú ar bhonn cuótaí margaidh. Nuair nach raibh cuótaí margaidh ar fáil, rinneadh praghsanna margaidh a mheas trí úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha an Eurochórais.

| | 2018 €000 Costas Amúchta | 2018 €000 Margadhluach | 2017 €000 Costas Amúchta | 2017 €000 Margadhluach |
|---|---|---|---|---|
| Clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach 3 (CBPP3) | 4,094,636 | 4,127,928 | 3,554,257 | 3,596,022 |
| Clár na Margaí Urrús (CMU) | 1,634,173 | 1,747,011 | 1,660,572 | 1,870,891 |
| Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) | 30,873,113 | 31,158,308 | 26,887,198 | 27,232,524 |
| *arb é* | | | | |
| *Earnáil Rialtais (Riosca Dílse)* | *25,514,484* | *25,830,783* | *21,456,727* | *21,813,437* |
| *Fornáisiúnta (Riosca Comhroinnte)* | *5,358,629* | *5,327,525* | *5,430,471* | *5,419,087* |
| **Iomlán** | **36,601,922** | **37,033,247** | **32,102,027** | **32,699,437** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2018 €000 Costas Amúchta | 2017 €000 Costas Amúchta |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 1,053,138 | 160,646 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 409,835 | 221,503 |
| 1 bliana - 5 faoin bliana | 13,944,088 | 12,055,367 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 12,112,115 | 12,377,084 |
| 10 mbliana -15 bliana | 5,045,021 | 3,591,329 |
| > 15 bliana | 4,037,725 | 3,696,098 |
| **Iomlán** | **36,601,922** | **32,102,027** |

Cuireadh deireadh le ceannacháin faoi CMU an 6 Meán Fómhair 2012.

Le linn 2018, lean an tEurochóras dá cheannacháin urrús faoin gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (EAPP)[32], arb é atá ann CBPP3, ABSPP[33], PSPP[34], agus Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP)[35].

Ó Mhárta 2015 go dtí Márta 2016, b'ionann agus €60.0bn, ar an meán, comhcheannacháin mhíosúla EAPP ag na BCNanna agus ag BCE. Ó mhí Aibreáin 2016 go dtí mí an Mhárta 2017, mhéadaigh sé seo go dtí €80.0bn

[32]Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le EAPP ar shuíomh gréasáin BCE https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/omt/html/index.en.html.

[33] Cinneadh 2014/45 ón Banc Ceannais Eorpach an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe.

[34]Faoin gclár seo, féadfaidh BCE agus na BCNanna urrúis arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla de chuid an limistéir euro, ag gníomhaireachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro, a cheannach.

[35]Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach..

ar an meán. I mí na Nollag 2016, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfaí le glancheannacháin EAPP de €60.0bn in aghaidh na míosa i ndiaidh mhí an Mhárta 2017. I mí Dheireadh Fómhair 2017, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfaí leis na glancheannacháin de réir luas míosúil nua €30.0bn ó mhí Eanáir 2018 go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair nó níos faide dá mba ghá agus, in aon chás, go dtí go bhfeicfeadh an Chomhairle Rialaithe coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe a bheadh i gcomhréir lena haidhm maidir le boilsciú. I Meitheamh 2018, chinn an Chomhairle Rialaithe go laghdódh sé glancheannacháin faoin gclár ceannaigh sócmhainní go €15bn ó Dheireadh Fómhair 2018 go dtí deireadh Nollaig 2018. Sonraíodh freisin gur beartaíodh an phríomhshuim ó urrúis a thiocfaidh in aibíocht, arb urrúis iad a ceannaíodh faoin EAPP ar feadh tréimhse fhadaithe tar éis dheireadh na nglancheannachán sócmhainní, agus in aon chás, ar feadh an tréimhse is gá chun dálaí leachtachta fabhracha agus oiriúnú airgeadaíochta leordhóthanach a choinneáil.

Ar an 31 Nollaig 2018, dhearbhaigh an Chomhairle Rialaithe go gcuirfeadh an tEurochóras deireadh le céim na nglancheannachán sócmhainní de EAPP (PSPP, CBPP3, CSPP and ABSPP) tar éis Nollaig 2018. Dhearbhaigh sí freisin go mbeidh sé mar aidhm aici méid a glancheannachán carnach a choimeád faoi gach comhchlár de EAPP ar a leibhéil faoi seach ag deireadh Nollaig 2018.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis arna sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chláir CMU, ABSPP, CBPP3 agus PSPP amhail ar an 31 Nollaig 2018 (2017: Nialas).

I gcomhthéacs na tástála lagaithe arna déanamh ag deireadh 2018 ar urrúis arna gceannach ar fud an Eurochórais faoi chlár CSPP, d'aithin an Chomhairle Rialaithe táscaire lagaithe amháin a bhain le sealúchais urrúis, agus a tháinig chun cinn le linn 2018.

De réir Airteagal 32.4 den Reacht, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ó shealúchais urrús arna gceannach faoi chlár CSPP, dá dtiocfaidís chun cinn, a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil in BCE ag an am. Mar thoradh ar an tástáil lagaithe arna déanamh ar an urrús thuasluaite, mheas an Chomhairle Rialaithe go raibh sé cuí maolán a bhunú in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta le linn 2018 (Nóta 32 (iv)).

B'ionann sealúchais chomhiomlána an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2018 agus €2,651.3bn, mar a bhí €36.6bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2017: €2,386.0bn mar a bhí €32.1bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais) (féach an tábla thíos) (Nóta 1 (c)(ix)):

| **Costas Amúchta €m** | Bliain | CMU | CBPP1 | CBPP2 | CBPP3 | PSPP | ABSPP | CSPP | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eurochóras | 2018 | 73,138 | 4,309 | 4,024 | 262,201 | 2,102,048 | 27,511 | 178,050 | 2,651,281 |
| | 2017 | 89,134 | 6,065 | 4,754 | 240,687 | 1,888,764 | 25,015 | 131,593 | 2,386,012 |
| Banc | 2018 | 1,634 | - | - | 4,095 | 30,873 | - | - | 36,602 |
| | 2017 | 1,661 | - | - | 3,554 | 26,887 | - | - | 32,102 |

## (ii) Urrúis Eile

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 20,802,946 | 27,603,653 |
| Infheistíochtaí Urrúis – CGA (b) | 10,334,636 | 10,513,407 |
| **Iomlán** | **31,137,582** | **38,117,060** |

### Próifíl Aibíochta

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| 0 - 3 mhí | 856,937 | 595,823 |
| 3 mhí - 1 bhliain | 2,136,489 | 2,008,489 |
| 1 bhliain - 5 bliana | 8,029,249 | 8,170,196 |
| 5 bliana - 10 mbliana | 2,406,991 | 2,960,326 |
| 10 mbliana -15 bliana | - | - |
| > 15 bliana | 17,707,916 | 24,382,226 |
| **Iomlán** | **31,137,582** | **38,117,060** |

### (a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

| | Luach Scoir Margaidh 2018 €000 | Luach Scoir Margaidh 2017 €000 |
|---|---|---|
| Punann Speisialta (i) | 17,707,916 | 24,382,226 |
| Bannaí Eisiúna Rialtais | 1,809,824 | 1,587,421 |
| Billí Cisteáin | 924,106 | 1,120,505 |
| Bannaí Eisiúna Airgeadais | 361,100 | 513,501 |
| **Iomlán** | **20,802,946** | **27,603,653** |

#### *(i) Punann Speisialta – Luach sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC*

***Nótaí Rátaí Comhlúthacha (NRCanna)***

In 2013, fuair an Banc Ceannais ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0bn mar chuid de mhalartú sócmhainní i ndiaidh leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2018, dhíol an Banc Ceannais €4.0bn ainmneach de NRCanna ( €2.5bn NRC 2047 and €1.5bn NRC 2049) sa chaoi gur réadaíodh gnóthachain €2.3bn (Nóta 4(i)). Ar bhonn carnach, tá NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €13.5bn diúscartha ag an mBanc Ceannais; tá sealúchais uile NRCanna 2038, 2043, 2045 agus 2047 diúscartha anois. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, rinneadh na NRCanna a bhí fágtha a luacháil ar €17.7bn (2017: €24.4bn)), rud ba chionsiocair le gnóthachan neamhréadaithe €6.2bn (2017: €8.8bn) (Nóta 33(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach i NRCanna ann, déanann an Banc Ceannais luacháil ar NRCanna trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála arna sainaithint mar chinn atá caighdeánach sa tionscal. Rinneadh luach cothrom na n-urrús sin a mheas trí theicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena gcuimsítear:

(a) Cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú.

(b) Cuar toraidh cúpóin nialasaigh arna gcuimsiú ó chuar toraidh na hÉireann don tréimhse ina bhfuil praghsanna margaidh infheicthe go díreach ar fáil, arna eachtarshuíomh ina dhiaidh sin trí mheán torthaí infheicthe a úsáid ar chuar torthaí Eorpacha ábhartha eile ag trádáil i margaí gníomhacha.

Bíonn breithiúnais de dhíth do ghnéithe samhla le háirithiú go ndéantar iad a mheas go cuí thar tréimhse ama. Déanann an Banc Ceannais an tsamhail a athbhreithniú go tréimhsiúil le háirithiú go bhfuil sí comhsheasmhach le dea-chleachtas. Chun críocha léiriúcháin, bheadh iarmhairt €0.9bn nó mar sin ar an luacháil dá mbeadh méadú 25 bhonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail praghsála (2017: €1.2bn). Bheadh iarmhairt €1.0bn nó mar sin ar an luacháil dá mbeadh laghdú 25 bhonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail praghsála (2017: €1.3bn).

| €000 | LUACHANNALEABHAR 2017 Iarmhéid Deiridh | Ceannach áin | Díolacháin/ Fuascailtí | 2018 Iarmhéid Deiridh | GLUAISEACHTAÍ ATHLUACHÁLA 2017 Iarmhéid Deiridh | Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt | Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe | Iarmhéid Deiridh 2018 | ACHOIMRE Luach Scoir Margaidh 2017 | Luach Scoir Margaidh 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí Rátaí Comhlúthacha | 15,534,000 | - | (4,000,000) | 11,534,000 | 8,848,226 | (2,153,064) | (521,246) | 6,173,916 | 24,382,226 | 17,707,916 |
| **Iomlán** | **15,534,000** | **-** | **(4,000,000)** | **11,534,000** | **8,848,226** | **(2,153,064)** | **(521,246)** | **6,173,916** | **24,382,226** | **17,707,916** |

Léirítear sa tábla thuas an ghluaiseacht sna luachanna leabhar agus i luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc Ceannais punann NRCanna a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc Ceannais freisin go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2019-2023 €1bn in aghaidh na bliana) agus ó 2024 ar aghaidh (€2bn in aghaidh na bliana go dtí go ndíolfar na bannaí uile).

### (b) Infheistíocht Urrúis – CGA

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe mar aon le tréimhse aibíochta shocraithe agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)).

## Nóta 18: Leas rannpháirteachais in BCE

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Leas rannpháirteachais in BCE | 199,021 | 199,021 |
| **Iomlán** | **199,021** | **199,021** |

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana.

In 2018, d'fhan sciar an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE ag 1.1607% do 2018. 1.1607) (Nóta 1 (c)(ii), Nóta 1(c)(iii)).

## Nóta 19: Éilimh atá Comhionann le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 672,638 | 672,638 |
| **Iomlán** | **672,638** | **672,638** |

Léiríonn siad seo éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as sócmhainní cúlchistí eachtracha a aistriú chuig BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras. Is ionann éilimh an Bhainc Ceannais i leith na sócmhainní sin agus €672.6m (2017: €672.6m), atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta(c)(vii)).

Is ionann scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2018 agus 1.6489%.

Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha a shocrófar tráth a n-aistrithe. Íoctar iad de réir an ráta úis is déanaí a bheidh ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna gcoigeartú chun fáltas nialasach a léiriú ar chomhpháirt an óir.

## Nóta 20: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid TARGET2 (glan) (i) | 14,290,401 | 1,888,411 |
| Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (ii) | 6,780 | 24,992 |
| Sciar de Bhrabúis BCE (i) | 19,645 | 16,287 |
| **Iomlán** | **14,316,826** | **1,929,690** |

(i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais do BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach in CEBC arbh ionann iad agus €14.3bn ag deireadh 2018 (2017: Glansócmhainn €1.9bn) (Nóta 1(c)(ii)). Is insreabhadh euro isteach sa Stát é an méadú €12.4bn ar shócmhainn TARGET2 trí chuntas TARGET2 an Bhainc Ceannais ar feadh na tréimhse. Den chuid is mó, stiúradh na hinsreafaí sin trí chuntas taisce an rialtais agus trí chúlchistí institiúidí creidmheasa Éireannacha.

Ag deireadh 2018, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh sa phróiseas iltaobhach glanluachála iad. Déantar an luach saothair i leith shuímh

TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna eascairt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

(ii) Léiríonn sé seo ioncam infhaighte airgeadaíochta an Bhainc Ceannais (2017: €24.9m) (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vi)).

(iii) Léiríonn sé seo scair an Bhainc Ceannais de dháileadh eatramhach brabúis BCE don bhliain 2018 (Nóta 1(c)(v) agus Nóta 6 (i)).

## Nóta 21: Sócmhainní eile

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Ioncam Úis Fabhraithe (i) | 691,204 | 635,945 |
| Ciste Cothromais (ii) | 218,821 | - |
| Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 22) | 214,269 | 220,434 |
| *- Sócmhainní Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, trealamh (Nóta 22(i))* | *194,603* | *205,011* |
| *- Sócmhainní Doláimhsithe - Bogearra Ríomhaireachta (Nóta 22 (ii))* | *19,666* | *15,423* |
| Eile (iii) | 93,953 | 158,696 |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 55,170 | 55,170 |
| Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (v) | 20,593 | 19,953 |
| Stoic Ábhar do Tháirgeadh Nótaí Bainc | 4,553 | 4,580 |
| Réamhíocaíochtaí | 3,675 | 4,215 |
| **Iomlán** | **1,302,238** | **1,098,993** |

(i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar na hurrúis. Léiríonn an méadú ar ioncam fabhraithe sealúchais níos airde an Bhainc Ceannais faoi chláir CBPP3 agus PSPP.

(ii) Le linn 2018, rinne an Banc Ceannais infheistíocht i gciste cothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Rianaítear an ciste cothromais le hInnéacs Domhanda MSCI (Nóta 4(ii)). Bainistíonn cuideachta bainistíochta sócmhainní an ciste thar ceann an Bhainc Ceannais, agus tá na sócmhainní foluiteacha ar seilbh caomhnóra.

(iii) Tá suim €14.3m san áireamh sa ní sin (2017: €45.3m) a fhreagraíonn don ioncam úis a bhí dlite ar urrúis ar an dáta a cheannaigh an Banc Ceannais an t-urrús sin.

Baineann €7.2m eile (2017: €7.0m) le heasnaimh a bhí dlite ó fho-aicmí áirithe de Mhaoiniú Tionscail ag deireadh 2018 (Nóta 40(i)).

Le linn 2017, fuair an Banc Ceannais 3,325 scair (0.25% de scairchaipiteal eisithe) in Europafi ar chostas €0.3m. Is cuideachta

táirgthe páipéar urrús í Europafi ar fochuideachta í de Banque de France.

(iv) I Samhain 2015, shealbhaigh an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer. Baineann an Banc Ceannais úsáid pháirteach as an réadmhaoin seo, a bhfuil spás tráchtála agus miondíola inti, ina chuid oibríochtaí reatha. Tá an chuid eile di ar ligean nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte agus, da bhrí sin, aithnítear an chuid seo mar réadmhaoin chónaithe. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

Le linn na bliana, leanadh de réadmhaoin infheistíochta a ligean le tríú páirtí. Tá tréimhse17 mbliana fanta ar an léas, a bhfuil clásail scoir 10 mbliana ann. Tá soláthar d'athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil sa léas i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim.

Ba iad luachálaithe seachtracha, neamhspleácha réadmhaoine a raibh cáilíochtaí aitheanta, gairmiúla acu mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine a bhí á luacháil, a chinn luach cóir na réadmhaoine infheistíochta. Níor tharla aon athrú de bharr an mheastacháin ar luach cothrom in 2018 (2017: €6.2m). I gcomhréir leis an Treoirlíne, rinneadh an gnóthachan neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo a bhreacadh sna cuntais athluachála (Nóta 1(p), Nóta 2(viii), Nóta 33).

## Íocaíochta Íosta Léasa sa Todhchaí

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Nach déanaí ná bliain amháin | 1,583 | 1,583 |
| Tar éis bliain amhail agus nach déanaí na cúig bliana | 6,332 | 6,332 |
| Tar éis cúig bliana | 17,981 | 19,564 |
| **Iomlán** | **25,896** | **27,479** |

(v) Tá 8,564 scair i seilbh an Bhainc Ceannais (2017: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €20.6m a gcoibhéis euro (2017: €19.9m) (Nóta 6(ii) agus 35(i)).

# Nóta 22: Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

## (i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

### Nóta 22 Sócmhainní Dochta Inláimhsithe

| | Áitreabh | | Gléasra agus Innealra | | Trealamh Ríomhaireachta | | Trealamh Eile | | Troscán, Feistithe agus Daingneáin | | Sócmhainní á Tógáil (c) | | Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
| Ar a Chostas – 1 Eanáir | 163,708 | 125,952 | 80,057 | 49,368 | 14,389 | 3,620 | 8,106 | 13,327 | 15,621 | 10,599 | 2,925 | 119,658 | 284,806 | 322,524 |
| Aistriú (c) | - | 76,091 | 33 | 30,601 | 300 | 11,195 | 146 | - | - | 9,853 | (479) | (127,740) | - | - |
| Éadálacha (+) | - | 7,075 | - | 88 | - | 502 | 29 | 25 | - | - | 1,865 | 11,007 | 1,894 | 18,697 |
| Diúscairtí (a) | - | (45,410) | (869) | - | (16) | (928) | (783) | (5,246) | (213) | (4,831) | - | - | (1,881) | (56,415) |
| Ar a Chostas – 31 Nollaig | 163,708 | 163,708 | 79,221 | 80,057 | 14,673 | 14,389 | 7,498 | 8,106 | 15,408 | 15,621 | 4,311 | 2,925 | 284,819 | 284,806 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 16,811 | 31,256 | 45,350 | 42,610 | 2,503 | 1,237 | 7,902 | 12,941 | 7,229 | 10,441 | - | - | 79,795 | 98,485 |
| Dímheas don Bhliain (b) | 3,949 | 3,296 | 3,369 | 2,740 | 2,864 | 2,194 | 124 | 207 | 1,980 | 1,511 | - | - | 12,286 | 9,948 |
| Diúscairtí | - | (17,741) | (869) | - | - | (928) | (783) | (5,246) | (213) | (4,723) | - | - | (1,865) | (28,638) |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 20,760 | 16,811 | 47,850 | 45,350 | 5,367 | 2,503 | 7,243 | 7,902 | 8,996 | 7,229 | - | - | 90,216 | 79,795 |
| **Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **142,948** | **146,897** | **31,371** | **34,707** | **9,306** | **11,886** | **255** | **204** | **6,412** | **8,392** | **4,311** | **2,925** | **194,603** | **205,011** |

(a) Baineann diúscairtí ar fud na n-aicmí sócmhainní le scoir sócmhainní ar luach nialasach nach bhfuil in úsáid a thuilleadh ag an mBanc Ceannais, agus ar fíoraigh na rannáin lena mbaineann amhlaidh ina leith.

I ndiaidh athbhreithnithe ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, díscríobhadh MGT in 2018 a raibh costas stairiúil €1.9 milliún ag baint leo, arna dhímheas ina iomláine, agus níor eascair aon fháltais astu (2017: €0.9m). Sa bhreis air sin, bhí diúscairt ar shócmhainn Trealaimh Ríomhaireachta do níos lú ná €0.1m (2017: Nialas) ar bhain fáltais níos lú ná €0.1m leis (2017: Nialas) agus aithníodh an brabús sin ar dhiúscairt sa chuntas Brabúis agus Caillteanais (Nóta 8).

(b) As an muirear iomlán dímheasa don bhliain de €12.3m (2017: €9.9m), rinneadh €0.2m a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2017: €0.1m).

(c) Baineann Sócmhainní á dTógáil le caiteachais caipitil arna dtabhú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana. Le linn na bliana, tháinig €0.5m (2017: €127.7m) de na sócmhainní sin in úsáid agus dá réir sin aistríodh iad chuig an gcatagóir sócmhainní cuí.

(d) Tá Bailiúchán Ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais, arna luacháil ar €2.0m bunaithe ar luacháil 2016 (2017: €2.0m), nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais ar bhonn ábharthachta sa

bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

## (Ii) Bogearra Ríomhaireachta Doláimhsithe

### Nóta 22 Sócmhainní Dochta Doláimhsithe

| | Trealamh Ríomhaireachta | | Sócmhainní á dTógáil (c) | | Sócmhainní Dochta Doláimhsithe Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
| Ar a Chostas – 1 Eanáir | 40,808 | 39,447 | 5,326 | 255 | 46,134 | 39,702 |
| Aistriú (c) | 1,321 | 1,705 | (1,321) | (1,705) | - | - |
| Éadálacha (+) | 68 | 581 | 8,961 | 6,776 | 9,029 | 7,357 |
| Diúscairtí (b) | (23) | (925) | (128) | - | (151) | (925) |
| Ar a Chostas – 31 Nollaig | 42,174 | 40,808 | 12,838 | 5,326 | 55,012 | 46,134 |
| Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir | 30,711 | 26,448 | - | - | 30,711 | 26,448 |
| Dímheas don Bhliain (a) | 4,650 | 5,143 | - | - | 4,650 | 5,143 |
| Diúscairtí | (15) | (880) | - | - | (15) | (880) |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 35,346 | 30,711 | - | - | 35,346 | 30,711 |
| **Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **6,828** | **10,097** | **12,838** | **5,326** | **19,666** | **15,423** |

(a) B'ionann an muirear iomlán dímheasa in 2018 agus €4.7m (2017: €5.1m) (Nóta 1(e)(ii)).

(b) I ndiaidh athbhreithniú ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, rinneadh sócmhainní doláimhsithe ar lú a luach agus €0.2m (2017: €0.1m) a dhíscríobh chuig Caiteachais Oibríochtúla Eile (Nóta 9) agus níor eascair aon fháltais astu.

(c) Rinneadh suim €1.3m (2017: €1.7m) a aistriú ó chuntas na Sócmhainní á dTógáil go dtí catagóir sócmhainní an Trealaimh Ríomhaireachta Doláimhsithe.

## Nóta 23: Nótaí bainc i gCúrsaíocht

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Luach iomlán na nótaí bainc euro a chuir an Banc Ceannais i gcúrsaíocht: | 36,923,888 | 35,405,302 |
| Dliteanais de thoradh sciar BCE de na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | (1,624,034) | (1,544,334) |
| Dliteanais de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil BCE. | (16,623,551) | (16,101,206) |
| **Iomlán** | **18,676,303** | **17,759,762** |

Cuimsíonn an mhír seo sciar an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc euro iomlán arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán nótaí

bainc euro i gcúrsaíocht ar gach banc ceannais náisiúnta ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nóta bainc.

Tháining méadú 4.3% ar luach na nótaí bainc euro a d'eisigh an Banc Ceannais in 2018, ó €35.4bn go €36.9bn. Tháinig méadú 5.2% ar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht san Eurochóras (2017: 4.0%) De réir an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €18.7bn faoi dheireadh na bliana ag an mBanc Ceannais, i gcomparáid le €17.8bn ag deireadh 2017. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €18.2bn (i gcomparáid le €17.6bn in 2017) faoi "Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1 (c)(iv), Nóta 29).

## Nóta 24: Dliteanais d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Cuntais Reatha (lena gcumhdaítear córas na gcúlchistí íosta) (i) | 13,135,671 | 15,937,532 |
| An tSaoráid Taisce (ii) | 9,664,882 | 7,254,592 |
| **Iomlán** | **22,800,553** | **23,192,124** |

(i) (i) Tá ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meánlíon íosta taiscí cúlchiste a choinneáil lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíochta leachtachta. In 2018, íocadh ús ar na taiscí sin de réir ráta POA de chuid BCE. Ó bhí Meitheamh 2014 ann, gearrtar an ráta is ísle de náid nó ráta na saoráide taisce ar chúlchistí a choinnítear sa bhreis ar na ceanglais íosta.

(ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontraphháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais ar bhonn thar oíche de réir ráta na saoráide taisce.

## Nóta 25: Dliteanais eile in Euro d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Dliteanais eile in Euro d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro | 719,471 | - |
| **Iomlán** | **719,471** | **-** |

Tá aibíocht níos giorra ná bliain amháin ag na nithe seo agus baineann siad le hidirbhearta an Bhainc Ceannais mar cuid de bhainistiú a shócmhainní infheistíochta le contrapháirtithe formheasta faoi shocruithe GMRA dlíthiúla.

## Nóta 26: Dliteanais do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Taiscí Rialtais Ginearálta (i) | 19,342,691 | 12,842,232 |
| Cúlchiste Airgeadra a Bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii) | 4,377 | 4,057 |
| **Iomlán** | **19,347,068** | **12,846,289** |

Tá aibíocht níos lú ná bliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

(i) Folaíonn na taiscí rialtais ginearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh arna sealbhú sa Bhanc Ceannais.

(ii) Ceanglaítear costais agus fáltais eisiúna monaí a mhuirearú ar an gcúlchiste airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc isteach sa Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais . Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g)). Nochtar na caiteachais uile a bhaineann le táirgeadh monaí i Nóta 9. Nochtar caiteachais aoislúntais i Nóta 31. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Monaí arna n-eisiúint i gCúrsaíocht / arna dtarraingt as Cúrsaíocht | 7,585 | (2,209) |
| Foirne Monaí Samplacha | 546 | 377 |
| Monaí Éireannacha arna dTarraingt Siar | (212) | (424) |
| Fáltais ó Dhíolachán Miotail Monaí | 188 | - |
| | **8,107** | **(2,256)** |
| Lúide Costais Oibriúcháin (Nóta 9) | (1,638) | (942) |
| Coigeartú Glan-Ranníocaíochta | 522 | - |
| **Glanfháltais ó Eisiúint Monaí** | **6,991** | **(3,198)** |
| Ús ar Dhliteanas na Scéime Pinsin (Nóta 31) | - | (92) |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra (Nóta 31) | (6) | (54) |
| Aistriú (chuig) / ón Státchiste | (6.665) | 4,406 |
| Iarmhéid Tosaigh | 4,057 | 2,995 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **4,377** | **4,057** |

De thoradh an Achta Airgeadais, 2002, agus de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €7.6m (2017: glanfhuascailt €2.2m) glaneisiúint monaí ón mBanc Ceannais chuig na bainc thráchtála in 2018. Dá bhrí sin, ghin an glanbharrachas aistriú €6.7m a íocadh ón Státchiste an 20 Nollaig 2018 (2017: €4.4m a d'íoc an Státchiste leis an mBanc Ceannais).

## Nóta 27: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéir euro

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Comhaontuithe Athcheannaigh (i) | 2,084,319 | 1,430,419 |
| Gníomhaireachtaí AE | 504 | 505 |
| Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais | 496 | 71 |
| **Iomlán** | **2,085,319** | **1,430,995** |

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna.

(i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Freagraíonn an dliteanas don airgead arna fháil ó dhíol na n-urrús faoi chomhaontuithe chun iad a athcheannach ar dháta sonraithe amach

anseo. Déantar an t-airgead tirim a aithint mar dhliteanas toisc go bhfuil oibleagáid chomhréireach ann chun é a thabhairt ar ais, lena n-áirítear ús fabhraithe mar dhliteanas, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais. Déileáltar leis an difríocht idir na praghsanna ceannaigh agus díola mar ghlanioncam úis a thabhaítear thar shaolré an chomhaontaithe ag baint úsáid as an nglanráta úis (Nóta 1(l)).

## Nóta 28: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag CAI

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag CAI | 942,453 | 920,896 |
| **Iomlán** | **942,453** | **920,896** |

Is ionann é seo agus dliteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CST) ar Éirinn. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CSTanna an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe CAI nó de thoradh CSTanna a mhalartú ar Airgead Eachtrach le CAI é féin, le baill CAI eile agus sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais in CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháileadh CST (Nóta 12(ii)).

## Nóta 29: Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil BCE | 16,623,551 | 16,101,206 |
| Dliteanas de thoradh sciar BCE de na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | 1,624,034 | 1,544,334 |
| **Iomlán** | **18,247,585** | **17,645,540** |

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc Ceannais agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1 (c)(ii) agus (c)(iv), Nóta 23). Déantar an luach saothair i leith an dliteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag

an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

## Nóta 30: Dliteanais eile

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (i) | 2,384,820 | 2,101,312 |
| Scéim Cosanta Taiscí (ii) | 165,788 | 154,301 |
| An Ciste Cúitimh Árachais | 62,510 | - |
| Eile (iii) | 53,724 | 45,403 |
| Fabhruithe Eile (iv) | 24,686 | 26,152 |
| Fabhruithe Úis (v) | 19,510 | 40,083 |
| Ciste Réitigh Institiúidí Creidmheasa (vi) | 5 | 541 |
| **Iomlán** | **2,711,043** | **2,367,792** |

(i) Léiríonn sé méid an ioncaim barrachais is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 1(o), Nóta 10).

(ii) Faoi *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015* (I.R. Uimh. 2016) ("Rialacháin SRT"), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach SRT in 2016. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníoc bliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca. Bhí ranníocaíochtaí 2018 iníoctha trí íocaíochtaí díreacha ó institiúidí creidmheasa chuig an gCiste.

Rinneadh díbhinní arna n-eascairt as leachtú Chomhar Creidmheasa na Ráithe agus Chomhar Creidmheasa an Rois (€40.3m, €4m faoi seach) agus as leachtú IBRC (€11.3m) a aistriú chuig an gCiste in 2018.

Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, tá Scéim SRT le bainistiú agus le riaradh ag údarás ceaptha (an Banc Ceannais) agus faoi Rialachán 18(2), déanfaidh an t-údarás ceaptha an Ciste a infheistiú ar bhealach íosriosca agus é éagsúlaithe go leordhóthanach.

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Ciste Ranníocach SRT | 165,788 | 154,276 |
| Ciste Leagáide SRT | - | 25 |
| **Iomlán** | **165,788** | **154,301** |

| Gluaiseacht i gCiste Ranníocach SRT | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir | 154,276 | 93,421 |
| Ranníocaíochtaí | 106,927 | 100,858 |
| Íocaíochtaí | (583) | (39,654) |
| Ús a íocadh | (361) | (349) |
| Díbhinní | 55,521 | - |
| Ranníocaíochtaí a Seoladh ar ais | 8 | - |
| Clár Nótaí Státchiste GBCN (a) | (150,000) | - |
| Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig | 165,788 | 154,276 |

(a) Is airgead é sin a chuirtear i dtaisce le tríú páirtithe nó le GBCN.

| Gluaiseacht i gCiste Leagáide SRT | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir | 25 | 62,587 |
| Íocaíochtaí | (25) | (62,562) |
| Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig | - | 25 |

(iii) San áireamh in Eile tá suim €0.2m (2017:níos lú ná €0.1m) a léiríonn barrachais de bharr fochatagóirí Maoinithe Tionscail ar leith ag deireadh 2018 (Nóta 40(i)).

(iv) Tá fabhrú €7.6m san áireamh i bhfabhruithe eile (2017: i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 9(i)).

(v) Baineann an figiúr seo go príomha le caiteachas fabhraithe úis ar oibríochtaí OASF II (Nóta 15).

(vi) Bunaíodh Ciste Réitigh Institiúidí Creidmheasa ag deireadh 2011 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réitigh) 2011. Seasann iarmhéid €0.01m (2017: €0.5M) do thaiscí leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Tá an Banc Ceannais freagrach as bainistíocht agus riaradh an Ciste agus ullmhaíonn an Banc Ceannais cuntais ar leithligh don Chiste.

## Nóta 31: Dliteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsin le sochar sainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsin iarchomhaltaí foirne agus comhaltaí foirne reatha de chuid an Bhainc Ceannais. Faoin Scéim, faigheann comhaltaí foirne an Bhainc Ceannais na teidlíochtaí céanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhliteanais pinsin an Bhainc Ceannais, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003) agus aistríodh €400m chun sócmhainní ciste a cheannach. Mionsonraítear luacháil sócmhainní ciste amhail ar an 31 Nollaig 2018 i gcuid (v) den nóta seo (Nóta 1(f)).

Nochtann an Banc Ceannais an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhliantúil. Chuir Lane Clark Peacock (LCP), achtúirí an Bhainc Ceannais, an luacháil iomlán achtúireach dheireanach i gcrích amhail ar an31 Nollaig 2016, d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Thug LCP tuarascáil achtúireach chun críche amhail ar an 31 Nollaig 2018 d'fhonn ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

### (i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála/Cúlchiste Airgeadra

| | Brabús agus Caillteanas 2018 €000 | Cúlchiste Airgeadra 2018 €000 | Iomlán 2018 €000 | Iomlán 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní | 13,100 | - | 13,100 | 12,100 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (18,813) | (87) | (18,900) | (18,500) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (39,256) | (44) | (39,300) | (45,100) |
| Costas Iomlán Pinsin na Scéime Sochar Sainithe | (44,969) | (131) | (45,100) | (51,500) |

B'ionann agus €39.3m costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála in 2018 (2017: €45.1m) agus tá sé bunaithe ar thoimhdí achtúireacha arna socrú ag tús gach bliana. Bhí laghdú ann sa mhuirear i gcomparáid le 2017 de bharr méadú suntasach i líon na foirne a tháining isteach sa Bhanc Ceannais tar éis 1 Eanáir 2013 ar baill iad de Thuilleamh Athluacháilte do Mheán na Gairme (CARE).

Amhail ar an 31 Nollaig 2018, ní raibh aon bharrachas nár aithníodh roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

### (ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireachta ar an Scéim Pinsin

| An Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig | 2018 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an dliteanas pinsin | 622 | 35,345 | (177,207) | 160,058 | (198,670) |
| Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireach ar shócmhainní plean | (34,533) | 25,232 | 4,267 | 21,001 | 11,828 |
| **Iomlán** | **(33,911)** | **60,577** | **(172,940)** | **181,059** | **(186,842)** |

### (iii) Aithint an Chláir Comhardaithe

| An Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig | 2018 €000 | 2017 €000 | 2016 €000 | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach Oibleagáidí atá Maoinithe go hIomlán nó go Páirteach (iv) | (1,043,408) | (993,442) | (971,598) | (750,095) | (853,883) |
| Luach Cóir Shócmhainní an Phlean (v) | 679,157 | 687,561 | 638,695 | 608,714 | 567,945 |
| **Glansócmhainn/(Glandliteanas) Pinsin** | **(364,251)** | **(305,881)** | **(332,903)** | **(141,381)** | **(285,938)** |

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh "na n-aonad réamh-mheasta". Cuirtear barrachas dliteanas scéime thar sócmhainní scéime in iúl sa Chlár Comhardaithe mar dhliteanas.

### (iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime | (993,442) | (971,598) | (750,095) | (853,883) | (615,766) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (39,300) | (45,100) | (30,900) | (44,299) | (25,356) |
| (Costas)/Creidmheas Iarseirbhíse | - | - | - | - | (27) |
| Pinsin Íoctha | 14,519 | 12,314 | 11,908 | 13,109 | 13,325 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (6,632) | (5,631) | (4,979) | (4,379) | (4,173) |
| Aistrithe Faighte | (275) | (272) | (25) | (635) | (433) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | (18,900) | (18,500) | (20,300) | (20,066) | (22,783) |
| Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireachta | 622 | 35,345 | (177,207) | 160,058 | (198,670) |
| **Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime** | **(1,043,408)** | **(993,442)** | **(971,598)** | **(750,095)** | **(853,883)** |

### (v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach cóir tosaigh shócmhainní an phlean (luach tairisceana) | 687,561 | 638,695 | 608,714 | 567,945 | 531,198 |
| Toradh Ionchais | 13,100 | 12,100 | 16,400 | 13,280 | 17,423 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireachta | (34,533) | 25,232 | 4,267 | 21,002 | 14,241 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra | 20,641 | 17,945 | 16,218 | 14,582 | 13,802 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | 6,632 | 5,631 | 4,979 | 4,379 | 4,173 |
| Pinsin Íoctha | (14,519) | (12,314) | (11,908) | (13,109) | (13,325) |
| Aistrithe Faighte | 275 | 272 | 25 | 635 | 433 |
| **Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*** | **679,157** | **687,561** | **638,695** | **608,714** | **567,945** |

*Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá ar seilbh leis an mBanc Ceannais. B'ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2018 agus €0.01m (2017: €0.6m) agus €4.3m (2017: €6.0m) faoi seach.

]

### (vi) Toimhdí Airgeadais

| | 2018 % | 2017 % | 2016 % | 2015 % | 2014 % |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.00 | 1.90 | 1.90 | 2.70 | 2.35 |
| An Ráta Méadaithe maidir le Tuarastail Inphinsin | 3.30 | 3.30 | 3.30 | 3.20 | 3.40 |
| An Ráta Méadaithe maidir le Pinsin | 3.30 | 3.30 | 3.30 | 3.20 | 3.40 |
| Ráta bhoilsciú praghsanna | 1.90 | 1.90 | 1.90 | 1.80 | 2.00 |

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaine, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.6% (2017: 2.6%) i ndliteanais scéime.

### Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Básmhaireacht Réamhscoir | 73% TSE15 (fireann) 77% TSE15 (baineann) | 73% TSE15 (fireann) 77% TSE15 (baineann) |
| Básmhaireacht Iarscoir | 58% TSE15 (fireann) 62% TSE15 (baineann) | 58% TSE15 (fireann) 62% TSE15 (baineann) |
| Liúntas d'fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht | Dearfach | Dearfach |
| Scoir | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) |
| Scor ar fhorais drochshláinte | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh |
| Luathscor | As an áireamh | As an áireamh |
| Tarraingthe Siar | As an áireamh | As an áireamh |
| Céatadán atá pósta | 90% | 90% |
| Difríocht aoise idir chéilí | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile |
| **Ionchas Saoil** Aois idir 60 agus 65 ag a mbeidh 40 bliain seirbhíse críochnaithe (dóibh siúd a bhfuil rogha acu éirí as ag 60) | Fireann: 86.5 Baineann: 88.9 | Fireann: 86.3 Baineann: 88.8 |

Is éard atá i TSE15(fireann) & TSE15 (baineann), táblaí básmhaireachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Ríomhtar na hionchas saoil trí úsáid a bhaint as na ráta básmhaireachta sna táblaí seo.

### (i) Sócmhainní Phlean na Scéime

| Aicme | Dáileadh | Dáileadh Fadtéarmach |
|---|---|---|
| | % | % |
| Bannaí | 40.9 | 40.0 |
| Airgead | 1.0 | - |
| Urrúis | 39.1 | 40.0 |
| Ciste ilsócmhainní (MAF) | 9.3 | 10.0 |
| Réadmhaoin | 9.7 | 10.0 |
| **Iomlán** | **100.0** | **100.0** |

In 2014. d'fhormheas Coimisiún an Bhainc Ceannais an cinneadh chun an chóimheas leithdháilte sócmhainní ó bhannaí/cothromais 50:50 go bannaí/cothromais/MAF/réadmhaoin 40:40:10:10. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhaineann leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche í sa chéad leath de 2016. Ní dhéanann an Ciste infheistíocht dhíreach i réadmhaoin ar áitiú ag an mBanc Ceannais.

## Nóta 32: Soláthairtí

Rinneadh soláthar do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2018:

| | Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir 2018 €000 | Cruthaithe €000 | Úsáidte €000 | Scaoilte chuig B&C €000 | Iarmhéid deiridh 31 Nollaig 2018 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthar i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (i) | 500,000 | 250,000 | - | - | 750,000 |
| Soláthairtí d'Urrúis (ii) | 120,000 | - | - | (70,000) | 50,000 |
| Nótaí Puint Éireannacha Neamhfhuascailte (iii) | 6,336 | - | (917) | - | 5,419 |
| Scair an Bhainc Ceannais in urrúis lagaithe de chuid an Eurochórais (iv) | 1,136 | 2,656 | (1,136) | - | 2,656 |
| Soláthar d'Athstruchtúrú (v) | 368 | 466 | (796) | (11) | 27 |
| **Iomlán** | **627,840** | **253,122** | **(2,849)** | **(70,011)** | **808,102** |

(i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí, ráta úis, creidmheas agus praghsanna óir (Nóta 36). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sainaithníodh sa mheasúnú neamhchosaint a bhain le rioscaí rátaí úis agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha a bhain leis an riosca seo a

chainníochtú. Cuireadh an anailís i gcrích bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na bliana 2018 agus toimhdíodh ráta socair dhiúscairtí NRC. Sa tsamhail airgeadais, baineadh leas as cur chuige bunaithe ar chás a úsáideann líon mór conairí ráta úis athraitheacha. I bhfianaise staid reatha an Chláir Chomhardaithe, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina mbeadh méadú mear ar rátaí úis sa mheántéarma, agus freagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Rinneadh an riosca a thomhas thar an meántéarma faoi threoir luach-faoi-riosca agus easnaimh ionchais, agus rinneadh measúnú ar chaillteanais aon bhliain amháin mar aon le caillteanais charnacha san anailís.  I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántéarma, d'fheidhmigh an lucht bainistíocht breithiúnas agus meastachán le linn dóibh an raon figiúirí arna dtáirgeadh ag an tsamhail airgeadais a mheasúnú agus chun soláthar iomchuí riosca a chinneadh.

Áirítear soláthar €750.0m sa ráiteas cuntas don bhliain 2018, is ionann é sin agus méadú €250.0m i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh don riosca céanna in 2017 (2017: €500.0m). Tá an méadú á spreagadh go príomha ag méadú ar shealúchais agus ar dhliteanais EAPP atá nasctha le rátaí beartais BCE, a bhfuil de thoradh air leibhéal méadaithe riosca ráta úis don Bhanc Ceannais.

(ii) Tá soláthar €50.0m d'urrúis coinnithe ag an mBanc Ceannais (2017: €120.0m). Leis an soláthar tiomsaitheach, léirítear liúntas measta i leith rioscaí a thig as na hurrúis atá ar seilbh chun críocha beartas airgeadaíochta agus chun críocha infheistíochta. Maidir leis an scaoileadh €70.0m le linn na bliana, is de bharr measúnú ar laghdú ar rioscaí go comhiomlán, chomh maith le risíochtaí laghdaithe é. Tá meastachán bliantúil na táille lagaithe faoi réir éiginnteachta suntasaí, éiginnteacht atá ard i gcónaí sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá sé leochaileach do ghnéithe amhail dearcadh an mhargaidh ar inmharthanacht fiachais. Na toimhdí atá mar bhonn taca leis an tuairim seo, tá siad suibiachtúil agus tá siad bunaithe ar mheasúnú na bainistíochta i gcomhthéacs na ndálaí margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2018, arna fhormheas ag an gCoimisiún (Nóta 1(c)(ix), Nóta 1(m), Nóta 4, Nóta 17(i)).

(iii) Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí puint (IEP). Fuasclaíodh €0.9m as an soláthar sin in 2018,

rud a fhágann gurb é €5.4m an t-iarmhéid sa soláthar sin amhail ar an 31 Nollaig 2018 (2017: €6.3m) (Nóta 35 (iii)).

(iv) Mar thoradh ar an tástáil lagaithe arna déanamh ar a punann CSPP, mheas an Chomhairle Rialaithe gur chuí maolán a bhunú arbh ionann san iomlán é agus €161.1m in aghaidh rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta, i ndáil le hurrús arna shealbhú ag an Eurochóras. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reacht CEBC, beidh an soláthar seo á mhaoiniú ag bainc cheannais náisiúnta uile na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa in BCE in 2018. Dá réir sin, chruthaigh an Banc Ceannais soláthar €2.7m, méid atá coibhéiseach lenár scair scála caipitil den soláthar iomlán (Nóta 1(m)(iv), Nóta 7).

In 2017, bunaíodh soláthar €69.0m in aghaidh caillteanais ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta i ndáil le hurrús i seilbh an Eurochórais. I gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reacht CEBC, beidh an soláthar seo á mhaoiniú ag bainc cheannais náisiúnta uile na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa in BCE in 2017. Dá réir sin, chruthaigh an Banc Ceannais soláthar €1.1m, méid atá coibhéiseach lenár scair scála caipitil den soláthar iomlán. Rinneadh méid an tsoláthair a ríomh i gcuntais airgeadais 2017 agus an fhaisnéis á cur san áireamh maidir le díol an urrúis in Eanáir 2018 agus dá bharr sin cumhdaíodh an caillteanas in 2018 go hiomlán le húsáid an tsoláthair. Chun críocha nochtaithe, déantar an úsáid a fhritháireamh in aghaidh chruthú an tsoláthair nua in 2018 (Nóta 7).

(v) Cruthaíodh soláthar um athstruchtúrú ragoibre in 2014 d’fhoireann riaracháin agus airgeadra. B’ionann an soláthar ag deireadh 2017 agus €0.35m. Le linn 2018, úsáideadh €0.32m i dtaca leis an soláthar sin, rud a d’fhág iarmhéid €0.03m amhail ar an 31 Nollaig 2018. Beidh an méid sin iníoctha in 2019.

Baineadh úsáid as soláthar tosaigh €0.01m le haghaidh Scéim Téarfa Shaorálaigh (VSS) i leith foireann shonrach theicniúil agus ghinearálta le linn 2018. Bhí an scéim seo, ar cuireadh tús léi in 2015, ar oscailt do chomhaltaí foirne a chomhlíon na critéir shonracha agus bhí na comhaltaí foirne sin in ann cur isteach air le linn na tréimhse sé mhí tar éis bogadh go dtí an t-áitreabh ar Ché an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, rinneadh soláthar breise VSS €0.18m a chruthú, a úsáideadh ina iomláine, rud a d’fhág nach raibh aon iarmhéid ann amhail ar an 31 Nollaig 2018. (Nóta 1(m)(iii), Nóta 4)

Is ionann téarmaí scéimeanna uile VSS agus téarmaí an chomhaontaithe comhchoitinn idir an Rialtas agus Coiste na Seirbhíse Poiblí de chuid ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta le fostaithe sa tseirbhís phoiblí.

Le linn na bliana, cruthaíodh agus úsáideadh soláthar athstruchtúrtha maidir le deireadh róil laistigh den struchtúr eagraíochtúil. Rinneadh íocaíocht foirceanta €0.28m (bhí an íocaíocht i gcomhréir le téarmaí scéim téarfa shaorálaigh na hearnála poiblí).

## Nóta 33: Cuntais Athluachála

| | 2018 €000 | 2017 €000 | Glanghluaiseacht na nGnóthachan Neamhréadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| Urrúis (i) | 6,180,759 | 8,858,317 | (2,677,558) |
| Ór | 168,954 | 161,389 | 7,565 |
| Airgeadra Eachtrach | 25,597 | 4,400 | 21,197 |
| Nóta Réadmhaoine Infheistíochta (nóta 21(iv)) | 9,622 | 9,622 | - |
| Athluacháil MGT (Nóta 21 (iii)). | 245 | 250 | (5) |
| **Amhail ar an 31 Nollaig** | **6,385,177** | **9,033,978** | **(2,648,801)** |

(i) Baineann an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú ar ghnóthachain neamhréadaithe inchurtha do dhíolacháin NRCanna in 2018 arbh ionann a luach ainmniúil agus €4.0bn, agus do laghdú ar phraghsanna NRC (Nóta 1 (j), Nóta 17(ii)(a)).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear i leith an euro do luachálacha dheireadh na bliana:

| Airgeadra | 2018 Ráta | 2017 Ráta |
|---|---|---|
| Dollar na hAstráile | 1.6220 | 1.5346 |
| Dollar Cheanada | 1.5605 | 1.5039 |
| Yuan Renminbi na Síne | 7.8751 | 7.8044 |
| Krone na Danmhairge | 7.4673 | 7.4449 |
| Yen na Seapáine | 125.8500 | 135.0100 |
| CST | 0.8228 | 0.8420 |
| Sterling | 0.8945 | 0.8872 |
| Krone na Sualainne | 10.2548 | 9.8438 |
| Franc na hEilvéise | 1.1269 | 1.1702 |
| Dollar SA | 1.1450 | 1.1993 |
| | | |
| Ba iad seo a leanas na praghsanna óir: | | |
| Euro an unsa mhín | 1,120.9610 | 1,081.8810 |

## Nóta 34: Caipiteal agus Cúlchistí

| | Caipiteal (i) €000 | Cúlchiste Ginearálta €000 | Cúlchiste Airgeadra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2016** | 30 | 3,247,306 | 351,648 | 3,598,984 |
| Brabús coinnithe don bhliain | - | 587,832 | - | 587,832 |
| Athluacháil MGT | - | - | - | - |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | **30** | **3,835,138** | **351,648** | **4,186,816** |

| | Caipiteal (i) €000 | Cúlchiste Ginearálta €000 | Cúlchiste Airgeadra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2017** | 30 | 3,835,138 | 351,648 | 4,186,816 |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | - | 564,104 | - | 564,104 |
| Athluacháil MGT | - | 5 | - | 5 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2018** | **30** | **4,399,247** | **351,648** | **4,750,925** |

(i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais ag €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Tá an t-iarmhéid iníoctha mar a d'aontaigh an Coimisiún agus an tAire.

(ii) Faoi na Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €564.1m chuig an gcúlchiste ginearálta. Beidh an tsuim sin comhdhéanta de €598.0m ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus

Leithghabhála agus de chaillteanas achtúireach €33.9m a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 31 (ii)).

## Nóta 35: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

### Dliteanais Theagmhasacha

#### (i) *An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta*

Ta 8,564 scair ag an mBanc Ceannais sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, a bhfuil 25% de gach ceann acu lánioctha. Tá dliteanas teagmhasach ag an mBanc Ceannais i leith an iarmhéid (Nóta 6(ii), Nóta 21(v)).

#### (ii) *Sócmhainní Caipitil agus Cúlsócmhainní Eachtracha arna gCur i nGeall don BCE*

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon le BCNanna rannpháirteacha eile, méideanna breise caipitil (Alt 28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Alt 30) a aistriú chuig BCE (Nóta 18, Nóta 19).

#### (iii) *Nótaí Puint*

Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €225.1m fós amuigh (2017: €226.0m) a bhfuil soláthar €5.4m ag an mBanc Ceannais ina leith (2017: €6.3m) (Nóta 32 (iii)).

#### (iv) *Dlíthíocht*

Tá dhá chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2017: dhá cheann) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais.  Tá na gníomh sin á gcosaint ag an mBanc Ceannais.  Ní féidir eis-sreafaí féideartha sócmhainní eacnamaíocha a mheas go hiontaofa agus mar sin ní dhearnadh aon soláthar dlíthiúil i leith na gcásanna sin a aithint sa Ráiteas Cuntas (2017: Nialas).

### Ceangaltais

#### (i) Léasanna Oibriúcháin

Ní dheachaigh an Banc Ceannais i mbun aon léasanna oibríochtúla in 2018.

| Íocaíochta Íosta Léasa sa Todhchaí | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Nach déanaí ná bliain amháin | 450 | 380 |
| Tar éis bliain amháin agus nach déanaí na cúig bliana | 717 | 699 |
| Tar éis cúig bliana | 930 | - |
| **Iomlán** | **2,097** | **1,079** |
| Íocaíochtaí Léasa Iarbhír | 473 | 1,148 |

## Nóta 36: Bainistiú Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a róil reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail EAPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí a bhaineann le creidmheas, margadh, leachtacht agus ráta malairte eachtraí.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inarb iomchuí. Is é Coiste Riosca an Choimisiúin, arna thacú leis an gCoiste Bainistíocht Riosca (RMC) agus an Meitheal Oibre um Riosca Airgeadais (FRWG), a dhéanann formhaoirsiú ar ghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais, rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá RMC faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais).

Bíonn ceithre phríomhrannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann BCE (lena n-áirítear sócmhainní a cheannach faoin EAPP), déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann sé Cúnamh Éigeandála Leachtachta ar fáil i gcás inar gá, cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun cúlchistí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, inter alia, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET2),

forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le punann infheistíochta de chuid an Bhainc Ceannais féin agus scair an Bhainc Ceannais de phunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasaíocht staid airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD), mar an dara líne cosanta, atá freagrach as, inter alia, na beartais bainistíochta riosca a shainiú agus measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar le FMD, PSSD, agus FCD. Sainíonn ORD creataí teorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí ar chomhthaobhacht, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíocht agus infheistíochta, agus déanann sé measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tuairiscíonn FMD agus PSSD don Stiúrthóir ar Oibríochtaí Airgeadais, tuairiscíonn FCD don Phríomh-Oifigeach Oibríochtaí, fad atá ORD neamhspleách ó thaobh a chuid feidhme agus tuairiscíonn sé chun críocha oibríochtúla don Stiúrthóir ar Ghnóthaí Corparáideacha. Ina theannta sin, i gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá saor-rochtain rúnda ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste, agus tá an t-údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

### Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais agus trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail EAPP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún, ar córas é bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí rátála roghnaithe. Maolaítear risíocht chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais trí chreat beartais infheistíochta formheasta a chur chun feidhme agus a choinneáil.

Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontraphháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAF) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeáin chreidmheasa do na sócmhainní incháilithe go léir. Sa bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha rialuithe riosca i bhfeidhm lena n-áirítear ciorruithe luachála, agus corrlaigh tosaigh agus corrlaigh athruithe. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas de chuid an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanais arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na mbanc ceannais náisiúnta. I gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa, áfach, is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht lena mbaineann a iompróidh an riosca. Sa chás sin, cuirtear rialuithe breise riosca chun feidhme trí mheasúnú tiomnaithe oibríochtúil agus dlíthiúil díchill chuí a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar na hiasachtaí foluiteacha agus ar an doiciméadacht ghaolmhar.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais.  Maidir le caillteanais fhéideartha ar urrús a choimeádann an tEurochóras ar chomhiomlán in CMU, in CSPP agus in CBPP3, sa bhreis ar chion ar leith de PSPP, iompraíonn an Banc Ceannais na caillteanais sin ar bhonn scaire scála caipitil.  Ar leithligh, tá sealúchais an Bhainc Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoi PSPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse. Tar éis measúnú a dhéanamh ar lagú sócmhainne comhchoitinn, measann an Banc Ceannais gur den chríonnacht é soláthar €50.0m a chur ar leataobh ina chuntais bhliantúla don bhliain 2018 i leith neamhchosaintí ar rioscaí creidmheasa a bhaineann le sócmhainní áirithe coinnithe go dtí aibíocht. De bhreis air sin, tá soláthar €2.7m curtha ar leataobh ag an mBanc Ceannais ina chuntais bhliantúla don bhliain 2018 mar thoradh ar lagú ar phunann CSPP de chuid an Eurochórais (Nóta 32).

### Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanais ó athruithe díobhálacha i rátaí úis. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú ag an Rannán um Margaí Airgeadais i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta

riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déanann ORD comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú do FRWG, do RMC agus don Choiste Riosca de chuid an Choimisiúin.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis, baineann sí le híogaireacht luach shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Maolaíonn an Banc Ceannais an neamhchosaint seo ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht.  Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de shócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach-faoi-Riosca (LfR)[36] agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc Ceannais.

Ina theannta sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a phunann de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann (nótaí rátaí comhlúthacha nó NRCanna) a fuarthas i ndiaidh leachtú GNBS (Nóta 17 (ii)).  De bhreis air sin, níl punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis - folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta EAPP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuímh a Chláir Chomhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir ionchasach rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoin EAPP fad atá a dhliteanais nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuímh a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha i rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach-faoi-Riosca agus Easnamh Ionchais, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus de shainaithint neamhréir ionchasach rátaí úis, measann an Banc Ceannais gur den chríonnacht é a sholáthar i leith rioscaí

---

[35] Is ionann Luach-faoi-Riosca agus an caillteanas uasta a mbeifí ag súil leis le leibhéal sonraithe muiníne laistigh de thréimhse shonraithe shealbhaíochta

ginearálta a mhéadú go dtí €750.0m, rud a fhágann go bhfuil muirear breise €250.0m ann in 2018 (2017: €335.0m) (Nóta 32).

### Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs an limistéir euro agus an chur chuige maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, coinníonn an Banc Ceannais sealúchas teoranta sócmhainní malairte eachtraí. Déantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh mhí na Nollag 2018, bhí formhór phunanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro, bhí méid beag óir praghsaithe i ndollair SA agus bhí neamhchosaint bheag ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe. De bhreis air sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfhálaithe (Nóta 12, Nóta 13). Tá an Banc Ceannais neamhchosanta freisin ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne in CST de chuid CAI. Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn fálaithe in 2018 (Nóta 12(ii), Nóta 28). Déantar fálú airgeadra trí bhíthin babhtálacha agus réamhchonarthaí i malairt eachtrach a mheaitseálann luach na sócmhainní foluiteacha - i.e. Cuóta an Bhainc Ceannais in CAI agus a shealúchais CST.

### Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta infheistíochta nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdháileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a mhaolaíonn an neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa chun an dóchúlacht go dtarlóidh diúscairtí neamhsceidealaithe de thoradh íosghrádú eisiúna faoi bhun thairseach ghrád formheasta infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú.

## Nóta 37: Míreanna lasmuigh den Chlár Comhardaithe

| | 31 Nollaig 2018 | | | | 31 Nollaig 2017 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | DKK 000 | EUR 000 | JPY 000 | CST 000 | DKK 000 | EUR 000 | JPY 000 | CST 000 |
| Ceannacháin Neamhaibithe | 12,205 | 2,172,728 | 47,364 | - | 11,308 | 2,134,742 | 33,537 | - |
| Díolacháin Neamhaibithe | (2,708,905) | (2,004) | (127,347,364) | (682,284) | (2,641,058) | (1,777) | (127,049,366) | (682,284) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | **(2,696,700)** | **2,170,724** | **(127,300,000)** | **(682,284)** | **(2,629,750)** | **2,132,965** | **(127,015,829)** | **(682,284)** |

### (i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí in airgeadra eachtrach arna n-úsáid chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fhálú.

Tá na conarthaí uile in airgeadra eachtrach ceaptha teacht in aibíocht faoin 20 Meán Fómhair 2019.

### (ii) Conarthaí Neamhaibithe i dTodhchaíochtaí

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Ceannacháin Neamhaibithe | 800,000 | 335,000 |
| Díolacháin Neamhaibithe | (80,000) | (100,000) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | **720,000** | **235,000** |

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta.

Tá na conarthaí uile ceaptha teacht in aibíocht faoin 7 Márta 2019.

## Nóta 38: Páirtithe Gaolmhara

(i) Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2018:

- Soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil
- Soláthar agus eisiúint monaí
- Clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil

(ii) Mar bhall rannpháirteach de CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais le BCNanna eile agus le BCE. Is iad na príomh-iarmhéideanna a bhaineann le BCNanna eile agus le BCE:

- Ioncam úis agus caiteachas úis ar nithe a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 3, Nóta 4, Nóta 5, Nóta 7, Nóta 15, Nóta 17, Nóta 4)
- Sciar de Bhrabúis BCE (Nóta 6)
- Leas rannpháirteach i gcaipiteal BCE (Nóta 18)
- Éilimh chomhionanna le haistriú cúlchistí eachtracha chuig BCE (Nóta 19)
- Iarmhéid TARGET2 (Nóta 20)
- Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 23, Nóta 29)
- Soláthairtí (Nóta 32)

(iii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir in “An Chuideachta Cúitimh d'Infheisteoirí Teoranta DAC” (ICCL) agus cuireann sé seirbhísí riaracháin agus seirbhísí eile ar fáil di, agus faightear costas na seirbhísí sin ar ais ó ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críche an Achta. Riarann an Chuideachta an scéim cúitimh d’infheisteoirí d’fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2018, rinne an Banc Ceannais costais €0.7m a aisghabháil (2017: €0.7m). Amhail ar an 31 Nollaig 2018, bhí iarmhéid €57,201 dlite ó ICCL (2017: €47,393) (Nóta 21 (iii)). Bhí costais seirbhísí bainistithe arbh ionann iad agus €64,167 réamhíoctha amhail ar an 31 Nollaig 2018 (2017: €64,168) (Nóta 21). Ullmhaíonn ICCL a Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráiteas Cuntas iniúchta féin.

(iv) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais (Leasú) 2018 a achtaíodh ar an

24 Iúil 2018. Coinníodh iarmhéid €62.5m sa Bhanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2018 (Nóta 30).

(v) Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d'Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Coinníodh iarmhéid €0.01m sa Bhanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2018 (Nóta 8, Nóta 30(vi)).

(vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim maoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a oibríonn bainistiú agus riaradh na scéime ar mhaithe le leas a chuid fostaithe. I Nóta 31, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.

(vii)Tá leas neamh-urlámhais ag an mBanc Ceannais in Dublin Landings (Estate Management) Company Cuideachta Gníomhaíochta Ceaptha, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ar Ché an Phoirt Thuaidh. Le linn na bliana, rinne an Banc Ceannais muirear €100 i leith deonú leasa léasaigh i gcomhlimistéir i limistéar forbartha leathan Dublin Landings (2017: Nialas). Tá an méid sin fós amuigh ag deireadh na bliana (2017: ní raibh aon iarmhéid amuigh).

## Nóta 39: Imeachtaí tar éis Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

### (i) Dáileadh Deiridh Bhrabúis BCE

Chinn an Chomhairle Rialaithe an 21 Eanáir 2019 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha aige don bhliain 2018 arb ionann é agus €384.0m a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna láníoctha. B'ionann scair an Bhainc Ceannais den dáileadh deiridh seo agus €6.3m, arna íoc an 22 Feabhra 2019, agus tabharfar cuntas ina leith sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2019.

### (ii) Deireadh le Priontáil Nótaí Bainc

Tar éis dheireadh na bliana, chomhaontaigh an Banc Ceannais téarmaí chun deireadh a chur le táirgeadh Nótaí Bainc leis an bhfoireann. Tá teagmháil leis an bhfoireann fós air siúil, agus dá réir sin, ní dhearnadh tionchar airgeadais an chostais téarfa a bhaineann leis an gcomhaontú sin a chainníochtú go fóill.

# Nóta 40: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

| | | | | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Maoiniú na nGníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | Ioncam Tobhaigh | Ioncam Tobhaigh (i) | | 136,596 | 98,242 |
| | | Ioncam Iarchurtha Tobhaigh (ii) | | 4,331 | 6,491 |
| | | **Ioncam Tobhaigh** | A | **140,927** | **104,733** |
| | Soláthairtí | Soláthar Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíoctha | | 1,612 | 1,540 |
| | | Tobhaigh Dhíscríofa | | (706) | (306) |
| | | Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha (iii) | | (1,826) | (1,612) |
| | | **Muirear don Bhliain** | B | **(920)** | **(378)** |
| | **Glanmhaoiniú an Tionscail Rialála Airgeadais (Nóta 8(i))** | | **C** (A+B) | **140,007** | **104,355** |
| | Ioncam eile | Táillí Margaí Urrús | | 2,720 | 2,875 |
| | | Táillí Ceadúnaithe | | - | 500 |
| | | Tobhach Maoirseacht Breise | | 2,267 | 123 |
| | | Ilghnéitheach | | 21 | 72 |
| | | **Ioncam Eile (Nóta 8)** | D | **5,008** | **3,570** |
| | **Ioncam Eile** | | **E** (C+D) | **145,015** | **107,925** |
| | Fóirdheontas | Gníomhaíochtaí Maoirseachta ar Mhargaí Urrús | | 10,163 | 8,920 |
| | | Costais Rialála Airgid Eile nach bhFuarthas Ar Ais | | 57,892 | 68,007 |
| | | **Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (iv)** | F | **68,055** | **76,927** |
| | **Maoiniú na nGníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | | **G** (E+F) | **213,070** | **184,852** |
| **Maoiniú na nGníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | Caiteachais Dhíreacha | Tuarastail/Liúntais | | 68,140 | 58,906 |
| | | ÁSPC | | 6,529 | 5,436 |
| | | Soláthar Pinsin | | 20,437 | 23,010 |
| | | **Caiteachais foirne** | H | **95,106** | **87,352** |
| | | Oiliúint agus Comhdhálacha | | 524 | 824 |
| | | Taisteal Gnó | | 1,779 | 1,577 |
| | | Táillí Gairmiúla | | 15,225 | 11,061 |
| | | **Neamhíoc Eile** | | 1,832 | 1,798 |
| | | Cumarsáid agus TF | | 798 | 723 |
| | | Saoráidí, Cíos agus Dímheas | | 1,874 | 2,141 |
| | | **Caiteachais Oibríochta Neamhphá** | I | **22,032** | **18,124** |
| | | **Caiteachais Dhíreacha Iomlána** | **J** (H+I) | **117,138** | **105,476** |
| | Seirbhísí tacaíochta | Áitreabh agus Saoráidí | | 15,416 | **15,595** |
| | | Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise | | 26,882 | 22,460 |
| | | Acmhainní Daonna | | 7,706 | **7,311** |
| | | Seirbhísí Eile | | 46,090 | 40,729 |
| | | **Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (v)** | K | **96,094** | **86,095** |
| | Soláthairtí | **Muirear Athstruchtúrtha don Bhliain (vi)** | L | **137** | **170** |
| | Ioncam eile | **Fáltais Eile (vii)** | M | **(299)** | **(6,889)** |
| | **Costais Iomlána na nGníomhaíochta Rialála Airgeadais** | | **N** (J+K+L+M) | **213,070** | **184,852** |

### (i) *Ioncam Tobhaigh*

| | Easnamh / (Barrachas) 2017<br>A<br>€000 | Méid a Gearradh i dTobhach in 2018<br>B<br>€000 | Easnamh / (Barrachas) 2018<br>C<br>€000 | Ioncam Tobhaigh 2018<br>D (B+C-A)<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Institiúidí Creidmheasa | 1,490 | 54,751 | 6,492 | 59,753 |
| Gnóthais Árachais | 2,133 | 35,647 | 1,488 | 35,002 |
| Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais | 880 | 6,098 | 707 | 5,925 |
| Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta | 1,209 | 19,894 | 4,909 | 23,594 |
| Cistí Infheistíochta | 680 | 5,508 | 590 | 5,418 |
| Comhair Chreidmheasa | - | 1,665 | - | 1,665 |
| Iasachtóirí Airgid | 67 | 887 | (79) | 741 |
| Comhlachtaí Gairme Faofa | 4 | 34 | (12) | 18 |
| Bureaux de Change | 7 | 11 | - | 4 |
| Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola agus Gnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa | 333 | 1,371 | 1,563 | 2,601 |
| Seirbhísí Íocaíochta agus Institiúidí R-Airgid | 219 | 1,270 | 824 | 1,875 |
| **Maoiniú Iomlán** | **7,022** | **127,136** | **16,482** | **136,596** |

Ag deireadh gach bliana, cuirtear ioncam agus caiteachas buiséadaithe le fíorioncam agus fíorchaiteachas, ar bhonn gach catagóra ar leith, chun teacht ar an mbarrachas nó ar an easnamh a fhaightear ar ais ó Thionscal. Cuirtear easnaimh leis an méid atá le fáil ó Thionscal an bhliain dar gcionn agus baintear barrachais ón méid sin.

*Áirítear comhiomlán na n-nolleasnaimh (€16.6m) agus na n-ollbharrachas (€0.1m) inchurtha le gach fochatagóir den Mhaoiniú Tionscail i Nóta 21 (iii) agus i Nóta 30 (iii) faoi seach.

### (ii) *Ioncam Iarchurtha Tobhaigh*

In 2015, d'athraigh an Banc Ceannais an modh chun costais pinsin seirbhíse reatha a thobhach. Faoin gcur chuige athbhreithnithe seo, déantar iarmhairt na luaineachta pinsin a leathadh thar thréimhse atrátha deich mbliana agus, dá bhrí sin, aithnítear in 2017 tobhach iarchurtha ioncaim arb ionann é agus €4.3m (2017: €6.5m) in 2018.

### (iii) *Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíoctha*

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhaigh atá fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus déanfar iad a thuairisciú mar thobhaigh atá gan íoc ó lá 29 ar aghaidh. Is é an beartas atá ann soláthar iomlán a dhéanamh do thobhaigh a bhaineann le blianta roimhe agus soláthar páirteach a dhéanamh do

thobhaigh amuigh a bhaineann leis an mbliain reatha. Táthar sa tóir ar aon tobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

### (iv) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais

Le comhaontú an Aire Airgeadais, rinneadh an cion cuí de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais a íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Cuireann an Banc Ceannais an t-iarmhéid de na costais bhliantúla iomlána ar fáil de réir Alt 32I d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 (arna leasú). Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire Airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe um maoirseacht ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Eisiadh na costais sin arbh ionann iad agus €12.9m sa bhliain reatha (2017: €11.1m) ó na Glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint chuig an tionscal in 2017. Léirítear táillí Margaidh Urrús (a áirítear i nGlanioncam Eile) mar ioncam.

### v) *Seirbhísí Tacaíochta*

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, acmhainní daonna, riarachán, cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach, staidreamh agus teicneolaíocht faisnéise ó na stiúrthóireachtaí um sheirbhísí tacaíochta sa Bhanc Ceannais. B'ionann costas na seirbhísí seo in 2018 agus €96.1m (2017: €86.1m)

Tá an chionroinnt bunaithe ar chleachtadh aitheanta tionscail lena n-airítear spás urláir in úsáid, líon ríomhairí pearsanta agus fardal daoine (líon foirne) de réir mar is cuí.

### (vi) *Soláthar um Athstruchtúrú*

Freagraíonn sé seo den chuid den soláthar sin is inchurtha i leith na gníomhaíochta rialála airgeadais (Nóta 4, Nóta 1(m)).

### (vii) *Fáltais Eile*

Freagraíonn sé seo den chuid den soláthar sin is inchurtha i leith na gníomhaíochta rialála airgeadais (Nóta 4, Nóta 8(m)). In 2017, cuireadh sciar an bhrabúis ar dhíolachán áitreabh Shráid an Dáma san áireamh mar laghdú ar chatagóir na nÁitreabh agus na Saoráidí. Rinneadh é sin a athaicmiú mar fháltais eile chomh maith le fáltais eile costais athmhuirearaigh is inchurtha le Rialáil Airgeadais.

## Nóta 41: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáide ar leith a athaicmiú comhair comhsheasmhacht le nochtuithe ag deireadh na bliana.

## Nóta 42: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas ar an 19 Márta 2019.

T: +353 (0)1 224 6000
www.centralbank.ie
publications@centralbank.ie

Bosca PO 559, Baile Átha Cliath 1, Éire
PO Box 559, Dublin 1, Ireland